5.	<p>Aleksei Mikhailovich CHALIY (Алексей Михайлович ЧАЛЫЙ) Oleksiy Mykhaylovych CHALYY (Олексій Михайлович ЧАЛИЙ)</p>	<p>Inscne: fireann Dáta Breithe: 13.6.1961 Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation nó Sevastopol, Ukraine</p>	<p>Rinneadh “Méara na nDaoine Sevastopol” de Chaliy d’aon gháir ón bpobal an 23 Feabhra 2014 agus ghlac sé leis an “vóta” sin. Bhí sé i mbun feachtas gníomhach chun go mbeadh Sevastopol ina eintiteas ar leith de chuid Chónaidhm na Rúise tar éis reifreann an 16 Márta 2014. Bhí sé ar dhuine de chomhshínitheoirí an ‘conradh maidir le haontachas na Crimé le Cónaidhm na Rúise’ an 18 Márta 2014. “Gobharnóir” gníomhach Sevastopol ón 1 go dtí an 14 Aibreán 2014 ab ea é, agus is iarChathaoirleach “tofa” ar “Legislative Assembly” an City of Sevastopol é. Iarchomhalta den “Legislative Assembly” den City of Sevastopol (go dtí mí Mheán Fómhair 2019).</p>	17.3.2014
----	--	--	---	-----------

▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			<p>Fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.</p> <p>As páirt a ghlacadh i bpróiseas na hionghabhála, bronnadh ordú Stáit na Rúise “I ngeall ar Fhiúntas don Athartha” – an chéad chéim air.</p> <p>Uachtarán an Charitable Fund for Historical and Cultural Development of the City “35th Coast Battery”.</p> <p>Bainisteoir Ginearálta ar Smart Electric Networks LLC (ООО 'Разумные электрические сети').</p>	

▼ M33

6.	<p>Pyotr Anatoliyovych ZIMA (Пётр Анатольевич ЗИМА)</p> <p>Petro Anatoliyovych ZYMA (Петро Анатолійович ЗИМА)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 18.1.1970 nó 29.3.1965</p> <p>Áit bhreithe: Artemivsk (Артемівськ) (a athainmníodh Bakhmut/Бахмут an athuair in 2016), Oblast Donetsk, an Úcráin</p>	<p>Cheap 'Príomh-Aire' Aksyonov Zima ina cheannaire nua ar Sheirbhís Slándála na Crimé (SBU) an 3 Márta 2014 agus ghlac sé leis an gceapachán sin. Tá faisnéis ábhartha, lena n-áirítear bunachar sonraí, tugtha aige do Sheirbhís Faisnéise na Rúise (FSB). Áiríodh leis sin faisnéis faoi ghníomhaithe Eora-Maidan agus faoi chos-antóirí chearta an duine sa Chrimé. Bhí ról ábhartha aige maidir le húdarais na hÚcráine a chosc ó chríoch na Crimé a rialú. An 11 Márta 2014, d'fhógair iar-oifigigh SBU de chuid na Crimé go mbunófaí Seirbhís Slándála neamhspleách na Crimé. Gníomhach ó 2015 i Seirbhís Faisnéise na Rúise (FSB).</p>	17.3.2014
----	---	--	--	-----------

▼ M15

--	--	--	--	--

▼ M77

8.	<p>Sergey Pavlovych TSEKOV (Сергей Павлович ЦЕКОВ)</p> <p>Serhiy Pavlovych TSEKOV (Сергій Павлович ЦЕКОВ)</p>	<p>Dáta breithe: 28.9.1953 nó 28.8.1953</p> <p>Áit bhreithe: Simferopol, APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ina cháil mar Leas-Spéicéir ar Verkhovna Rada na Crimé, thionscain Sergey Tsekov, in éineacht le Sergey Aksyonov, briseadh neamhdhleathach rialtas ‘Poblacht na Crimé’ Féinrialaitheach. Mheall sé Vladimir Konstantinov isteach san iarracht sin, agus bhagair sé go mbrisfí as a phost é. D’aithin sé go poiblí gurbh iad na Comhaltaí Parlaiminte ón gCrimé ba chúis le cuireadh a thabhairt do shaighdiúirí Rúiseacha seilbh a ghlacadh ar Verkhovna Rada na Crimé. Bhí sé ar dhuine de na chéad Cheannairí sa Chrimé a d’iarr go poiblí go ndéanfaí an Chrimé a ionghabháil isteach sa Rúis.</p> <p>Comhalta de Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise ó ‘Poblacht na Crimé’, mar a ghairtear di, ó 2014 i leith, athcheapadh é i mí Mheán Fómhair 2019. Comhalta den Chomhairle Coiste Cónaidhme maidir le Gnóthaí Eachtracha.</p> <p>Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá sé fós gníomhach ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha, lena n-áirítear ‘náisiúnú’ sócmhainní pholaiteoirí na hÚcráine i ‘Poblacht na Crimé’.</p>	17.3.2014
----	---	--	--	-----------

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	

▼ M69

9.	Viktor Alekseevich OZEROV (Виктор Алексеевич ОЗЕРОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 5.1.1958 Áit Bhreithe: Abakan, Khakassia, Russian Federation	IarChathaoirleach ar Choiste Slándála agus Cosanta Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise.  An 1 Márta 2014, thacaigh Ozerov go poiblí, thar ceann Choiste Slándála agus Cosanta Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  I mí Iúil 2017, thairg sé éirí as an bpost mar Chathaoirleach an Choiste Slándála agus Cosanta. Lean sé de bheith ina chomhalta den Chomhairle agus ina chomhalta den Choiste um rialú inmheánach agus gnóthaí parlaiminteacha.  An 10 Deireadh Fómhair 2017, trí bhíthin fhóraithe N 372-SF, bhí Ozerov ar choimisiún sealadach na Comhairle Cónaidhme maidir le ceannasacht an stáit a chosaint agus cur isteach ar ghnóthaí inmheánacha Chónaidhm na Rúise a chosc.  Chuaigh a shainordú sa Chomhairle Cónaidhme in éag i mí Meán Fómhair 2019. Sainchomhairleoir i Foundation Rospolitika ó mhí Dheireadh Fómhair 2019 i leith.  Is Leas-Cheann ar an Ionad Comhairliúcháin 'Tactical Solutions Agency' in Acadamh Geilleagair Náisiúnta agus Riaracháin Phoiblí Uachtarán na Rúise é agus Cathaoirleach ar Chomhairle Comhordúcháin Réimse Slándála Neamh-Stáit Chónaidhm na Rúise.	17.3.2014
10.	Vladimir Michailovich DZHABAROV (Владимир Михайлович ДЖАБАРОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 29.9.1952 Áit Bhreithe: Samarkand, Uzbekistan	An Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Gnóthaí Idirnáisiúnta Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise.  An 1 Márta 2014, thacaigh Dzhabarov go poiblí, thar ceann Choiste Gnóthaí Idirnáisiúnta na Comhairle Cónaidhme, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Dzhabarov, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an 'Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk' agus leis an 'Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk'.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Dzhabarov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.	17.3.2014

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Dzhabarov, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	
11.	Andrei Aleksandrovich KLISHAS (Андрей Александрович КЛИШАС)	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 9.11.1972</p> <p>Áit Bhreithe: Sverdlovsk (Ekaterinburg), Russian Federation</p>	<p>Cathaoirleach an Choiste um an Dlí Bunreachtúil agus um Chothú Stáit Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise.</p> <p>An 1 Márta 2014, thacaigh Klishas go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin. I ráitis phoiblí, rinne Klishas iarracht údar a thabhairt le hidirghabháil mhíleata ón Rúis san Úcráin trína mhaíomh go dtacaíonn ‘Uachtarán na hÚcráine le hachainí údaráis na Crimé ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise maidir le cúnamh uilechuimsitheach a thabhairt chun saoránaigh na Crimé a chosaint’.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Klishas, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Klishas go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.</p> <p>An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Klishas, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.</p>	17.3.2014
12.	Nikolai Ivanovich RYZHKOV (Николай Иванович Рыжков)	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 28.9.1929</p> <p>Áit Bhreithe: Dyleevka, Donetsk region, Ukrainian SSR, Ukraine anois</p>	<p>Comhalta den Choiste um shaincheisteanna cónaidhme, an pholaitíocht réigiúnach, agus an Tuaisceart, de chuid Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise.</p> <p>An 1 Márta 2014, thacaigh Ryzhkov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Ukraine.</p> <p>Mar thoradh ar a rannpháirtíocht i bpróiseas na hionghabhála in 2014, bronnadh ordú den chéad chéim de chuid Stát na Rúise ‘I ngeall ar Fhiúntas don Athartha’ air.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Ryzhkov, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.</p> <p>An 22 Feabhra 2022, thacaigh Ryzhkov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.</p> <p>An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Ryzhkov, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.</p>	17.3.2014

▼ B

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M33</u>				
▼ <u>M69</u>				
14.	Aleksandr Borisovich TOTOONOV (Александр Борисович ТОТООНОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 3.4.1957 Áit Bhreithe: Ordzhonikidze (Vladikavkaz), North Ossetia, Russian Federation	Is comhalta de Pharlaimint na hOiséite Thuaidh agus úinéir na cuideachta ‘Southern Garden’ é Aleksandr Totoonov. Iarchomhalta de Choiste Gnóthaí Idirnáisiúnta Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Tháinig deireadh lena dhualgais mar Chomhalta de Chomhairle Chónaidhm na Rúise i mí Mheán Fómhair 2017.  Iar-Chéad Leas-Chathaoirleach é ar Pharlaimint na hOiséite Thuaidh.  An 1 Márta 2014, thacaigh Totoonov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.	17.3.2014
▼ <u>M21</u>				
▼ <u>M69</u>				
16.	Sergei Mikhailovich MIRONOV (Сергей Михайлович МИРОНОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 14.2.1953 Áit Bhreithe: Pushkin, Leningrad region, Russian Federation	Comhalta de Chomhairle Dhúma an Stáit; Ceannaire ar an ngrúpa An Rúis Chóir i State Duma Chónaidhm na Rúise.  Tionscnóir an bhille lena gceadaítear do Chónaidhm na Rúise, ar chúinse saoránaigh de chuid na Rúise a chosaint, críoche de chuid tíre iasachta a ghabháil chuici isteach sa Chónaidhm gan toiliú na tíre sin nó gan aon chonradh idirnáisiúnta.  An 15 Feabhra 2022, thacaigh Mironov, sa State Duma, leis an rún lenar iarradh ar an Uachtarán Vladimir Putin réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine a aithint mar stáit neamhspleácha.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Mironov, sa State Duma, le daingniú cinnú rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Mironov, sa State Duma, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	17.3.2014

▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
17.	Sergei Vladimirovich ZHELEZNYAK (Сергей Владимирович ЖЕЛЕЗНЯК)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 30.7.1970 Áit Bhreithe: St Petersburg (Leningrad roimhe seo), Russian Federation	Iar-Leas-Spéicéir ar Dhúma Stáit Chónaidhm na Rúise.  Thacaigh sé go gníomhach le himscaradh Fhórsaí Armtha na Rúise san Úcráin agus le hionghabháil na Crimé. Ba é a bhí i gceannas ar an léirsiú a thacaigh le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  Iar-Leas-Chathaoirleach agus iar-chomhalta de Choiste an State Duma um Ghnóthaí Idirnáisiúnta.  Iarchomhalta de Phraesaidiam Chomhairle Ghinearálta den pháirtí United Russia.	17.3.2014
18.	Leonid Eduardovich SLUTSKI (Леонид Эдуардович СЛУЦКИЙ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 4.1.1968 Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation	Iar-Chathaoirleach ar Choiste Chomhlathas na Stát Neamhspleách (CIS) i State Duma Chónaidhm na Rúise (comhalta de Pháirtí Liobrálach Daonlathach na Rúise).  Thacaigh sé go gníomhach le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin agus le hionghabháil na Crimé.  Cathaoirleach pháirtí an LDPR, Ceanntaigh LDPR an State Duma agus Cathaoirleach ar Choiste Gnóthaí Eachtracha Dhúma Stáit Chónaidhm na Rúise.  An 15 Feabhra 2022, thacaigh Slutski, sa State Duma, leis an rún lenar iarradh ar an Uachtarán Vladimir Putin réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine a aithint mar stáit neamhspleácha.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Slutski, sa State Duma, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Slutski, sa State Duma, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	17.3.2014
19.	Aleksandr Viktorovich VITKO (Александр Викторович ВИТКО)	Inscne: fireann Dáta breithe: 13.9.1961 Áit bhreithe: Vitebsk, Belarusian SSR (“Belarus” anois)	Iar-Cheannasaí ar Chabhlach na Mara Duibhe, Aimiréal.  Freagrach as ceannas na bhfórsaí Rúiseacha a bhfuil críoch cheannasach na hÚcráine forghafa acu.  Iar-Cheann Foirne agus Céad-Leas-Ardcheannasaí ar Chabhlach na Rúise.	17.3.2014

▼ M48



▼ **B**▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
20.	Anatoliy Alekseevich SIDOROV (Анатолій Алексеєвич СИДОРОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 2.7.1958 Áit bhreithe: Siva, Réigiún Perm, APSS (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)	Iar-Cheannasaí ar Cheantar Míleata Iarthar na Rúise, ar sa Chrimé atá cuid dá fhórsaí imscartha. Ba é a bhí freagrach as cuid de láithreacht mhíleata na Rúise sa Chrimé, rud a bhaineann an bonn de cheannasacht na hÚcráine, agus a chuidigh le húdaráis na Crimé léirsithe poiblí i gcoinne céimeanna i dtreo reifrinn agus ionchorprú sa Rúis a chosc. Ó mhí na Samhna 2015 i leith, bhí sé ina Cheann Foirme ar Eagraíocht Chonradh na Comhshlánda (CSTO).	17.3.2014
21.	Aleksandr Viktorovich GALKIN (Александр Викторович ГАЛКИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 22.3.1958 Áit bhreithe: Ordzhonikidze (Vladikavkaz), PSSF na hOiséite Thuaidh, APSS (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)	Iar-Cheannasaí ar Cheantar Míleata an Deiscirt ('SMD') na Rúise, ar sa Chrimé atá a chuid fórsaí; is faoi cheannas Galkin atá Cabhlach na Mara Duibhe; is trí SMD a tháinig cuid mhór de ghluaiseacht na bhfórsaí isteach sa Chrimé.  Tá fórsaí SMD imscartha sa Chrimé. Tá sé freagrach as cuid de láithreacht mhíleata na Rúise sa Chrimé, rud a bhaineann an bonn de cheannasacht na hÚcráine, agus a chuidigh le húdaráis na Crimé léirsithe poiblí i gcoinne céimeanna i dtreo reifrinn agus ionchorprú sa Rúis a chosc. Ina theannta sin, is faoi smacht an Cheantair atá Cabhlach na Mara Duibhe.  Fostaithe faoi láthair i gcóras lárnach Aireacht Cosanta na Rúise. Sainchabhróir ag Aire Cosanta ón 19 Eanáir 2017.	17.3.2014
22.	Dmitry Olegovich ROGOZIN (Дмитрий Олегович РОГОЗИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 21.12.1963 Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation	Iar-Leas-Phríomh-Aire ar Chónaidhm na Rúise. D' iarr sé go poiblí go ndéanfaí ionghabháil ar an gCrimé.  Iar-Ard-Stiúrthóir i gcorparáid Stáit.  Tá sé i gceannas ar ghrúpa comhairleoirí míleata, a thugann tacaíocht mhíleata-teicniúil do phearsanra míleata Donetsk agus Luhansk	21.3.2014
23.	Sergey Yurievich GLAZYEV (Сергей Юрьевич ГЛАЗЬЕВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 1.1.1961 Áit Bhreithe: Zaporizhzhia, (Iar-Ukrainian SSR), Ukraine anois	Iarchomhairleoir ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise. D' iarr sé go poiblí go ndéanfaí ionghabháil ar an gCrimé agus tacaíonn sé leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine.  Ó mhí Dheireadh Fómhair 2019 i leith, Aire Lánpháirtíochta agus Maicreacnamaíochta sa Coimisiún Eacnamaíochta Eoráiseach.	21.3.2014

▼ **M69**

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
24.	Valentina Ivanova MATVIYENKO (sloinne breithe TYUTINA)  (Валентина Ивановна МАТВИЕНКО (sloinne breithe ТЮТИНА))	Inscne: baineann  Dáta Breithe: 7.4.1949  Áit Bhreithe: Shepetovka, Khmelnitsky (Kamenets- Podolsky) region (Ukrainian SSR), Ukraine anois	Spéicéir ar an gComhairle Cónaidhme. An 1 Márta 2014, thacaigh sí go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Matviyenko, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Matviyenko go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Matviyenko, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	21.3.2014
25.	Sergei Evgenevich NARYSHKIN (Сергей Евгеньевич НАРЫШКИН)	Inscne: fireann  Dáta Breithe: 27.10.1954  Áit Bhreithe: St Petersburg (Leningrad roimhe seo), Russian Federation	Iar-Spéicéir an State Duma. Thacaigh sé, go poiblí, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin. Thug sé tacaíocht phoiblí don chonradh athaontaithe idir an Rúis agus an Chrimé agus don dlí bunreachtúil cónaidhme gaolmhar.  Stiúrthóir ar Sheirbhís Faisnéise Eachtraí Chónaidhm na Rúise faoi láthair ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 i leith. Buanchomhalta agus Rúnaí Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise.  Thug sé tacaíocht phoiblí do neamhspleáchas Donetsk agus Luhansk agus dá n-ionghabháil.	21.3.2014
26.	Dmitry Konstantinovich KISELYOV  Dmitrii Konstantinovich KISELEV (Дмитрий Константинович КИСЕЛЁВ)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 26.4.1954  Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Ceapadh é le Foraithe ón Uachtarán an 9 Nollaig 2013 ina cheannaire ar ghníomhaireacht nuachta Chónaidhm na Rúise, 'Rossiya Segodnya'.  Duine lárnach sa bholscaireacht rialtais a thacaíonn le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.	21.3.2014

## ▼ M33

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <u>M48</u>				
27.	Alexander Mihailovich NOSATOV (Александр Михайлович НОСАТОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 27.3.1963 Áit bhreithe: Sevastopol, PSS na hÚcráine, (an Úcráin anois)	Iar-Cheannasaí ar Chabhloch na Mara Duibhe, Aimiréal. Freagrach as ceannas na bhfórsaí Rúiseacha a bhfuil críoch cheannasach na hÚcráine forghafa acu. Aimiréal agus Ceann Phríomhfhoireann Chabhloch na Rúise faoi láthair.	21.3.2014
▼ <u>M36</u>				
28.	Valery Vladimirovich KULIKOV (Валерий Владимирович КУЛИКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 1.9.1956 Áit bhreithe: Zaporozhye Ukrainian SSR, Ukraine mar atá anois	Iar-Leas-Cheannasaí ar an Black Sea Fleet, Seachaimiréal. Freagrach as ceannas fhórsaí Rúiseacha a bhfuil críoch cheannasach Ukraine forghafa acu. An 26 Meán Fómhair 2017, le Foraithe ó Uachtarán Russian Federation, briseadh as an bpost sin agus as an tseirbhís mhíleata é. Comhalta den Federation Council of the Russian Federation do City of Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi. Is ionadaí faoi láthair é sa “Legislative Assembly” of the City of Sevastopol.	21.3.2014
▼ <u>M77</u>				
29.	Vladislav Yurievich SURKOV (Владислав Юрьевич СУРКОВ)	Dáta breithe: 21.9.1964 Áit bhreithe: Soltsevo, réigiún Lipetsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Shainchabhróir ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise. Bhí sé ar dhuine de lucht eagraithe an phróisis sa Chrimé lenar slógadh pobail áitiúla Crimé chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí a bhain an bonn d’údarais na hÚcráine sa Chrimé.	21.3.2014
▼ <u>M69</u>				
30.	Mikhail Grigorievich MALYSHEV (Михаил Григорьевич МАЛЫШЕВ) Mykhaylo Hryhorovych MALYSHEV (Михайло Григорович МАЛИШЕВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 10.10.1955 Áit Bhreithe: Simferopol, Crimea, Ukraine	Cathaoirleach Choimisiún Toghcháin na Crimé. Freagrach as “reifreann” na Crimé a riar. Freagrach faoi chóras na Rúise as torthaí reifreann a shíniú. Ina cháil mar Chathaoirleach ar Choimisiún Toghcháin na Crimé, ghlac sé páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018 agus na dtoghcháin réigiúnach agus áitiúil a tionóladh an 8 Meán Fómhair 2019 sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun feidhme. Bhí ról gníomhach aige maidir le reifrinn neamhdhleathaigh a eagrú i mí Mheán Fómhair 2022 i réigiún na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chun go mbeadh siad mar chuid de Chónaidhm na Rúise, agus bhunaigh a choimisiún suíomhanna vótála sa Chrimé freisin.	21.3.2014

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe

▼ M77

32.	Igor Nikolaevich (Mykolayovich) TURCHENYUK (Игорь Николаевич ТУРЧЕНЮК)	Feidhm: Coirnéal Ginearál Dáta breithe: 5.12.1959 Áit bhreithe: Osh, APSS (an Chirgeastáin anois) Inscne: fireann	Iar-Cheannasaí <i>de facto</i> ar na trúpaí Rúiseacha a imscaradh sa Chrimé, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, (agus dá dtagraíonn an Rúis fós go hoifigiúil dóibh mar ‘mílístí féinchosanta áitiúla’). Iar-Leas-Cheannasaí ar Cheantar Míleata an Deiscirt tráth.  Ceann Cheantar an Deiscirt de Gharda Náisiúnta na Rúise.  I mí Aibreáin 2023, fuair a cheantar bonn Zhukov as ‘misneach agus dúthracht’ a léiriú, agus fuair Turchenyuk féin ‘I ngeall ar Fhiúntas don Athartha’ (an 3ú céim).  Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais, agus chuir sé chun feidhme iad, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.3.2014
-----	---	--	--	-----------

▼ M69

33.	Elena Borisovna MIZULINA (sloinne breithe DMITRIYEVA) (Елена Борисовна МИЗУЛИНА (sloinne breithe ДМИТРИЕВА))	Inscne: baineann Dáta Breithe: 9.12.1954 Áit Bhreithe: Bui, Kostroma region, Russian Federation	Iarionadaí den State Duma. Tionscnóir agus combhuraitheoir na dtograí reachtacha is déanaí sa Rúis a cheadódh do réigiúin i dtíortha eile dul isteach sa Rúis gan comhaontú a fháil roimh ré óna n-údarás lárnach.  Ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith, bhí sí ina Comhalta den Chomhairle Cónaidhme ó réigiún Omsk. Comhalta den Choiste na Comhairle Cónaidhme um an Dlí Bunreachtúil agus um Chothú Stáit.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Mizulina, sa Chomhairle Cónaidhme, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Mizulina go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Mizulina, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	21.3.2014
-----	---	---	--	-----------

▼ M36

34.	Dmitry Nikolayevich KOZAK (Дмитрий Николаевич КОЗАК)	Inscne: fireann Dáta breithe: 7.11.1958 Áit bhreithe: Bandurovo, Kirovograd region, Ukrainian SSR, ar a dtugtar “Ukraine” anois Náisiúntacht: Rúiseach	Iar-Leas-Phríomh-Aire. Freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar “Autonomous Republic of Crimea”, a ionghabhadh go neamhdhleathach, sa Russian Federation. Leas-Cheann Foirme ar Presidential Administration of the Russian Federation. Is é Toscaire Speisialta an Uachtaráin maidir le coinbhleachtaí a bhainistiú san Ukraine é.	29.4.2014
-----	--	---	---	-----------

▼ **M36**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
35.	Oleg Yevgenyovich BELAVENTSEV (Олег Евгеньевич БЕЛАВЕНЦЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 15.9.1949 Áit bhreithe: Moscow nó Ostrov, Pskov region, Russian Federation	Iar-Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán an Russian Federation isteach sa “Crimean Federal District” mar a thugtar air, atá freagrach as sainchumais bhunreachtúla Cheann Stáit Russia a chur chun feidhme ar chríoch an “Autonomous Republic of Crimea” a ionghabhadh go neamhdhleathach. Iarchomhalta neamh-bhuan de Russian Security Council.  Iar-Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán an Russian Federation isteach sa North Caucasus Federal District (go dtí mí an Mheithimh 2018).  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. Consal Oinigh Nicaragua in Crimea ó Dheireadh Fómhair 2020 i leith.	29.4.2014

▼ **M33**

36.	Oleg Genrikhovich SAVELYEV (Олег Генрихович САВЕЛЬЕВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 27.10.1965 Áit Bhreithe: Leningrad, APSS (dá ngairtear Cathair Pheadair anois, Cónaidhm na Rúise)	Iar-Aire ar Ghnóthaí na Crimé. É freagrach as 'Poblacht na Crimé' Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise.  Iar-Leas-Cheann Foirme Rialtas na Rúise, atá freagrach as eagrú obair an Choimisiúin Rialtais ar fhorbairt shocheacnamaíoch “Phoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di.  Iar-Cheann Foirme ar Sheomra Cuntas Chónaidhm na Rúise. Ó mhí Mheán Fómhair 2019 i leith, ina Iniúchóir ar Sheomra Cuntas Chónaidhm na Rúise.	29.4.2014
-----	--	---	--	-----------

▼ **M77**

37.	Sergei Ivanovich MENYAILO (Сергей Иванович МЕНЯЙЛО)	Dáta breithe: 22.8.1960 Áit bhreithe: Alagir, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Ghobharnóir ar chathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil uirthi, san Úcráin.  Iar-Ionadaí Lánchumhachtach d’Uachtarán Chónaidhm na Rúise chuig Ceantar Cónaidhme na Sibéire. Comhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise.  Ceann North Ossetia-Alania ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith.  Tá sé fós gníomhach ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha, lena n-áirítear rannpháirtíocht trodaithe i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus soláthar trealaimh mhíleata ó North Ossetia-Alania don chogadh sin.  Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais, agus chuir sé chun feidhme iad, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	29.4.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ **M48**

38.	Olga Fyodorovna KOVITIDI (Ольга Фёдоровна КОВИТИДИ)	Inscne: bainneann Dáta breithe: 7.5.1962 Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois)	Comhalta den Russian Federation Council ón “Republic of Crimea” Féinrialaitheach a ionghabhadh, ó 2014; é athcheaptha in 2019.  Comhalta faoi láthair ar an Federation Council Committee on Constitutional Legislation and State Building.	29.4.2014
-----	--	--	--	-----------

▼ B

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M13</u>				
▼ <u>M34</u>				
40.	Sergei Ivanovich NEVEROV (Сергей Иванович НЕВЕРОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 21.12.1961 Áit bhreithe: Tash-tagol, USSR (ar a dtugtar “Russian Federation” anois)	Iar-Leas-Chathaoirleach Dhúma an Stáit. É freagrach as “Poblacht na Crimé” Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise. Comhalta den Dúma, ceannaire ar an ngrúpa an Rúis Aontaithe.	29.4.2014
▼ <u>M15</u>				
▼ <u>M69</u>				
42.	Valery Vasilevich GERASIMOV (Валерий Васильевич ГЕРАСИМОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 8.9.1955 Áit Bhreithe: Kazan, Russian Federation	Ceannaire ar Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, Céad-Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise, Ginearálta an Airm. Freagrach as imscaradh ollmhór trúpaí Rúiseacha feadh na teorann leis an Úcráin, agus as ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022.	29.4.2014
▼ <u>M34</u>				
43.	German PROKOPIV (Герман ПРОКОПИВ) Herman PROKOPIV (Герман ПРОКОПИВ) (dá ngairtear Li Van Chol, Ли Ван Чоль freisin)	Inscne: fireann Dáta breithe: 6.7.1993 nó 6.7.1991 Áit bhreithe: Prague, Czech Republic	Comhalta gníomhach den “Luhansk Guard”. Bhí páirt aige in urghabháil Oifig Réigiúnach Luhansk de chuid na Seirbhíse Slándála. Fós ina throdaí míleata gníomhach le LNR.	29.4.2014
▼ <u>M21</u>				

▼ **B**▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
45.	Andrei Evgenevich PURGIN (Андрей Евгеньевич ПУРГИН) Andriy Yevhenovych PURHIN (Андрій Євгенович ПУРГІН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 26.1.1972 Áit Bhreithe: Donetsk, an Úcráin	Rannpháirtí agus eagraí gníomhach ar ghníomhaíochtaí scarúnaíocha; comhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí 'turasóirí Rúiseacha' i Donetsk. Comhbhunaitheoir 'Tionscnamh Sibhialta Donbass don Aontas Eoráiseach'. Iar-'Céad-Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle na nAírí'. 'Cathaoirleach' ar 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk' go dtí 4 Meán Fómhair 2015.  Ó mhí Feabhra 2017 i leith, tá sé gan sainordú mar chomhalta de 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk' i ngeall ar chinneadh de chuid na 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	29.4.2014

▼ **M69**

46.	Denys Volodymyrovych PUSHYLIN (Денис Володимирович ПУШИЛІН) Denis Vladimirovich PUSHILIN (Денис Владимирович ПУШИЛИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 9.5.1981 Áit Bhreithe: Makiivka (Donetsk oblast), Ukraine	Duine de cheannairí 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Rannpháirteach in urghabháil agus gabhálas an riaracháin réigiúnaigh in Donetsk in 2014. 'Leas-Chathaoirleach' mar a ghairtear de ar 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di (go dtí 4 Meán Fómhair 2015). 'Cathaoirleach' ar 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk' ó 4 Meán Fómhair 2015. 'Ceann gníomhach Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de, ón 7 Meán Fómhair 2018 ar aghaidh. 'Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de, i ndiaidh na 'toghcháin', mar a ghairtear díobh, a bhí ar siúl an 11 Samhain 2018.  Comhalta den pháirtí <i>United Russia</i> agus a rúnaí i 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di.  An 21 Feabhra 2022, shínigh sé 'Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir an Rúis agus Daon-Phoblacht Donetsk' mar ionadaí ar 'Daon-Phoblacht Donetsk'.  Tar éis 'Daon-Phoblacht Donetsk' a ionghabháil an 30 Meán Fómhair, rinneadh 'Ceann Gníomhach Dhaon-Phoblacht Donetsk' de an 4 Deireadh Fómhair 2022.	29.4.2014
-----	--	---	---	-----------

▼ **M34**

47.	Sergey Gennadevich TSYPLAKOV (Сергей Геннадьевич ЦЫПЛАКОВ) Serhiy Henna-diyovych TSYPLAKOV (Сергій Геннадійович ЦИПЛАКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 1.5.1983 Áit bhreithe: Khartsyzsk, Donetsk region, Ukraine	Duine de cheannairí na heagraíochta "Daon-Mhiliste Donbas", eagraíocht le hidé-eolaíocht radacach. Ghlac sé páirt gníomhach in urghabháil roinnt foirgneamh de chuid an Stáit i réigiún Donetsk.  Iar-Chomhalta de "Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk", agus dá Coiste um Beartas Eachtrach, um Chaidreamh Seachtrach, um Beartas Faisnéise agus um Theicneolaíocht Faisnéise.	29.4.2014
-----	--	--	--	-----------



▼ M33▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
48.	Igor Vsevolodovich GIRKIN (Игорь Всеволодович ГИРКИН) (ar a dtugtar freisin Igor STRELKOV, Ihor STRIELKOV)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 17.12.1970 Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation	Sainaitníodh mar chomhalta foirne de Phríomh-Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU). Bhí baint aige le teagmhais in Sloviansk. Ceann feidhme ar an ngluaiseacht phoiblí ‘Novorossia’. Iar-’ Aire Cosanta’ in ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di.  D’eagraigh sé, an 4 Samhain 2016, mórshiúl Rúiseach i Moscó do náisiúnaigh Rúiseacha a thacaíonn leis na scarúnaithe in oirthear na hÚcráine.  Thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí scarúnaíochta in oirthear na hÚcráine, tacaíonn sé go poiblí leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine agus iarrann sé ar Rúisigh a bheith páirteach i ndíormaí deonacha míleata go rialta.	29.4.2014
49.	Vyacheslav Viktorovich VOLODIN (Вячеслав Викторович ВОЛОДИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 4.2.1964 Áit Bhreithe: Alekseevka, Saratov region, Russian Federation	Iar-Chéad-Leas-Cheann Foirne ar Riarachán Uachtaránachta na Rúise. Freagrach as lánpháirtíú polaitiúil Phoblacht Fhéinrialaitheach ionghafa na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.  Leas-Spéicéir State Duma Chónaidhm na Rúise faoi láthair ón 5 Deireadh Fómhair 2016.  An 15 Feabhra 2022, thacaigh Volodin, sa State Duma, leis an rún lenar iarradh ar an Uachtarán Vladimir Putin réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine a aithint mar stáit neamhspleácha.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Volodin, sa State Duma, le daingniú cinní rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Volodin, sa State Duma, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	12.5.2014
50.	Vladimir Anatolevich SHAMANOV (Владимир Анатольевич ШАМАНОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.2.1957 Áit Bhreithe: Barnaul, Russian Federation	IarCheannasaí ar Thrúpaí Aerbheirthe na Rúise, Coirnéal-Ginearál. Sa phost sinsearach sin dó, tá freagracht air as trúpaí aerbheirthe na Rúise a imscaradh sa Chrimé.  IarChathaoirleach Choiste Cosanta de chuid State Duma Chónaidhm na Rúise.	12.5.2014



▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
54.	Viacheslav PONOMARIOV Vyacheslav Volodymyrovich PONOMARYOV (В'ячеслав Володимирович ПОНОМАРЬОВ) Viacheslav Vladimirovich PONOMAREV (Вячеслав Владимирович ПОНОМАРЁВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 2.5.1965 Áit Bhreithe: Sloviansk (Oblast Donetsk), an Úcráin	Féindearbhairthe roimhe seo mar 'Méara na nDaoine' in Sloviansk (go dtí an 10 Meitheamh 2014). D'iarr Ponomariov ar Vladimir Putin trúpaí Rúiseacha a chur isteach chun an chathair a chosaint agus, ina dhiaidh sin, d'iarr sé air airm a sholáthar. Bhí baint ag fir Ponomariov i bhfuadaigh (ghabh siad an gníomhaí Irma Krat agus Simon Ostrovsky, tuairisceoir do Vice News; scaoileadh saor an bheirt acu ina dhiaidh sin; choinnigh siad breathnóirí míleata faoi Dhoiciméad Vín ESCE). Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	12.5.2014
55.	Igor Nikolaevich BEZLER (ar a dtugtar freisin Bes (devil)) (Игорь Николаевич БЕЗЛЕР) Ihor Mykolayovych BEZLER (Ігор Миколайович БЕЗЛЕР) ar a dtugtar freisin Igor Nikolaevich BEREGOVYU (Игорь Николаевич БЕРЕГОВОЙ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 30.12.1965 Áit Bhreithe: Simferopol, Crimea, Ukraine	Ar dhuine d'iarcheannairí míliste féinfhógartha Horlivka. Ghlac sé ceannas ar thógáil Oifig Sheirbhís Slándála na hÚcráine sa rialtas réigiúnach in Donetsk agus, ina dhiaidh sin, d'urghabh sé stáisiún ceantair na hAireachta Gnóthaí Baile i mbaile Horlivka. Tá naisc aige le Igor Strelkov/Girkin, ar faoina cheannas a bhí lámh aige i ndúmharú Volodymyr Rybak, Feisire de chuid na nDaoine ar Chomhairle Bhardasach Horlivka.  Fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. D'fhill sé ar Berdyansk in éineacht le trúpaí Rúiseacha i mí Aibreáin 2022 agus tá baint aige leis an "ord poiblí a áirithiú" sa réigiún.	12.5.2014
56.	Igor Evgenevich KAKIDZYANOV (Игорь Евгеньевич КАКИДЗЯНОВ) Igor Evgenevich KNAKIMZYANOV (Игорь Евгеньевич ХАКИМЗЯНОВ) Ihor Yevhenovych KNAKIMZIANOV (KAKIDZIANOV) (Ігор Євгенович ХАКИМЗЯНОВ (КАКИДЗЯНОВ))	Inscne: fireann Dáta Breithe: 25.7.1980 Áit Bhreithe: Makiivka (Oblast Donetsk), an Úcráin	Duine de na hiarcheannairí a bhí ar na fórsaí armtha in 'Daon-Phoblacht Donetsk' (féinfhógartha). Is é is aidhm do na fórsaí 'muintir Dhaon-Phoblacht Donetsk agus iomláine chríochach na poblachta a chosaint' dar le Pushylin, duine de cheannairí atá ar 'Daon-Phoblacht Donetsk'.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	12.5.2014

▼ M33

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <u>M69</u>	57. Oleg TSARIOV, Oleh Anatoliyovych TSAROV (Олег Анатолійович ЦАРЬОВ) Oleg Anatolevich TSARYOV (Олег Анатольевич ЦАРЁВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 2.6.1970 Áit Bhreithe: Dnepropetrovsk (Dnipro anois), Ukraine	Iarchomhalta de Verkhovna Rada na hÚcráine, d' iarr sé go poiblí go gcruthófaí 'Poblacht Chónaidhme Nocolossiya', mar a ghairtear di, ina mbeadh réigiúin de chuid oirdheisceart na hÚcráine. Iar-' Spéicéir' ar 'Parlaimint Aontas na nDaon-Phoblachtaí', mar a ghairtear di, ('Parlaimint Novorossiya').  Tá sí fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	12.5.2014
▼ <u>M37</u>	58. Roman Viktorovich LYAGIN (Роман Викторович ЛЯГИН) Roman Viktorovich LIAHIN (Роман Вікторович ЛЯГІН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 30.5.1980 Áit bhreithe: Donetsk, Ukraine	Iar-Cheann ar Central Electoral Commission "Donetsk People's Republic". Bhí lámh ghníomhach aige in eagrú an reifrinn an 11 Bealtaine 2014 maidir le féinchinntiúchán "Donetsk People's Republic". Iar-"Aire Saothair agus Beartais Shóisialta".  Faoi réir imeachtaí coiriúla san Úcráin.	12.5.2014
▼ <u>M14</u>	59. Aleksandr Sergeevich MALYKHIN Alexander Sergeevich MALYHIN (Александр Сергеевич МАЛЫХИН) Oleksandr Serhiyovych (Ser- giyovych) MALYKHIN (Олександр Сергійович МАЛИХІН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 12.1.1981	Iar-Cheann ar Choimisiún Lármach Toghchán 'Daon-Phoblacht Luhansk'. Bhí lámh ghníomhach aige in eagrú an reifrinn ar an 11 Bealtaine 2014 maidir le féinchinntiúchán 'Daon-Phoblacht Luhansk'.  Fós gníomhach i ndáil le tacú le beartais scarúnaíocha.	12.5.2014
▼ <u>M69</u>	60. Natalia Vladimirovna POKLONSKAYA (Наталья Владимировна ПОКЛОНСКАЯ)	Inscne: bainneann Dáta Breithe: 18.3.1980 Áit Bhreithe: Mikhailovka, Voroshilovgrad region, iar- Ukrainian SSR nó Yevpatoria, Ukraine anois	Iarchomhalta den State Duma, tofa ó Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach.  IarIonchúisitheoir 'Poblacht na Crimé', mar a ghairtear di. Chuir sí an ionghabháil a rinne an Rúis ar an gCrimé chun feidhme go gníomhach.  Iar-Leas-Chathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta, Choimisiún maidir leis an imscrúdú ar chur isteach eachtrach ar ghnóthaí inmheánacha Chónaidhm na Rúise; comhalta den Choiste um shlándaíl agus um dhul i ngleic le héilliú Dhúma Stáit Chónaidhm na Rúise. IarAmbasadóir i gcóir taidhleoireachta Chónaidhm na Rúise.	12.5.2014

▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			<p>Iar-Leas-Cheann an Federal Agency for the Commonwealth of Independent States Affairs, Compatriots Living Abroad, agus den International Humanitarian Cooperation (Rossotrudnichestvo). Comhairleoir d'Ard-Ionchúisitheoir na Rúise ó mhí an Mheithimh 2022.</p> <p>In 2015, bhronn 'údaráis' 'Poblacht na Crimé', mar a ghairtear di, an t-ordú 'I ngeall ar dhílseacht don dualgas uirthi.</p>	

▼ M14

61.	<p>Igor Sergeievich SHEVCHENKO</p> <p>(Игорь Сергеевич ШЕВЧЕНКО)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 9.2.1979</p> <p>Áit Bhreithe: Sevastopol, an Chrimé, an Úcráin</p>	<p>Iarionchúisitheoir Sevastopol agus, dá bhri sin, ionghabháil na Rúise ar Sevastopol á cur chun feidhme go gníomhach aige.</p> <p>Ionchúisitheoir, Poblacht na hAdeyga.</p>	12.5.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ M59

62.	<p>Aleksandr Yurevich BORODAI</p> <p>(Александр Юрьевич БОРОДАЙ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 25.7.1972</p> <p>Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation</p>	<p>'Iar-Phríomh-Aire Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de, agus é freagrach as na gníomhaíochtaí 'rialtais' scarúnaíocha a dhéanann 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de (e.g. an 8 Iúil 2014, dúirt sé go bhfuil 'ár n-arm i mbun oibríocht speisialta i gcoinne 'faisistithe' de chuid na hÚcráine'), agus shínigh sé an Meabhrán Tuisceana maidir le 'aontacht Novorossiya'. Fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha; is é atá ina cheann feadhna ar 'Union of Donbas volunteers'.</p> <p>Cathaoirleach ar Board of the Union of Volunteers of Donbas. Rannpháirteach go gníomhach in earcú agus in oiliúint 'saorálaithe' a cuireadh chun troda in Donbas.</p> <p>Comhalta den State Duma ó mhí Mheán Fómhair 2021. D'fhógair sé i mí Dheireadh Fómhair 2021 gur 'fórsaí Rúiseacha' iad na fórsaí scarúnaíocha in Oirthear na hÚcráine.</p> <p>Leas-Chathaoirleach ar an Committee of the State Duma for the Commonwealth of Independent States, Eurasian Integration and Relations with Compatriots.</p> <p>Vótáil sé i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 'Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk' agus thacaigh sé dá bhri sin le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh a thuilleadh an Úcráin, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.</p>	12.7.2014
-----	--	---	---	-----------

▼ **M59**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
63.	Alexander KHODAKOVSKY Oleksandr Serhiyovych KHODAKOVSKYY (KHODAKOVSKYI) (Олександр Сергійович ХОДАКОВСЬКИЙ) Aleksandr Sergeevich KHODAKOVSKII (Александр Сергеевич ХОДАКОВСКИЙ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 18.12.1972 Áit Bhreithe: Donetsk, Ukraine	Iar'Aire Slándála Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de, agus é freagrach as gníomhaíochtaí slándála scarúnaíocha 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear de. Fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.  Ceannasaí ar chathlán 'Vostok' den 'Aireacht Gnóthaí Baile i nDaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, atá i mbun troda in Mariupol. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	12.7.2014

▼ **M14**

64.	Alexandr Arkadievich KALYUSSKY (Александр Аркадьевич КАЛЮССКИЙ) Oleksandr Arkadiyovych KALYUSSKIY (Олександр Аркадійович КАЛЮСЬКИЙ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 9.10.1975	Iar-'Leas-Phríomh-Aire <i>de facto</i> um Shaincheisteanna Sóisialta Dhaon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear de. Freagrach as na gníomhaíochtaí scarúnaíochta 'rialtasacha' 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di'.	12.7.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ **M48**

65.	Alexander KHRYAKOV Aleksandr Vitalievich KHRYAKOV (Александр Витальевич ХРЯКОВ) Oleksandr Vitaliyovych KHRYAKOV (Олександр Віталійович ХРЯКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 6.11.1958 Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin	Iar-'Aire Faisnéise agus Ollchumarsáide', mar a ghairtear de, de chuid 'Donetsk People's Republic'. Comhalta faoi láthair de Choiste 'People's Council' an 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, maidir leis an mBuiséad, an tAirgeadas agus an Beartas Eacnamaíoch. Fós ag tacú go gníomhach leis na gníomhaíochtaí scarúnaíocha in Oirthear na hÚcráine.	12.7.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ **M69**

66.	Marat Faatovich BASHIROV (Марат Фаатович БАШИРОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 20.1.1964 Áit Bhreithe: Izhevsk, Russian Federation	Iar-'Phríomh-Aire Chomhairle Airí Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de, arna dhearbhu an 8 Iúil 2014.  Freagrach as gníomhaíochtaí scarúnaíochta 'rialtasacha' 'rialtas Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de.  Faoi láthair, tá sé ina eolaí polaitiúil san Institiúid um Bainistíocht Cumarsáide agus is é Stiúrthóir an Lárionaid um Staidéar ar Fhadhbanna Córas Smachtbhannaí Idirnáisiúnta, Ollamh san Higher School of Economics.  Tá sé ag tacú i gcónaí le struchtúir scarúnaíochta 'Daon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear di.	12.7.2014
-----	--	---	--	-----------

## ▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
67.	Vasyl Oleksandrovych NIKITIN (Василь Олександрович НІКІТИН) Vasilii Aleksandrovich NIKITIN (Васи́лий Александрович НИКИТИ́Н)	Inscne: fireann Dáta breithe: 25.11.1971 Áit bhreithe: Shargun, an Úisbéiceastáin	Iar 'Leas-Phríomh-Aire Chomhairle Airí Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de (roimhe sin bhí sé é ina 'Phríomh-Aire Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear di, agus is iar-urlabhraí thar ceann 'Arm an Oirdheiscirt' é).  Freagrach as gníomhaíochtaí scarúnaíochta 'rialtasacha' 'rialtas Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear di'.  Ba é a bhí freagrach as an ráiteas ó Arm an Oirdheiscirt nach bhféadfaí toghcháin uachtaránachta na hÚcráine a reáchtáil in 'Daon-Phoblacht Luhansk' mar gheall ar stádas 'nua' an réigiúin.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíochta.	12.7.2014
68.	Aleksey Vyacheslavovich KARYAKIN (Алексей Вячеславович КАРЯКИН) Oleksiy Vyacheslavovich KARYAKIN (Олексій Вячеславович КАРЯКИ́Н)	Inscne: fireann Dáta breithe: 7.4.1980 nó 7.4.1979 Áit bhreithe: Stakhanov, réigiún Luhansk, an Úcráin	Go dtí an 25 Márta 2016, 'Cathaoirleach Ardchomhairle Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear de, freagrach as gníomhaíochtaí scarúnaíochta 'rialtasacha' 'na hArdchomhairle', freagrach as a iarraidh ar Chónaidhm na Rúise neamhspleáchas 'Daon-Phoblacht Luhansk' a aithint.  Sínitheoir an Mheabhráin Tuisceana maidir le 'haontas Novorossiya'.  Iarchomhalta 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear di é.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíochta.  Ina chathaoirleach faoi láthair ar 'Seomra Poiblí Dhaon-Phoblacht Luhansk ', mar a ghairtear de.	12.7.2014
69.	Yuriy Volodymyrovych IVAKIN (Юрій Володимирович ІВАКІН) Iurii Vladimirovich IVAKIN (Юрий Владимирович ІВАКІ́Н)	Inscne: fireann Dáta breithe: 13.8.1954 Áit bhreithe: Perevalsk, (Oblast Luhansk), an Úcráin	Iar-'Aire Gnóthaí Baile Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear de, agus é freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí 'rialtasacha' scarúnaíochta 'rialtas Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de.	12.7.2014

▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
70.	Igor PLOTNITSKY Igor Venediktovich PLOTNITSKIИ (Игорь Вenedиктович ПЛОТНИЦКИЙ) Ihor (Igor) Venedyktovych PLOTNYTSKYI (Igor Venediktovich ПЛОТНИЦЬКИЙ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 24.6.1964 nó 25.6.1964 nó 26.6.1964 Áit bhreithe: Luhansk (meastear in Kelmentsi, oblast Chernivtsi), an Úcráin	Iar-'Aire Cosanta' mar a ghairtear de, agus iar 'Ceann', mar a ghairtear de, ar 'Daon-Phoblacht Luhansk', agus é freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí 'rialtasacha' scarúnaíocha 'rialtas Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de. Iar-Thoscaire Speisialta thar ceann 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, maidir le cur chun feidhme chomhaontuithe Mhionsc.	12.7.2014

▼ **M69**

71.	Nikolay Ivanovich KOZITSYN (Николай Иванович КОЗИЦЫН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 20.6.1956 nó 6.10.1956 Áit Bhreithe: Dzerzhinsk, Donetsk region, Ukraine	Ceannasaí Fhórsaí na gCosacach. Bhí sé freagrach as ceannasaíocht na scarúnaithe in Oirthear na hÚcráine ag troid i gcoinne fhórsaí rialtas na hÚcráine. Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	12.7.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ **M14**

--	--	--	--	--

▼ **M33**

73.	Mikhail Efimovich FRADKOV (Михаил Ефимович ФРАДКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 1.9.1950 Áit bhreithe: Kurumoch, réigiún Kuibyshev, Cónaidhm na Rúise	Iar-bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise; Iar-Stiúrthóir ar Sheirbhís Faisnéise Eachtraí Chónaidhm na Rúise. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, a chuireann comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. Ón 4 Eanáir 2017, tá sé ina Stiúrthóir ar an Institiúid Rúiseach um Staidéir Straitéiseacha. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar Bhord Stiúrthóirí 'Almaz-Antey'. Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	25.7.2014
-----	--	---	--	-----------

▼ **M69**

74.	Nikolai Platonovich PATRUSHEV (Николай Платонович ПАТРУШЕВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 11.7.1951 Áit Bhreithe: Leningrad, iar-USSR, St Petersburg, Russian Federation	Buanchomhalta agus Rúnaí Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, a chuireann comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. Thacaigh sé go poiblí le neamhspleáchas Donetsk agus Luhansk. Tá Patrushev ar cheann de na daoine is mó a thacaíonn le cogadh na Rúise ar an Úcráin, tugann sé údar poiblí leis an ionradh agus cuireann sé aidhmeanna an chogaidh chun cinn.	25.7.2014
-----	--	--	--	-----------



▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
75.	Aleksandr Vasilievich BORTNIKOV (Александр Васильевич БОРТНИКОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.11.1951 Áit Bhreithe: Perm, Russian Federation	Buanchomhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise; Stiúrthóir na Seirbhíse Cónaidhme Slándála. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, cuireann sé comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.  Tacaíonn sé go poiblí le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	25.7.2014

▼ M77

76.	Rashid Gumarovich NURGALIEV (Рашид Гумарович НУРГАЛИЕВ)	Dáta breithe: 8.10.1956 Áit bhreithe: Zhetikara, APSS (an Chasacstáin anois) Inscne: fireann	Comhalta agus, ó bhí Feabhra 2023 ann, Céad Leas-Rúnaí Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, a chuireann comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.	25.7.2014
-----	--	--	---	-----------

▼ M69

77.	Boris Vyacheslavovich GRYZLOV (Борис Вячеславович ГРЫЗЛОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.12.1950 Áit Bhreithe: Vladivostok, Russian Federation	Iar-bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, a chuireann comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.  Tá sé fós ina chathaoirleach ar Ard-Chomhairle an pháirtí, United Russia, agus ina ionadaí lánchumhachtach ag Cónaidhm na Rúise sa Ghrúpa Teagmhála maidir leis an staid san Úcráin a réiteach.  Cathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí an fhiontair Tactical Missiles Corporation JSC, frontar ar leis an Stát é.  Tá an post mar Ambasadóir aige i gcór taidhleoireachta Chónaidhm na Rúise.  Tacaíonn sé go poiblí le cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine.	25.7.2014
-----	---	--	---	-----------

▼ M33

78.	Sergei Orestovich BESEDA (Сергей Орестович БЕСЕДА)	Inscne: fireann Dáta breithe: 17.5.1954	Ceannasaí Chúigiú Seirbhís Sheirbhís Chónaidhme Slándála Chónaidhm na Rúise.  Mar oifigeach sinsearach na Seirbhíse Cónaidhme Slándála (Coirnéal-Ginearál), tá sé i gceannas ar sheirbhís atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí faisnéise agus ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta.	25.7.2014
-----	---	--	---	-----------

▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <b>M59</b>				
79.	Mikhail Vladimirovich DEGTYARYOV/ DEGTYAREV (Михаил Владимирович ДЕГТЯРЁВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 10.7.1981 Áit Bhreithe: Kuibyshev (Samara), Russian Federation	IarChomhalta den State Duma.  Mar chomhalta den Duma, d'fhógair sé oscailt fhoirmiúil 'ambasáid de facto' de 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, 'Daon-Phoblacht' neamhaitheanta i Moscó, agus cuidíonn sé leis an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cuidíonn sé leis an mbagairt orthu sin.  IarChathaoirleach ar an Russian State Duma Committee on Physical Education, Sport and Youth Affairs.  Ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith, tá sé ina Ghobharnóir ar Khabarovsk Krai.  Ón 6 Feabhra 2021 i leith, Comhordaitheoir ar bhrainte réigiúnach an Liberal Democratic Party of Russia.  Ón 15 Samhain 2021, comhalta den State Council of the Russian Federation le Foraithe ó Uachtarán Putin.	25.7.2014
▼ <b>M69</b>				
80.	Ramzan Akhmatovich KADYROV (Рамзан Ахматович КАДЫРОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 5.10.1976 Áit Bhreithe: Tsentaroy, Chechnya, Russian Federation	Uachtarán Phoblacht na Seisnia. Rinne Kadyrov ráitis ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus ag tacú leis an gceannairc armtha san Úcráin. Dúirt sé an 14 Meitheamh 2014, <i>inter alia</i> , go ndéanfadh sé 'rud ar bith chun cabhrú leis an gCrimé a athbheochan'. Sa chomhthéacs sin, bhronn Ceann Gníomhach 'Poblacht na Crimé' Fhéinrialaitheach bonn air as 'saoradh na Crimé' mar gheall ar an tacaíocht a thug sé d' ionghabháil neamhdhleathach na Crimé. Ina theannta sin, an 1 Meitheamh 2014, chuir sé in iúl go raibh sé réidh 74 000 óglach Seisniach a sheoladh chuig an Úcráin dá n-iarrfaí sin air.  Comhalta d'Ard-Chomhairle an pháirtí, <i>United Russia</i> .  Tá Kadyrov ar cheann de na daoine is mó a thacaíonn le cogadh na Rúise ar an Úcráin.  Tá Kadyrov freagrach as roinnt aonad míleata a chruthú agus a imscaradh san Úcráin. Dá bhri sin, tá sé ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	25.7.2014
▼ <b>M77</b>				
81.	Alexander Nikolaevich TKACHYOV (Александр Николаевич ТКАЧЁВ)	Dáta breithe: 23.12.1960 Áit bhreithe: Vyselki, réigiún Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Ghobharnóir ar Krasnodar Krai.  Bhronn Ceann Gníomhach 'Poblacht na Crimé' Fhéinrialaitheach bonn air as 'saoradh na Crimé' mar gheall ar an tacaíocht a thug sé d'ionghabháil neamhdhleathach na Crimé. Ar an ócáid sin, dúirt Ceann Gníomhach 'Poblacht na Crimé' Fhéinrialaitheach go raibh Tkachyov ar dhuine de na chéad daoine a léirigh a thacaíocht do 'ceannaireacht' nua na Crimé.	25.7.2014

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Iar-Aire Talmhaíochta Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Príomh-scairshealbhóir na cuideachta Agro-complex, a d'urghabh críocha móra talún talmhaíochta i réigiún na hÚcráine atá faoi fhorghabháil.</p> <p>Gheall Tkachyov go poiblí go dtacódh sé le fir a slógadh chun páirt sa chogadh ar an Úcráin.</p>	

▼ M69

82.	<p>Pavel Yurievich GUBAREV (Павел Юрьевич ГУБАРЕВ)</p> <p>Pavlo Yuriyovich GUBARIEV (HUBARIEV) (Павло Юрійович ГУБАРЕВ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 10.2.1983 (nó 10.3.1983)</p> <p>Áit Bhreithe: Sievierodonetsk, Ukraine</p>	<p>Ceann de cheannairí ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ mar a ghairtear di, de réir mar a deir sé féin. D’iarr sé ar an Rúis idirghabháil a dhéanamh in oirthear na hÚcráine, lena n-áirítear trí fhórsaí síochánaíochta na Rúise a imscaradh. Bhí baint aige le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Bhí Gubarev freagrach as daoine a earcú d’fhórsaí armtha na scarúnaithe.</p> <p>Bhí sé freagrach as seilbh a ghlacadh ar fhoirgneamh an rialtais réigiúnaigh in Donetsk in éineacht le fórsaí atá ar son na Rúise agus d’fhógair sé é féin ina ‘Gobharnóir Pobail’.</p> <p>In ainneoin a bheith gafa as a bheith ina bhagairt ar iomláine chríochach na hÚcráine agus gur scaoileadh saor é ina dhiaidh sin, lean sé de ról tábhachtach a bheith aige i ngníomhaíochtaí scarúnaíochta, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>De réir a ráitis féin, throid sé i bhFórsaí Armtha na Rúise gar do Chív i mí an Mhárta 2022.</p> <p>I mí Dheireadh Fómhair 2022 dúirt sé gur ‘Rúisigh iad muintir na hÚcráine’ agus lean sé de bholscaireacht na Rúise a scaipeadh agus an cogadh foghach ar an Úcráin á chur chun cinn aige.</p>	25.7.2014
-----	---	--	--	-----------

▼ M77

83.	<p>Ekaterina Yurievna GUBAREVA (Екатерина Юрьевна ГУБАРЕВА)</p> <p>Kateryna Yuriyivna GUBARIEVA (HUBARIEVA) (Катерина Юрійівна ГУБАРЕВА)</p>	<p>Dáta breithe: 5.7.1983 nó 10.3.1983</p> <p>Áit bhreithe: Kakhovka (réigiún Kherson), APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Inscne: bainneann</p>	<p>Ina cáil mar Iar-‘Aire Gnóthaí Eachtracha’ mar a ghairtear di, bhí sí freagrach as ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ mar a ghairtear di, a chosaint, rud a bhain an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, thug sí tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Fós gníomhach ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíochta.</p> <p>Is iar-chomhalta í de ‘Daon-Chomhairle’, mar a ghairtear di, ‘Dhaon-Phoblacht Donetsk’ (go dtí mí na Samhna 2018).</p> <p>“Leas-cheann riaracháin mhíleata-shibhialta i réigiún Kherson” idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2022.</p>	25.7.2014
-----	--	---	--	-----------

▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M48</b>	84. Fyodor Dmitrievich BEREZIN (Фёдор Дмитриевич БЕРЕЗИН) Fedir Dmytrovych BEREZIN (Федір Дмитрович БЕРЕЗИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 7.2.1960 Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin	Iar-'leas-aire cosanta' mar a ghairtear de, den 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Tá baint aige le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, thug Berezin tacaíocht do gníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. Comhalta den 'People's Council' den 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de. Cathaoirleach reatha ar Bhord Aontas Scríbhneoirí DNR.	25.7.2014
▼ <b>M33</b>	85. Valery Vladimirovich KAUROV (Валерий Владимирович КАУРОВ) Valeriy Volodymyrovych KAUROV (Валерій Володимирович КАУРОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 2.4.1956 Áit bhreithe: Odessa, an Úcráin	'Uachtarán' de réir mar a deir sé féin ar 'Poblacht Novorossiya' mar a ghairtear di. D'iarr sé ar an Rúis trúpaí a imscaradh san Úcráin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, thug sé tacaíocht do gníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	25.7.2014
▼ <b>M34</b>	86. Serhii Anatoliyovych ZDRILIUK (dá ngairtear Abwehr freisin) (Сергей Анатольевич ЗДРИЛЮК) (Сергій Анатолійович ЗДРИЛЮК)	Inscne: fireann Dáta breithe: 23.6.1972 (nó 23.7.1972) Áit bhreithe: Frontovka village, Vinnytsia region, Ukraine	Sainchabhróir sinsearach le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó atá ina mbagairt orthu sin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, thug Zdriliuk tacaíocht do gníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	25.7.2014
▼ <b>M77</b>	87. Vladimir ANTY-UFEEV (ar a dtugtar freisin Vladimir SHEVTSOV, Vladimir Iurievici ANTIUFEEV, Vladimir Gheorghievici ALEX-ANDROV, Vadim Gheorghievici SHEVTSOV) (Владимир Юрьевич АНТЮФЕЕВ)	Dáta breithe: 19.2.1951 Áit bhreithe: Novosibirsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-'Aire Slándála Stáit' i réigiún scarúnaíoch an Tras-dnístria. Iar-leas-phríomhaire de 'Daon-Phoblacht Donetsk', agus é freagrach as slándáil agus as forfheidhmiú an dlí. Sa cháil seo, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí 'rialtasacha' bolscaireachta scarúnaíocha 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear de.  Comhalta boird agus Leas-Ard-Stiúrthóir 'United Engine Corporation', ar leis an Stát é, comhalta boird de chuid JSC Research and Production Enterprise 'Temp' ar leis an Stát é agus ainmnithe as F.Korotkov.  Fós gníomhach ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	25.7.2014

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
88.	Alexey Alexeyevich GROMOV (Алексей Алексеевич ГРОМОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 31.5.1960 Áit bhreithe: Zagorsk (Sergiev Posad), Cónaidhm na Rúise	Mar chéad Leas-Cheann Foirne an Riaracháin Uachtaránachta, tá sé freagrach as treoir a thabhairt d'eagraíochtaí meán na Rúise a bheith fabhrach leis na scarúnaithe san Úcráin agus le hionghabháil na Crimé, ag tacú, dá bhri sin, le díchoibhsú Oirthear na hÚcráine agus le hionghabháil na Crimé.	30.7.2014
89.	Oksana TCHIGRINA, Oksana Aleksandrovna CHIGRINA (CHYHRINA) (Оксана Александровна ЧИГРИНА)	Inscne: baineann Dáta breithe: 23.7.1981, meastar	Iar-urabhraí de chuid 'rialtas Dhaon-Phoblacht Luhansk' mar a ghairtear de, ', a rinne ráitis inar cosnaíodh, <i>inter alia</i> , eitleán míleata de chuid na hÚcráine a leagan go talamh, gialla a thógáil, agus na grúpaí armtha neamhdhleathacha a bheith i mbun gníomhaíochtaí trodacha, ag baint, leis an méid sin, an bhoinn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus d'aontacht na hÚcráine.  Iar-urabhraí Sheirbhís Preasa Dhaon-Phoblacht Luhansk.  Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	30.7.2014
90.	Boris Alekseevich LITVINOV (Борис Алексеевич ЛИТВИНОВ) Borys Oleksiyovych LYTVYNOV (Борис Олексійович ЛИТВИНОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 13.1.1954 Áit bhreithe: Dzerzhynsk (oblast Donetsk), an Úcráin	Iar-chomhalta de 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, agus iar-chathaoirleach den 'Comhairle Uachtarach' mar a ghairtear di de 'Daon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di. Ba eisean a chum beartais agus a d'eagraigh an 'reifreann' neamhdhleathach as ar tháinig forógra 'Daon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di, ar sárú é ar iomláine chríochach, ceannasacht agus aontacht na hÚcráine. Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. Ceannaire reatha Pháirtí Cumannach Dhaon-Phoblacht Donetsk.	30.7.2014
91.	Sergey Vadimovich ABISOV (Сергей Вадимович АБИСОВ) Sergiy (Serhiy) Vadymovych ABISOV (Сергій Вадимович АБИСОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 27.11.1967 Áit Bhreithe: Simferopol, Crimea, Ukraine	Cheap Uachtarán na Rúise é mar 'Aire Gnóthaí Baile 'Republic of Crimea'', mar a ghairtear de, an 5 Bealtaine 2014 (foraithe Uimh. 301) agus trí ghlacadh lena cheapachán agus de bharr a ghníomhaíochtaí mar 'Aire Gnóthaí Baile', mar a ghairtear de, bhain sé an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus d'aontacht na hÚcráine.  Briseadh as a phost é mar 'Aire Gnóthaí Baile 'Republic of Crimea'', mar a ghairtear de, i mí an Mheithimh 2018. Sainchabhróir le 'Cathaoirleach' Comhairle Airí 'Republic of Crimea' mar a ghairtear di.  Leanann sé de bheith ina chúntóir do 'Ceann Republic of Crimea', mar a ghairtear de.	30.7.2014

▼ M59

▼ B▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
92.	Arkady Romanovich ROTENBERG Arkadii Romanovich ROTENBERG (Аркадий Романович РОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 15.12.1951 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	<p>Is mórphearsa gnó é Arkady Rotenberg a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis a bhfuil dlúthcheangal pearsanta aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Ó mhí an Mhárta 2014 i leith, tá conarthaí Stáit de luach os cionn USD 7 mbilliún faighte ag Rotenberg, nó ag a chuideachtaí. In 2015, bhí Rotenberg ar bharr liosta iad siúd a fuair conarthaí rialtais ó thaobh luacha de, tar éis dó conarthaí arbh fhiú RUB 555 bhilliún a fháil ó Rialtas na Rúise. Bronnadh an chuid de na conarthaí sin gan aon phróiseas foirmiúil iomaíochta. An 30 Eanáir 2015, shínigh an Príomh-Aire, Dmitry Medvedev, foraithe lenar bronnadh conradh Stáit ar Stroygazmontazh, cuideachta de chuid Rotenberg, chun droichead Kerch a thógáil ón Rúis chuig ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.</p> <p>Trí na conarthaí sin, fuair sé tairbhe airgeadais ó chinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú oirthear na hÚcráine.</p> <p>Iar-úinéir na cuideachta Stroygazmontazh é, ar bronnadh conradh Stáit uirthi chun droichead Kerch a thógáil ón Rúis chuig ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach, rud a dhaingnigh a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise agus lena mbaintear an bonn a thuilleadh d’iomláine chríochach na hÚcráine. Ar an gcaoi chéanna, i mí Eanáir 2017, bronnadh conradh stáit ar Stroygazmontazh arbh fhiú RUB 17 mbilliún é chun líne iarnróid a thógáil ar dhroichead Kerch, rud a chuir leis an mbonn a bhaint d’iomláine chríochach na hÚcráine.</p> <p>Úinéir dhá chuideachta, Mostotrest agus Stroygazmontazh-Most, atá ainmnithe mar gheall ar a ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den cheannasacht na hÚcráine (eintitis Uimh. 43 agus 46 san Iarscríbhinn seo). In 2019 dhíol Rotenberg an chuideachta tógála píblíne gáis Stroygazmontazh.</p> <p>Mar gheall ar a rannpháirtíocht maidir le droichead Kerch a thógáil, bronnadh ordú Stáit na Rúise ‘Laoch Saothair de chuid Chónaidhm na Rúise’ air i mí an Mhárta 2020.</p> <p>Tá sé ina chathaoirleach ar bhord stiúthóirí an chomhlachta foilsitheoireachta Prosvetscheniye, a sheol an tionscadal ‘<i>To the Children of Russia: Address – Crimea</i>’ [Do Leanáí na Rúise: Seoladh – An Chrimé], arb é a bhí ann feachtas caidrimh phoiblí a ceapadh lena chur ina luí ar leanáí na Crimé gur saoránaigh de chuid na Rúise iad a raibh cónaí orthu sa Rúis agus, ar an gcaoi sin, tacú le beartas Rialtas na Rúise an Chrimé a lánpháirtíú sa Rúis.</p> <p>An 30 Eanáir 2021, mhaígh Arkady Rotenberg gurbh é tairbhí ‘Pálás Putin’ mar a ghairtear de in Gelendzhik, a léirítear san imscrúdú a rinne Fondúireacht Alexey Navalny in aghaidh Éilliú.</p>	15.3.2015

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
93.	Konstantin Valerevich MALOFEEV (Константин Валерьевич МАЛОФЕЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 3.7.1974 Áit bhreithe: Puschino, réigiún Mhoscó, Cónaidhm na Rúise	Tá dlúthnasc idir an tUasal Malofeev agus scarúnaithe Úcráineacha in Oirthear na hÚcráine agus sa Chrimé. Is iar-fhostóir an Uasail Borodai é, ar iar-'Phríomh-Aire' mar a ghairtear de 'Dhaonphoblacht Donetsk, agus bhuaill sé leis an Uasal Aksyonov, 'Príomh-Aire' mar a ghairtear de 'Phoblacht na Crimé' mar a ghairtear di, le linn thréimhse phróiseas ionghabhála na Crimé. Tá tús curtha ag Rialtas na hÚcráine le himscrúdú coiriúil maidir leis an tacaíocht ábhartha agus airgeadais a líomhnaítear a thug sé do na scarúnaithe. Ina theannta sin, rinne sé roinnt ráiteas poiblí ag tacú le hionghabháil na Crimé agus le hionchorprú na hÚcráine sa Rúis agus go háirithe i mí an Mheithimh 2014 dúirt sé 'ní féidir an Úcráin ina hiomláine a ionchorprú sa Rúis. Ach, seans gur féidir Oirthear na hÚcráine a ionchorprú inti'.  Dá bhrí sin, tá an tUasal Malofeev ag gníomhú mar thaca le díchoibhsú Oirthear na hÚcráine.	30.7.2014

▼ M69

94.	Yuriy Valentinovich KOVALCHUK (Юрий Валентинович КОВАЛЬЧУК)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 25.7.1951 Áit Bhreithe: Leningrad, USSR (St Petersburg anois, Russian Federation)	Tá seanaithe ag Uachtarán Putin ar Kovalchuk. Is comhbhunaitheoir é de Ozero Dacha, mar a ghairtear de, comharchumann ina geruinníonn grúpa daoine údarásacha atá gar d' Uachtarán Putin.  Tá sé ag baint tairbhe as na naisc atá aige le cinn-teoirí na Rúise. Is cathaoirleach agus príomh-scair-shealbhóir Bank Rossiya é, ar leis timpeall 38 % de in 2013, agus meastar go bhfuil an banc sin ina bhanc pearsanta ag oifigigh shinsearacha de chuid Chónaidhm na Rúise. Ó ionghabhadh an Chrimé go mídhleathach, tá brainsí oscailte ag Bank Rossiya ar fud na Crimé agus Sevastopol, rud a dhaingníonn a lánpháirtíú i gCónaidhm na Rúise. Trí Bank Rossiya, ghlac Kovalchuk ceannas freisin ar fhíonlanna, ar fhíonghoirt agus ar dhrioglanna na Crimé.  Ina theannta sin, tá bunanna tábhachtacha ag Bank Rossiya sa National Media Group, a rialaíonn stáisiúin teilifíse a thacaíonn go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchoibhsú na hÚcráine.  In 2021, bhronn Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, Ord Fiúntais don Athartha, céim IV ar Yuri Kovalchuk as an obair mhór a rinne sé chun cabhrú le cur chun feidhme tionscadal a bhfuil tábhacht shóisialta ag baint leo i bPoblacht na Crimé.	30.7.2014
-----	--	---	---	-----------



## ▼ B

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <u>M36</u>				
95.	Nikolay Terentievich SHAMALOV (Николай Терентьевич ШАМАЛОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 24.1.1950 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation)	Tá seanaithe ag an Uachtarán Putin ar an Uasal Shamalov. Is comhbhunaitheoir é de Ozero Dacha, mar a ghairtear de, comharchumann ina gcruinníonn grúpa daoine údarásacha atá gar d'Uachtarán Putin.  Baineann sé tairbhe as na naisc atá aige le cinn-teoirí Rúiseacha. Is é an dara scairshealbhóir is mó é in Bank Rossiya, ar leis 10 % de in 2013, agus a mheastar a bheith ina bhanc pearsanta ag Oifigigh Shinsearacha de chuid an Russian Federation. Ó ionghabhadh Crimea go neamhdhleathach, tá brainsí oscailte ag Bank Rossiya ar fud Crimea agus Sevastopol, rud a dhaingníonn a lánpháirtíú sa Russian Federation.  Ina theannta sin, tá bunanna tábhachtacha ag Bank Rossiya sa National Media Group, a rialaíonn, ar a sheal, stáisiúin teilifíse a thacaíonn go gníomhach le beartais rialtas Russia chun Ukraine a dhíchobhsú.	30.7.2014
▼ <u>M29</u>				
▼ <u>M34</u>				
97.	Vladimir Petrovich KONONOV (dá ngairtear 'Tsar' freisin) (Владимир Петровнч КОНОНОВ) Volodymyr Petrovych KONONOV (Володимир Петрович КОНОНОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 14.10.1974 Áit bhreithe: Gorskoe, Luhansk oblast, Ukraine	Amhail ón 14 Lúnasa 2014, tháinig sé in ionad Igor Strelkov/Girkin, mar 'Aire Cosanta', mar a ghairtear de, de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Tuairiscítear go raibh sé i gceannas ar rannán trodaithe scarúnaíocha in Donetsk ó mhí Aibreáin 2014 agus gheall sé go réiteodh sé an cúram straitéiseach maidir le hionsaí míleata na hÚcráine a ruaigeadh. Dá bhrí sin, thacaigh Kononov le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.  Briseadh as a phost é mar 'Aire Cosanta', mar a ghairtear de, i mí Mheán Fómhair 2018.  Tá sé ina cheann ar an Stiúrthóireacht um Chúnamh Sóisialta do Phearsanra Míleata Ar Scor agus Oideachas Tírghrách, faoi 'Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de.	12.9.2014
▼ <u>M69</u>				
98.	Miroslav Vladimirovich RUDENKO (Мирослав Владимирович РУДЕНКО) Myroslav Volodymyrovych RUDENKO (Мирослав Володимирович РУДЕНКО)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 21.1.1983 Áit Bhreithe: Debaltsevo, Ukraine	Tá baint aige le 'Daon-Mhíliste Donbass' [Donbass People's Militia]. Tá sé ráite aige, <i>inter alia</i> , go leanfaidh siad ar aghaidh leis an troid sa chuid eile den tír. Dá bhrí sin, thacaigh Rudenko le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Comhalta de Choiste Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir 'Daon-Chomhairle Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	12.9.2014
▼ <u>M18</u>				



## ▼ B

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
100.	<p>Andrey Yurevich PINCHUK (Андрей Юрьевич ПИНЧУК)</p> <p>Andriy Yuriyovych PINCHUK (Андрій Юрійович ПИНЧУК)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe féideartha: 27.12.1977</p> <p>Áit Bhreithe: Tiraspol, Republic of Moldova</p>	<p>Iar-Aire Slándála Stáit' in 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Oifigeach sinsearach (Coirnéal) i Seirbhís Chónaidhme Slándála. Tá baint aige le Vladimir Antyufeyev, fear a bhí freagrach as gníomhaíochtaí bolscaireachta scarúnaíochta 'rialtais' de chuid 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de. Dá bhri sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíochta. Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus cathaoirleach Chomhairle Ceannasaithe 'Aontas shaorálaithe Donbas' [Union of Donbas volunteers].</p>	12.9.2014
101.	<p>Oleg Vladimirovich BEREZA (Олег Владимирович Берёза)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 1.3.1977</p> <p>Áit Bhreithe: Frunze, Slobodzia district, Republic of Moldova</p> <p>Seoladh: Prospekt Aleksandra Korsunova 57, Novgorod, the Russian Federation</p>	<p>Iar-'Aire gnóthaí baile', mar a ghairtear de, 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Tá baint aige le Vladimir Antyufeyev, fear a bhí freagrach as gníomhaíochtaí bolscaireachta scarúnaíochta 'rialtais' de chuid 'rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de. Dá bhri sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	12.9.2014
102.	<p>Andrei Nikolaevich RODKIN (Андрей Николаевич РОДКИН)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 23.9.1976</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Iar-Ionadaí Mhoscó de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Ina ráitis, labhair sé, inter alia, faoi ullmhacht na mílístí chun treallchogaíocht a dhéanamh agus a gcórais arm a urghabháil ó fhórsaí armtha na hÚcráine. Dá bhri sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>Duine d'iarcheannairí 'Aontas deShaorálaithe Donbas' é.</p> <p>Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíochta.</p>	12.9.2014
103.	<p>Aleksandr Akimovich KARAMAN (Александр Акимович КАРАМАН)</p> <p>Alexandru CARAMAN</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 26.7.1956</p> <p>Áit bhreithe: Cioburciu, dúiche Slobozia, Poblacht na Moldóive</p>	<p>Iar-'Leas-Phríomh-Aire maidir le Saincheisteanna Sóisialta', mar a ghairtear de, de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Tá baint aige le Vladimir Antyufeyev, fear a bhí freagrach as gníomhaíochtaí bolscaireachta scarúnaíochta rialtais de chuid 'Rialtas Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de. Dá bhri sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Ba <i>protégé</i> iar-Leas-Phríomh-Aire na Rúise, Dmitry Rogozin, é. Iar-Cheann Riaracháin Chomhairle na nAirí de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk'.</p>	12.9.2014

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Go dtí mí an Mhárta 2017, bhí sé ina 'Ionadaí Lánchumhachtach ó Uachtarán Phoblacht Mhol-dávach Phridnistróvach', mar a ghairtear di, chuig Cónaidhm na Rúise.  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	
104.	Georgiy L'vovich MURADOV (Георгий Львович МУРАДОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 19.11.1954 Áit bhreithe: Kochmes, Poblacht Fhéinrialaitheach Shóivéadach Shóisialach Komi (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)	'Leas-Phríomh-Aire' na Crimé, mar a ghairtear de, agus Ionadaí Lánchumhachtach na Crimé chuig an Uachtarán Putin. Bhí ról tábhachtach ag Muradov maidir le rialú institiúideach na Rúise ar an gCrimé a dhaingniú ó rinneadh an ionghabháil neamhdhleathach. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	12.9.2014

▼ M77

105.	Mikhail Sergeyeovich SHEREMET (Михаил Сергеевич ШЕРЕМЕТ) Mykhaylo Serhiyovych SHEREMET (Михайло Сергійович ШЕРЕМЕТ)	Dáta breithe: 23.5.1971 Áit bhreithe: Dzhankoy, APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Comhalta den Dúma stáit, tofa ó Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Iar-‘Céad-Leas-Phríomh-Aire na Crimé’, mar a ghairtear de. Bhí ról lárnach ag Sheremet i reifreann a eagrú agus a chur i bhfeidhm an 16 Márta 2014 sa Chrimé maidir le haontú leis an Rúis. Tráth an reifrinn, tuairiscíodh go raibh ‘fórsaí féinchosanta’ sa Chrimé a bhí ar son Moscó faoi cheannas Sheremet. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.  An 18 Meán Fómhair 2016, toghadh ina fheisire é den Dúma ó Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus an 19 Meán Fómhair 2021, mar chomhalta den Dúma stáit a toghadh ó Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Comhalta de Choiste an Dúma stáit maidir leis an tSlándáil agus in aghaidh Éilliú.  An 15 Feabhra 2022, thacaigh Sheremet, sa Dúma stáit, leis an rún lenar iarradh ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine a aithint mar stáit neamhspleácha.  Mar chomhalta den Dúma stáit, thacaigh sé le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis na ‘Conarthaí maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar conarthaí a dhaingniú agus dlíthe a ghlacadh maidir le haontachas ‘Dhaon Phoblachtaí’ Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia le Cónaidhm na Rúise.	12.9.2014
------	--	--	--	-----------

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	Yuri Leonidovich VOROBIOV (ar a dtugtar freisin Yury Leonidovich VOROBYOV) (Юрий Леонидович ВОРОБЬЕВ)	Dáta breithe: 2.2.1948 Áit bhreithe: Krasnoyarsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Comhalta agus Leas-Spéicéir Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise, ina gcomhordaíonn sé obair Choiste na Comhairle Cónaidhme um Chosaint agus Slándáil, dá dtugann sé treoracha, agus ina rialaíonn sé feidhmiú na dtreoracha sin. An 1 Márta 2014, thacaigh Vorobiov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin. Vótáil sé ina dhiaidh sin i bhfabhar na foraithe gaolmhaire.  Mar Chomhalta den Chomhairle Cónaidhme bhí sé páirteach i ndaingniú cinntí rialtais maidir leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Vorobiov go poiblí, sa Chomhairle Cónaidhme, le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.  An 4 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Vorobiov, sa Chomhairle Cónaidhme, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.	12.9.2014

▼ M59

--	--	--	--	--

▼ M77

108.	Vladimir Abdualiyevich VASILYEV (Владимир Абдуалиевич ВАСИЛЬЕВ)	Dáta breithe: 11.8.1949 Áit bhreithe: Klin, Réigiún Mhoscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Leas-Spéicéir den Dúma stáit. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar an dréacht-Dlí Bhunreachtúil Cónaidhme ‘maidir le Poblacht na Crimé a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus maidir le foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, comheintiteas nua cónaidhme — ‘Poblacht na Crimé’ agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol’.  Iarcheann Phoblacht na Dagastáine. IarChomhairleoir ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise.  Comhalta den Dúma stáit agus ceannaire fhaicsean United Russia ag an Dúma stáit. Sa cháil sin, ghlac sé páirt i ndaingniú cinntí rialtais maidir leis na ‘Conarthaí Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, thacaigh Vasilyev, sa Dúma stáit, leis an reachtaíocht chun réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin a ionghabháil.  Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais i bhfeidhm lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	12.9.2014
------	--	--	---	-----------

## ▼ B

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
109.	Viktor Petrovich VODOLATSKY (Виктор Петрович ВОДОЛАЦКИЙ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 19.8.1957 Áit Bhreithe: Stefnidín Dar, réigiún Rostov, Russian Federation	Iarchathaoirleach ('ataman') ar Aontas Fhórsaí Cosacacha Rúiseacha agus Eachtracha [Union of the Russian and Foreign Cossack Forces]. Comhalta den State Duma ón 5ú comhghairm ón 2 Nollaig 2007 ar aghaidh. Faoi láthair, is é Céad-Leas-Chathaoirleach ar Choiste an Dúma um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um Lánpháirtíú Eoráiseach agus um Chaidreamh le Comhthírigh.  Thacaigh sé le hionghabháil na Crimé agus d'admhaigh sé go raibh Cosacaigh Rúiseacha rannpháirteach go gníomhach i gcoimbhleacht na hÚcráine ar thaobh na scarúnaithe a dtacaíonn Moscó leo. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréachtúil bunreachtúil cónaidhme 'Maidir le 'Poblacht na Crimé' a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme – 'Poblacht na Crimé' agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol' a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise.  I mí Feabhra 2022, d'urraigh sé dréachtrún a thíolaic an páirtí polaitiúil United Russia chun achainí a dhéanamh ar Uachtarán na Rúise maidir leis an ngá atá ann aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk. An 4 Aibreán 2022, d'fhógair an State Duma a cheapachán mar cheann de chomhordaitheoirí grúpaí idirpharlaiminteacha an Dúma maidir le hidirghníomhaíocht le parlaimintí Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar conarthaí a dhaingniú agus dlíthe a ghlacadh maidir le haontachas Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporozhzhia le Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	12.9.2014
110.	Leonid Ivanovich KALASHNIKOV (Леонид Иванович КАЛАШНИКОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 6.8.1960 Áit Bhreithe: Stepnoy Dvoret, Russian Federation	Iar-Chéad-Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha de Dhúma an Stáit. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréachtúil bunreachtúil cónaidhme 'Maidir le 'Poblacht na Crimé' a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme – 'Poblacht na Crimé' agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol' a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise.  Faoi láthair, Cathaoirleach ar Choiste Dhúma an Stáit Rúisigh um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um Lánpháirtíú Eoráiseach agus um Chaidreamh le Comhthírigh.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar conarthaí a dhaingniú agus dlíthe a ghlacadh maidir le haontachas Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporozhzhia le Cónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	12.9.2014

▼ B▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
111.	Vladimir Stepanovich NIKITIN (Владимир Степанович НИКИТИН)	Dáta breithe: 5.4.1948 Áit bhreithe: Opochka, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit agus Iar-Chéad-Leas-Chathaoirleach ar Choiste Dhúma an Stáit um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um Lánpháirtíú Eoráiseach agus um Chaidreamh le Comhthírigh. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'maidir le glacadh 'Poblacht na Crimé' i gCónaidhm na Rúise agus foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, eintiteas nua cónaidhme 'Poblacht na Crimé' agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol'.  Iar-chomhalta de Phraesaidiam Lárchoiste Pháirtí Cumannach Chónaidhm na Rúise.  Ceannaire ar an ngluaiseacht phoiblí uile-Rúiseach 'Russian Concord', arb é is aidhm di sibhialtacht uathúil Rúiseach a chruthú agus seasamh na Rúise san iar-spás Sóivéadach agus in CIS a neartú.	12.9.2014
112.	Oleg Vladimirovich LEBEDEV (Олег Владимирович ЛЕБЕДЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 21.3.1964 Áit bhreithe: Rudny, réigiún Kostanai, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na Casacstáine (dá ngairtear an Chasacstáin anois)	Iarchomhalta de Dhúma an Stáit Iar-Chéad-Leas-Chathaoirleach ar Choiste Dhúma an Stáit um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um Lánpháirtíú Eoráiseach agus um Chaidreamh le Comhthírigh. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar an dréacht-Dlí Bhunreachtúil Cónaidhme 'maidir le Poblacht na Crimé a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus maidir le foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, comheintiteas nua cónaidhme — 'Poblacht na Crimé' agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol'.  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	12.9.2014
113.	Ivan Ivanovich MELNIKOV (Иван Иванович МЕЛЬНИКОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 7.8.1950 Áit Bhreithe: Bogoroditsk, Russian Federation	Céad-Leas-Spéicéir an State Duma é. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréachtdlí bunreachtúil cónaidhme 'maidir le 'Poblacht na Crimé' a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme – 'Poblacht na Crimé' agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol' a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar billí maidir le daingniú conarthaí maidir le haontachas Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporozhzhia le Cónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	12.9.2014

▼ **B**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <b>M48</b>				
114.	Igor Vladimirovich LEBEDEV (Игорь Владимирович ЛЕБЕДЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 27.9.1972 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Iarchomhalta den State Duma. Iar-Leas-Spéicéir, an State Duma. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme maidir le ‘on the acceptance into the Russian Federation of the ‘Republic of Crimea’ and the formation within the Russian Federation of new federal subjects – the ‘Republic of Crimea’ and the City of Federal Status Sevastopol’.	12.9.2014
▼ <b>M14</b>				
115.	Nikolai Vladimirovich LEVICHEV (Николай Владимирович ЛЕВИЧЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 28.5.1953 Áit bhreithe: Pushkin, Cónaidhm na Rúise	Iarchomhalta de Dhúma an Stáit. Iar-Leas-Spéicéir Dhúma an Stáit. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar an dréacht-Dlí Bhunreachtúil Cónaidhme ‘maidir le ‘Poblacht na Crimé’ a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus maidir le foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, comheintiteas nua cónaidhme — ‘Poblacht na Crimé’ agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol’.  Comhalta den Choimisiún Lárnach Toghchán faoi láthair.	12.9.2014
▼ <b>M69</b>				
116.	Svetlana Sergeevna ZHUROVA (Светлана Сергеевна ЖУРОВА)	Inscne: baineann Dáta Breithe: 7.1.1972 Áit Bhreithe: Pavlov-on-the-Neva, Russian Federation	Céad-Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha de Dhúma an Stáit. An 20 Márta 2014, vótáil sí i bhfabhar dréachtdlí bunreachtúil cónaidhme maidir le ‘Poblacht na Crimé’ a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme – ‘Poblacht na Crimé’ agus ‘Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol’ a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sí i bhfabhar billí maidir le daingniú conarthaí maidir le haontachas Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporozhzhia le Cónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	12.9.2014
▼ <b>M33</b>				
117.	Aleksey Vasilevich NAUMETS (Алексей Васильевич НАУМЕЦ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 11.2.1968	Maorghinearál in Arm na Rúise. Iar-Cheannasaí ar an 76ú rannán aerbheirthe a bhí páirteach i láithreach mhíleata na Rúise ar chríoch na hÚcráine, go háirithe le linn ionghabháil neamhdhleathach na Crimé. Ó 2018 i leith, Leas-Cheann Foirne na bhFórsaí Aerbheirthe.	12.9.2014

▼ **B**▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
118.	Sergey Viktorovich CHEMEZOV (Сергей Викторович ЧЕМЕЗОВ)	Dáta breithe: 20.8.1952 Áit bhreithe: Cheremkhovo, Réigiún Irkutsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Tá Sergei Chemezov ar dhuine de na dlúth-pháirtithe aitheanta d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin; bhí an bheirt acu ina n-oifigigh KGB a cuireadh ar postú in Dresden agus is comhalta é d'Ardochomhairle 'United Russia'. Tá sé ag baint tairbhe as na naisc atá aige le hUachtarán na Rúise trí chur chun cinn a dhéanamh i bpoist shinsearacha i ngnólachtaí atá faoi rialú an Stáit. Tá sé ina chathaoirleach ar ilchuideachta Rostec, an phríomhchorparáid cosanta stáit agus déantúsaíochta tionsclaíche de chuid na Rúise atá faoi rialú an Stáit. Mar thoradh ar chinneadh ó rialtas na Rúise, tá sé beartaithe ag Technopromexport, fochuideachta de Rostec, gléasraí fuinnimh a thógáil sa Chrimé, rud a thacóidh lena lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise.  Thairis sin, thacaigh Rosoboronexport, fochuideachta de Rostec, le comhtháthú chuideachtaí cosanta na Crimé i dtionscal cosanta na Rúise, rud a dhéanann ionghabháil neamhdhleathach na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise a chomhdhlúthú.  Dá bhri sin, is príomhphearsa gnó é Sergei Chemezov a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha agus ó thaobh airgeadais de, do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as nascghabháil na Crimé nó as díchoibhsú na hÚcráine, agus tairbhe a bhaint astu. Ar deireadh, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus as bheith ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	12.9.2014
119.	Alexander Mikhailovich БАБАКОВ (Александр Михайлович БАБАКОВ)	Dáta breithe: 8.2.1963 Áit bhreithe: Chisinau, APSS (Poblacht na Moldóive anois) Inscne: fireann	Comhalta agus Leas-Chathaoirleach ar an Dúma stáit. Iarchomhalta de Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Iarchomhalta den Choiste Gnóthaí Eachtracha. Comhalta mór le rá den pháirtí polaitiúil 'United Russia' ab ea é. Atoghadh é chuig an Dúma Stáit i mí Mheán Fómhair 2021 mar chomhalta den pháirtí 'A Just Russia'. Is pearsa gnó é a bhfuil infheistíochtaí móra aige san Úcráin agus sa Chrimé.  An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréachtdlí bunreachtúil cónaidhme 'maidir le 'Poblacht na Crimé' a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus eintitis nua cónaidhme – 'Poblacht na Crimé' agus 'cathair stádais cónaidhme Sevastopol' a bhunú laistigh de Chónaidhm na Rúise.  Tar éis do na páirtithe polaitíochta 'A Just Russia', 'For Truth' agus 'Patriots of Russia' a bheith cumasetha, ceapadh Babakov ina Rúnaí ar an Praesaidiam Comhairle Láir an eintitis chumaiscthe.	12.9.2014



▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Mar chomhalta den Dúma stáit, dhaingnigh sé cinní rialtais i ndáil leis na ‘Conarthaí Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Frithpháirtaigh idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’’. An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar billí maidir le daingniú conarthaí maidir le haontachas ‘Dhaon-Phoblachtaí’ Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia le Cónaidhm na Rúise. Dá bhri sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	

▼ M36

120.	Sergey Yurievich KOZYAKOV (Сергей Юрьевич КОЗЬЯКОВ) Serhiy Yuriyovych KOZYAKOV (Сергій Юрійович КОЗЬЯКОВ)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 29.9.1982 nó 23.9.1982	Ina cháil roimhe seo ina ‘Head of the Luhansk Central Election Commission’, mar a ghairtear de, bhí sé freagrach as na ‘elections’, mar a ghairtear díobh, an 2 Samhain 2014, a eagrú i ‘Luhansk People’s Republic’. Bhí na ‘elections’ sin ina sárú ar dhlí Ukraine agus, dá bhri sin, bhí siad neamhdhleathach. Idir mí Dheireadh Fómhair 2015 agus mí na Nollag 2017, bhí sé ina ‘Minister of Justice’, mar a ghairtear de, ar ‘Luhansk People’s Republic’. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna ‘toghcháin’ neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas Ukraine, agus a dhíchobhsaigh Ukraine a thuilleadh. Liostaithe mar nótaire i gcathair Luhansk. Leanann sé de bheith ag tacú le beartais scarúnaíocha agus de na beartais sin a dhlísteánú i gcomhar le húdaráis scarúnaíocha.	29.11.2014
------	--	---	---	------------

▼ M69

121.	Oleg Konstantinovich AKIMOV  (ar a dtugtar freisin Oleh AKIMOV)  (Олег Константинович АКИМОВ)  Oleh Kostiantynovych AKIMOV  (Олег Костянтинівич АКИМОВ)	Inscne: fireann  Dáta Breithe: 15.9.1981  Áit Bhreithe: Luhansk, Ukraine	Feisire d’Aontas Eacnamaíoch Luhansk [Luhansk Economic Union] sa ‘Comhairle Náisiúnta’ i ‘Daon Phoblacht Luhansk’. Sheas sé mar iarrthóir sna ‘toghcháin’, mar a ghairtear díobh, an 2 Samhain 2014, don phost mar ‘Ceann’, mar a ghairtear de, ar ‘Dhaon-Phoblacht Luhansk’. Bhí na ‘toghcháin’ sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhri sin, bhí siad neamhdhleathach. Iar ‘Ceann’ ar an ‘Federation of Trade Unions’, mar a ghairtear de. Comhalta den ‘Daon-Chomhairle’ de ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di. Cathaoirleach reatha Bhord na hEagraíochta Poiblí Idir-réigiúnaí ‘Union of Luhansk Communities’, a dhéanann ionadaíocht ar son an Choiste Lánpháirtíochta ‘Russia-Donbas’. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna ‘toghcháin’ neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Cathaoirleach de Bhord Aontas na gComhthíreach [Union of Compatriots] réigiún Luhansk. Tacaíonn sé go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	29.11.2014
------	---	--	---	------------



## ▼ B

## ▼ M34

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
122.	Larisa Leonidovna AIRAPETYAN (dá ngairtear Larysa AYRAPETYAN, Larisa AIRAPETYAN nó Larysa AIRAPETYAN freisin)  (née ZHILKO)  (Лариса Леонидовна АЙРАПЕТЯН) (née ЖИЛКО)  (Лариса Леонідівна АЙРАПЕТЯН)	Inscne: baineann  Dáta breithe: 21.2.1970  Ait bhreithe: b'fhéidir in Antratsit, Luhansk oblast, Ukraine	Iar-"Aire Sláinte", mar a ghairtear de, de chuid "Daon-Phoblacht Luhansk", mar a ghairtear di. Sheas sí mar iarrthóir sna "toghcháin", mar a ghairtear díobh, an 2 Samhain 2014, don phost mar "Ceann" ar "Daon-Phoblacht Luhansk", mar a ghairtear di.  Bhí na "toghcháin" sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus neamhdhleathach dá réir.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di sa cháil sin, agus í ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna "toghcháin" neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aici, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Tá sí fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	29.11.2014
123.	Yuriy Viktorovich SIVOKONENKO (dá ngairtear Yuriy SIVOKONENKO, Yury SIVOKONENKO, Yury SYVOKONENKO freisin)  (Юрий Викторович СИВОКОНЕНКО)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 7.8.1957  Áit bhreithe: Cathair Stalino (dá ngairtear Donetsk anois), an Úcráin	Comhalta 'Parlaiminte' de 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus tá sé ina Chathaoirleach ar an gcomhlachas poiblí dar teideal Aontas Iarshaighdiúirí na bhFórsaí Armtha de chuid Donbass Berkut agus is comhalta é den ghluaiseacht phoiblí dar teideal 'Gluaiseacht Saoirse Donbass'. Sheas sé mar iarrthóir sna 'toghcháin', mar a ghairtear díobh, ar an 2 Samhain 2014, don phost mar Cheann ar 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Bhí na toghcháin sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna 'toghcháin' neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	29.11.2014
124.	Aleksandr Igorevich KOFMAN (dá ngairtear Oleksandr KOFMAN freisin)  (Александр Игоревич КОФМАН)  (Олександр Ігорович КОФМАН)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 30.8.1977  Áit bhreithe: Makiivka, (Oblast Donetsk), an Úcráin	Iar-'Aire Gnóthaí Eachtracha', mar a ghairtear de, agus 'Céad Leas-Spéicéir', mar a ghairtear de, i 'Parlaimint Dhaon-Phoblacht Donetsk'. Sheas sé mar iarrthóir sna 'toghcháin', mar a ghairtear díobh, ar an 2 Samhain 2014, don phost mar 'Ceann', mar a ghairtear de, ar 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Bhí na toghcháin sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach.  Agus é ag glacadh páirte agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna 'toghcháin' neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.  Ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, tá sé ina chathaoirleach ar 'Dlísheomra Poiblí Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de.	29.11.2014

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
125.	Ravil Zakariievich KHALIKOV (Равиль Закариевич ХАЛИКОВ) Ravil Zakariyovych KHALIKOV (Равиль Закарійович ХАЛИКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 23.2.1969 Áit bhreithe: Sráidbhaile Belozernoie, dúiche Romodanovskiy, Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)	Iar-'Céad-Leas-Phríomh-Aire', mar a ghairtear de, agus 'Príomh-Ionchúisitheoir Dhaon-Phoblacht Donetsk' roimhe seo.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Faoi láthair, 'sainchabhróir' de chuid cheann bhraíne Mhoscó de Choiste Imscrúdaitheach Chónaidhm na Rúise (GSU SK).	29.11.2014

▼ M77

126.	Dmitry Aleksandrovich SEMYONOV Dmitrii Aleksandrovich SEMENOV (Дмитрий Александрович СЕМЕНОВ)	Dáta breithe: 1.6.1977 Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-'Leas-Phríomh-Aire Airgeadais' i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Oibríonn sé mar Leas-Reachtaire um Straitéis agus Caidreamh Rialtais na hOllscoile Airgeadais faoi Rialtas Chónaidhm na Rúise i Moscó.  Tá sé fós gníomhach ag tacú le struchtúir scarúnaíochta LNR.	29.11.2014
------	--	---	--	------------

▼ M33

127.	Oleg Evgenevich BUGROV (Олег Евгеньевич БУГРОВ) Oleh Yevhenovych BUHROV (Олег Євгенович БУГРОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 29.8.1969 nó 1973 Áit bhreithe: Sverdlovsk, Luhansk, an Úcráin	Iar-'Aire Cosanta' de chuid 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	29.11.2014
------	--	---	--	------------

▼ M77

128.	Lesya Mikhaylovna LAPTEVA (Леся Михайловна ЛАПТЕВА) Lesya Mykhaylivna LAPTEVA (Леся Михайлівна ЛАПТЕВА) Ainm pósta: Lesya TARASYUK (Леся ТАРАСЮК)	Dáta breithe: 11.3.1976 Áit bhreithe: Dzhambul/Jambul/ Taraz APSS (an Chasacstáin anois) Inscne: baineann	Iar-'Aire Oideachais, Eolaíochta, Cultúir agus Reiligiúin' i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aici, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Oibríonn sé don chiste 'Mir Detiam' i Moscó.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíochta.	29.11.2014
------	---	--	---	------------

## ▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
129.	Yevgeniy Eduardovich MIKHAYLOV (dá ngairtear Yevhen Eduardovich MYCHAYLOV freisin)  (Евгений Эдуардович МИХАЙЛОВ)  (Свген Едуардович МИХАЙЛОВ)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 17.3.1963  Áit bhreithe: Arkhangelsk, Cónaidhm na Rúise	Iar-'Aire i gComhairle na nAiri', mar a ghairtear de, (ceann riaracháin le haghaidh gnóthaí rialtais) 'Daon-Phoblacht Donetsk'.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	29.11.2014

## ▼ M77

130.	Ihor Volodymyrovych KOSTENOK  (ar a dtugtar freisin Igor Vladimirovich KOSTENOK)  (Игорь Владимирович КОСТЕНОК)	Dáta breithe: 15.3.1961  Áit bhreithe: Vodyanske, dúiche Dobropillia, Réigiún Donetsk, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: fireann	Iar-'Aire Oideachais', mar a ghairtear de i 'Daon-Phoblacht Donetsk'.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Tá sé ag obair d'Acadamh Bainistithe agus Seirbhíse Sibhialta Donetsk faoi 'Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di.  Ó Mheán Fómhair 2018, Ollamh i Roinn Riarachán an Stáit agus na mBardas ag an Institiúid Ardoideachais um Buiséad an Stáit 'Ollscoil Eacnamaíochta na Rúise. G.V. Plekhanov'.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	29.11.2014
131.	Yevgeniy Vyacheslavovich ORLOV  (ar a dtugtar freisin Yevhen Vyacheslavovich ORLOV)  (Евгений Вячеславович ОРЛОВ)	Dáta breithe: 21.10.1983  Áit bhreithe: Snizhn, Réigiún Donetsk, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: fireann	Iar-Chomhalta de 'Comhairle Náisiúnta' an 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Iar-chathaoirleach ar an ngluaiseacht phoiblí 'Gluaiseacht Saoirse Donbass' [ <i>Free Donbass</i> ] agus iarcheannasaí ar 'Cathlán Don' [ <i>Don battalion</i> ].  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Iar-Leas-Chathaoirleach ar Choiste Thionól Náisiúnta Dhaon-Phoblacht Donetsk um Thionsclaíocht agus Trádáil.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	29.11.2014

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
132.	Vladyslav Mykolayovych DEYNEGO (ar a dtugtar freisin Vladislav Nikolayevich DEYNEGO) Vladislav Nikolaevich DEINEGO) (Владислав Миколайович ДЕЙНЕГО) (Владислав Николаевич ДЕЙНЕГО)	Dáta breithe: 12.3.1964 Áit bhreithe: Romny, Réigiún Sumy, APSS (an Úcráin anois) nó b'fhéidir in Hirnytskyi village, Perevalsk district, Réigiún Luhansk, an Úcráin Inscne: fireann	Iar-'Leas-Chathaoirleach' de 'Daon-Chomhairle' 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. 'Aire Gnóthaí Eachtracha', mar a ghairtear de, de chuid 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	29.11.2014
▼ <u>M15</u>				
▼ <u>M33</u>	134. Alexey Yurevich MILCHAKOV (dá ngairtear Fritz, Serbian freisin) (Алексей Юрьевич МИЛЬЧАКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 30.4.1991 Áit bhreithe: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise	Ceannasaí ar an aonad 'Rusich', aonad scarúnaíoch armtha a bhfuil baint aige leis an trodaíocht in oirthear na hÚcráine. Agus é ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	16.2.2015
▼ <u>M18</u>				
▼ <u>M21</u>				
▼ <u>M77</u>	137. Eduard Aleksandrovich BASURIN (Эдуард Александрович БАСУРИН) Eduard Oleksandrovych BASURIN (Едуард Олександрович БАСУРИН)	Dáta breithe: 27.6.1966 Áit bhreithe: Donetsk, APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Urlabhraí agus Leas-Cheann 'Daon-Mhíliste Donbass' de 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Iar-Leas-Aire Cosanta 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhri sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh. Iar-Leas-Cheann agus ionadaí oifigiúil 'Roinn Daon-Mhíliste Dhaon-Phoblacht Donetsk'. Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	16.2.2015

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <u>M69</u>				
138.	Alexandr Vasilievich SHUBIN (Александр Васильевич ШУБИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 20.5.1972 nó 30.5.1972 nó 20.12.1955 Áit Bhreithe: Luhansk, Ukraine	Iar-‘Aire Dlí agus Cirt’, mar a ghairtear de agus iar-‘Leas-Aire Cosanta’ ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di, atá neamhdhleathach. Iarchathaoirleach ar ‘An Coimisiún Lárnach Toghchán’ i ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Briseadh as a phost é mar chathaoirleach ar ‘An Coimisiún Lárnach Toghchán’ i ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di, i mí an Mheithimh 2018.  Cláraithe mar nótaire in Luhansk.  Leanann sé de bheith ag tacú le beartais scarúnaíochas agus de na beartais sin a dhlísteaú.	16.2.2015
▼ <u>M21</u>				
▼ <u>M77</u>				
140.	Sergey Yurevich KUZOVLEV (ar a dtugtar freisin IGNATOV, TAMBOV) (Сергей Юрьевич КУЗОВЛЕВ (ar a dtugtar freisin Сергей; ИГНАТОВ, ТАМБОВ))	Dáta breithe: 7.1.1967 Áit bhreithe: Michurinsk, Réigiún Tambov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Iar-Ard-Cheannasaí, mar a ghairtear de, ar Dhaon-Mhílíste ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Iar-Cheannasaí ar an 8 <sup>ú</sup> hArm de chuid Fhórsa Armtha na Rúise. Iar-Cheann Foirne agus Iar-Chéad-Leas-Cheannasaí Cheantar Míleata Dheisceart na Rúise. Is é Ceannasaí an Cheantair sin é ó mhí Eanáir 2023.	16.2.2015
▼ <u>M34</u>				
141.	Ekaterina Vladimirovna GOGIASHVILI (née FILIPPOVA) (Екатерина Владимировна ГОГИАШВИЛИ - née ФИЛИППОВА) Kateryna Volodymyrivna GOGIASHVILI (née FILIPPOVA)	Inscne: baineann Dáta breithe: 20.1.1988 Áit bhreithe: Krasnoarmeysk (ar a dtugtar ‘Pokrovsk’ anois), Donetskaya oblast, Ukraine	Iar-‘Aire Ceartais’, mar a ghairtear de, de chuid ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aici, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	16.2.2015

▼ **M34**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
	(Катерина Володимирівна ГОГАШВІЛІ - née ФІЛІППОВА)		Iar-Stiúrthóir ar an Roinn a eagraíonn obair 'Comhairle na nAirí de chuid Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Leas-Cheann oifige 'Ombudsman Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear de.	

▼ **M33**

142.	Aleksandr Yurievich TIMOFEEV (Александр Юрьевич ТИМОФЕЕВ) Oleksandr Yuriyovych TYMOFEYEV (Олександр Юрійович ТИМОФЕЄВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.5.1971 Áit Bhreithe: Nevinnomyssk, Stavropol Krai, Cónaidhm na Rúise Невинномысск, Ставропольский край, Российская Федерация	Iar-'Aire Airgeadais agus Cánach', mar a ghairtear de, 'Daon-Phoblacht Donetsk'.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Ucráin a thuilleadh.  Briseadh as a phost é mar 'Aire Airgeadais agus Cánach', mar a ghairtear de, i mí Mheán Fómhair 2018. Fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha.	16.2.2015
------	---	--	---	-----------

▼ **M77**

143.	Evgeny Vladimirovich MANUYLOV (Евгений Владимирович МАНУЙЛОВ) Yevhen Volodymyrovych MANUYLOV (Євген Володимирович МАНУЙЛОВ)	Dáta breithe: 5.1.1967 Áit bhreithe: Baranykivka, Bilovodsk Raion, réigiún Luhansk, APSS (an Úcráin anois) s. Бараниковка Беловодского района Луганской области, Украина Inscne: fireann	'Aire Airgeadais agus Cánach', mar a ghairtear de, 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	16.2.2015
------	--	--	--	-----------

▼ **M59**

144.	Viktor Vyacheslavovich YATSENKO (Виктор Вячеславович ЯЦЕНКО) Viktor Viacheslavovych YATSENKO (Віктор В'ячеславович ЯЦЕНКО)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 22.4.1985 Áit Bhreithe: Kherson, Ukraine	Iar-'Aire Cumarsáide', mar a ghairtear de, de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019).  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Ucráin a thuilleadh.  Comhalta den Central Council of the Party 'A Just Russia - Patriots - For Truth'.	16.2.2015
------	---	--	--	-----------

▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
145.	Olga Igorevna BESEDINA (Ольга Игоревна БЕСЕДИНА) Olha Ihorivna BESEDINA (Ольга Ігорівна БЕСЕДИНА)	Inscne: baineann Dáta Breithe: 10.12.1976 Áit Bhreithe: Luhansk, an Úcráin	Iar-'Aire Forbartha Eacnamaíche agus Trádála', mar a ghairtear de, 'Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aici, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamh- spleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Iar-cheann roinn an gheilleagair eachtraigh in Oifig Cheann 'Riaracháin Luhansk'.	16.2.2015

▼ M34

146.	Zaur Raufovich ISMAILOV (Заур Рауфович ИСМАЙЛОВ) Zaur Raufovich ISMAILOV (Заур Рауфович ИСМАЙЛОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 25.7.1978 (nó 23.3.1975) Áit bhreithe: Krasny Luch, Voroshilovgrad, Luhansk region, Ukraine	Iar-'Phríomh-Ionchúisitheoir', mar a ghairtear de, 'Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di (go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017). 'Aire Cear- tais', mar a ghairtear de, faoi láthair de chuid 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamh- spleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.	16.2.2015
------	--	---	--	-----------

▼ M33

147.	Anatoly Ivanovich ANTONOV (Анатолій Іванович АНТОНОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe 15.5.1955 Áit Bhreithe: Omsk, Cónaidhm na Rúise	Iar-Leas-Aire Cosanta agus, sa cháil sin, ag tacú le trúpaí na Rúise a imscaradh san Úcráin.  De réir struchtúr Aireacht Cosanta na Rúise atá ann faoi láthair, ghlac sé páirt sa cháil sin i mbeartas Rialtas na Rúise a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Cuirtear iomláine chríochach, cean- nasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol leis na beartais sin.  Amhail ón 28 Nollaig 2016, Iar-Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha.  Tá post aige mar Ambasadóir i gcóir taidhleoi- reachta Chónaidhm na Rúise.	16.2.2015
148.	Arkady Viktorovich BAKHIN (Аркадий Викторович БАХИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 8.5.1956 Áit Bhreithe: Kaunas, an Liotuáin	Iar-Chéad-Leas-Aire Cosanta (go dtí an 17 Samhain 2015) agus, sa cháil sin, ag tacú le trúpaí na Rúise a imscaradh san Úcráin.  De réir struchtúr Aireacht Cosanta na Rúise atá ann faoi láthair, glacann sé páirt sa cháil sin i mbeartas Rialtas na Rúise a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Cuirtear iomláine chríochach, cean- nasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol leis na beartais sin.  Fostaithe faoi láthair ag Rosatom.	16.2.2015



▼ **B**▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe	
149.	Andrei Valeryevich KARTAPOLOV  (Андрей Валерьевич КАРТАПОЛОВ)	Dáta breithe: 9.11.1963  Áit bhreithe: Poblacht Dhaon- lathach na Gearmáine (an Ghearmáin anois)  Inscne: fireann	Is comhalta den Dúma stáit Andrei Kartaplov ó bhí an 19 Meán Fómhair 2021 ann. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Cosanta agus ina Chomhchathaoirleach ar Choimisiún Dhúma an Stáit chun breithniú a dhéanamh ar chaiteachas buiséid cónaidhme atá dírithe ar chosaint náisiúnta, slándáil náisiúnta agus forfheidhmiú an dlí a áirithiú. Iar-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Iarthair. Iar-Stiúrthóir na Príomh-Roinne Oibríochtaí agus leas-cheann Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Rannpháirteach go gníomhach i bhfeachtas míleata fhórsaí na Rúise san Úcráin a mhúnlú agus a chur chun feidhme.  De réir ghníomhaíochtaí dearbhaithe na foirne ginearálta, trí rialú oibríúcháin a fheidhmiú ar na fórsaí armtha, bhí sé rannpháirteach go gníomhach i múnlú agus i gcur chun feidhme bheartas rialtas na Rúise lena gcuirtear iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol.  An tIar-Leas-Aire Cosanta.  An 3 Deireadh Fómhair 2022, vótáil sé i bhfabhar billí maidir le daingniú conarthaí maidir le haontachas ‘Dhaon-Phoblachtaí’ Donetsk agus Luhansk agus réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia le Cónaidhm na Rúise.	16.2.2015	
▼ <b>M28</b>					
▼ <b>M77</b>	151.	Valery Fedorovich RASHKIN  (Валерий Фёдорович РАШКИН)	Dáta breithe: 14.3.1955  Áit bhreithe: Zhilino, réigiún Kaliningrad, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Inscne: fireann	An Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Dhúma an Stáit maidir le saincheisteanna eitneachais.  Is é bunaitheoir na gluaiseachta sibhialta ‘ <i>Krassnaya Moskva — Red Moscow — Patriotic Front Aid</i> ’ (Moscó Dearg — Cúnamh Fronta Thírghrách) a d’eagraigh léirsithe poiblí a thacaigh le scarúnaithe, lena tacaíodh, ar an gcaoi sin, le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme ‘maidir le Poblacht na Crimé a ghlacadh isteach i gCónaidhm na Rúise agus foirmiú, laistigh de Chónaidhm na Rúise, eintiteas nua cónaidhme — ‘Poblacht na Crimé’ agus Cathair Stádais Cónaidhme Sevastopol’.  An 22 Feabhra 2022, thacaigh Rashkin, sa Dúma stáit, le daingniú cinntí rialtais i ndáil leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus leis an ‘Conradh maidir le Cairdeas, Comhar agus Cúnamh Frithpháirteach idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.	16.2.2015
152.	Ruslan Ismailovich BALBEK  (Руслан Исмаилович БАЛБЕК)	Dáta breithe: 28.8.1977  Áit bhreithe: Bekabad, APSS (an Úisbéiceastáin anois)  Inscne: fireann	Iar-Chomhalta den Dúma stáit, tofa ó ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.	9.11.2016	



## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			<p>Iar-Leas-Chathaoirleach ar Choiste an Dúma um Ghnóthaí Eitneacha.</p> <p>In 2014, ceapadh Balbek ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle na nAirí de chuid ‘Poblacht na Crimé’, mar a ghairtear di, agus bhí sé ag obair sa chái sin chun leithinis na Crimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, a chomhtháthú i gCónaidhm na Rúise, ar ina leith a bronnadh bonn air ‘I ngeall ar ‘Poblacht na Crimé’ a Chosaint’. Thacaigh sé le hionghabháil na Crimé i ráitis phoiblí, lena n-áirítear ar a phróifil ar shuíomh gréasáin na Rúise Aontaithe (brainse na Crimé) agus in alt preasa a foilsíodh ar shuíomh gréasáin NTV an 3 Iúil 2016.</p> <p>Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.</p>	
153.	<p>Konstantin Mikhailovich BAKHAREV</p> <p>(Константин Михайлович БАХАРЕВ)</p>	<p>Dáta breithe: 20.10.1972</p> <p>Áit bhreithe: Simferopol, APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Comhalta den Dúma stáit, tofa ó ‘Poblacht na Crimé’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.</p> <p>Comhalta de Choiste an Dúma um Margáí Airgeadais.</p> <p>I mí an Mhárta 2014, ceapadh Bakharev ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Stáit ‘Phoblacht na Crimé’, mar a ghairtear di, agus i mí Lúnasa 2014 ceapadh é ina Chéad Leas-Chathaoirleach ar an geomhlacht sin. D’admhaigh sé go raibh sé féin rannpháirteach in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, rud ar thacaigh sé leis go poiblí, lena n-áirítear in agallamh a foilsíodh ar shuíomh gréasáin gazetakrimea.ru an 22 Márta 2016 agus ar shuíomh gréasáin c-pravda.ru an 23 Lúnasa 2016. Bhronn ‘údarás Phoblacht na Crimé’ an t-ordú ‘dílseacht don dualgas’ air.</p> <p>Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.</p>	9.11.2016
154.	<p>Dmitry Anatolievich BELIK</p> <p>(Дмитрий Анатольевич БЕЛИК)</p>	<p>Dáta breithe: 17.10.1969</p> <p>Áit bhreithe: Kular. Ust-Yansky district, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Comhalta den Dúma stáit, tofa ó chathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach.</p> <p>Comhalta de Choiste an Dúma um Ghnóthaí Idirnáisiúnta.</p> <p>Mar chomhalta d’údarás bardasach Sevastopol ó mhí Feabhra go mí an Mhárta 2014, thacaigh sé le gníomhaíochtaí ‘Méara na nDaoine’, mar a ghairtear de, Alexei Chaliy. D’admhaigh sé go poiblí go raibh sé rannpháirteach in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, rud ar chosain sé go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin pearsanta agus in agallamh a foilsíodh an 21 Feabhra 2016 ar shuíomh gréasáin nation-news.ru.</p> <p>Mar thoradh ar a rannpháirtíocht i bpróiseas na hionghabhála bronnadh ordú den dara céim de chuid Stáit na Rúise ‘Ord Fiúntais air don Athartha, céim 2’ air.</p> <p>Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.</p>	9.11.2016

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
155.	Andrei Dmitrievich KOZENKO  (Андрей Дмитриевич КОЗЕНКО)	Dáta breithe: 3.8.1981  Áit bhreithe: Simferopol, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: fireann	IarChomhalta den Dúma stáit, tofa ó ‘Poblacht na Crimé’ Féinrialaitheach a ionghabhadh go neamhdhleathach.  IarChomhalta de Choiste an Dúma maidir le margai airgeadais.  I mí an Mhárta 2014, ceapadh Kozenko ina Leas-Chathaoirleach den Ardchomhairle de ‘Poblacht na Crimé’, mar a ghairtear di. D’admhaigh sé go poiblí go raibh sé rannpháirteach in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, rud ar chosain sé go poiblí, lena n-áirítear in agallamh a foilsíodh ar an suíomh gréasáin gazetacrimea.ru an 12 Márta 2016. Bhronn na ‘húdaráis’ áitiúla bonn air ‘I ngeall ar ‘Poblacht na Crimé’ a chosaint’ as ucht a bheith rannpháirteach i bpróiseas na hionghabhála.  Tá sé ina chomhordaitheoir ar an gcoiste lánpháirtíochta ‘Russia-Donbas’.  Ó mhí Iúil 2022, is é ‘Leas-Cheann’, mar a ghairtear de, ‘Riarachán Réigiúnach Zaporizhzhia’, mar a ghairtear de, a bhunaigh fórsaí na Rúise in Melitopol, cathair atá faoi fhorghabháil.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	9.11.2016
156.	Svetlana Borisovna SAVCHENKO  (Светлана Борисовна САВЧЕНКО)	Dáta breithe: 24.6.1965  Áit bhreithe: Belohirsk, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: baineann	IarChomhalta den Dúma stáit, tofa ó ‘Poblacht na Crimé’ Féinrialaitheach a ionghabhadh go neamhdhleathach.  IarChomhalta de choiste cultúir an Dúma.  Tá sí ina comhalta d’Ardchomhairle ‘Poblacht na Crimé’ Féinrialaitheach ó 2012 i leith agus amhail ó mhí an Mhárta 2014 thacaigh sí le comhtháthú na Crimé agus Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i gCónaidhm na Rúise. I mí Mheán Fómhair 2014, toghadh Svetlana Borisovna Savchenko ar Ardchomhairle ‘Poblacht na Crimé’, mar a ghairtear de. Chosain sí ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol go mion minic i ráitis phoiblí, lena n-áirítear in agallaimh a foilsíodh ar an suíomh gréasáin c-pravda.ru an 2 Aibreán 2016 agus an 20 Lúnasa 2016. Bhronn ‘údaráis’ ‘Poblacht na Crimé’ ordú Stáit na Rúise ‘I ngeall ar dhualgais don mháthairthír’ – céim II uirthi in 2014 agus an t-ordú ‘I ngeall ar dhílseacht don dualgas’ uirthi in 2015.  Tá sí ina comhairleoir do Chathaoirleach Ardchomhairle ‘Poblacht na Crimé’.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	9.11.2016
157.	Pavel Valentinovich SHPEROV  (Павел Валентинович ШПЕРОВ)	Inscne: fireann  Dáta breithe: 4.7.1971  Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois)	Iar-Chomhalta State Duma, tofa ó ‘Republic of Crimea’ Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Iar-Chomhalta de Choiste an Dúma um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um lánpháirtíú Eoráiseach agus um chaidreamh le comhthírigh.	9.11.2016

▼ M48

▼ M48

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>I mí Mheán Fómhair 2014, toghadh Shperov ar Chomhairle Stáit ‘Republic of Crimea’, mar a ghairtear di.</p> <p>D’admhaigh sé go poiblí, lena n-áirítear in agallamh a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ldprk.ru an 3 Meán Fómhair 2016, go raibh ról aige in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus go háirithe go raibh ról aige i ndáil leis an reifreann neamhdhleathach ar ionghabháil neamhdhleathach na leithinse a eagrú.</p>	

▼ M37

158.	<p>Andrey Vladimirovich CHEREZOV (TSCHERESOW)</p> <p>(Андрей Владимирович ЧЕРЕЗОВ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 12.10.1967</p> <p>Áit bhreithe: Salair, Kemerovskaya Oblast, Russian Federation</p>	<p>Iar-Leas-Aire Fuinnimh Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá cuid den fhreagracht air as an gcinneadh chun tuirbíní gáis, a sheachaid Siemens Gas Turbine Technologies OOO chuig OAO VO Technopromexport, a aistriú lena suiteáil in Crimea. Leis an gcinneadh sin cuidítear le soláthar cumhachta neamhspleách a bhunú do Crimea agus do Sevastopol chun tacú lena scaradh ón Úcráin, agus baintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	4.8.2017
------	--	---	--	----------

▼ M77

159.	<p>Evgeniy Petrovich GRABCHAK</p> <p>(Евгений Петрович ГРАБЧАК)</p>	<p>Dáta breithe: 18.7.1981</p> <p>Áit bhreithe: Ust-Labinsk, Réigiún Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí JSC ‘Krymenergo’ ó 2020 i leith, ag feidhmiú in earnáil an fhuinnimh agus na n-acmhainní nádúrtha. Iar-Cheann Roinne in Aireacht Fuinnimh Chónaidhm na Rúise agus freagrach in Aireacht Fuinnimh Chónaidhm na Rúise as tionscnaimh leictreachuinnimh a fhorbairt sa Chrimé. Leis na tionscadail sin cuidítear le soláthar cumhachta neamhspleách a bhunú don Chrimé agus Sevastopol chun tacú lena scaradh ón Úcráin, agus baintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>Leas-Aire Fuinnimh i gCónaidhm na Rúise.</p>	4.8.2017
------	---	---	---	----------

▼ M37

160.	<p>Sergey Anatolevich TOPOR-GILKA</p> <p>(Сергей Анатольевич ТОПОР-ГИЛКА)</p>	<p>Inscne: fireann;</p> <p>Dáta breithe: 17.2.1970</p> <p>Áit bhreithe: Moldovan Soviet Socialist Republic (Republic of Moldova mar atá anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p>	<p>Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir OAO ‘VO TPE’, bhí sé i gceannas ar an gcaibidlíocht le Siemens Gas Turbine Technologies OOO maidir le ceannach agus seachadadh na dtuirbíní gáis do ghléasra cumhachta in Taman, Krasnodar region, Russian Federation. Ina dhiaidh sin, agus é ina Ard-Stiúrthóir ar OOO ‘VO TPE’ is é freagrach as na gástuirbíní a aistriú go dtí Crimea agus as tionscadal tógála na ngléasraí cumhachta teirmí Balaklava agus Tavricheskaya a chur chun feidhme, áit ar suiteáladh na tuirbíní. Leis sin cuidítear le soláthar cumhachta neamhspleách a bhunú do Crimea agus do Sevastopol chun tacú lena scaradh ón Úcráin, agus baintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	4.8.2017
------	---	--	---	----------

▼ **B**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <b>M67</b>				
▼ <b>M48</b>				
162.	Inna Nikolayevna GUZEYEVA (Инна Николаевна ГУЗЕЕВА) Inna Nikolayevna GUZEEVA (Инна Николаевна ГУЗЕЕВА) Inna Mykolayivna HUZIEIEVA (Инна Миколаївна ГУЗЄЄВА)	Inscne: baineann Dáta breithe: 20.5.1971 Áit bhreithe: An Chrimé, an Úcráin	Leas-Chathaoirleach Choimisiún Toghcháin na Crimé. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018, na dtoghchán réigiúnach agus áitiúil a tionóladh an 8 Meán Fómhair 2019 agus in eagrú thoghcháin an Duma i mí Mheán Fómhair 2021 sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun feidhme.	14.5.2018
163.	Natalya Ivanovna BEZRUCHENKO/ Natalia Ivanovna BEZRUCHENKO (Наталья Ивановна БЕЗРУЧЕНКО) Nataliya Ivanivna BEZRUCHENKO (Наталія Іванівна БЕЗРУЧЕНКО)	Inscne: baineann Dáta breithe: 22.8.1979 Áit bhreithe: Simferopol, an Chrimé, an Úcráin	Rúnaí Choimisiún Toghcháin na Crimé. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018, na dtoghchán réigiúnach agus áitiúil a tionóladh an 8 Meán Fómhair 2019 agus in eagrú thoghcháin an Duma i mí Mheán Fómhair 2021 sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun feidhme.	14.5.2018
▼ <b>M37</b>				
164.	Aleksandr Yurevich PETUKHOV Aleksandr Yurievich PETUKHOV (Александр Юрьевич ПЕТУХОВ) Oleksandr Yuriyovych PIETUKHOV (Олександр Юрійович ПЕТУХОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 17.7.1970 Áit bhreithe: Ryazan, Russian Federation	Iar-Chathaoirleach an Sevastopol Electoral Commission. Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018 in Crimea agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun feidhme.  Príomh-Chigire Cónaidhme an Moscow region.  Ón 6 Aibreán 2021, Cúntóir d'Ionadaí Lánchumhachtach d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise do Central Federal District.	14.5.2018
▼ <b>M59</b>				
165.	Miroslav Aleksandrovich POGORELOV (Мирослав Александрович ПОГОРЕЛОВ) Myroslav Oleksandrovych POHORIELOV (Мирослав Олександрович ПОГОРСЛОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 7.6.1968 Áit Bhreithe: Novorossiysk, Russian Federation	Iar-Leas-Chathaoirleach den Sevastopol Electoral Commission (go dtí mí na Bealtaine 2019). Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018 i gCrimé agus in Sevastopol - a ionghabhadh go neamhdhleathach - agus ar an gcaoi sin, thacaigh sé go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun feidhme.  Ceann roinne beartais inmheánaigh riaracháin Novorossiysk ó mhí an Mhárta 2022.	14.5.2018

▼ **B**▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
166.	Anastasiya Nikolaevna КАПРАНОВА (Анастасія Николаевна КАПРАНОВА) Anastasiya Mykolaivna КАПРАНОВА (Анастасія Миколаївна КАПРАНОВА)	Inscne: bainneann Dáta Breithe: 1964 (meastar: 21 Aibreán)	Iar-Rúnaí Choimisiún Toghcháin Sevastopol (go dtí mí na Bealtaine 2019). Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018 in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun feidhme.	14.5.2018

▼ **M77**

167.	Olga Valerievna POZDNYAKOVA/ Olga Valeryevna POZDNYAKOVA (Ольга Валерьевна ПОЗДНЯКОВА) Olga Valeriyivna POZDNYAKOVA (Ольга Валеріївна ПОЗДНЯКОВА)	Dáta breithe: 30.3.1982 Áit bhreithe: Shakhty, Réigiún Rostov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: bainneann	Iar-‘Cathaoirleach’ ar ‘an Lárchoimisiún Toghchánach’ ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú ‘toghcháin’, mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 in ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sí na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.  Iar-Cheann na Stiúrthóireachta um Beartas Intíre laistigh de riarachán ‘Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear de.  Tá sí ina stiúrthóir ar Chiste Nekrasov, eagraíocht shóisialta agus chultúrtha atá lonnaithe in Donetsk agus arna maoiniú ag an bpearsa gnó Vladimir Nekrasov, a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann beartais cheannaireacht ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, chun cinn.	10.12.2018
168.	Elena Valerievna KRAVCHENKO/ Elena Valeryevna KRAVCHENKO (Елена Валериевна КРАВЧЕНКО) Olena Valeriyivna KRAVCHENKO (Олена Валеріївна КРАВЧЕНКО)	Dáta breithe: 22.2.1983 Áit bhreithe: Sverdlovsk (Ekaterinburg), APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: bainneann	‘Cathaoirleach’ ar ‘Coimisiún Lámach Toghchán Dhaon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú ‘toghcháin’, mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di, agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.  Bhí ról gníomhach aici maidir le reifrinn neamhdhleathaigh a eagrú i mí Mheán Fómhair 2022 i réigiún na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chun go mbeadh siad mar chuid de Chónaidhm na Rúise, agus bhunaigh a coimisiún suíomhanna vótála i ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di, freisin.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	10.12.2018
169.	Leonid Ivanovich PASECHNIK (Леонид Иванович ПАСЕЧНИК) Leonid Ivanovych PASICHNYK (Леонід Іванович ПАСІЧНИК)	Dáta breithe: 15.3.1970 Áit bhreithe: Voroshilovhad, Luhansk, Réigiún Voroshilovghrad, APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	‘Ceannaire tofa’ ‘Dhaon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear di. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.  Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.	10.12.2018

▼ **B**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M33</b>	170. Vladimir Anatolievich BIDYOVKA/ Vladimir Anatolievich BIDEVKA  (Владимир Анатольевич БИДЁВКА)  Volodymyr Anatoliyovych BIDIOVKA  (Володимир Анатолійович БІДЬОВКА)	Inscne: fireann  Dáta Breithe: 7.3.1981  Áit Bhreithe: Makeevka, Oblast Donetsk, an Úcráin	'Cathaoirleach' ar 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, de 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.	10.12.2018
▼ <b>M77</b>	171. Denis Nikolaevich MIROSHNI- CHENKO  (Денис Николаевич МИРОШНИЧЕНКО)	Dáta breithe: 8.12.1987  Áit bhreithe: Luhansk, APSS (an Úcráin anois)  Inscne: fireann	'Cathaoirleach' ar 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh, agus chuir sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.  Comhalta den pháirtí United Russia agus a rúnaí i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.	10.12.2018
▼ <b>M33</b>	172. Aleksey Alekseevich NAYDENKO  (Алексей Алексеевич НАЙДЕНКО)  Oleksii Oleksiyovych NAYDENKO  (Олексій Олексійович НАЙДЕНКО)	Inscne: fireann  Dáta Breithe: 2.6.1980  Áit Bhreithe: Donetsk, an Úcráin	'Leas-Chathaoirleach' ar 'Coimisiún Lárnach Toghchán Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú 'thoghcháin', mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus leis sin tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sé na beartais sin chun feidhme.	10.12.2018
▼ <b>M77</b>	173. Vladimir Yurievich VYSOTSKIY  (Владимир Юрьевич ВЫСОЦКИЙ)  Volodymyr Yuriyovych VYSOTSKIY  (Володимир Юрійович ВИСОЦЬКИЙ)	Dáta breithe: 7.4.1985  Áit bhreithe: Likarstvenne village, APSS ('Poblacht Féinrialaitheach na Crimé', an Úcráin anois)  Inscne: fireann	Bhí sé ina 'Rúnaí', tráth, ar 'Coimisiún Lárnach Toghchán Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus is é Ceann reatha 'Coimisiún Lárnach Toghchán Dhaon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, é. Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú 'thoghcháin', mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus leis sin tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sé na beartais sin chun feidhme.	10.12.2018

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Bhí ról gníomhach aige maidir le reifrinn neamhdhleathaigh a eagrú i mí Mheán Fómhair 2022 i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil chun go mbeadh siad mar chuid de Chónaidhm na Rúise, agus bhunaigh a choimisiún suíomhanna vótála in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, freisin.</p> <p>Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais scarúnaíocha.</p>	

▼ M34

174.	<p>Maksim Aleksandrovich SVIDCHENKO</p> <p>(Максим Александрович СВИДЧЕНКО)</p> <p>Maksym Oleksandrovych SVIDCHENKO</p> <p>(Максим Олександрович СВИДЧЕНКО)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta breithe: 6.4.1978</p> <p>Áit bhreithe: Luhansk, Ukraine</p>	<p>'Leas-Chathaoirleach' ar 'Coimisiún Lárnach Toghchán Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sé páirt in eagrú 'thoghcháin', mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, agus ar an gcaoi sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sé na beartais sin chun feidhme.</p>	10.12.2018
175.	<p>Ekaterina Vasilyevna TERESHCHENKO</p> <p>Ekaterina Vasilievna TERESHCHENKO</p> <p>(Екатерина Васильевна ТЕРЕЩЕНКО)</p> <p>Kateryna Vasylivna TERESHCHENKO</p> <p>(Катерина Василівна ТЕРЕЩЕНКО)</p>	<p>Inscne: baineann</p> <p>Dáta breithe: 31.5.1986</p> <p>Áit bhreithe: Luhansk, an Úcráin</p>	<p>'Rúnaí' ar 'Coimisiún Lárnach Toghchán Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú 'thoghcháin', mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, agus ar an gcaoi sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aici do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sí na beartais sin chun feidhme.</p>	10.12.2018

▼ M33

176.	<p>Sergey Nikolayevich STANKEVICH</p> <p>(Сергей Николаевич СТАНКЕВИЧ)</p>	<p>Inscne: fireann</p> <p>Dáta Breithe: 27.1.1963</p> <p>Áit Bhreithe: Kaliningrad, Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Ceann Stiúrthóireacht Teorann Sheirbhís Chónaidhme Slándála Chónaidhm na Rúise do 'Poblacht na Crimé agus Cathair Sevastopol', Seachaimiréal. Sa cháil sin dó, is é a bhí freagrach as gníomhaíochtaí chabhlach gharda cósta Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.</p> <p>Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.</p>	15.3.2019
------	--	---	--	-----------



## ▼ M33

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
177.	Andrey Borisovich SHEIN (Андрей Борисович ШЕИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 10.6.1971 Áit Bhreithe: Oblast Ivanovskaya, Cónaidhm na Rúise	Leas-Cheann Stiúrthóireacht na dTeorann – Ceann Aonad an Gharda Chósta de Sheirbhís Chónaidhme Slándála Chónaidhm na Rúise do 'Poblacht na Crimé agus Cathair Sevastopol.' Sa cháil sin dó, bhí sé rannpháirteach in oibríochtaí i gcoinne shoithí na hÚcráine gona bhfoirne le linn ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019

## ▼ M34

178.	Aleksey Mikhailovich SALYAEV Aleksey Mikhailovich SALYAYEV (Алексей Михайлович САЛЯЕВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 22.8.1978 nó 4.12.1975	Oifigeach ceannais bhád patróil teorann 'Don' (marcálacha taoibhe 353) Sheirbhís an Gharda Teorann de chuid Sheirbhís Chónaidhme Slándála Chónaidhm na Rúise. Bhí sé i gceannas ar an soitheach a ghlac páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne shoithí na hÚcráine gona bhfoirne an 25 Samhain 2018, agus a rinne pulcadh ar an tuga inbhir, 'Yany Kapu', de chuid Chabhlach na hÚcráine. I ngeall ar na gníomhaíochtaí sin, níor fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019
179.	Andrei Olegovich SHIPITSIN (Андрей Олегович ШИПИЦИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 25.12.1969 Áit bhreithe: Astrakhan, Russian Federation	Oifigeach ceannais bhád patróil teorann  'Izumrud' Sheirbhís an Gharda Teorann de chuid Sheirbhís Chónaidhme Slándála Chónaidhm na Rúise. Bhí sé i gceannas ar an soitheach a ghlac páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne shoithí na hÚcráine gona bhfoirne an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019



▼ **M34**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
180.	Aleksey Vladimirovich SHATOKHIN (Алексей Владимирович ШАТОХИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 26.1.1971	Ceann Seirbhíse Phoirt Rialaithe Kerch i 'Poblacht na Crimé agus Chathair Sevastopol' de chuid Sheirbhís Slándála Chónaidhm na Rúise. Ghlac sé páirt in oibríochtaí i gcoinne shoithí na hÚcráine le linn gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne shoithí na hÚcráine gona bhfoirne an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019

▼ **M33**

181.	Ruslan Alexandrovich ROMASHKIN (Руслан Александрович РОМАШКИН)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 15.6.1976 Áit Bhreithe: Ruzaevka, an Mhordóiv (Cónaidhm na Rúise)	Ceann Seirbhíse an Phoirt Rialaithe i 'Poblacht na Crimé agus Chathair Sevastopol' de chuid Sheirbhís Slándála Chónaidhm na Rúise. Sa cháil sin dó, is é a bhí freagrach as gníomhaíochtaí fhórsaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne shoithí na hÚcráine gona bhfoirne a chomhordú an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019
------	---	---	--	-----------

▼ **M34**

182.	Sergey Alekseevich SHCHERBAKOV (Сергей Алексеевич ЩЕРБАКОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 2.11.1986	Is é a bhí i gceannas ar an long fhrith-fhomhuirí 'Suzdalets' de chuid chabhlach Mara Duibhe Chónaidhm na Rúise, a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne loingear na hÚcráine gona gcríúna an 25 Samhain 2018, agus páirt ghníomhach ar an mbac a cuireadh ar an tuga 'Yani Kapu', agus i ngabháil an bháid armtha gunna 'Nikopol'. I ngeall ar na gníomhaíochtaí sin, níor fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibrítheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019
------	--	--	--	-----------

▼ **B**▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
183.	Aleksandr Vladimirovich DVORNIKOV (Александр Владимирович ДВОРНИКОВ)	Inscne: fireann Dáta Breithe: 22.8.1961 Áit Bhreithe: Ussuriysk, Primorskiy Krai, Russian Federation	Ginearál i bhFórsaí Armtha na Rúise. Ba é an príomhcheannasaí ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as gach oibriocht mhíleata a rinneadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, thacaigh Alexander Dvornikov go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais agus chur sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith leis an gcobhsaíocht agus an tslándáil, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.  Iar-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Deiscirt de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as fórsaí míleata sa réigiún, lena n-áirítear an Chrimé agus Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach. Sa cháil sin dó, is é a bhí freagrach as gníomhaíochtaí Chabhlach na Mara Duibhe agus fórsaí míleata eile ó Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibritheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.  Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise.	15.3.2019

▼ **M48**

674.	<p>Petr Olegovich AVEN (Пётр Олегович АВЕH)</p>	<p>Dáta breithe: 16.3.1955</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Mórphearsa gnó a bhfuil dlúth-cheangal aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Duine de phríomh-scairshealbhóirí Ghrúpa Alfa</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, Mikhail Fridman, German Borisovich Khan, Alexey Kuzmichev</p>	<p>Is pearsa gnó Rúiseach é Petr Aven a bhfuil dlúthnaisc aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, ag dul siar go luath sna 1990í. Is scairshealbhóir tábhachtach de chuid ABH Financial Limited é, ar a n-áirítear banc mór de chuid na Rúise, Alfa Bank. Is scairshealbhóir é freisin sa ghnólacht infheistíochta, LetterOne.</p> <p>Tá sé ar cheann de thart ar 50 pearsashaibhir gnó ón Rúis a bhuaileann go rialta le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin sa Chreimil. Ghlac sé treoracha ó Uachtarán na Rúise agus chuir sé a chlár oibre beartais eachtraigh chun feidhme. Bhí Aven agus a chomhpháirtí gnó Mikhail Fridman i mbun iarrachtaí an Kremlin deireadh a chur le smachtbhannaí an Iarthair a eisíodh chun beartas foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chomhrac.</p> <p>An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhuail Petr Aven, mar aon le 36 pearsa gnó eile le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcrúinniú seo, léirítear gur comhalta é de dlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Léiríonn an cuireadh speisialta seo go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin.</p> <p>Bhain Aven tairbhe as a naisc rialtais. Rinne sé garanna d’Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin mar chúiteamh ar thacaíocht pholaitiúil dá ghnó agus ar mhaithe le gnóthachain airgeadais.</p>	28.2.2022

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin luach saothair do Alfa Group Consortium as a dhílseacht d'údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta eachtracha Alfa Group Consortium.</p> <p>Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile d'Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn.</p> <p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é Petr Aven ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thacaigh sé go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	
675.	Mikhail Maratovich FRIDMAN (Михаил Маратович ФРИДМАН)	<p>Dáta breithe: 21.4.1964</p> <p>Áit breithe: Lviv, APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, Petr Aven, German Borisovich Khan, Alexey Kuzmichev</p>	<p>Is pearsa gnó Rúiseach é Mikhail Fridhail. Is ceann de phríomh-scairshealbhóir ABH Financial Limited é, ar a n-áirítear banc mór de chuid na Rúise, Alfa Bank. Is scairshealbhóir é freisin sa ghnólacht infheistíochta, LetterOne. D'éirigh leis naisc láidir a chothú le rialtas Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, agus tagraíodh dó mar an airgeadaí is mó sa Rúis agus mar áisitheoir dhlúthchiorcal Putin. D'éirigh leis sócmhainní stáit a fháil trí naisc rialtais. Rinne sé garanna do Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin mar chúiteamh ar thacaíocht pholaitiúil dá ghnó agus ar mhaithe le gnóthachain airgeadais. Thug Vladimir Putin luach saothair do Alfa Group Consortium as a dhílseacht d'údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta eachtracha Alfa Group Consortium.</p>	28.2.2022

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile d'Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn. Bhí Fridman agus a chomhpháirtí gnó Petr Aven ag gabháil d'iar-rachtaí na Creimile deireadh a chur le smachtbhannaí an Iarthair a eisíodh chun dul i ngleic le beartas ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é Mikhail Fridman a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnail eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thacaigh sé go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, agus bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as nasc-ghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	
676.	Sergei Pavlovich ROLDUGIN (Сергей Павлович РОЛДУГИН)	<p>Dáta breithe: 28.9.1951</p> <p>Áit bhreithe: Réigiún Sakhalin, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: dord-veidhleadóir, pearsa ghnó, cara mór le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is pearsa ghnó é Roldugin agus a bhfuil dlúthnaisc aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Tá sé mar chuid de líonra airgeadais Putin. Tá cúig eintiteas eischósta ar a laghad faoi úinéireacht aige agus coimeádann sé a chuid sócmhainní in Bank Rossiya (faoi smachtbhannaí ag an Aontas), ar a dtugtar 'Sparán Putin' i Moscó. De réir an imscrúdaithe a rinne Cuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Iniúchacha, tá an Roldugin freagrach as USD 2 bhilliún ar a laghad a atheagrú trí bhainc agus trí chuideachtaí eischósta mar chuid de líonra airgeadais rúnda Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Ghlac sé páirt freisin in 'Troika Laundromat', agus threoraigh sé na billiúin USD tríd an gcóras. Thairis sin, fuair sé níos mó ná 69 milliún USD trí chuideachtaí laistigh den 'Troika Laundromat'. Tá sé admhaithe ag Cúirt de chuid na hEilvéise nach ag gníomhú ar a leas féin a bhí Sergei Roldugin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	28.2.2022

## ▼ M45

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
677.	Dmitry Sergeyevich PESKOV (Дмитрий Сергеевич ПЕСКОВ)	Dáta breithe: 17.10.1967 Áit bhreithe:: Moscó, Cónaidhm na Rúise Inscne: Fireann	Is é Dmitri Peskov preasrúnaí Uachtarán Putin. Chosain sé go poiblí beartas ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear ionghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol ag Cónaidhm na Rúise. I ráitis éagsúla, chuir sé i bhfios go láidir gur dlúthchuid den Rúis iad críoch na Crimé agus críoch Sevastopol, agus nach féidir leis an Úcráin an chríoch sin a aisghabháil. Éileamh críche i gcoinne na Rúise a thug sé ar ghníomhaíochtaí na hÚcráine a raibh sé mar aidhm leo deireadh a chur le forghabháil Rúise i Leithinis na Crimé. Chuir sé a thuairim in iúl nach féidir caibidlíocht a dhéanamh le húdarais na hÚcráine, agus chuir sé i bhfios nach measann taobh na Rúise gur comhpháirtí iad. Dúirt sé, d'ainneoin na firinne, nach raibh aon trúpaí de chuid na Rúise in Donbass. Chuir sé in iúl freisin nach bhfuil aon fhíor-éifeacht ag smachtbhannaí an Iarthair ar an Rúis. Bhagair sé go n-eiseodh an Rúis frithsmachtbhannaí mar fhreagra.  Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	28.2.2022
678.	Dmitry Nikolaevich CHERNYSHENKO (Дмитрий Николаевич ЧЕРНЫШЕНКО)	Dáta breithe: 20.9.1968 Áit bhreithe:: Saratov, Russia Feidhm: Leas-Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid Comhalta de Bhord Stúirthóirí Russian Rialways Inscne: Fireann	Is é Dmitry Chernyshenko Leas-Phríomh-Aire na Rúise atá freagrach as Turasóireacht, Spórt, Cultúr agus Cumarsáid agus tá sé ina Chomhalta de Bhord Stúirthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise sa phost seo.  I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Mar thoradh air sin, géaraíodh ar an gcoinbhleacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Chernyshenko ina chomhalta den Bhord Stúirthóirí. An 24 Feabhra 2022, thug an Rúis fogha míleata iomlán faoin Úcráin.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	28.2.2022

▼ M45

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
679.	Irek Envarovich FAIZULLIN (Ирек Энварович ФАЙЗУЛЛИН)	Dáta breithe: 8.12.1962 Áit bhreithe:: Kazan, USSR, Russian Federation anois  Feidhm: Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways.  Minister of Construction and Housing Chónaidhm na Rúise.  Inscne: Fireann	Is é Irek Faizullin Minister of Construction and Housing na Rúise agus tá ina Chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise sa phost sin.  I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Mar thoradh air sin, géaraíodh ar an gcoibhneacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata de chuid Fórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, a bhfuil Faizullin ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	28.2.2022

▼ M59

680.	Vitaly Gennadyevich SAVELYEV (Виталий Геннадьевич САВЕЛЬЕВ)	Dáta breithe: 18.1.1954 Áit Bhreithe: Tashkent, Uzbekistan  Feidhm: Comhalta den Board of Directors of the Russian Railways; Minister of Transport of Russia ó 2020; iarPOF Aeroflot  Inscne: fireann	Is é Vitaly Savelyev Minister of Transport Chónaidhm na Rúise agus tá sé ina Chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Russian Railways, arna cheapadh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise don phost sin. Is iarPOF Aeroflot é.  I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Rúis tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. Rinne Fórsaí Armtha na Rúise freachnaimh mhíleata ar scála mór ansin. Dá thoradh sin, géaraíodh ar an gcoibhneacht agus cuireadh brú díchobhsaitheach ar an Úcráin. Iompraíodh pearsanra míleata agus trealamh míleata Fórsaí Armtha na Rúise go dtí na limistéir gar do theorainn na hÚcráine ag Russian Railways, dá bhfuil Savelyev ina chomhalta den Bhord Stiúrthóirí.  Chuir Aeroflot, faoi cheannaireacht Savelyev, aeriompar paisinéirí rialta idir aerfoirt na Rúise agus aerfort idirnáisiúnta Simferopol ar fáil, agus dá bhrí sin, thacaigh sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhain an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráin.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	28.2.2022
------	---	--	--	-----------

▼ M59▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
681.	<p>Andrey Anatolyevich TURCHAK</p> <p>(Андрей Анатольевич ТУРЧАК)</p>	<p>Dáta breithe: 20.12.1975</p> <p>Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Rúnaí Chomhairle Ginearálta an pháirtí United Russia; Céad leas- spéicéir ar an gComhairle Cónaidhme</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Andrey Turchak ina rúnaí ar Ardchomhairle pháirtí United Russia agus is é an chéad leas-chainteoir ar an gComhairle Cónaidhme é. Baineann a rath polaitiúil lena athair, Anatoly Turchak, a fuair oiliúint júdó le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le deartháireacha Rotenberg. Chuir sé dearcadh dearfach chun cinn maidir le haitheantas a thabhairt do na ‘Daon-Phoblachtaí’ scarúnaíoch, Donetsk agus Luhansk, mar a ghairtear díobh.</p> <p>D’iarr sé ar údarais na Rúise ard-armáin a chur ar fáil do na fórsaí scarúnaíoch atá ar son na Rúise i réigiún Donbas. Dúirt sé go poiblí nach raibh sé indéanta coimhlínt Donbas a réiteach ar bhealach síochánta le húdarais na hÚcráine. Mhaigh sé gan bhunús go raibh ionsaí míleata beartaithe ag an Úcráin in Donbas. Chuaigh sé i mbun caibidliocht le Denis Pushilin, ceannaire an réigiúin scarúnaíoch, ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Thug sé cuairt ar phointe slógaidh de chuid na bhfórsaí armtha scarúnaíoch a limistéar túslíne Donbas chun comhghairdeas a dhéanamh go pearsanta le saighdiúirí an réigiúin scarúnaíoch, ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, ar ‘Defender of the Fatherland Day’. Chosain sé go poiblí cinneadh na Rúise ‘poblachtaí’ scarúnaíoch Donbas a aithint. Dúirt sé gur cuma leis an Rúis faoi smachtbhannaí an Iarthair.</p> <p>Ceapadh é mar cheannaire ar ghrúpa um chomhordú parlaiminteach arb é a phríomhchúram soláthar arm na Rúise a fheabhsú agus an reachtaíocht is gá a ullmhú.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.</p>	28.2.2022
682.	<p>Tigran Edmondovich KEOSAYAN</p> <p>(Тигран Эдмондович КЕОСЯН)</p>	<p>Dáta breithe: 4.1.1966</p> <p>Áit Bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Feidhm: Aisteoir agus stiúrthóir, láithreoir an chláir teilifíse bolscaireachta “International Sawmill with Tigran Keosayan” maidir le cúrsaí polaitíochta ar chainéal NTV</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is stiúrthóir scannán agus iriseoir é Tigran Keosayan a scaip an bholscaireacht fhrith-Úcráine ar mheáin na Rúise. Ar a chlár teilifíse stát-chistithe “International Sawmill with Tigran Keosayan”, léirigh sé i rith an ama an Úcráin mar thír lag éillitheach a coinníodh ar bun a bhuíochas le cabhair an Iarthair. Mhaigh sé nach raibh údarais na hÚcráine dlisteanach. Dúirt sé arís agus arís eile gur leis an Rúis an Chrimé, agus nach raibh Donbas mar chuid den Úcráin. Ghlac Keosayan páirt san fhóram “Russian Donbas” a d’eagraigh údarais “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, in Donetsk agus é mar aidhm leis sin teagasc “Russian Donbas” a scaipeadh. Chuir sé i leith na hÚcráine go poiblí gur ghéaraigh sí an choinbhleacht.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.</p>	28.2.2022

▼ M59



## ▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			<p>Fuair an clár teilifíse “International Sawmill with Tigran Keosayan” cistiú ó na cuideachtaí Rúiseacha atá faoi úinéireacht an stáit, a bhí gan údar ar fhorais tráchtála ach bronnadh mar dhuais é do Keosayan as a chuid iarrachtaí bolscaireachta agus as a dhílseacht do Vladimir Putin. Is é Keosayan a stiúir an scannán bolscaireachta “The Crimean Bridge. Made with Love!”, inar moladh Droichead na Crimé lena nashtar críoch Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach leis an Rúis. Dúradh go ndearnadh an scannán mar fhéirín don uachtarán Putin. Chabhraigh Alexei Gromov, an chéad Leas-Cheannaire ar riarachán na huachtaránachta, lena áirithiú go bhfuair an scannán cistiú ón stát, agus dá thoradh sin, bhain Keosayan brabús airgeadais amach as.</p> <p>Dá bhrí sin, bhain sé tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

## ▼ M45

683.	<p>Olga Vladimirovna SKABEYEVA</p> <p>(Ольга Владимировна СКАБЕЕВА)</p>	<p>Dáta breithe: 11.12.1984</p> <p>Feidhm: Comhbhunaitheoir agus príomheagarthóir na tairisí REGNUM;</p> <p>Áit bhreithe: Volzhsky, Russia</p> <p>Feidhm: Iriseoir de chuid na stáisiúin teilifíse Rossiya-1, atá faoi úinéireacht an stáit, i gceannas ar an gclár cainte polaitiúil “60 Minutes” (in éineacht lena fear céile Yevgeniy Popov) – an clár cainte is mó tóir sa Rúis)</p> <p>Inscne: Baineann</p>	<p>Is iriseoir í Olga Skabeyeva ar an stáisiún teilifíse Rossiya-1, atá faoi úinéireacht an stáit. In éineacht lena fear céile Yevgeniy Popov, tá sí ina óstach ar an gclár cainte polaitiúil is mó sa Rúis, “60 Minutes”, áit a bhfuil bolscaireacht fhrith-Úcráine scaipthe aici, agus inar chuir sí dearcadh dearfach i leith ionghabháil na Crimé agus ghníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas chun cinn</p> <p>Ar a clár teilifíse, léirigh sí i rith an ama an staid san Úcráin ar bhealach claonta, agus gur stát bréagach í an tír, a choinníonn an Iarthar ar bun ó thaobh an mhíleata agus airgeadais de agus dá bhrí sin – gur satailít agus uirlis de chuid an Iarthair i lámha ECAT í. Rinne sí beag freisin de ról na hÚcráine in “frith-Rúis nua-aimseartha”. Thairis sin, is minic a thug sí cuireadh d’aionna amhail Eduard Basurin, Preas-Rúnaí Ceannais Mhíleata “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a thugtar uirthi, nó Denis Pushilin, ceannaire “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a thugtar uirthi. Chuir sí an ruaig ar aoi nár chloígh le línte insinte bholscaireachta na Rúise, amhail idé-eolaíocht “Russian World”. Is cosúil go dtuigeann Olga Skabeyeva go bhfuil ról ciniciúil aici i meaisín bolscaireachta na Rúise, in éineacht lena fear céile.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sí freagrach go gníomhach as tacú le gníomhaíochtaí nó as beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.</p>	28.2.2022
------	---	--	--	-----------

▼ **M45**▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
684.	Alexander PONOMARENKO (Александр Анатольевич ПОНОМАРЕНКО)	Dáta Breithe: 27.10.1964 Áit Bhreithe: Bilohirsk, Ukrainian SSR (Ukraine anois) Feidhm: Olagarc Rúiseach, Cathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo Inscne: fireann	Olagarc Rúiseach é Alexander Ponomarenko agus is iarChathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo é, a bhfuil naisc aige leis i gcónaí mar scairshealbhóir dá chuid. Tá baint ag Ponomarenko le Arkady Rotenberg, fear gnó Rúiseach iomráiteach a bhfuil dlúthcheangal pearsanta aige leis an Uachtarán Putin. Tá baint aige le maoiniú ionad an pháláis gar do Gelendzhik, a úsáideann an tUachtarán Putin go pearsanta.  Dá bhri sin, tacaíonn sé le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sé tairbhe astu.	28.2.2022
685.	Modest Alexeyevich KOLEROV (Модест Алексеевич КОЛЕРОВ)	Dáta Breithe: 12.4.1963 Áit Bhreithe: Kimovsk, Russia Feidhm: Comhbhunaitheoir na tairsí REGNUM, a dhéanann sainchúram don limistéar iar-Shóivéadach. D'oibrigh sé i Riarachán na hUachtaránachta ó 2005 go 2007. Inscne: fireann	Is comhbhunaitheoir na tairsí REGNUM é Modest Kolerov, a d'úsáid sé chun insintí bolscaireachta foghacha agus claonta i gcoinne na hÚcráine a scaipeadh, agus chun meon dearfach i leith ionghabháil na Crimé agus ghníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas a chur chun cinn. Is minic a léirigh sé an Úcráin mar thír fhaisisteach nó tír nua-Naitsíoch, agus puipéad a bhí ar son an Iarthair. Dúirt sé gur chruthaigh Lenin agus Stalin an Úcráin go bréagach. De réir a chuid foilseachán, tá an Úcráin faoi chomaoin ag an Rúis dá neamhspleáchas agus, dá bhri sin, níl sé de cheart aici a bheith ina stát ceannasach. Mhol sé freisin gur cheart don Rúis deireadh a chur le tír na hÚcráine.  Ina theannta sin, mhol sé an Úcráin a roinnt idir a comharsana agus bhagair sé go mbeadh an Úcráin neamhspleách ina bagairt don Rúis. Thacaigh sé go gníomhach le haitheantas a thabhairt do 'Daon-Phoblacht Donetsk' agus 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a thugtar orthu, agus do ghníomhaíochtaí Rúiseacha breise i bhfabhar na scarúnaithe in Oirthear na hÚcráine. Bhréagnaigh sé fianaise de thacaíocht mhíleata Rúiseach do na scarúnaithe, agus léirigh sé misean ESCE in Oirthear na hÚcráine, mar mhisean a bhí claonta agus faoi réir Chív.  Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol, agus as na gníomhaíochtaí ó na beartais sin a chur chun feidhme, agus as bac a chur ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	28.2.2022

▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M77</u>				
686.	Roman Georgievich BABAYAN (Роман Георгиевич БАБАЯН)	Dáta breithe: 7.12.1967 Áit bhreithe: Baku, an Asarbaiseáin Feidhm: Iriseoir, láitheoir an seó teilifíse ‘Own Truth’ ar chainéal NTV. Príomheagarthóir ar raidió ‘Moscow Speaks’; Comhalta de Dhúma Chathair Mhoscó Inscne: fireann	Is iriseoir é Roman Babayan ar comhalta é de Dhúma Chathair Mhoscó. Is é a dhéanann an clár teilifíse ‘Ár bhFírinne’ a óstáil ar chainéal NTV. Is príomheagarthóir ar raidió ‘Moscow Speaks’ é freisin. Tá bolscaireacht frith-Úcráine scaipthe aige agus chuir sé dearcadh dearfach chun cinn maidir le gníomhaíochtaí scarúnaithe in Donbas.  Le linn agallaimh a thug sé ar Ukraina.ru dúirt sé go soiléir gurbh fhearr le gach cónaitheoir in Donbas dul isteach sa Rúis, agus cheistigh sé ceart na hÚcráine chun a críoch féin. Ina theannta sin, chuir sé i leith údaráis na hÚcráine go raibh géarleanúint bunaithe ar eithneacht ar siúl acu in Donbas agus cinédhíothú de facto, agus dúirt sé gur mharaigh muintir na hÚcráine leanaí agus daoine scothaosta in Donbas. Thacaigh sé freisin le hinsint na Rúise ar ‘réimeas faisisteacha’ san Úcráin. Chun é sin a dhéanamh, chuir sé taifead gan choinne i láthair le saighdiúirí a raibh comhartha cabhlaigh Ghearmánach na Naitsithe orthu, agus rinne sé cur síos orthu mar Úcránaigh.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol	28.2.2022
▼ <u>M59</u>				
687.	Yevgeniy Nikolaevich PRILEPIN (Евгений Николаевич ПРИЛЕПИН) ar a dtugtar freisin Zakhar PRILEPIN (Захар ПРИЛЕПИН) ar a dtugtar freisin Yevgeniy LAVLINSKIY (Евгений ЛАВЛИНСКИЙ)	Dáta breithe: 7.7.1975 Áit Bhreithe: P’inka, Russian Federation Feidhm: Iriseoir, scríbhneoir, comhchathaoirleach ar an bpáirtí “A Just Russia – Patriots – For Truth”, Inscne: fireann	Is Rúiseach é Prilepin agus is gníomhaí, iriseoir, scríbhneoir agus comhchathaoirleach den pháirtí “A Just Russia – Patriots – For Truth” é. Chuir sé a thacaíocht phoiblí in iúl do scarúnaithe na Rúise sa Chrimé agus in Donbas. Rinne sé cabhair a sholáthar do Donetsk agus chuir sé comhairle ar cheannairí scarúnaíochta. Ghlac sé páirt i gcoibhneacht Donbas ar thaobh na scarúnaí, agus é mar leas-cheannasaí ar cheann de na cathláin scarúnaíochta, agus rinne sé cur síos mionsonraithe ar a rannpháirtíocht.  Ina theannta sin, bhain sé leas as a cháil mar scríbhneoir cáiliúil chun bolscaireacht fhrith-Úcráine a scaipeadh, agus chun dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le hionghabháil na Crimé agus gníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas. Rinne Prilepin cur síos ar údaráis na hÚcráine mar údaráis éillitheacha, chuir sé an milleán orthu as géarú na coibhneachta, dúirt sé gur chathair Rúiseach a bhí i gCív agus dúirt sé gur cheart gurbh é sprioc deiridh na Rúise Cív a ghabháil. Bhí páirt aige sa scannán faisnéise bolscaireachta Rúiseach “Crimea: The Way Home”, a rinne an ionghabháil mhídhleathach ar Leithinis na Crimé ag an Rúis a adhmholadh.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	28.2.2022

▼ M59▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
688.	Anton Vyacheslavovich KRASOVSKY (Антон Вячеславович КРАСОВСКИЙ)  (ar a dtugtar freisin Anton Vyacheslavovich KUZNETSOV-KRASOVSKY) (Антон Вячеславович КУЗНЕЦОВ-КРАСОВСКИЙ)	Dáta breithe: 18.7.1975  Áit bhreithe: Podolsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Gníomhaí, iriseoir, bolscaire, iar-láithreoir ar an gclár cainte ‘The Antonyms’ ar RT, cainéal teilifíse stát-mhaoinithe de chuid na Rúise  Inscne: fireann	Is iriseoir é Anton Krasovsky, a dhéanadh an clár cainte ‘The Antonyms’ ar RT, cainéal teilifíse stát-mhaoinithe na Rúise, a óstáil. Tá bolscaireacht fhrith-Úcránach scaipthe aige. Thug sé talamh Rúiseach ar an Úcráin agus tharraing sé droch-cháil ar Úcránaigh mar náisiún ann. Chomh maith leis sin, rinne sé bagairt ar an Úcráin go ndéanfadh an Rúis ionradh uirthi dá ndruidfeadh an Úcráin níos gaire do chomhaltacht de ECAT. Dúirt sé go gcuirfeadh gníomhaíocht den sórt sin deireadh le bunreacht na hÚcráine á ‘dul i gcrích’ agus ‘dóigh sé ar Khreshchatyk’. Ina theannta sin, mhol sé go mba cheart don Úcráin dul leis an Rúis.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	28.2.2022
689.	Arkady Viktorovich MAMONTOV (Аркадий Викторович МАМОНТОВ)	Dáta breithe: 26.5.1962  Áit Bhreithe: Novosibirsk, Russian Federation  Feidhm: Iriseoir teilifíse agus láithreoir teilifíse, láithreoir an seó teilifíse “Author’s Program of Arkady Mamontov” ar an gcainéal teilifíse Rossiya-1, údar scannáin faisnéise  Inscne: fireann	Déanann Arkady Mamontov an seó teilifíse “Author’s Program of Arkady Mamontov” a óstáil agus is údar é de scannán faisnéise do theilifís na Rúise. Scaip sé bolscaireacht fhrith-Úcráine.  Ba stiúrthóir scannáin bolscaireachta é a thacaigh le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, scannán inar léiríodh anord agus anacair faoi réimeas na hÚcráine roimh an ionghabháil neamhdhleathach sin. Ina chuid scannán léirigh sé an Úcráin mar lárionad de nua-Naitsíochas, faisisteachas, náisiúnachas agus meon frith-Rúiseach. Rinne sé ráitis áibhéalacha maidir le ról na n-eagraíochtaí atá go mór ar an eite dheis san Úcráin. Chuir sé i leith na hÚcráine go raibh beartais idirdhealaitheacha i gcoinne chultúr agus theanga na Rúise san Úcráin. Bhain sé an bonn d’inchreidteacht agus de dhlísteacht údaráis na hÚcráine trína mholadh gur <i>coup d’état</i> a bhí in Euromaidan arna spreagadh ó thar lear, agus go raibh rialtas na hÚcráine ag brath ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin i mbaol.	28.2.2022
690.	Sergei Mikhailovich PINCHUK (Сергей Михайлович ПИНЧУК)	Dáta breithe: 26.7.1971  Áit Bhreithe: Sevastopol, Ukrainian SSR (Ukraine anois)  Feidhm: Leas-Aimiréalach, First Deputy Commander-in-Chief ar Black Sea Fleet  Inscne: fireann	Is Leas-Aimiréalach agus First Deputy Commander-in-Chief ar Black Sea Fleet, atá faoi réir Southern Military District na Russian Armed Forces, é Sergey Pinchuk, agus bhí baint aige le gníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine.	28.2.2022

## ▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-ímní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhaíochtaí foghacha eile a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Ghlac fórsaí an Black Sea Fleet páirt i ndruileanna míleata ar mhórsála gar do theorainn na hÚcráine agus laistigh di.</p> <p>Tar éis chinneadh Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do na limistéir “Donetsk People’s Republic” agus “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí an Southern Military District isteach i geríoch an dá phoblacht féinfhoghartha sin. Nuair a sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, rinne trúpaí de chuid na Rúise ón Black Sea Fleet oibríochtaí tuirlingthe in Mariupol agus Odessa.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergei Pinchuk freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	
691.	Alexey Yurevich AVDEEV (Алексей Юрьевич АВДЕЕВ)	<p>Dáta breithe: 17.5.1967</p> <p>Áit Bhreithe: Tashkent, iarUSSR (Uzbekistan anois)</p> <p>Feidhm: Leif- teanntan-Ghinearál, Leas-Cheannasaí ar Southern Military District</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Alexey Avdeev ina Leas-Cheannasaí ar Southern Military District na Rúise, ceantar a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Le déanaí tá an Southern Military District tar éis díriú go príomha ar an Úcráin. Mar gheall air sin, bunaíodh an 8ú Arm nua agus cuireadh le láithreach an District ar chríoch leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-ímní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhacha foghacha eile a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Rinne trúpaí ón Southern Military District druileanna míleata i gceantair timpeall ar an Úcráin agus bhog siad grúpaí oirbheartaíochta airtléire agus cathláin isteach i leithinis na Crimé. Tar éis chinneadh Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do na limistéir “Donetsk People’s Republic” agus “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí an Southern Military District isteach i geríoch an dá phoblacht féinfhoghartha sin. Rinne an Southern Military District maoirseacht freisin ar chleachtaí míleata fhórsaí armtha “poblacht” scarúnaíocha.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Alexey Avdeev freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	28.2.2022

▼ M45

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M77</u>				
692.	Rustam Usmanovich MURADOV (Рустам Усманович МУРАДОВ)	Dáta breithe: 21.3.1973 Áit bhreithe: Dagestan, APSS (Cónaidhm na Rúise) Feidhm: Coirnéal-Ginearál, Ceannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir, Iar-Leas-Cheannasaí ar Cheantar Míleata an Deiscirt Inscne: fireann	Is Coirnéal-Ginearál agus Ceannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir é Rustam Muradov ón 7 Deireadh Fómhair 2022. Ba leas-cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Deiscirt é roimhe sin, a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine. I mí Iúil 2022 ainmníodh é mar cheannasaí ar ghrúpa fórsaí na Rúise ‘Vostok’ atá ag feidhmiú san Úcráin.  Le déanaí tá Dúiche Mhíleata an Deiscirt tar éis díriú go príomha ar an Úcráin. Mar gheall air sin, bunaíodh an 8 <sup>ú</sup> hArm nua agus cuireadh le láithreach an District ar chríoch leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-ímní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhaíochtaí foghacha eile a d’fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Rinne trúpaí ó Dhúiche Mhíleata an Deiscirt druilleanna míleata i gceantair timpeall ar an Úcráin agus bhog siad grúpaí oirbheartaíochta airtléire agus cathláin isteach i leithinis na Crimé. Rinne Dúiche Mhíleata an Deiscirt maoirseacht freisin ar chleachtaí míleata fhórsaí armtha ‘poblachtaí’ scarúnaíocha. Tar éis chinneadh Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí Dhúiche Mhíleata an Deiscirt isteach i gcríoch an dá phoblacht féinfhógartha sin. An 24 Feabhra 2022 sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Rustam Muradov freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó lena mbagraítear orthu.	28.2.2022

▼ M69

693.	Andrey Ivanovich SYCHEVOY (Андрей Иванович СЫЧЕВОЙ)	Dáta Breithe: 16.5.1969 Áit Bhreithe: village of Troitskaya, Krymsky District, Krasnodar Territory, iar-USSR, Russian Federation anois	Tá Andrey Sychevoy ina Leifteanant-Ghinearál agus an 24 Feabhra 2022, bhí sé ina Cheannasaí ar an 8 <sup>ú</sup> Garda Arm Comh-Airm Dhúiche Mhíleata an Deiscirt, a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí míleata i gcoinne na hÚcráine. I mí Iúil 2022 ainmníodh é mar cheannasaí ar ghrúpa fórsaí na Rúise ‘Vostok’ atá ag feidhmiú san Úcráin.	28.2.2022
------	--	---	--	-----------

▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Feidhm: Ceannasaí ar Ghrúpa Fórsaí na Rúise ‘Zapad’ atá ag feidhmiú san Úcráin, iar-Leifteanant-Ghinearál, Ceannasaí an 8th Guards Combined Arms Army i nDúiche Mhíleata an Deiscirt</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Le déanaí tá Dúiche Mhíleata an Deiscirt tar éis díriú go príomha ar an Úcráin. Mar gheall air sin, bunaíodh an 8ú Arm nua agus cuireadh le láithreach an District ar chríoch leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021, chuir fórsaí míleata na Rúise tús le méadú míleata nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar theorainn na hÚcráine nó gar di agus laistigh de réigiún na Crimé atá faoi fhorghabháil san Úcráin. I ndáil leis sin, tá a lán breathnóirí agus lucht déanta beartas tar éis a n-ímní a chur in iúl faoi ionradh nua nó gníomhaíochtaí foghacha eile a d’fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Úcráin. Rinne trúpaí ó Dhúiche Mhíleata an Deiscirt druilleanna míleata i gceantair timpeall ar an Úcráin agus bhog siad grúpaí oirbheartaíochta airtléire agus cathláin isteach i leithinis na Crimé. Rinne Dúiche Mhíleata an Deiscirt maoirseacht freisin ar chleachtaí míleata fhórsaí armtha ‘poblachtaí’ scarúnaíocha. Tar éis chinneadh Vladimir Putin aitheantas a thabhairt do ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’, mar a ghairtear díobh, chuaigh saighdiúirí Dhúiche Mhíleata an Deiscirt isteach i gcríoch an dá phoblacht féinfhógartha sin. An 24 Feabhra 2022 sheol an Rúis ionradh míleata iomlán ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Andrey Sychevoy freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	

▼ M77

694.	Gennady Nikolayevich TIMCHENKO (Геннадий Николаевич ТИМЧЕНКО)	<p>Dáta breithe: 9.11.1952</p> <p>Áit bhreithe: Lenínakan, APSS (Gyumri, an Airméin anois)</p> <p>Náisiúntacht: Airméanach, Rúiseach, Fionlannach</p> <p>Feidhm: Úinéir an ghrúpa phríobháidigh infheistíochta Volga Group</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá aithne fada ag Gennady Timchenko ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus déantar cur síos ginearálta air mar dhuine dá rúnchairde.</p> <p>Tá sé ag baint tairbhe as na naisc atá aige le cinn-teoirí na Rúise. Is bunaitheoir agus scairsealbhóir é de chuid Volga Group, grúpa infheistíochta a bhfuil punann infheistíochtaí aige i bpríomhearnálacha gheilleagar na Rúise. Cuireann Grúpa Volga go mór le geilleagar na Rúise agus lena forbairt.</p> <p>Is scairsealbhóir de chuid Bank Rossiya é freisin, a mheastar gur banc Putin agus a chomhpháirithe é. Ó ionghabhadh an Chrimé go mídhleathach, tá brainsí oscailte ag Bank Rossiya ar fud na Crimé agus Sevastopol, rud a dhaingníonn a lánpháirtí i gCónaidhm na Rúise.</p> <p>Thairis sin, tá scaireanna ag Bank Rossiya sa National Media Group, cuideachta sealbhaíochta meán a rialaíonn 28 bhfiontar meán sa Rúis a bhfuil bolscaireacht agus bréagaisnéis á scaipeadh go gníomhach acu a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, is mórphearsa gnó é bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	28.2.2022
------	--	---	---	-----------



▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá sé freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, agus as tairbhe a bhaint as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
695.	Alexey Alexandrovits MORDASCHOV (Алексей Александрович МОРДАШОВ)	Dáta breithe: 26.9.1965 Áit bhreithe: Cherepovets, APSS (Cónaidhm na Rúise) Feidhm: Cathaoirleach Severstal agus Severgroup Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Comhlaigh: Yuriy Kovalchuk; Nikolay Shamalov	Is pearsa gnó Rúiseach í Alexey Mordashov a bhfuil dlúthnaisc aige le Rialtas na Rúise. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhuaile Alexey Mordashov, mar aon le 36 phearsa ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, léirítear gur chomhalta é de dlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Ina theannta sin bhí sé i measc na ndaoine gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus frontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar iarr sé ar lucht an ollrachmais ‘an tírghrá a chur roimh an mbrabús’. Tá Alexey Mordashov ina chathaoirleach ar Severgroup, cuideachta infheistíochta príobháideach a n-oibríonn a fhochuideachta, Severstal, san earnáil cruach agus mianadóireachta agus a sholáthraíonn táirgí cruach speisialta don tionscal míleata, lena n-áirítear cruach treisithe.  Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.  Thairis sin, tacaíonn Alexey Mordashov le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.  Lena chois sin, tá sé freagrach freisin as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a chur ar fáil, agus as tairbhe a bhaint as rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	28.2.2022

▼ **M69**

696.	Peter Mikhaylovich FRADKOV (Петр Михайлович ФРАДКОВ)	Feidhm: Cathaoirleach ar PJSC Promsvyazbank Dáta Breithe: 7.2.1978 Áit Bhreithe: Moscow, Russia Inscne: fireann	Tá Petr Fradkov ina chathaoirleach ar PJSC Promsvyazbank agus is é an t-aon chomhlacht feidhmiúcháin den bhanc. Is banc de chuid na Rúise é Promsvyazbank atá faoi úinéireacht Stáit, a thugann tacaíocht airgeadais d’earnáil cosanta na Rúise agus do Mhíleata na Rúise, atá freagrach as trúpaí Rúiseacha a imscaradh ar an teorainn leis an Úcráin agus as trúpaí Rúiseacha a bheith i láthair i leithinis na Crimé.  Tugann Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, treoir dhíreach do Promsvyazbank, agus dá bhrí sin cuireann an banc tacaíocht airgeadais agus ábhartha ar fáil do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine agus as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé.	28.2.2022
------	---	---	--	-----------

▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Oibríonn Promsvyazbank i Leithinis na Crimé. D'oscail Promsvyazbank líon iomlán de 150 craobh i nDaon-Phoblacht Donetsk agus i nDaon-Phoblacht Luhansk, agus i réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia.</p> <p>Dá bhri sin, ina cháil mar chathaoirleach ar Promsvyazbank, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	

▼ **M46**

697.	<p>Leonid Viktorovich KASINSKY</p> <p>(Rúisis: Леонид Викторович КАСИНСКИЙ;</p> <p>Bealarúiseach: Леанід Віктаравіч КАСІНСКІ)</p>	<p>Dáta breithe: 29.6.1972</p> <p>Áit bhreithe: Grodno, Belarusian SSR, an Bhealarúis anois</p> <p>Feidhm: Mór-Ghinearál, Cúntóir don Aire Cosanta um Obair Idé-eolaíoch sna Fórsaí Armtha agus Ceannaire ar an bPríomh-Stiúrtóireacht um Obair Idé-eolaíoch in Aireacht Cosanta na Bealarúise</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Leonid Kasinsky ina chúntóir d'Aire Cosanta na Bealarúise um Obair idé-eolaíoch sna fórsaí armtha. Is Ceannaire é ar an bPríomh-Stiúrtóireacht um Obair Idé-eolaíoch in Aireacht Cosanta na Bealarúise.</p> <p>Tá an Bhealarúis rannpháirteach san fhogha míleata faoin Úcráin atá ar bun ag an Rúis trí chead a thabhairt don Rúis diúracáin bhalaistíocha a scaoileadh ón mBealarúis isteach san Úcráin, trí iompar pearsanra míleata agus airm throma, tancanna agus iompróirí míleata de chuid na Rúise a chumasú sa Bhealarúis (iompar bóthair agus iarnróid) go dtí an Úcráin, trí chead a thabhairt d'aerárthaí míleata na Rúise eitilt os cionn aerspás na Bealarúise isteach san Úcráin, trí phointí athbhreoslaithe a chur ar fáil sa Bhealarúis d'aerárthaí míleata na Rúise atá i mbun gníomhaíochtaí i gcoinne na hÚcráine, agus trí airm agus trealamh míleata de chuid na Rúise a stóráil sa Bhealarúis</p> <p>Mar chomhalta ardchéime d'fhórsaí armtha na Bealarúise, tá Leonid Kasinsky rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Bealarúise atá ag tacú le fogha na Rúise faoin Úcráin.</p>	2.3.2022
698.	<p>Igor Vladimirovich MOZHILOVSKY</p> <p>(Rúisis: Игорь Владимирович МОЖИЛОВСКИЙ;</p> <p>Bealarúiseach: Ігар Уладзіміравіч МАЖЫЛОЎСКІ)</p>	<p>Dáta breithe: 28.2.1971</p> <p>Áit bhreithe: Dubrovno, Belarusian SSR, an Bhealarúis anois</p> <p>Feidhm: Mór-Ghinearál, Cúntóir don Aire Cosanta um an nGeilleagar agus Airgeadas Míleata agus Ceannaire ar an bPríomh-Roinn Airgeadais agus Eacnamaíoch in Aireacht Cosanta na Bealarúise</p> <p>Náisiúntacht: Bealarúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Igor Mozhilovsky ina chúntóir d'Aire Cosanta na Bealarúise um an nGeilleagar agus Airgeadas Míleata. Is Ceannaire é ar an bPríomh-Roinn Airgeadais agus Eacnamaíochta in Aireacht Cosanta na Bealarúise.</p> <p>Tá an Bhealarúis rannpháirteach san fhogha míleata faoin Úcráin atá ar bun ag an Rúis trí chead a thabhairt don Rúis diúracáin bhalaistíocha a scaoileadh ón mBealarúis isteach san Úcráin, trí iompar pearsanra míleata agus airm throma, tancanna agus iompróirí míleata de chuid na Rúise a chumasú sa Bhealarúis (iompar bóthair agus iarnróid) go dtí an Úcráin, trí chead a thabhairt d'aerárthaí míleata na Rúise eitilt os cionn aerspás na Bealarúise isteach san Úcráin, trí phointí athbhreoslaithe a chur ar fáil sa Bhealarúis d'aerárthaí míleata na Rúise atá i mbun gníomhaíochtaí i gcoinne na hÚcráine, agus trí airm agus trealamh míleata de chuid na Rúise a stóráil sa Bhealarúis.</p> <p>Mar chomhalta ardchéime d'fhórsaí armtha na Bealarúise, tá Igor Mozhilovsky rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Bealarúise atá ag tacú le fogha na Rúise faoin Úcráin.</p>	2.3.2022

▼ M46

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M77</u>				
699.	Oleg Leonidovich VOINOV  (Rúisis: Олег Леонидович ВОИНОВ)  (Bealarúiseach: Олег Леонідовіч ВОІНАЎ)	Dáta breithe: 26.3.1967  Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS, (Dnipro, an Úcráin anois)  Feidhm: Stiúrthóir ar Chartlann Stairiúil Náisiúnta na Bealarúise  Náisiúntacht: Bealarúiseach  Inscne: fireann	Tá Oleg Voinov ina Stiúrthóir ar Chartlann Stairiúil Náisiúnta na Bealarúise ó mhí na Bealtaine 2022. Roimhe seo bhí Oleg Voinov ina cheannaire ar an Roinn Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta in Aireacht Cosanta na Bealarúise agus ina Chúntóir don Aire Cosanta um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta.  Tá an Bhealarúis rannpháirteach i cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trí chead a thabhairt don Rúis diúracáin bhalaistíocha a scaoileadh ón mBealarúis isteach san Úcráin, trí iompar pearsanra míleata agus airm throma, tancanna agus iompróirí míleata de chuid na Rúise a chumasú sa Bhealarúis (iompar bóthair agus iarnróid) go dtí an Úcráin, trí chead a thabhairt d'aerárthaí míleata na Rúise eilt os cionn aerspás na Bealarúise isteach san Úcráin, trí phointí athbhreoslaithe a chur ar fáil sa Bhealarúis d'aerárthaí míleata na Rúise atá i mbun gníomhaíochtaí i gcoinne na hÚcráine, agus trí airm agus trealamh míleata de chuid na Rúise a stóráil sa Bhealarúis.  Mar chomhalta ardchéime d'fhórsaí armtha na Bealarúise, tá Oleg Voinov rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Bealarúise atá ag tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.	2.3.2022
▼ <u>M46</u>				
852.	Oleg Polikarpovich TKACH (Олег Поликарпович ТКАЧ)	Dáta breithe: 23.9.1967 Inscne: fireann	Iar-chomhalta den Chomhairle Cónaidhme a dhaingnigh cinntí rialtais maidir le ‘Conarthaí Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Donetsk’ agus idir Cónaidhm na Rúise agus ‘Daon-Phoblacht Luhansk’.	9.3.2022
▼ <b>M59</b>				
853.	Pavel Vladimirovich TARAKANOV (Павел Владимирович ТАРАКАНОВ)	Dáta Breithe: 21.6.1982 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ **M59**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
854.	Lyudmila Zaumovna TALABAYEVA (Людмила Заумовна ТАЛАБАЕВА)	Dáta Breithe: 6.6.1957 Inscne: baineann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
855.	Oleg Vladimirovich TSEPKIN (Олег Владимирович ЦЕПКИН)	Dáta Breithe: 15.9.1965 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ **M69**

856.	Peter Nikolayevich TULTAEV (Пётр Николаевич ТУЛТАЕВ)	Dáta Breithe: 1.1.1961 Inscne: fireann	Iarchomhalta de Federation Council Chónaidhm na Rúise a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
------	---	--	---	----------

▼ **M59**

857.	Vyacheslav Stepanovich TIMCHENKO (Вячеслав Степанович ТИМЧЕНКО)	Dáta Breithe: 20.11.1950 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
858.	Valery Petrovich USATYUK (Валерий Петрович УСАТЮК)	Dáta Breithe: 14.7.1948 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
859.	Mukharby Magomedovich ULBASHEV (Мухарбий Магомедович УЛЬБАШЕВ)	Dáta Breithe: 15.5.1960 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
860.	Alexander Vladelennovich VAINBERG (Александр Владеленович ВАЙНБЕРГ)	Dáta Breithe: 2.2.1961 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
861.	Alexander Gennadyevich VYSOKINSKY (Александр Геннадьевич ВЫСОКИНСКИЙ)	Dáta Breithe: 24.9.1973 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
862.	Nikolay Nikolayevich VLADIMIROV (Николай Николаевич ВЛАДИМИРОВ)	Dáta Breithe: 18.11.1979 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
863.	Yuri Konstantinovich VALYAEV (Юрий Константинович ВАЛЯЕВ)	Dáta Breithe: 18.4.1959 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
864.	Alexander Georgyevich VARFOLOMEEV (Александр Георгиевич ВАРФОЛОМЕЕВ)	Dáta Breithe: 4.6.1965 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
865.	Valery Nikolayevich VASILYEV (Валерий Николаевич ВАСИЛЬЕВ)	Dáta Breithe: 17.7.1965 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ M69

--	--	--	--	--

▼ M59

867.	Alexander Georgievich YAROSHUK (Александр Георгиевич ЯРОШУК)	Dáta Breithe: 15.11.1965 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
868.	Andrey Vladimirovich YATSKIN (Андрей Владимирович ЯЦКИН)	Dáta Breithe: 25.4.1969 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
869.	Irek Ishmukhame-tovich YALALOV (Ирек Ишмухаметович ЯЛАЛОВ)	Dáta Breithe: 27.1.1961 Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

## ▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
870.	Andrei Nikolayevich YEPISHIN (Андрей Николаевич ЕПИШИН)	Dáta Breithe: 29.10.1967  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
871.	Gennady Vladimirovich YAGUBOV (Геннадий Владимирович ЯГУБОВ)	Dáta Breithe: 17.4.1968  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
872.	Anastasia Gennadyevna ZHUKOVA (Анастасия Геннадьевна ЖУКОВА)	Dáta Breithe: 8.11.1974  Inscne: baineann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
873.	Bair Bayaskhalanovich ZHAMSUYEV (Баир Баясхаланович ЖАМСУЕВ)	Dáta Breithe: 29.1.1959  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
874.	Nikolai Andreyevich ZHURAVLEV (Николай Андреевич ЖУРАВЛЁВ)	Dáta Breithe: 1.9.1976  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
875.	Viktor Viktorovich ZOBNEV (Виктор Викторович ЗОБНЕВ)	Dáta Breithe: 7.6.1964  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinntí rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ M59

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
876.	Igor Dmitryevich ZUBAREV (Игорь Дмитриевич ЗУБАРЕВ)	Dáta Breithe: 20.6.1966  Inscne: fireann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinní rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
877.	Olga Sergeyeвна ZABRALOVA (Ольга Сергеевна ЗАБРАЛОВА)	Dáta Breithe: 30.3.1980  Inscne: baineann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinní rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022
878.	Yelena Gennadyevna ZLENKO (Елена Геннадьевна ЗЛЕНКО)	Dáta Breithe: 20.6.1967  Inscne: baineann	Comhalta den Federation Council a dhaingnigh cinní rialtais maidir leis an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	9.3.2022

▼ M77

879.	Roman Arkadyevich ABRAMOVICH (Роман Аркадьевич АБРАМОВИЧ)	Dáta breithe: 24.10.1966  Áit bhreithe: Saratov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Mórphearsa gnó a bhfuil dlúth-cheangal aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin; mór-scair-shealbhóir in Evraz; iargh-obharnóir Chukotka  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann  Seoladh: 1 Lipovaya Aleya, Nemchinovo, Odinsovo district, Moscó, Cónaidhm na Rúise  Daoine aonair comhlachaithe: Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin	Mórphearsa gnó is ea Roman Abramovich a bhfuil dlúthchaidreamh aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin le fada an lá. Bhí rochtain phribhléideach aige ar an Uachtarán, agus choinnigh sé dlúthchaidreamh leis. A bhfuil leis an nasc sin leis an gceannaire Rúiseach bhí sé in ann a mhaoin nach beag a choimeád. Mór-scair-shealbhóir i ngrúpa cruach Evraz is ea é, grúpa atá ar cheann de na cáinócóirí is mó sa Rúis.  Dá bhrí sin, thairbhig sé de chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó Rúiseach é a oibríonn sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022
------	--	---	--	-----------

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
880.	<p>German Borisovich KHAN</p> <p>(Rúisis: Герман Борисович ХАН)</p>	<p>Dáta breithe: 24.10.1961</p> <p>Áit bhreithe: Cív, APSS (an Úcráin anois)</p> <p>Feidhm: Mórphearsa gnó a bhfuil dlúth-cheangal aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Duine de phríomh-scair-shealbhóirí Ghrúpa Alfa</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Putin, Mikhail Fridman, Petr Aven, Alexey Kuzmichev</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Grúpa Alfa, Alfa Bank</p>	<p>Is duine gnó Rúiseach é German Khan a bhfuil dlúthchaidreamh aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, cosúil lena chomhpháirtithe gnó, Mikhail Fridman agus Petr Aven. Le blianta fada, bhí sé ar ceann de phríomh-scair-shealbhóirí ABH Financial Limited, lena n-áirítear an mórbhanc Rúiseach, Alfa Bank. Bhí sé ina scairshealbhóir den ghnólacht infheistíochta LetterOne freisin. In 2022, agus é ag tabhairt aghaidh ar smachtbhannaí an Iarthair ina choinne, d'aistrigh sé úinéireacht a chuid scaireanna in ABH Financial Limited agus LetterOne chuig a chomhpháirtí gnó fadtéarmach, Andrei Kosogov. Lean sé de bheith ag bainistiú sócmhainní na gcuideachtaí sin atá bunaithe ar an Rúis. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Rinne sé garanna d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin mar chúiteamh ar thacaíocht pholaitiúil dá ghnó agus ar mhaithe le gnóthachain airgeadais. Thug Vladimir Putin luach saothair do Alfa Group Consortium as a dhílseacht d'údarais na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta eachtracha Alfa Group Consortium. Ina theannta sin bhí sé i measc na ndaoine gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar iarr sé ar lucht an ollrachmais 'an tírghrá a chur roimh an mbrabús'.</p> <p>Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile de Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, agus tairbhíonn sé de. Is príomhphearsa gnó é freisin a oibríonn sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	15.3.2022

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
881.	Viktor Filippovich RASHNIKOV (Rúisis: Виктор Филиппович РАШНИКОВ) Magnitogorsk Iron & Steel Works (MMK).	Dáta breithe: 13.10.1948 Áit bhreithe: Magnitorsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Mórphearsa gnó. Úinéir, cathaoirleach ar Bhord Stiúirthóirí agus cathaoirleach ar an Coiste Pleanála Straitéisí Magnitogorsk Iron & Steel Works (MMK) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Magnitogorsk Iron & Steel Works (MMK)	Pearsa gnó Rúiseacha is ea Viktor Rashnikov agus is é is úinéir agus cathaoirleach ar Bhord Stiúirthóirí an chomhlachta Magnitogorsk Iron & Steel Works (MMK). Tá MMK ar cheann de na cáiniocóirí is mó sa Rúis. Mhéadaigh an t-ualach cánach ar an gcuideachta le déanaí, rud a d'fhág go ndeachaigh fáiltas i bhfad níos airde isteach i mbuiséad stáit na Rúise. Faigheann Viktor Rashnikov tacaíocht ó Rialtas agus ó chinnteoirí na Rúise. Ina theannta sin bhí sé ar na daoine gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionscail agus frontair i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar iarr sé ar lucht an ollrachmais 'an tírghrá a chur roimh an mbrabús'. Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn féin den rialtas sin, ar rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022
882.	Alexey Viktorovich KUZMICHEV (ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich KUZMICHOV) (Rúisis: Алексей Викторович КУЗЬМИЧЁВ)	Feidhm: Mórphearsa gnó a bhfuil dlúthcheangal aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Duine de phríomh-scairshealbhóirí Ghrúpa Alfa. Dáta breithe: 15.10.1962 Áit bhreithe: Kirov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, Mikhail Fridman, Petr Aven, German Khan Eintitis chomhlachaithe: Grúpa Alfa, Alfa Bank	Mór-scairshealbhóir i gcuibhreannas Alfa Group is ea Alexey Kuzmichev, lena n-áirítear Alfa Bank, ar ceann de na cáiniocóirí is mó sa Rúis é. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Tá naisc sheanbhunaithe le huachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin aige. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d'údarais na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group. Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile de Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata 'Z' orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, agus tairbhíonn sé de. Is duine mór gnó Rúiseach é chomh maith atá ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in eamálacha eacnamaíocha a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022



▼ **M49**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
883.	Alexander Alexandrovich MIKHNEEV (Rúisis: Александр Александрович Михеев)	<p>Príomhoifigeach feidhmiúcháin JSC Rosoboronexport</p> <p>Dáta breithe: 18.11.1961</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: Fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Sergey Chemezov</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Rosoboronexport, Rostec, Federal Service of Military-Technical Cooperation</p>	<p>Tá Alexander Mikheev ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Rosoboronexport, an t-aon idirghabhálaí oifigiúil stáit atá ag an Rúis chun táirgí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí míleata agus dé-úsáide a onnmhairiú agus a allmhairiú. Is fochomhlacht de chuid Rostec é Rosoboronexport, corparáid atá faoi úinéireacht an stáit agus a dhéanann maoirseacht ar thaighde agus forbairt teicneolaíochtaí míleata, agus tá úinéireacht aici ar roinnt saoráidí táirgthe a bhfuil ról lárnach acu i gcur chun úsáide na dteicneolaíochtaí sin in oibríochtaí ar an láthair chatha. Is foinse thábhachtach ioncaim do rialtas na Rúise iad díolacháin arm. Úsáidtear iad freisin chun cuspóirí eacnamaíocha agus straitéiseacha na Rúise a chur chun cinn. Ó 2000 go dtí 2020 dhíol Rosoboronexport airm le custaiméirí eachtracha dar luach \$USD 180 billiún.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine mór gnó é agus tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	15.3.2022

▼ **M77**

884.	Alexander Nikolayevich SHOKHIN (Rúisis: Александр Николаевич ШОХИН)	<p>Dáta breithe: 25.12.1951</p> <p>Áit bhreithe: Savinskoye, Kirillovsky District, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Uachtarán ar Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair; Iar-Leas-Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtóirí Mechel PAO; Comhalta de Bhiúró na hArd-chomhairle den pháirtí polaitiúil ‘United Russia’</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Alexander Shokhin ina uachtarán ar Aontas na Rúise de lucht tionscail agus fiontair (RSPP) – brúghrúpa, a chuireann leasanna gnó sa Rúis chun cinn. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar an gComhairle Comhordaithe maidir le hIonadaíocht Allmhairithe agus Neamhspleáchas Teicneolaíochta RSPP. Tá sé ina iar-Leas-Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtóirí Mechel PAO chomh maith – ceann de na cuideachtaí móra mianadóireachta agus miotail Rúiseacha, a ghineann foinse ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tar éis don Rúis an Chrimé a ionghabháil, chuir Shokhin in iúl go poiblí gur gá níos mó infheistíochta Rúiseach a dhíriú ar an gCrimé chun aon bhac eacnamaíoch a d’fhéadfadh a bheith ann ón Iarthar a sháru. An 24 Feabhra 2022, d’fhreastail Shokhin ar chruinniú mhórphearsa gnósa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcrúinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na mórphearsa gnó a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p> <p>Léiríonn an méid sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é freisin in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	15.3.2022
------	---	---	--	-----------

## ▼ M49

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
885.	Andrey Valerievich RYUMIN (an Rúisis: Андрей Валерьевич Рюмин)	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Rosseti PJSC (ar a dtugtaí Russian Grids go dtí mí Lúnasa 2014), Cathaoirleach ar an mBord  Dáta breithe: 12.6.1980  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Andrey Ryumin, stiúrthóir feidhmiúcháin Rosseti PJSC, cuideachta arna rialú ag stát na Rúise, ar oibritheoir eangach fuinnimh é, a sholáthraíonn seirbhísí nasctha teicneolaíochta, tarchur leictreachais agus seirbhísí dáileacháin sa Rúis.  Thóg Rosseti PJSC fostáisiún “The Port”, a sholáthraíonn an tarraingt iarnróid do Dhroichead na Crimé, agus a fhriothálann ar chuid lasta tirim chalafort farraige Taman, chomh maith le mórbhealaí, go háirithe, mótarbhealach M25 Novorosiy- Caolas Kerch.  An 24 Feabhra 2022, d’fhreastail Ryumin ar chruinniú olagarc sa Kremlin le Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na n-olagarc a bhfuil dlúthchaidreamh acu le Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.  Léiríonn an méid sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é freisin in earnálacha eacnamaíochta a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022

## ▼ M77

886.	Armen Sumbatovich GASPARYAN (Rúisis: Армен Сумбатович ГАСПАРЯН)	Dáta breithe: 4.7.1975  Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Poiblítheoir, bolscaire, comhalta de bhord ‘Russia Today’, comhalta den Seomra Sibhialta  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá a chlár féin Nablyudeny ag Armen Gasparyan d’eagraíocht Rúiseach na meán Sputnik agus clár raidió aige ar ‘Vesti FM’. Foilsíonn sé leabhair agus closleabhair freisin agus feidhmíonn sé mar shaineolaí ar an gclár raidió Polnyi kontakt (‘Lán-teagmháil’) de chuid bholscaire eile Vladimir Solovyov. An 6 Aibreán 2023, ainmníodh é mar chomhalta de Sheomra Sibhialta Chónaidhm na Rúise.  Bíonn bolscaireacht Gasparian ag teacht le bolscaireacht na Creimile i gcónaí. Tá úsáid bainte aige as falláis loighciúla chun cúrsaí idirnáisiúnta a mhíniú, bhréagnaigh sé ceannasacht na hÚcráine ar an gCrimé, agus chosain sé gníomhaíochtaí na Rúise i gCaolas Kerch nuair a ghabh sí ártach Úcránach.  Leanann sé de bheith ag foilsiú bolscaireachta ar son na Rúise a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus séanann sé ceannasacht na hÚcráine go gníomhach.  Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.	15.3.2022
------	---	--	--	-----------

## ▼ M49

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
887.	Artyom/ Artem Grigoryevich SHEYNIN (an Rúisis: Артём Григорьевич ШЕЙНИН)	<p>Bolscaire Rúiseach agus láithreoir an chláir cainte <i>Vremya Pokazhet</i> [Is maith an scéalaí an aimsir] ar an mbealach státrialaithe Channel One. (an Rúisis: Первый канал)</p> <p>Dáta breithe: 26.1.1966</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, (Russian Federation)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p>	<p>Bolscaire Rúiseach agus láithreoir an chláir <i>Vremya Pokazhet</i> [Is maith an scéalaí an aimsir] ar an mbealach státrialaithe Channel One is ea Artyom Sheynin. Thug sé réitis uaidh ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus thug aitheantas do neamhspleáchas na réigiún dá ngairtear Daon-Phoblacht Donetsk agus Daon-Phoblacht Lugansk. Ina chraoltaí beo, cuireann Sheynin fuath eitneach chun cinn idir na hÚcránaigh agus na Rúiseach, déanann sé ceannasacht agus sláine chríochach na hÚcráine a shéanadh, agus déanann sé clúmhilleadh ar lucht freasúra Putin sa Rúis.</p> <p>Agus é ag caint an 24 Feabhra, 2022, an lá a thug an Rúis fogha míleata iomlán gan chúis gan údar faoin Úcráin, dúirt Sheynin go raibh oibríocht na Rúise san Úcráin dosheachanta agus gurbh é an cuspóir a bhí léi iallach a chur ar údarais na hÚcráine an tsíocháin a choinneáil.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.</p>	15.3.2022
888.	Dmitry Yevgenevich KULIKOV (an Rúisis: Дмитрий Евгеньевич КУЛИКОВ)	<p>Saineolaí an RF State Duma Committee on CIS Affairs and Relations with Compatriots.</p> <p>Léiritheoir scannán, láithreoir teilifíse agus raidió.</p> <p>Comhalta den Public Council faoi Ministry of Defense of the Russian Federation</p> <p>Dáta breithe: 18.11.1967</p> <p>Áit bhreithe: Shakhtyorsk, réigiún Donbas, Ukraine</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is bolscaire ar son an Kremlin é Dmitry Kulikov. Chuir sé tuairimí poiblí in iúl ar na cainéil teilifíse faoi úinéireacht stáit i gcomhréir le scéal Kremlin ar an staid i réigiún Donbas. Thug sé údar freisin le gníomhaíochtaí údarais na Rúise atá ag bagairt ar shláine agus ar cheannasacht chríochach na hÚcráine, amhail cur chun feidhme Chomhaontuithe Mhionsc a chur ar fionraí nó an cinneadh “poblachtaí neamhspleácha Donbas agus Luhansk” a aithint.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	15.3.2022

## ▼ M49

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
889.	Konstantin Lvovich ERNST (an Rúisis: КОНСТАНТИН ЛЬВОВИЧ ЭРНСТ)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Channel One Russia (an Rúisis: Первый канал) Dáta breithe: 6.2.1961 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Konstantin Ernst Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Channel One Russia – ceann de na cuideachtaí meán is mó de chuid na Rúise, atá in úsáid chun críocha bolscaireachta ag údaráis na Rúise le blianta fada anuas. Sa phost seo, tá sé freagrach as bolscaireacht fhrith-Úcráine údaráis na Rúise a eagrú agus a scaipeadh.  Ina theannta sin, bronnadh na gradaim Stáit is airde air, lena n-áirítear na horduithe “For Services to the Fatherland”, “Order of Friendship”, litreacha buíochais agus duaiseanna ón rialtas agus ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise, chomh maith leis an mbonn “To the participant of the military operation in Syria”.  Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin Is duine de na ceannairí gnó is mó é freisin in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022
890.	Marina Vladimirovna SECHINA (an Rúisis: Марина Владимировна СЕЧИНА)	Úinéir LLC “Stankoflot” Dáta breithe: 1962 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is iar-bhean chéile Igor Sechin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Rosneft, í Marina Sechina. D’úsáid sí naisc le gníomhaithe éagsúla i rialtas na Rúise agus i struchtúir ghnó na Rúise, lena n-áirítear lena hiar-fhear céile, chun sochair phearsanta.  Ghlac gnólachtaí ar le Sechina iad páirt san ullmhúchán do Chluichí Oilimpeacha an Gheimhridh in Sochi in 2014. Is léi LLC “Stankoflot”, a fhaigheann conarthaí gan tairiscint le State Corporation for Assistance to Development, Production and Export of Advanced Technology Industrial Product Rostec. Thairis sin, is í Head of FTSSR CJSC agus tá leas aici in RK-Telekom.  Dá bhrí sin, tairbhíonn sí de chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sí tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022

## ▼ M49

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
891.	Suleyman Abusaidovich KERIMOV (Rúisis: Сулейман Абусаидович КЕРИМОВ)	Dáta breithe: 12.3.1966 Áit bhreithe: Derbent, APSS Dagestan, (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Tá sé ina comhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach. Iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mórphearsa gnó Suleyman Kerimov agus tá sé ina comhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach. Is é iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow é. Meastar go bhfuil glanluach USD 9.8 billiún ag Kerimov agus a mhuintir. Fuair sé suimeanna móra airgid ó Sergei Roldugin, atá ina chúramóir ar shaibhreas Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin.  An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail Kerimov ar chruinniú mhórphearsa gnó sa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na mórphearsa gnó a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.  Dá bhrí sin, is duine de phríomhdhaoine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022
892.	Tigran Oganovich KHUDAVERDYAN (Тигран Оганесович ХУДАВЕРДЯН)	Dáta breithe: 28.12.1981 Áit bhreithe: Yerevan, APSS (an Airméin anois) Feidhm: Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus iar-Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Yandex NV Náisiúntacht: Airméanach Inscne: fireann	Is iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Yandex N.V. é Tigran Khudaverdyan, a d'éirigh as na poist sin tar éis don Aontas Eorpach é a ainmniú. Tá sé fós i measc na mbainisteoirí is mó ar Yandex, rud a fhágann go mbíonn lámh aige ag múnlu gníomhaíochtaí na cuideachta.  Is é Yandex an gnólacht teicneolaíochta is mó sa Rúis. Tugann sé ioncam cánach suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Sa bhliain 2019, d'aontaigh Yandex le hathstruchtúrú a thug 'scair órga' don Fhondúireacht Leasa Poiblí nuabhunaithe a tógadh chun 'leasanna Chónaidhm na Rúise a chosaint'. Tríd an bhFondúireacht Leasa Poiblí, tá Rialtas Chónaidhm na Rúise in ann crosadh a bheith acu thar liosta sainithe saincheisteanna.  Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lean Yandex beartas faisnéise agus cinsireacht Rialtas Chónaidhm na Rúise. Chomhlíon torthaí cuardaigh inneall cuardaigh Yandex éilimh údaráis na Rúise, nach léiríonn ach na foinsí a bhaineann le bolscaireacht Rúiseach ar son an chogaidh. Thairis sin, chabhraigh Yandex le suíomhanna gréasáin atá ag brú éileamh bréagach agus ar son na Rúise faoi ionradh na hÚcráine le brabús a dhéanamh trí fhógraíocht dhigiteach.	15.3.2022

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail Khudaveryan ar chruinniú mhórphearsa gnó sa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcrúinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na mórphearsa gnó a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p> <p>Is duine de phríomhdhaoine gnó é atá ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch a thugann foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus thacaigh sé go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine. Tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.</p>	
893.	Vladimir Valerievich RASHEVSKY / Vladimir Valeryevich RASHEVSKIY (Rúisis: Владимир Валерьевич РАСШЕВСКИЙ)	<p>Dáta bhríthe: 29.9.1973</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin &amp; Stiúrtóir ag EuroChem Group AG</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Vladimir Rashevsky ina iar-Phríomhfheidhmeannach agus ina Stiúrtóir ar EuroChem Group AG, agus d' éirigh sé as an bpost sin go foirmiúil tar éis dó a bheith liostaithe faoi bhearta sriantacha an Aontais, cé go leanann sé de thionchar a imirt trí chuideachtaí caocha. Tá EuroChem ar cheann de na táirgeoirí de leasacháin mianraí is mó ar domhan. Roimhe seo (idir 2004 agus 2020), bhí sé ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar chuideachta ghuail JSC SUEK. Is iad seo cuideachtaí móra na Rúise – faoi comhúinéireacht Aleksandra Melnichenko, bean chéile an bhilliúnaí Rúisigh, Andrei Melnichenko – a ghineann agus a thugann foinsé shuntasach airgeadaí do rialtas na Rúise. Oibríonn siad i gcomhar le húdarais na Rúise freisin, lena n-áirítear Vladimir Putin. Sholáthair cuideachtaí Eurochem Group nítráit amóinia do na limistéir Donbas atá faoi fhorghabháil. Shínigh SUEK conarthaí le sanatóirí na Crimé i gcomhair chlár sláinte fostaithe.</p> <p>Dá bhrí sin, tá sé ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, nó ag baint tairbhe as, Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p> <p>An 24 Feabhra 2022, d' fhreastail Rashevsky ar chruinniú olagarc sa Kremlin le Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcrúinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na n-olagarc a bhfuil dlúthchaidreamh acu le Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.</p>	15.3.2022



## ▼ B

## ▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
894.	Alexey Yevgenevich FILATOV  (Алексей Евгеньевич ФИЛАТОВ)	Dáta breithe: 12.2.1983  Feidhm: Ceann ar Russian Presi- dential Adminis- tration’s Direc- torate of Cross- Border Cooper- ation  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Alexey Filatov Ceann Russian Presidential Administration’s Directorate of Cross-Border Cooperation. Is oifigeach ardchéime de chuid na Creimile é atá freagrach as beartas foghach na Creimile a chomhordú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tionchair urchóidigh, i leith na hÚcráine agus réigiúin Donetsk agus Luhansk atá faoi fhorghabháil.  Ina cháil mar Cheann ar Stiúrthóireacht Riaracháin Uachtaránachta na Rúise um Chomhar Trasteorann, tá baint dhíreach ag Filatov le forbairt agus cur chun feidhme an bheartais atá faoi stiúir na Creimile maidir le Donetsk agus Luhansk a scaradh ón Úcráin.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
895.	Igor Venediktovich MASLOV  (Игорь Венедиктович МАСЛОВ)	Dáta breithe: 18.10.1960  Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation  Feidhm: Oifigeach den Russian Presi- dential Administra- tion le Russian Foreign Intel- ligence Service’s (SVR)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is oifigeach fadtéarmach leis an Russian Presidential Administration é Igor Maslov agus cúlra aige ag obair leis an Russian Foreign Intelligence Service (SVR), atá freagrach as beartas agus gníomhaíochtaí treascracha na Creimile i gcoinne “i ngar thar lear” na Rúise (críocha iar-Shóivéad-acha), mar a ghairtear de. Deirtear go gcuireann sé comhairle a chur ar an Uachtarán Putin maidir leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an Ossetia Theas agus áirítear é ar ghrúpa daoine a chuireann comhairle ar Putin maidir leis an Úcráin.  Ina cháil mar Cheann ar Russian Presidential Administration’s Directorate of Interregional and Cultural Ties with Foreign Countries, thréaslaigh Maslov le daoine ó Fhórsaí Oibríochtaí Speisialta (SPO) na hAireachta Cosanta, a raibh ról lárnach acu in ionghabháil neamhdhleathach Leithinis na Crimé.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
896.	Viatcheslav Moshe KANTOR  (Вячеслав Моше Кантор)  (ar a dtugtar freisin Viatcheslav Vladimi- rovich KANTOR)  (ar a dtugtar freisin Вячеслав Владимирович Кантор)	Dáta breithe: 8.9.1953  Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Scair- shealbhóir mór den Acron Group, a thrádáltear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leas- acháin is mó sa Rúis é  Náisiúntacht: Rúiseach, Iosraelach agus Briotanach  Inscne: fireann	Mórphearsa gnó Rúiseach is ea Viatcheslav Kantor agus is úinéir tairbheach é den Acron Group, a liostaítear go poiblí, ar ceann de na táirgeoirí leasacháin is mó sa Rúis é. Tá dlúthcheangal aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. A bhui leis an gceangal sin le hUachtarán na Rúise bhí sé in ann a mhaoin nach beag a choimeád. Is iomaí uair a d’hearbhaigh sé go poiblí a thacaíocht d’Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chomh maith lena chairdeas leis, agus tá dea-chaidreamh leis an gCreimil.  Dá bhrí sin, thairbhí sé de chinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithinis na Crimé nó as díchoibhsú na hÚcráine. Tá sé ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseacha chomh maith atá ag feidhmiú sa Rúis agus is duine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithinis na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	8.4.2022

## ▼ M77



## ▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
897.	<p>Aleksei Viktorovich PIMANOV</p> <p>(Алексей Викторович ПИМАНОВ)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich PIMANOV; Alexei PIMANOV; Aleksey PIMANOV)</p>	<p>Dáta breithe: 9.2.1962</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation</p> <p>Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Managing Organisation “Creative Association Red Star”; Ceann an Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Bolscaire is ea Aleksei Pimanov agus tá sé ina Cheann ar Krasnaya Zvezda media holding, ar le hAireacht Chosanta na Rúise é D’iarr an tAire Cosanta, Sergey Shoygu, go pearsanta ar Pimanov a bheith ina Cheann ar Krasnaya Zvezda. Bunaíodh an eagraíocht meán le foraithe Aire Cosanta na Rúise agus rialaíonn sé an cainéal feidearálach teilifíse Zvezda.</p> <p>Ar an dul céanna le cainéil eile na meán atá faoi rialú na Creimile, scaipeann Zvezda bréagaisnéis go rialta maidir leis an bhfogha mhíleata gan chúis a thugann an Rúis faoin Úcráin faoi láthair agus baineann sé an bonn d’iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus cuireann sí tacaíocht ríthábhachtach na meán ar fáil d’fhogha foréigneach na Rúise. Ina cháil mar chomhalta de chomhairle na meán de Chumann Geografach na Rúise, tá dlúththeagmhálacha ag Pimanov le hoifigigh shinsearacha de chuid na Creimile amhail Alexey Gromov, Dmitry Peskov agus Sergey Shoygu.</p> <p>In 2017, rinne Pimanov an scannán bolscaireachta “Crimea” a stiúradh agus a léiriú, ina gcosnaítear agus a mholtar an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar Leithnis na Crimé.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	8.4.2022
898.	<p>Igor Yurievich KOROTCHENKO</p> <p>(Игорь Юрьевич КОРОТЧЕНКО)</p>	<p>Dáta breithe: 15.2.1960</p> <p>Áit bhreithe: Riga, Latvia</p> <p>Feidhm: Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation Eagarthóir ceannais an National Defence magazine; Stiúrthóir an Centre for Analysis of the World Arms Trade; Saineolaí míleata; Grád míleata – Coiméal Cúlta.</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is minic a ghlacann Igor Korotchenko, Cathaoirleach an Public Council faoi Ministry of Defence of the Russian Federation, páirt i bpríomhchláir teilifíse bolscaireachta na Rúise mar shaineolaí cúrsaí cosanta agus beartais eachtraigh. Tá cáil ar Igor Korotchenko as a ráitis fhoghacha dhímheasúla i gcoinne iomláine chríochach na hÚcráine agus gríosáíonn sé coimhlint mhíleata idir Cónaidhm na Rúise agus an tIarthar, lena n-áirítear an Úcráin. Ar a ardáin meán sóisialta nó ar a chlár teilifíse, iarrann sé go ndéanfaí an an Úcráin a “dí-naitsiú” agus a dhímhíleatú agus go ndéanfaí an Úcráin a aontú leis an Rúis (“a haontas bráithreachais stairiúil”), á rá go bhfuil an Úcráin mar chuid de “domhan na Rúise”.</p> <p>Ar alt a foilsíodh an 24 Feabhra 2022, dúirt Igor Korotchenko gurb é cúram na Rúise san Úcráin an Úcráin a dhímhíleatú, agus miníonn sé go bhfuil an Úcráin ina bagairt dá daonra féin agus do Chónaidhm na Rúise, agus do limistéir Donetsk agus oblast Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú an rialtais. Is é an cuspóir atá leis an oibríocht, de réir Igor Korotchenko, an fhéidearthacht ceannas láraithe agus smacht na dtrúpaí a bhaint d’fhórsaí armtha na hÚcráine, gréasán aerpháirc mhíleata na hÚcráine a dhíchumasú, chomh maith le poist aerchosanta agus diúracáin oibríochtúla a scriosadh.</p>	8.4.2022

▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	

▼ M69

--	--	--	--	--

▼ M50

900.	Oleg Borisovich DOBRODEEV (Олег Борисович ДОБРОДЕЕВ)	Dáta breithe: 28.10.1959 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Feidhm: Ard-Stiúrthóir an All-Russian State Television and Radio Broadcasting Company (VGTRK) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Oleg Dobrodeev Ard-Stiúrthóir na heagraíochta meán is mó atá faoi úinéireacht an stáit sa Rúis. Ghlac sé páirt ghníomhach i mbolscaireacht na Creimile trí fhaisnéis cham a chruthú agus a scaipeadh ar mhaithe le ceannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise.  Is é Oleg Dobrodeev an tionscnóir agus príomhruthaitheoir an chainéil teilifíse stáit Rossiya-24 agus úinéir an chainéil teilifíse Russia -1. Is iad na bealaí sin na príomhbhealóga de bholscaireacht an stáit, a chomhlíonann go héifeachtach an cúram réimeas Putin a neartú agus bolscaireacht a chur ar fáil dá bheartais fhoghacha intíre agus eachtracha, lena n-áirítear oibríochtaí míleata san Úcráin. Pléitear ar na cainéil seo todhchaí Úcráine a bheadh deighilte agus na “poblachtaí óga”, teipeanna na n-athchóirithe ar uachtaráin na hÚcráine, agus déantar beag de ghníomhaíochtaí uile údarais na hÚcráine nó déantar iad a cháineadh.  Glacann Oleg Dobrodeev páirt i gcrúinnithe de Administration of the President of the Russian Federation, ag a dtugtar teoracha do cheannairí phríomhmheáin an Stáit.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
------	---	---	---	----------

▼ M77

--	--	--	--	--

▼ M50

902.	Pavel Nikolayevitch GUSEV (Павел Николаевич Гусев)	Dáta breithe: 4.4.1949 Feidhm: Bolscaire, eagarthóir agus úinéir “Moskovskiy Komsolets” Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Pavel Nikolayevitch Gusev ina cheann ar phríomhtháblóideach na Rúise, “Moskovskiy Komsolets”, a thacaíonn le hinsint agus gníomhaíochtaí na Creimile a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.  Tá dlúthcheangal aige le hAireacht Chosanta na Rúise agus is ábhar muiníne agus tacaíochta don Uachtarán Vladimir Putin é. Fuair sé boinn oimigh éagsúla agus tacaíocht oifigiúil i dtoghcháin 2018, rud a dhearbhaíonn go dtacaíonn sé go gníomhach le Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022
------	---	--	--	----------

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	

▼ **M77**

903.	<p>Elena Petrovna TIMCHENKO (ERMAKOVA (YERMAKOVA) a hainm baiste)</p> <p>Елена Петровна Тимченко (ЕРМАКОВА))</p>	<p>Feidhm: Comhuachtarán an Foundation Timchenko</p> <p>Náisiúntacht: Rúisis, Fionlainnis</p> <p>Duine aonair comhlachaithe: Gennady Timchenko (fear céile)</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Elena Timchenko bean chéile Gennady Timchenko, a bhfuil aithne aige le fada ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus é ar dhuine dá rúnchairde.</p> <p>Déanann sí gníomhaíochtaí gnó, in éineacht lena fear céile, tríd an gcuideachta eastát réadach Sci Ruth agus an gcuideachta Maples S.A., agus fuair sí eastát réadach i gcomhpháirt lena fear céile, rud a léiríonn ceangail thábhachtacha maoinne eatarthu.</p> <p>Ina theannta sin, glacann sí páirt i ngnóthaí poiblí a fir chéile tríd na fondúireachtaí Neva Foundation agus Timchenko Foundation, a bhunaigh sí lena fear céile agus bhfuil ról tábhachtach aici ann agus dlúthbhaint aici ann lena fear céile. Ina theannta sin, déanann an Fhondúireacht Neva cuid dá gníomhaíochtaí i bpáirt leis an ngrúpa infheistíochta Volga Group a chuireann go mór leis an ngeilleagar na Rúise agus a forbairt, grúpa a bhunaigh Gennady Timchenko, atá ar cheann de na scairshealbhóirí ann. Dá bhrí sin, baineann Elena Timchenko tairbhe as a fear céile, go háirithe ó thaobh staid shóisialta agus téarmaí airgeadais de. Tá baint aici, dá bhrí sin, le Gennady Timchenko, atá liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ar na forais, <i>inter alia</i>, go bhfuil sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a thabhairt do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as na cinnteoirí sin.</p>	8.4.2022
------	--	---	---	----------

▼ **M50**

904.	<p>Maria Vladimirovna VORONTSOVA (PUTINA a hainm báiste)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Mariya VORONTSOVA; Maria FAASSEN)</p> <p>(Мария Владимировна ВОРОНЦОВА)</p>	<p>Dáta breithe: 28.4.1985</p> <p>Feidhm: Is comhúinéir 20 % í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúibil air</p> <p>Duine aonair comhlachaithe: An tUachtarán Vladimir Putin (athair)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Maria Vladimirovna Vorontsova an iníon is sine le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES.</p> <p>Is comhúinéir í den chuideachta Nomenko a bhfuil baint aici leis an tionscadal infheistíochta príobháidí is mó sa Rúis i gcúram sláinte, agus meastar go bhfuil luach 40 billiún rúibil air Tá tairbhe á baint aici as Cónaidhm na Rúise agus tá sí bainteach le hearnálacha eacnamaíochta a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	8.4.2022
------	---	---	---	----------

▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
▼ <u>M69</u>				
905.	Anton Valerevich KUPRIN (Куприн Антон КУПРИН)	Feidhm: Captaen ar an bhfrigéad ‘Admiral Essen’ de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise  Dáta Breithe: b’ fhéidir. 3.8.1978  Inscne: fireann	Is é Anton Valerevich Kuprin captaen ‘Admiral Essen’ de chuid fhlít Mara Duibhe na Rúise. Tá an frigéad ‘Admiral Essen’ ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí cogaidh atá á ndéanamh ag an Rúis sa Mhuir Dhubh. Dá bhri sin, tá Anton Valerevich Kuprin freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’ iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
▼ <u>M59</u>				
▼ <u>M50</u>				
907.	Mikhail Alexandrovich BABAKOV (Михаил Александрович БАБАКОВ)	Dáta breithe: 7.2.1994  Duine aonair comhlachaithe: Aleksandr Babakov (athair), Leas-Chathaoirleach ar an State Duma  Inscne: fireann	Is é Mikhail Alexandrovitch Babakov mac Aleksandr Babakov, Leas-Chathaoirleach ar an State Duma, duine a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Tá sócmhainní móra i seilbh Mikhail Alexandrovitch Babakov In éineacht lena athair. Is úinéir agus bainisteoir é ar chuideachta eastáit réadaigh sa Fhrainc, trína bhainistíonn sé maoiné éagsúla, teach dar luach 11 mhilliún euro gar do Versailles san áireamh. Thairis sin, is ionann an seoladh atá aige féin agus ag a athair. Dá bhri sin, tá Mikhail Alexandrovitch Babakov comhlachaithe le Aleksandr Babakov agus tá sé ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <u>M77</u>				
908.	Kirill Nikolayevich SHAMALOV (Кирилл Николаевич ШАМАЛОВ)	Dáta breithe: 22.3.1982  Áit bhreithe: Leiningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Leas-chathaoirleach bhord bainistíochta Sibur Holding PJSC  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá Kirill Shamalov ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta agus tá sé freagrach as forbairt inbhuanaithe laistigh de Choiste Bainistíochta Sibur Holding PJSC, an chuideachta pheitricimiceach comhtháite is mó sa Rúis. D’fhan sé ina scairshealbhóir de Sibur Holding agus choinnigh sé post bainistíochta sa chuideachta. Ina theannta sin, tá sé ag baint tairbhe as a naisc phearsanta leis an gCreimil agus bhí poist shinsearacha aige i go leor cuideachtaí móra Rúiseacha.  Dá bhri sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
909.	Igor Albertovich KESAEV  (Игорь Альбертович КЕСАЕВ)	Dáta breithe: 30.10.1966  Áit bhreithe: Vladikavkaz, North Ossetia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Úinéir agus uachtarán Mercury Group  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is scairshealbhóir é Igor Kesaev in Mercury Group agus is é an t-iar-úinéir é, cuideachta a bhí comhlachaithe le Megapolis Group, an príomhdháileoir tobac i gCónaidhm na Rúise. Tá naisc aige le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus lena fórsaí slándála trí Monolit Fund, atá á reáchtáil ag iar-oifigigh de chuid sheirbhísí slándála Chónaidhm na Rúise, agus a chuireann cúnaimh airgeadais ar fáil d'oifigigh seirbhíse slándála agus do phearsanra míleata atá ar scor.  Is scairshealbhóir mór é de Mercury Group agus Megapolis Group, chomh maith le cuideachtaí JSC 'Turbokholod' agus LLC 'Consensus-R', a rannchuidíonn le Ciste Monolit. Thairis sin, tríd an leas a bhí aige sa ghnólacht infheistíochta OOO Globalvoyentreyding, ba é an príomh-scairshealbhóir de Degtyarev Plant é, comhlacht Rúiseach a tháirgeann airm a úsáideann fórsaí armtha na Rúise. Tá scaireanna aige sna slabhraí alcóil, Red & White agus Bristol agus dearbhaíonn sé smacht ar an International Tobacco Group LLC.  Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tacaíonn sé go hábhartha agus baineann sé tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise.	8.4.2022

▼ **M50**

910.	Alexander Nikolaevich ПЕТАУКИН  (Александр Николаевич ПЕТАЙКИН)	Dáta breithe: 24.5.1987  Áit bhreithe: Orenburg, Orenburg Oblast, Russian Federation  Feidhm: Úinéir agus ardstiúrthóir gnólachtaí tógála bóthair "OOO Vector" agus "Trans Sroy"  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Alexander Nikolaevich Petaykin úinéir agus ardstiúrthóir gnólachtaí tógála bóithre "OOO Vector" agus "Trans Sroy", a bhfuil baint acu le cur chun feidhme tionscadal poiblí de chuid na rialtais réigiúnacha in Orenburg agus Bashkortostan.  Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é a bhaineann tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	8.4.2022
------	--	---	---	----------

▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <u>M77</u>				
▼ <u>M69</u>				
912.	<p>Ekaterina Vladimirovna TIKHONOVA</p> <p>(Yekaterina Vladimirovna Putina a hainm báiste)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Yekaterina, Katerina)</p> <p>(Катерина Екатеринбургна Владимировна ТИХОНОВА)</p>	<p>Dáta Breithe: 31.8.1986</p> <p>Áit Bhreithe: Dresden, Germany</p> <p>Feidhm: Ceannaire ar an tionscnamh forbartha Innopraktika; Comhchathaoirleach ar an gcomhairle chomhordaithe le haghaidh ionaduithe allmhairithe ag Russian Union of Industrialists and Entrepreneurs.</p> <p>Duine aonair comhlachaithe: Uachtarán Vladimir Putin (athair)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Is í Ekaterina Vladimirovna Tikhonova iníon an Uachtaráin Vladimir Putin. Bhí sí i gceannas tráth ar an institiúid nua intleachta saorga in Moscow State University, a mhaoinítear le cistí stáit. Is í atá i gceannas faoi láthair ar an tionscnamh forbartha Innopraktika, arna mhaoiniú ag cuideachtaí tábhachtacha de chuid Chónaidhm na Rúise arb iad comhaltá de dhlúthchiorcal na n-olagarc atá gar don Uachtarán Putin stiúrthóirí na gcomhlachtaí sin. Tá sí ina comhchathaoirleach freisin ar an gcomhairle chomhordaithe le haghaidh ionaduithe allmhairithe ag Russian Union of Industrialists and Entrepreneurs.</p> <p>Dá bhrí sin, tá tairbhe á baint aici as Cónaidhm na Rúise agus tá sí bainteach le daoine a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinsé shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Thairis sin, tá sí comhlachaithe lena hathair, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus tacaíonn sé go gníomhach leis na gníomhaíochtaí sin.</p>	8.4.2022
▼ <u>M77</u>				
913.	<p>Evgeny Borisovich ZUBITSKIY</p> <p>(Евгений Борисович ЗУБИЦКИЙ)</p>	<p>Dáta breithe: 10.3.1968</p> <p>Áit bhreithe: Kemerovo, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Fiontraí, comhúinéir agus cathaoirleach bhord agus POF Industrial Metallurgical Holding (PMH)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Evgeny Zubitskiy comhúinéir agus cathaoirleach bhord agus POF Industrial Metallurgical Holding (PMH). Is scairshealbhóir é sa Koks Group, máthairghnóthas PMH agus an tairgeoir is mó sa Rúis de chóc indíolta, arna bhunú ag an bhfeisire sa Dúma stáit Boris Zubitsky.</p> <p>Is duine de na príomhdhaoine gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis, dá bhrí sin, agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
914.	Sergey Vladimirovich МИХАЙЛОВ  (ar a dtugtar freisin Sergei МИХАЙЛОВ)  (Сергей МИХАЙЛОВ)	Dáta breithe: 17.3.1971  Áit bhreithe: Arkhangelsk, Russian Federation  Feidhm: Ardstiúrthóir ar an Russian News Agency TASS  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Sergey Mikhailov an t-ardstiúrthóir ar an Russian News Agency TASS – an ghníomhaíocht nuachta is mó sa Rúis, a scaipeann trína líonra ollmhór ionadaíochtaí eachtracha (70 oifig sa Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus 68 mbiúro ar fud an domhain) faisnéis cham maidir leis an Úcráin, rud a fhónann do leasanna cheannaireacht pholaitiúil Chónaidhm na Rúise.  Bhronn an tUachtarán Vladimir Putin an Order of Friendship air. Tá Sergey Mikhailov san áireamh i gcúlchiste pearsanra Uachtarán na Rúise.  Dá bhrí sin, bíonn sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	8.4.2022
915.	Alexander Alex- androvich MALKEVICH  (Александр Александрович МАЛЬКЕВИЧ)	Dáta breithe: 14.7.1975  Áit bhreithe: St. Petersburg, Russian Federation  Feidhm: An chéad leas-chathaoirleach ar an Public Chamber of the Russian Federation for the Develop- ment of the Information Community, Media and Mass Communications. Ardstiúrthóir ar an gcainéal Saint Petersburg TV ó mhí Eanáir 2021 i leith.  Uimhir pas/uimhir aitheantais: Pas 717637093, Uimhir Aitheantais Náisiúnta Uimh. 781005202- 108  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is bolscaire Rúiseach é Alexander Malkevich, Ard-Stiúrthóir ar an gcainéal Saint Petersburg TV, agus an chéad leas-chathaoirleach ar an Public Chamber of the Russian Federation for the Development of the Information Community, Media and Mass Communications.  An 25 Feabhra 2022, dúirt Malkevich gur “oibríocht speisialta” é an fogha míleata atá ar siúl faoi láthair faoin Úcráin dar cuspóir an Úcráin a dhí-naitsiú agus nach cuspóir dó an tír a urghabháil. An 16 Márta 2022, d’fhreastail Malkevich ar chruinniú Public Chamber of the Russian Federation maidir le ‘Information warfare escalation: defending Russia's interest’, áit ar pléadh a thábhachtaí atá sé faisnéis fhirinneach a chur amach ionas go dtuigfeadh daoine cén fáth a ndearnadh an cinneadh “oibríocht speisialta” a sheoladh san Úcráin agus cad is cuspóir di.  Dá bhrí sin, bíonn sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	8.4.2022
▼ <b>M59</b>				
▼ <b>M77</b>				
917.	Musa Yusupovich BAZHAEV  (Муса Юсупович БАЖАЕВ)	Dáta breithe: 11.5.1966  Áit bhreithe: Achkoj Martan, Seisnia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)	Is é Musa Bazhaev an tUachtarán ar an JSC Alliance Group, arb iad na príomhchliant atá acu, na hionadaithe is mó ó thionscail an gháis agus na hola, ó na saoráidí tionsclaíocha, ón earnáil teileachumarsáide agus ó fhóntais tithíochta agus phoiblí.	8.4.2022



## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
		<p>Feidhm: duine gnó Rúiseach; faoi láthair is é an t-uachtarán ar an Moscow Alliance group ar leis sócmhainní i ngnólachtaí ola, tógála, teicstíle, bia, airgeadais, agus meán; iarChathaoirleach ar Russian Platinum</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Ina theannta sin, tá sé ina iarChathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí Russian Platinum, a aithníodh mar cheann de phríomhchuideachtaí mianadóireachta na Rúise a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. In 2021, shínigh VEB.RF, VTB Group agus Russian Platinum meabhrán intinne chun taise mianaigh nicile-copair-platanaim de chuid Chernogorsk i réigiún Krasnoyarsk a mhaoiniú. Bhí an searmanas sínithe ar siúl le linn Fhóram Idirnáisiúnta Eacnamaíoch Chathair Pheadair agus Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, i láthair. Tá Musa Bazhaev ar dhuine de na príomhphearsa gnó a fheidhmíonn sa Rúis, agus is é duine de na 200 Rúiseach is saibhre, agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint ag Musa Bazhaev le VEB.RF, institiúid forbartha airgeadais Rúiseach a thugann tacaíocht ghníomhach, ábharach nó airgeadais, do chinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe astu sin.</p>	
1919.	<p>Serguey Achotovich MNDIOANTS</p> <p>(Сергей Ашотович МНДОЯНЦ)</p>	<p>Dáta breithe: 21.9.1961</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Feidhm: Pearsa gnó Rúiseach ag feidhmiú mar leas-uachtarán na hilchuideachta AFK Sistema; Bunaitheoir an ghnólachta comhairliúcháin VLM Invest</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is iar-leas-uachtarán feidhmiúcháin é Serguey Mndoiants atá i gceannas ar chaidreamh rialtais don ilchuideachta Rúiseach AFK Sistema PAO, atá gníomhach in earnáil na teileachumarsáide agus na teicneolaíochta faisnéise. Tá Serguey Mndoiants ina iar-leas-uachtarán sinsearach ar VLM Invest, agus ina scairshealbhóir de, gnólacht comhairliúcháin a fheidhmíonn mar idirghabhálaí idir cuideachtaí príobháideacha agus comhlachtaí rialtais Chónaidhm na Rúise. Tá scaireanna aige freisin sa First Independent Rating Agency (Fira) agus san Fhondúireacht Phoiblí Réigiúnach um Fhorbairt Comhar Gnó agus Fiontraíochta. Is comhalta é Serguey Mndoiants de bhord na Comhairle um an mbeartas eachtrach agus cosanta (SVOP), meitheal machnaimh a chuireann comhairle ar Rialtas Chónaidhm na Rúise maidir le seoladh an bheartais eachtraigh agus cosanta.</p> <p>Dá bhri sin, is príomhphearsa gnó é freisin a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	8.4.2022

▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
920.	Boris Romanovich ROTENBERG  (Борис Романович ПОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 3.1.1957  Áit bhreithe: St. Petersburg, Russia Federation  Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (deartháir), Igor Rotenberg (nia)  Eintitis chomhla- chaithe: SGM (Stroygazmontazh), SMP Bank, Gazprom Drillings  Náisiúntacht: Rúisis, Fionlainnis  Inscne: fireann	Fear gnó Rúiseach agus billiúnaí é Boris Rotenberg, agus is é deartháir Arkady Rotenberg, fear gnó Rúiseach agus billiúnaí, scairshealbhóir den chuideachta Gazprom Drilling atá faoi úinéireacht stáit agus comh-úinéir SGM Group (Stroygazmontazh). Tá dlúthbhaint ag muintir Rotenberg leis an Uachtarán, Vladimir Putin. Tá Boris Rotenburg ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí SMP Bank agus tá sé ar cheann de scairshealbhóirí móra Gazprom Drillings a fuair conarthaí stáit móra a bhuíochas dá dhlúthcheangail le hUachtarán Putin. Dá bhrí sin, tá Boris Rotenberg ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá siad araon freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Putin, atá siad beirt liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022

▼ M77

921.	Igor Arkadyevich ROTENBERG  (Игорь Аркадьевич ПОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 9.5.1973  Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)  Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (athair), Boris Rotenberg (uncail)  Eintitis chomhla- chaithe: SGM Group (Stroygaz- montazh), Gazprom Drilling, NPV Engineering Group  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is mórphearsa ghnó Rúiseach é Igor Rotenberg, is é mac is sine agus oidhre Arkady Rotenberg, mórphearsa ghnó Rúiseach agus iar-chomh-úinéir SGM (Stroygazmontazh) Group. Tá sé ina iar-úinéir ar Gazprom Drilling agus scairshealbhóir in Platon Electronic Toll Collection. Tá dlúthbhaint ag muintir Rotenberg le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Mar gheall ar na poist atá agus a bhí aige i bpríomhfhiontair na Rúise, a bhfuil conarthaí móra stáit faighte acu, agus a dhlúthnaisc le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, leanann Igor Rotenberg de bheith ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, is duine nádúrtha é a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, atá siad beirt liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	8.4.2022
------	--	---	---	----------

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
922.	Ekaterina IGNATOVA (ar a dtugtar freisin Jekatarina Ignatova) (Екатерина ИГНАТОВА)	Dáta breithe: 1968 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Daoine aonair comhlachaithe: Sergei Chemezov (fear céile) Anastasia Ignatova (iníon) Lyudmila Rukav- ishnikova (máthair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Ekaterina Ignatova bean chéile Sergei Chemezov, POF chorparáid stáit na Rúise, Rostec (an Chorparáid Stáit um Fhorbairt, Táirgeadh agus Onnmhairiú Táirgí Ardteicneolaíochta a chur chun cinn). Mar bhean chéile Sergei Chemezov, tá sócmhainní móra ag Ekaterina Ignatova atá nasctha leis. Ar dhearbhú sócmhainne poiblí is déanaí Sergei Chemezov in 2019, áiríodh ioncam bliantúil USD 24 mhilliún Ekaterina Ignatova.  Is garghaol Ekaterina Ignatova a bhaineann tairbhe as a fear céile Sergei Chemezov.	8.4.2022
923.	Anastasia IGNATOVA (Анастасия ИГНАТОВА)	Daoine aonair comhlachaithe: Sergei Chemezov (leasathair) Ekaterina Ignatova (máthair) Lyudmila Rukav- ishnikova (seanmháthair) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Anastasia Ignatova leasiníon Sergei Chemezov, POF chorparáid stáit na Rúise, Rostec (an Chorparáid Stáit um Fhorbairt, Táirgeadh agus Onnmhairiú Táirgí Tionscail Ardteicneolaíochta a chur chun cinn).  Mar leasiníon Sergei Chemezov, tá sócmhainní móra aici atá nasctha leis trí chuideachtaí eischósta. Bhí an bád 85 mhéadar ‘Valerie’, ar fiú USD 140 milliún (níos mó ná RUB 10 billiún) é, faoi úinéireacht ag Anastasia Ignatova go foirmiúil trí chuideachta ar Ógh-Oileáin na Breataine ar a dtugtar Delima Services Limited. Ina theannta sin, is tairbhí í de chuideachtaí eischósta a bhfuil na céadta milliún dollar i sócmhainní acu.  Is garghaol Anastasia Ignatova a bhaineann tairbhe as a leasathair Sergei Chemezov.	8.4.2022
924.	Lyudmila RUKAV- ISHNIKOVA	Daoine aonair comhlachaithe: Sergei Chemezov (cliamhain) Ekaterina Ignatova (iníon) Anastasia Ignatova (gariníon) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Lyudmila Rukavishnikova máthair chéile Sergei Chemezov, POF chorparáid stáit na Rúise, Rostec (an Chorparáid Stáit um Fhorbairt, Táirgeadh agus Onnmhairiú Táirgí Tionscail Ardteicneolaíochta a chur chun cinn). Mar mháthair chéile Sergei Chemezov, tá sócmhainní móra aici atá nasctha leis, lena n-áirítear scaireanna cuideachtaí ar leo maoin a úsáideann Rostec.  Is garghaol Lyudmila Rukavishnikova a bhaineann tairbhe as a mac céile Sergei Chemezov.	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
925.	Yuri Borisovich SLYUSAR (Юрий Борисович СЛЮСАРЬ)	<p>Dáta breithe: 20.7.1974</p> <p>Áit bhreithe: Rostov-on-Don, Russian Federation</p> <p>Feidhm: Uachtarán United Aircraft Corporation (UAC); iar-Leas-Aire Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise</p> <p>Duine aonair comhlachaithe: An tUachtarán Vladimir Putin</p> <p>Eintiteas comhlachaithe: United Aircraft Corporation</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Yuri Slyusar Uachtarán United Aircraft Corporation (UAC) agus iar-Leas-Aire Tionscail agus Trádála. Is cuideachta comhair aeraspáis agus cosanta de chuid na Rúise é UAC atá faoi úinéireacht stáit den chuid is mó laistigh de Rostec, a bhunaigh Uachtarán Putin, ar dtús. Ina cháil mar Uachtarán ar UAC, tá Yuri Slyusar ar cheann de na príomhghníomhaithe i dtionscal agus in earnáil cosanta na Rúise a bhfuil dlúthnaisc aige le Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is duine de phríomhdhaoine gnó é Yuri Slyusar a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha Rialtas Chónaidhm na Rúise agus thacaigh sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus bhain sé tairbhe as.</p>	8.4.2022
926.	Said KERIMOV	<p>Dáta breithe: 6.7.1995</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Feidhm: Oidhre Suleiman Kerimov, Comhalta den choiste Straitéise agus Bord Stiúirthóir Polyus</p> <p>Duine aonair comhlachaithe: Suleiman Kerimov (athair)</p> <p>Eintiteas chomhlachaithe: Polyus</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Said Kerimov mac Suleiman Kerimov. Is billiúnaí atá lonnaithe sa Rúis é Suleiman Kerimov, bunaitheoir Suleiman Kerimov Foundation agus is ionadaí é ó Republic of Dagestan i gComhairle Chónaidhme na Rúise. D'aistrigh Suleiman Kerimov cuid mhór dá shócmhainní, lena n-áirítear a scair den táirgeoir óir is mó sa Rúis, Polyus Gold, chuig a mhac, Said Kerimov.</p> <p>Is gargaol Said Kerimov a bhaineann tairbhe as athair Suleiman Kerimov.</p> <p>Ina theannta sin, tá Said Kerimov ina mhór-úinéir ar aerfort Makhachkala a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'fhórsaí slándála na Rúise, a bhaineann úsáid as an aerfort le haghaidh oibríochtaí éagsúla. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	8.4.2022

▼ **M77**

## ▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
927.	Vladimir Leonidovich BOGDANOV (Владимир Леонидович БОГДАНОВ)	Dáta breithe: 28.5.1951  Feidhm: Ard-Stiúrthóir Surgutneftegas  Duine aonair comhlachaithe: An tUachtarán Vladimir Putin  Eintiteas comhlachaithe: Surgutneftegas  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Vladimir Bogdanov Ard-Stiúrthóir an chomhlachta ola agus gáis Surgutneftegas, an cúigiú cuideachta phriobháideach is mó agus an tríú cuideachta ola is mó sa Rúis le sciar de níos mó ná 10 % de tháirgeadh iomlán ola na Rúise, rud a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Mar fhoichuideachta de Surgutneftegas, chuir Surgutneftegasbank CJSC iasacht ar fáil do rialtas an réigiúin Tyumen in 2021 le haghaidh suim de 1.6 billiún Rúbal chun a easnamh a mhaoiniú. Coinníonn Vladimir Bogdanov dlúthnaisc le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le hUachtarán Putin. Dá bhrí sin, is duine de phríomhdhaoine gnó é Vladimir Bogdanov atá rannpháirteach in eárnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022
928.	German Oskarovich GREF (ar a dtugtar freisin Herman Oskarovich GREF) (Герман Оскарович ГРЕФ)	Dáta breithe: 8.2.1964  Áit bhreithe: Panfilovo village, Irtysh District, Pavlodar Region, Kyrgyzstan  Feidhm: Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach Bhord Feidhmiúcháin Sberbank of Russia, arna dhaingniú ag an mBord Stiúrthóirí an 16 Deireadh Fómhair 2007  Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta comhstoic poiblí “Sberbank of Russia”  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá German Gref ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar Bhord Feidhmiúcháin Sberbank of Russia. Is cuideachta comhstoic poiblí é Sberbank of Russia. Is é Russian National Wealth Fund, atá á bhainistiú ag Rialtas Chónaidhm na Rúise, an scairshealbhóir is mó de chuid Sberbank.  An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh d’fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail German Gref, mar aon le 36 duine gnó eile, leis an Uachtarán, Vladimir Putin, agus le baill eile de Rialtas Chónaidhm na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Léiríonn an cuireadh speisialta seo go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó a chuireann cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol, nó a chuireann bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin, nó go bhfuil sé á gcur chun feidhme.  Mar POF Sberbank is duine de na ceannairí gnó is mó é in eárnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M50**▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
929.	Oleg Vladimirovich DERIPASKA  (Олег Владимирович ДЕРИПАСКА)	Dáta breithe: 2.1.1968  Áit bhreithe: Dzerzhinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)  Feidhm: Pearsa gnó Rúiseach; uinéir Russian Machines, Military Industrial Company agus Arzamas Machine-Building Plant  Eintitis chomhlachaithe: Russian Machines, Military Industrial Company agus Arzamas Machine-Building Plant  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá Oleg Deripaska ar dhuine de na príomhdhaoine gnó, is é uinéir Rusal, atá ar cheann de na cuideachta is mó ar domhan sa tionscal alúmanaim domhanda. I mí an Mhárta 2022, d'fhreastail sé ar Fhóram Eacnamaíoch Krasnoyarsk, ceann de phríomhchomhdhálacha eacnamaíocha na Rúise a dhíríonn ar fhorbairt réigiúnach. Tá sé ina uinéir tairbhiúil freisin ar GAZ Group, ilchuideachta mótarfheithiclí Rúiseach, lena n-áirítear an Military Industrial Company LLC, soláthraí mór arm agus trealaimh mhíleata chuig fórsaí armtha na Rúise. Is cuid de Military Industrial Company LLC é Arzamas Machine-Building Plant, a mhonaraíonn na hiompróirí armúrtha pearsanra amfaibiach BTR-80, a d'úsáid an Rúis sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.  Is príomhphearsa gnó Oleg Deripaska a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinsé shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	8.4.2022
930.	Igor Evgenievich KONASHENKOV  (Игорь Евгеньевич КОНАШЕНКОВ)	Dáta breithe: 15.5.1966  Áit bhreithe: Chisinau, Republic of Moldova  Feidhm: Ceann an Department of Information and Communications i Ministry of Defense of the Russian Federation; Maor-Ghinearál  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Igor Evgenievich Konashenkov, dar céim Maor-Ghinearál, Ceann an Department of Information and Communications i Ministry of Defence of the Russian Federation.  Ina phost mar Phríomh-Urlabhraí ag an Russian Ministry of Defence, bhí sé freagrach as faisnéis a ionramháil agus bréagaisnéis a scaipeadh faoi ghníomhartha míleata na Rúise san Úcráin. Chuir sé meon dearfach chun cinn i leith an fhogha mhíleata gan chúis a thug an Rúis faoin Úcráin, i leith nasc-ghabháil na Crimé agus i leith ghníomhaíochtaí na scarúnaithe in Donbas, léirigh sé an staid san Úcráin ar bhealach claonta agus scaip sé bréagaisnéis faoi ghníomhaíochtaí na hÚcráine agus an Iarthair.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	8.4.2022
931.	Vladimir Viktorovich PAVLENKO  (Владимир Викторович ПАВЛЕНКО; Володимир Вікторович ПАВЛЕНКО)	Dáta breithe: 14.4.1962  Inscne: fireann	“Aire Slándála Stáit”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M77</b>	932. Alexander Yevgenyevych ANANCHENKO (Александр Евгеньевич АНАНЧЕНКО)	Dáta breithe: 2.2.1966 Inscne: fireann	Iar-‘Príomh-Aire’, mar a ghairtear de, an ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Comhalta den Chomhairle Cónaidhme de Choiste na Comhairle Cónaidhme um Struchtúr Feidearálach, Beartas Réigiúnach, Féin-Rialtas Áitiúil agus Gnóthaí an Tuaiscirt.	8.4.2022
▼ <b>M50</b>	933. Aleksei Alexandrovich DIKIY (Алексей Александрович ДИКИЙ Олексій Олександрович ДИКИЙ)	Dáta breithe: 5.7.1974 Inscne: fireann	“Aire Gnóthaí Inmheánacha”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
	934. Igor Yurievich Antipov (Игорь Юрьевич АНТИПОВ / Ігор Юрійович АНТИПОВ)	Dáta breithe: 26.5.1961 Inscne: fireann	“Aire Faisnéise”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
	935. Artem Alexandrovich KRAMARENKO (Артем Александрович КРАМАРЕНКО)	Dáta breithe: 13.1.1980 Áit bhreithe: Pavlov Khutor, Russia Inscne: fireann	“Aire Beartais Agraithionscail agus Bia”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M77</b>	936. Vladimir Nikolaevich ANTONOV (Владимир Николаевич АНТОНОВ / Володимир Миколайович АНТОНОВ)	Dáta breithe: 24.12.1979 Inscne: fireann	Bhí sé ina ‘Leas-Chathaoirleach Rialtais’, mar a ghairtear de, ar ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M50</b>	937. Tatyana Viktorovna PEREVERZEVA (Татьяна Викторовна Переверзева / Тетяна Вікторівна ПЕРЕВЕРЗЕВА)	Dáta breithe: 20.6.1964 Áit bhreithe: Donetsk, Ukraine Inscne: bainneann	“Leas-Chathaoirleach Rialtais”, mar a ghairtear di, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M69</b>	938. Evgenij Evgenievich LAVRENOV (Евгений Евгеньевич Лавренов / Євген Євгенович ЛАВРЕНОВ)	Dáta Breithe: 5.12.1979 Áit Bhreithe: Nikopol Inscne: fireann	Iar-‘ Aire Ioncaim agus Táillí ’, mar a ghairtear de, an ‘Donetsk People’ s Republic ’, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022



▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M77</b>				
939.	Aleksandr Aleksandrovich OPRI-SHENKO (Александр Александрович ОПРИЩЕНКО / Олександр Олександрович ОПРИЩЕНКО)	Dáta breithe: 24.4.1976 Inscne: fireann	Bhí sé ina ‘Aire Sláinte Gníomhach’, mar a ghairtear de, ar ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, agus faoi láthair tá sé ina ‘Chéad Leas-Aire Cúraim Sláinte’. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
940.	Natalya Yurevna NIKONOROVA (Наталья Юрьевна Никонорова / Наталя Юр’ївна НИКОНОРОВА)	Dáta breithe: 28.9.1984 Áit bhreithe: Donetsk, APSS (an Úcráin anois) Inscne: bainneann	Bhí sí ina ‘Aire Gnóthaí Eachtracha’, mar a ghairtear de, de chuid ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di, agus faoi láthair is comhalta de Choiste na Comhairle Cónaidhme um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Seanadóir de chuid ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M50</b>				
941.	Mihail Vasilevich ZHELTYAKOV (Михаил Васильевич Желтяков / Михайло Васильович ЖЕЛТЯКОВ)	Dáta breithe: 1.1.1961 Inscne: fireann	“Aire Cultúir”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M77</b>				
942.	Aleksandr Yurevich GROMAKOV (Александр Юрьевич ГРОМАКОВ / Олександр Юрійович ГРОМАКОВ)	Dáta breithe: 4.9.1958 Áit bhreithe: Donetsk, APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Bhí sé ina ‘Aire Óige, Spórt agus Turasóireachta, mar a ghairtear de, i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
943.	Mikhail Nikolaevich KUSHAKOV (Михаил Николаевич Кушаков / Михайло Миколайович КУШАКОВ)	Dáta breithe: 23.11.1958 Áit bhreithe: APSS (Poblacht na Moldóive anois) Inscne: fireann	Bhí sé ina ‘Aire Oideachais agus Eolaíochta’, mar a ghairtear de, i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Tá sé ina Reachtaire ar acadamh dlí Donbass. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M50</b>				
944.	Alexei Aleksandrovich KOSTRUBITSKIY (Алексей Александрович КОСТРУБИЦКИЙ / Олексій Олександрович КОСТРУБИЦЬКИЙ)	Dáta breithe: 24.8.1978 Inscne: fireann	“Aire um Chosaint Shíbhialta, Staideanna Éigeandála agus Deireadh a chur le hlarmhairtí Tubaistí Nádúrtha”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
945.	Vladimir Mikhailovich RUSHNAK (Владимир Михайлович РУЩАК / Володимир Михайлович РУЩАК)	Dáta breithe: 2.9.1971  Inscne: fireann	“Aire Tionscail agus Trádála”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M69**

946.	Igor Nikolaevich HALEPA (Игорь Николаевич ХАЛЕПА / Igor Михайлович ХАЛЕПА)	Dáta Breithe: 19.5.1969  Inscne: fireann	‘Aire Cumarsáide’, mar a ghairtear de, an ‘Donetsk People’ s Republic’, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	---	---	--	----------

▼ **M77**

947.	Sergei Sergeevich NAUMETS (Сергей Сергеевич НАУМЕЦ / Сергій Сергійович НАУМЕЦЬ)	Dáta breithe: 13.7.1976  Inscne: fireann	Bhí sé, tráth, ina ‘Aire Tógála, Tithíochta, agus Seirbhísí Comhchoiteanna’, mar a ghairtear de, i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	--	---	---	----------

▼ **M50**

948.	Dmitriy Viktorovich PODLIPANOV (Дмитрий Викторович ПОДЛИПАНОВ / Дмитро Вікторович ПОДЛИПАНОВ)	Dáta breithe: 28.11.1964  Inscne: fireann	“Aire Iompair”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	--	--	--	----------

▼ **M69**

949.	Larisa Valentinovna TOLSTYKINA (Лариса Валентиновна ТОЛСТЫКИНА / Лариса Валентинівна ТОЛСТИКИНА)	Dáta Breithe: 3.10.1967  Inscne: baineann	‘Leas-Phríomh-Aire’ agus iar’ Aire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta’, mar a ghairtear di, an ‘Donetsk People’ s Republic’, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	---	--	--	----------

▼ **M50**

950.	Ruslan Mihajlovich DUBOVSKIY (Руслан Михайлович ДУБОВСКИЙ / Руслан Михайлович ДУБОВСЬКИЙ)	Dáta breithe: 20.2.1974  Inscne: fireann	“Aire Guail agus Fuinnimh”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
951.	Yana Sergeevna CHAUSOVA (Яна Сергеевна ЧАУСОВА / Яна Сергіївна ЧАУСОВА)	Dáta breithe: 22.9.1980  Inscne: baineann	“Aire Airgeadais”, mar a ghairtear di, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

## ▼ M50

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
952.	Aleksei Vladimirovich POLOVYAN (Алексей Владимирович ПОЛОВЯН / Олексій Володимирович ПОЛОВЯН)	Dáta breithe: 3.5.1979 Inscne: fireann	“Aire Forbartha Eacnamaíche”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
953.	Yuriy Nikolaevich SIROVATKO (Юрий Николаевич СИРОВАТКО / Юрий Миколайович СИРОВАТКО)	Dáta breithe: 17.4.1978 Inscne: fireann	“Aire Dlí agus Cirt”, mar a ghairtear de, an “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
954.	Sergey Ivanovich KOZLOV (Сергей Иванович КОЗЛОВ / Сергій Іванович КОЗЛОВ)	Dáta breithe: 7.11.1963 Inscne: fireann	“Cathaoirleach Rialtais”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
955.	Yuriy Nikolaevich GOVTVIN (Юрий Николаевич ГОВТВИН / Юрий Миколайович ГОВТВИН)	Dáta breithe: 12.4.1968 Inscne: fireann	“Céad Leas-Chathaoirleach Rialtais”, mar a ghairtear de, an “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
956.	Elena Nikolaevna KOSTENKO (Елена Николаевна КОСТЕНКО / Олена Миколаївна КОСТЕНКО)	Dáta breithe: 13.11.1968 Inscne: baineann	“Leas-Chathaoirleach Rialtais”, mar a ghairtear di, an “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
957.	Anna Yurievna TODOROVA (Анна Юрьевна ТОДОРОВА / Ганна Юріївна ТОДОРОВА)	Dáta breithe: 20.2.1988 Inscne: baineann	“Leas-Chathaoirleach Rialtais”, mar a ghairtear di, an “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
958.	Anatoli Andreevich ANTONOV (Анатолий Андреевич АНТОНОВ)	Dáta breithe: 6.11.1966 Inscne: fireann	“Aire Slándála Stáit”, mar a ghairtear de, an “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
959.	Igor Aleksandrovich KORNET (Игорь Александрович КОРНЕТ / Ігор Олександрович КОРНЕТ)	Dáta breithe: 29.4.1973 Inscne: fireann	“Aire Airgeadais”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
960.	Evgeny Anatolievich KATSAVALOV  (Евгений Анатольевич КАЦАВАЛОВ)	Dáta breithe: 11.2.1972  Inscne: fireann	“Aire Cásanna Éigeandála agus Bainistithe Tubaistí”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
961.	Natalya Alex- androvna PASH- CHENKO  (Наталья Александровна ПАЩЕНКО)	Dáta breithe: 10.10.1975  Inscne: baineann	“Aire Sláinte”, mar a ghairtear di, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear di. Ag gníomhú di sa cháil sin a ghlac sí air féin, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
962.	Andrey Yurievich LUSTENKO  (Андрей Юрьевич ЛУСТЕНКО)	Dáta breithe: 16.6.1975  Inscne: fireann	“Aire Oideachais agus Eolaíochta”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
963.	Svetlana Anatolievna MALAKHOVA  (Светлана Анатольевна МАЛАХОВА)	Dáta breithe: 27.8.1964  Inscne: baineann	“Aire Saothair agus Beartais Shóisialta”, mar a ghairtear di, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear di. Ag gníomhú di sa cháil sin a ghlac sí air féin, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
964.	Dmitry Sergeevich SIDOROV  (Дмитрий Сергеевич СИДОРОВ)	Dáta breithe: 2.9.1989  Inscne: fireann	“Aire Cultúir, Spórt agus Óige”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
965.	Sergey Alekseevich BORODIN  (Сергей Алексеевич БОРОДИН)	Dáta breithe: 15.1.1968  Inscne: fireann	“Cathaoirleach ar Choiste um Chánach agus um Dhleachtanna an Stáit”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
▼ <b>M59</b>				
▼ <b>M50</b>				
967.	Yuriy Alexandrovich PRONKO  (Юрий Александрович ПРОНЬКО)	Dáta breithe: 2.4.1962  Inscne: fireann	“Aire Talamhaíochta agus Bia”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
968.	Svetlana Nikolaevna PODLIPAeva  (Светлана Николаевна ПОДЛИПАЕВА)	Dáta breithe: 16.9.1968  Inscne: baineann	“Aire Forbartha Eacnamaíche”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M50**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
969.	Maxim Alekseevich PROTASOV (Максим Алексеевич ПРОТАСОВ)	Dáta breithe: 21.2.1976  Inscne: fireann	“Aire Tógála, Tithíochta agus Seirbhísí Comhchoiteanna”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
970.	Oleg Vasilievich FETISOV (Олег Васильевич ФЕТИСОВ)	Dáta breithe: 30.3.1971  Inscne: fireann	“Aire Cumarsáide agus Ollchumarsáide”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
971.	Yuriy Anatolievich DEGTYAREV (Юрий Анатольевич ДЕГТЯРЕВ)	Dáta breithe: 7.7.1977  Inscne: fireann	“Aire Acmhainní Nádurtha agus Slándála Comhshaoil”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

▼ **M69**

972.	Sergey Nikolaevich NEVEROV (Сергей Николаевич НЕВЕРОВ)	Inscne: fireann	Iar- Aire Tionscail agus Trádála’, mar a ghairtear de, ‘Luhansk People’ s Republic’, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	---	-----------------	---	----------

▼ **M50**

973.	Yuriy Nikolaevich AFANASEVSKY (Юрий Николаевич АФАНАСЬЕВСКИЙ)	Dáta breithe: 12.12.1968  Inscne: fireann	“Cathaoirleach ar Choiste um Chustam an Stáit”, mar a ghairtear de, “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
------	--	--	---	----------

▼ **M69**

1181.	Yasar Hussein IBRAHIM (Yassar Hussein IBRAHIM, Yassar IBRAHIM) - ياسر حسين ابراهيم	Náisiúntacht: Siriach Dáta breithe: an 9.4.1983 Áit bhreithe: an Damaisc Inscne: fireann	Is é Yasar Hussein Ibrahim comhúinéir Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd, cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an chuideachta gníomhach in earcú amháis Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhri sin, tá Yasar Hussein Ibrahim freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	21.7.2022

▼ **M55**

1182.	Adam Sultanovich DELIMKHANOV (Адам Султанович ДЕЛИМХАНОВ)	Dáta breithe: 25.9.1969 Áit bhreithe: Benoy, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Comhalta de State Duma of the Russian Federation ón 19 Meán Fómhair 2021, an Chéad Leas-Chathaoirleach ar an Committee on Security and Anti-Corruption. Freagrach as fórsaí na Seisnia a bhunú i réigiún Donbas ó mhí an Mhárta 2022 agus as an léigear ar chathair Mariupol a stiúradh i mí an Mhárta 2022. Bhí baint phearsanta aige le hullmhú na n-ionsaithe ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Maidir leis na gníomhaíochtaí sin, an 26 Aibreán 2022, rinneadh Laoch de Chónaidhm na Rúise de le foraithe ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
-------	---	---	--	-----------

▼ **M77**

1183.	Sharip Sultanovich DELIMKHANOV (Шарип Султанович ДЕЛИМХАНОВ)	Dáta breithe: 23.4.1980 Áit bhreithe: Dzhalka, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceannasaí ar bhainse Seisniach Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise. Freagrach as bheith i gceannas ar fhórsaí na Seisnia le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear i réigiúin Kyiv agus Donbass. Bronnadh an teideal 'Laoch Phoblacht na Seisnia' air as a chuid gníomhaíochtaí i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé freagrach, sa cháil sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
-------	--	---	---	-----------

▼ **M55**

1184.	Alibek Sultanovich DELIMKHANOV (Алибек Султаанович ДЕЛИМХАНОВ)	Dáta breithe: 16.10.1974 Áit bhreithe: Dzhalka, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Ceannasaí ar bhainse Seisniach Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise. Freagrach as bheith i gceannas ar fhórsaí na Seisnia le linn an chogaidh fhoghaigh atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, lena n-áirítear i réigiúin Kyiv agus Donbass. Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
-------	--	--	--	-----------

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1185.	Viktor Nikolayevich STRIGUNOV (Виктор Николаевич СТРИГУНОВ)	Dáta breithe: 27.10.1958 Áit bhreithe: Dubovoye, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	An Chéad Leas-Stiúrthóir ar Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) — Ardcheannasaí Rosgvardia.  Seoladh aonaid Rosgvardia chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
1186.	Oleg Anatolyevich PLOKHOI (Олег Анатольевич ПЛОХОЙ)	Dáta breithe: 4.12.1968 Áit bhreithe: Kyiv, Ukraine Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Státrúnaí, Leas-Stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia)— Ardcheannasaí Rosgvardia.  Seoladh aonaid Rosgvardia chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
1187.	Yuriy Viktorovich YASHIN (Юрий Викторович ЯШИН)	Dáta breithe: 11.3.1967 Áit bhreithe: Mednogorsk, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceannaire ar Fhoireann Ghinearálta na National Guard Troops de Chónaidhm na Rúise – Leas-Stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme The National Guard Troops de Chónaidhm na Rúise – Ardcheannasaí ar na National Guard Troops de Chónaidhm na Rúise.  Seoladh aonaid Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, , nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1188.	Igor Anatolyevich ILYASH (Игорь Анатольевич ИЛЪЯШ)	Dáta breithe: 5.10.1967 Áit bhreithe: Odessa, Ukraine Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) — Ardcheannasaí Rosgvardia  Seoladh aonaid Rosgvardia chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis na saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
1189.	Sergei Anatolyevich LEBEDEV (Сергей Анатольевич ЛЕБЕДЕВ)	Dáta breithe: 10.1.1966 Áit bhreithe: Astrakhan, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) — Ardcheannasaí Rosgvardia.  Seoladh aonaid Gharda Náisiúnta na Rúise (Rosgvardia) chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022
▼ M77	1190. Alexey Mikhailovich KUZMENKOV (Алексей Михайлович КУЗЬМЕНКОВ)	Dáta breithe: 10.6.1971 Áit bhreithe: Horlivka, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceapadh Aleksey Kuzmenkov mar Leas-Aire Cosanta um Lóistíocht. Bhí sé tráth ina Leas-Stiúrthóir ar Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) - leas-Ardcheannasaí Rosgvardia.  Seoladh aonaid Rosgvardia chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, sa cháil a bhí aige agus sa cháil atá aige faoi láthair, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022

▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1191.	Alexey Stepanovich BEZZUBIKOV (Алексей Степанович БЕЗЗУБИКОВ)	Dáta breithe: 5.7.1965 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Stiúrthóir Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia) — Ardcheannasaí Rosgvardia.  Seoladh aonaid Rosgvardia chuig na ceantair atá faoi smacht údaráis na Rúise, amhail Kherson, Henichesk, Berdyansk agus limistéir áirithe de Mariupol, chun agóidí an phobail áitiúil a chur faoi chois. Ghlac siad páirt freisin i marú, éigniú agus céasadh sibhialtach in Bucha na hÚcráine. Tá comhaltaí de Rosgvardia tar éis saoránaigh ar son na hÚcráine a ghabháil agus tá riarachán míleata-póilíní curtha ar bun acu.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, , nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó ar bac iad ar obair na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	21.7.2022

▼ M69

1192.	Yevgeniy Vitalievich BALYTSKIY (Rúisis: Евгений Витальевич БАЛИЦКИЙ) (ar a dtgutar freisin Yevhen Vitaliiiovych BALYTSKIY) (Úcráinis: Євген Віталійович БАЛИЦЬКИЙ)	Dáta Breithe: 10.12.1969 Áit Bhreithe: Melitopol, Ukraine Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Tá Yevgeniy Balytskiy tar éis comhoibriú le húdaráis na Rúise i gcathair Úcránach Melitopol. Thacaigh sé le ceapachán Galina Danilchenko mar mhéara Melitopol, tar éis gur fuadaíodh an méara dlisteanach.  An 9 Aibreán 2022, d' ainmigh údaráis na Rúise Yevgeniy Balytskiy Gobharnóir réigiún Zaporizhzhia na hÚcráine, mar a ghairtear de. Labhair sé amach i bhfabhar réigiún Zaporizhzhia a chumasc le Cónaidhm na Rúise. Ghlac sé páirt ghníomhach sna hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha i réigiún Zaporizhzhia agus, an 30 Meán Fómhair 2022, shínigh sé comhaontú maidir le teacht isteach an réigiúin i gCónaidhm na Rúise.  Sa cháil sin agus trína ghníomhaíochtaí, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, , nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
-------	---	---	--	-----------

▼ M77

1193.	Konstantin Vladimirovich IVASHCHENKO (Rúisis: Константин Владимирович ИВАЩЕНКО; Úcráinis: Костянтин Володимирович ІВАЩЕНКО)	Dáta breithe: 3.10.1963 Áit bhreithe: Mariupol, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Tar éis d'fhórsaí armtha na Rúise cathair Mariupol a ghabháil, cheap 'Ceann Dhaon-Phoblacht Donetsk' Denis Pushilin, mar a ghairtear de, Konstantin Ivashchenko ina mhéara ar Mariupol an 6 Aibreán 2022. Briseadh as a phost é i mí Eanáir 2023. Thacaigh sé go poiblí leis na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin agus bhí sé rannpháirteach sna hullmhúcháin chéanna.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
-------	---	--	---	-----------

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1194.	Aleksandr Yurievych KOBETS (Rúisis: Александр Юрьевич КОБЕЦ) Oleksandr Yuriyovych KOBETS (Úcráinis: Олександр Юрійович КОБЕЦЬ)	Dáta Breithe: 27.9.1959 Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	In mhéara ar chathair Kherson, mar a ghairtear de, ón 26 Aibreán 2022, arna shuiteáil ag údaráis na Rúise. D' éascaigh sé pasanna Rúiseacha a eisiúint i gcathair Kherson.  Dá bhri sin, sa cháil sin, thacaigh sé le beartais lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun cinn.	21.7.2022
1195.	Vladimir Valeryevich ROGOV (Rúisis: Владимир Валерьевич РОГОВ) Volodimir Valeryovych ROGOV (Úcráinis: Володимир Валерійович РОГОВ)	Dáta Breithe: 1.12.1976 Áit Bhreithe: Zaporizhzhia, Ukraine Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Ionadaí de phríomhchomhairle riarachán míleata-sibhialta réigiún Zaporizhzhia, mar a ghairtear de. Bhí sé i gcoinne údaráis na hÚcráine agus i bhfabhar réigiún Zaporizhzhiaa bheith ina chuid de Chónaidhm na Rúise. D' éascaigh sé freisin pasanna na Rúise a eisiúint i gcathair Melitopol agus thacaigh sé go gníomhach leis an ionghabháil a rinne Cónaidhm na Rúise ar réigiún Zaporizhzhia, lena n-áirítear tríd an mbonneagar fuinnimh.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1196.	Alexander Fedorovich SAULENKO (Rúisis: Александр Федорович САУЛЕНКО) Oleksandr Fedorovich SAULENKO (Úcráinis: Олександр Федорович САУЛЕНКО)	Dáta Breithe: 9.5.1962 Áit Bhreithe: Novopetrivka, Ukraine Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Ceann riaracháin shealadaigh Berdyansk agus Berdyansk region, mar a ghairtear de, agus méara chathair Berdyansk. Mhol sé go n-athrófaí rialú agus riarachán réigiún Berdyansk ón Úcráin go Cónaidhm na Rúise. D' éascaigh sé pasanna Rúiseacha a eisiúint i gcathair Berdyansk, agus thacaigh sé go poiblí leis na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin agus ghlac sé páirt sna hullmhúcháin sin.  Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
▼ M77				
1197.	Andrei Vladimirovich SHEVCHIK (Rúisis: Андрей Владимирович ШЕВЧИК)	Dáta breithe: 17.6.1973 Áit bhreithe: Krasnoyarsk-26, APSS (Zheleznogorsk, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Iar-Mhéara, mar a ghairtear de, de Enerhodar. D'éagraigh sé cruthú 'comhairle féineagraíochta chathair Enerhodar' an 27 Márta 2022, nár thacaigh údaráis na hÚcráine leis.  Bhí sé freagrach, dá bhri sin, sa cháil sin a bhí aige tráth, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022



## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1198.	Oleg KRYUCHKOV (Олег КРЮЧКОВ)	Inscne: fireann	<p>Is é Oleg Kryuchkov urlabhraí údarás forghabhála na Rúise sa Chrimé agus comhairleoir do Cheann na Crimé. Sna ráitis phoiblí uaidh, dhearbhaigh sé gur goideadh gráin ó stát na hÚcráine agus ó fheirmeoirí Úcránacha ar na críocha atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, dhearbhaigh sé go raibh scoileanna na hÚcráine atá i gcríocha faoi fhorghabháil á rúisiú, agus dúirt sé go bhfuil sé beartaithe ag an Rúis na críocha faoi fhorghabháil i ndeisceart na hÚcráine a ionghabháil.</p> <p>Sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándaíl san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.</p>	21.7.2022
1199.	Sergei Borissovich KOROLEV (Сергей Борисович КОРОЛЕВ)	Dáta breithe: 9.11.1952 nó 25.7.1952 Inscne: fireann	<p>Is é Sergei Borissovich Korolev an Chéad Leas-Stiúrthóir ar FSB na Rúise ó mhí Feabhra 2021. Tuairiscítear go bhfuil dlúthbhaint aige le Stiúrthóir FSB Alexander Bortnikov, agus leis na fir ghnó, Arkadii agus Boris Rotenberg. Luaitear go bhféadfadh sé dul i gcomharbas ar Bortnikov sa phost mar Cheann ar FSB. Is oifigeach gairme é in FSB, ag obair ann ó na 2000idí agus roimhe sin bhí sé ina stiúrthóir ar Sheirbhís Slándála Eacnamaíche FSB. In 2021, bhronn Vladimir Putin grád Ghinearál an Airm air, ar luach saothair sinsearach sainiúil é. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le cinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú oirthear na hÚcráine, agus tá tairbhe á baint aige astu.</p> <p>Is é FSB ceann de na seirbhísí faisnéise a sholáthair eolas faisnéise do Vladimir Putin sular cuireadh tús le fogha na Rúise faoin Úcráin an 24 Feabhra 2022. Dá bhrí sin, tá Sergei Borissovich Korolev freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	21.7.2022
1200.	Stanislav Sergeyevich CHEMEZOV (Станислав Сергеевич ЧЕМЕЗОВ)	Dáta breithe: 1973 Áit bhreithe: Russian. Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	<p>Is é Stanislav Sergeyevich Chemezov mac Sergei Chemezov, comhalta d'Ardchomhairle "United Russia" agus cathaoirleach ilchuideachta Rostec, príomhchorparáid cosanta agus déantúsaíochta tionsclaíche na Rúise atá faoi rialú an stáit. Bhí cuideachta Eischósta ar a dtugtar Erlinglow Ltd ag Stanislav Chemezov a bhí ag baint tairbhe as ollmhórbhealach snáthoptaice náisiúnta ar fiú \$550 milliún é a bhí á thógáil ag Rostec. Ina theannta sin tá cuideachtaí eischósta éagsúla aige le Maya Bolotova, iníon Nikolay Tokarev, lena n-áirítear Irvin-2, a fuair conarthaí ar fiú 8 mbilliún Rúbel iad. Mar luach saothair ar an malartú, thug teaghlach Tokarev cead do theaghlach Chemezov buiséad Transneft a ghearradh. Chomh maith leis sin, is le Stanislav Chemezov an chuideachta Independent Insurance Group, a bhainistíonn conarthaí móra árachais san earnáil cosanta lena n-áirítear conarthaí le haghaidh an ilchuideachta Cosanta, Rostec, áit ina bhfuil a athair Sergei Chemezov ina CEO. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Stanislav Chemezov a bhfuil baint aige le duine atá liostaithe.</p>	21.7.2022



▼ M55▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1201.	Maiya Nikolaevna BOLOTOVA (ТОКАРЕВА a hainm báiste) (ar a dtugtar freisin Maiya/Майя/Maija/Мая Nikolaevna BOLOTOVA) (Майя Николаевна БОЛОТОВА (ТОКАРЕВА))	Dáta breithe: 18.1.1975 Áit bhreithe: Karaganda, APSS (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Maya Bolotova (Tokareva a hainm baiste) iníon le Nikolay Tokarev, POF Transneft, mórchuideachta ola agus gáis sa Rúis. Tá só-réadmhaoin ag Maya Bolotova agus ag a hiar-fhear céile, Andrei Bolotov, i Moscó, sa Laitvia agus sa Chróit ar fiú níos mó ná USD 50 milliún í agus ar féidir í a nascadh le Nikolay Tokarev. Tá naisc aici freisin leis an gcuideachta Ronin, a bhainistíonn an ciste pinsin do Transneft. Nuair a rinne sí iarratas ar shaoránacht na Cipire, liostaigh sí seoladh Ronin Europe mar a seoladh féin sa phreasráiteas. Ina theannta sin, tá baint aici leis an Ronin Trust, a bhainistíonn ciste pinsin Transneft, trína cuideachta eastáit réadaigh Ostozhenka 19 (ar a dtugtaí RPA Esteit tráth). Dá bhrí sin, is garghaol Maya Bolotova a bhaineann tairbhe as Nikolay Tokarev, príomhphearsa gnó atá ag feidhmiú sa Rúis.	21.7.2022
1202.	Pavel EZUBOV (Павел ЕЗУБОВ)	Dáta breithe: Lúnasa 1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Pavel Ezubov col ceathrair Oleg Deripaska, ar leis é an ilchuideachta thionsclaíoch Russian Machines, lena n-áirítear an Military Industrial Company, soláthraí mór arm agus trealaimh mhíleata chuig fórsaí armtha na Rúise. Tá Oleg Deripaska tar éis sócmhainní móra a aistriú chuig a chol ceathrair Pavel Ezubov, lena n-áirítear roinnt maoin sa Fhrainc, trí chuideachta shealbháíochta atá ar leEzubov í, óstán in Lech na hOstaire, tríd an gcuideachta shealbháíochta Gost Hotel Management LLC atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht Ezubov agus rialú na cuideachta Terra Limited. Dá bhrí sin, is garghaol Pavel Ezubov a bhaineann tairbhe as a chol ceathrair Oleg Deripaska.	21.7.2022
1203.	Alexander Sergeyevich ZALDOSTANOV (Александр Сергеевич ЗАЛДОСТААНОВ) ar a dtugtar freisin “An Máinlia” (Хирург)	Dáta breithe: 19.1.1963 Áit bhreithe: Kropyvnytskyi, Crimea, Ukraine Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Zaldostanov ceannaire agus bunaitheoir an chlub gluaisrothair náisiúnaigh Nightwolves MC. Mar gheall ar a phost mar cheannaire ar Nightwolves MC, is pearsa phoiblí aitheanta é Alexander Zaldostanov, a bhfuil dlúthnaisc aige le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, agus is príomhthacaí de rialtas na Rúise é, a thacaíonn go gníomhach le bolscaireacht stát na Rúise trí cheart na hÚcráine chun státachta a shéanadh go poiblí agus “dínaitiú” chomh maith le “dí-Úcránú” na tíre a iarraidh, lena gcuireann sé chun cinn an smaoineamh gur cheart don Úcráin a bheith ina cuid lárnach den Rúis. Mar cheannaire ar Nightwolves MC, tá Zaldostanov freagrach freisin as gníomhartha agus gníomhaíochtaí an ghrúpa a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Is é Alexander Zaldostanov ceannaire Nightwolves MC, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí	21.7.2022

▼ M55

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			sin ar an méid sin. Thairis sin, is duine nádúrtha é atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	
1204.	Andrey BOBROVSKIY (Андрей БОБРОВСКИЙ)	Dáta breithe: 5.1.1982 Áit bhreithe: Minsk, Belarus Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta den chlub gluaisrothair náisiúnaigh Nightwolves MC é Andrey Bobrowskiy agus tá sé ina cheannaire ar an mbráinse “Roads for Victory” de Nightwolves MC. Ina phost mar cheannaire ar an mbráinse “Roads for Victory” d’eagraigh Bobrowskiy roinnt slógáí Nightwolves i mBeirlín, sa Pholainn agus sa Rúis. Ó rinne an Rúis ionsaí ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, is é is cuspóir do na slógáí tacú go gníomhach le cogadh na Rúise ar an Úcráin, ceart na hÚcráine chun státaíochta a shéanadh go poiblí, “dínaitsiú” na tíre a iarraidh agus an smaoinreamh gur cheart don Úcráin a bheith ina cuid lárnach den Rúis a chur chun cinn. Dá bhrí sin, thacaigh Bobrowskiy go gníomhach agus go poiblí le bolscaireacht stát na Rúise. Tá Andrey Bobrowskiy ina chomhalta de Nightwolves MC, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, is duine nádúrtha é atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1205.	Jozef HAMBÁLEK ar a dtugtar freisin Josef HAMBÁLAEK (Йозеф ХАМБАЛЕК)	Dáta breithe: 14.3.1972 Náisiúntacht: Slóvacach Inscne: fireann	Is é Jozef Hambálek Uachtarán bhráinse Eorpach an chlub gluaisrothair náisiúnaigh, Nightwolves MC, atá lonnaithe sa tSlóvaic. Tá aithne go poiblí ar Hambálek, ar féidir é a nascadh le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, agus le hionadaithe eile de rialtas na Rúise, as ceanncheathrú Eorpach Nightwolves MC a thógáil ar iar-bhunáit mhíleata sa tSlóvaic, dár bhain sé úsáid as trealamh míleata a caitheadh amach go neamhdhleathach, lena n-áirítear tancanna. Is féidir a mheas gur bagairt slándála don Úcráin agus don Aontas a chuid gníomhaíochtaí leanúnacha, lena n-áirítear oiliúint i gcomhair comhrac gníomhach san Úcráin a chur ar chomhaltaí de Nightwolves ar a réadmhaoin féin agus bolscaireacht ar son na Rúise a chur chun cinn go gníomhach san Eoraip. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Jozef Hambálek a thugann tacaíocht, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1206.	Alexei WEITZ ar a dtugtar freisin Alexei Vayts ar a dtugtar freisin Aleksy Yevgenevich VEITZ (Алексей ВАЙЦ)	Dáta breithe: 7.10.1965 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta agus ceannaire spioradálta an chlub gluaisrothair náisiúnaigh, Nightwolves MC, é Alexei Weitz, a bhfuil dlúthnaisc phearsanta aige le ceannaire Nightwolves, Alexander Zaldostanov. Tá sé freagrach as Nightwolves MC a nascadh le hEaglais Cheartchreidmheach na Rúise agus as dearcadh domhanda a cheannairí a mhúnlú. Ghníomhaigh sé roimhe seo mar phreasrúnaí Nightwolves MC agus déanann sé tascanna ionadaíochta, lena n-áirítear cainteanna a thabhairt do mhic léinn Ollscoile agus labhairt ag slógaí de chuid Nightwolves. Chomh maith leis sin, is saimeolaí den Council for Interethnic Relations faoi Uachtarán na Rúise é, a thacaigh go poiblí le cogadh na Rúise ar an Úcráin agus le sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta agus tá sé freagrach as coincheap oifigiúil den “náisiún Rúiseach” a cheapadh. Mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí do Nightwolves MC agus don Council for Interethnic Relations faoi Uachtarán na Rúise, is pearsa lárnach de bholsaireacht stát na Rúise é Weitz. Tá Alexei Weitz ina chomhalta de Nightwolves MC, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, is duine nádúrtha é atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1207.	Andrey Removich BELOUSOV ar a dtugtar freisin Andrei Removich BELOUSOV (Андрей Рэмович БЕЛОУСОВ)	Dáta breithe: 17.3.1959 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Andrey Removich Belousov Céad Leas-Phríomh-Aire Chónaidhm na Rúise agus meastar go raibh sé ina chomhalta de dhlúthchiorcal Putin le fada an lá. Tá ról ceannasach aige i Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá beartas eacnamaíoch Rialtas na Rúise á chur chun feidhme ag Belousov agus tá sé freagrach as fás eacnamaíoch na Rúise agus as cobhsú mhargaí na Rúise. An 25 Feabhra 2022, d’fhreastail sé ar an gcruinniú sa Chreimil agus d’iarr sé ar na holagairc a bhí cruinnithe ann leanúint de bheith ag obair le bainc a bhfuil smachtbhannaí orthu. I mí an Mhárta 2022, dhearbhaigh Belousov go rialófaí go ndearna na cuideachtaí eachtracha, a bhfuil a gcuid oibríochtaí á scor acu agus atá ag scaoileadh lena bhfoireann sa tír, féimheacht d’aon ghnó, gníomh lena ngabhann dlíteanas riaracháin, agus dlíteanas coiriúil, b’fhéidir, faoi dhlíthe dócmhainneachta na Rúise. Thacaigh sé le hionghabháil na Crimé in 2014.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1208.	Yury Yakovlevich ЧАЙКА Dá ngairtear freisin Yury Yakovlevich ШАУКА; Yuri Yakovlevich ЧАЙКА (Юрий Яковлевич ЧАЙКА)	Dáta breithe: 21.5.1951 Áit bhreithe: Nikolaevsk-on- Amur, Khabarovsk Krai, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Yury Yakovlevich Chaika ina chomhalta neamhbhuan den Security Council of the Russian Federation agus ina Plenipotentiary Representative of the President of the Russian Federation in the North Caucasus Federal District. Tá baint dhíreach aige le beartas eachtrach foghach na Rúise a threorú agus a chur chun feidhme.  I mí Aibreáin 2022 bhronn Yuri Chaika dámhachtainí stáit ar shaighdiúirí a thuill clú dóibh féin le linn “an oibríocht speisialta chun an Úcráin a dhí-naitsiú”. Sa chruinniú le dídeanaithe ó Donetsk People's Republic, mar a ghairtear de, in Pyatigorsk an 17 Márta 2022, thug sé údar le cogadh na Rúise ar an Úcráin agus dúirt sé go bhfuil cinadhíothú déanta ag údaráis na hÚcráine san Úcráin.  Le blianta fada, tá Yuri Chaika ar cheann de na comhpháirtithe is gaire do Vladimir Putin agus seirbhíseach umhal don réimeas rialaithe. Bhain Yuri Chaika agus a theaghlach tairbhe phearsanta as an dlúthcheangal atá acu le réimeas Putin.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1209.	Alexander Anat- olievich MAKSIMTSEV (Александр Анато́льевич МАКСИМЦЕВ)	Dáta breithe: 20.8.1963 ► C15 Áit bhreithe: Tokmak, Kirghiz SSR, iarUSSR (Kyr- gyzstan anois) ◀ Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Alexander Maksimtsev ina cheannaire míleata Rúiseach agus ina Leas-Cheannasaí ar Aerospace Forces d'obair mhíleata-pholaitiúil. Tá ionsaithe déanta ag Aerospace Forces na Rúise ar spriocanna míleata agus sibhialta araon san Úcráin. Ós rud é gur Leas-Ardcheannasaí é Alexander Maksimtsev, tá sé freagrach as gníomhartha an aonaid sin. Dá bhrí sin, tá Alexander Maksimtsev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	21.7.2022
1210.	Maria Alexeyevna LVOVA-BELOVA (Мария Алексеевна ЛВОВА-БЕЛОВА)	Dáta Breithe: 25.10.1984 Áit Bhreithe: Penza, iarUSSR, iar-Russian Federation anois. Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: bainneann	Is Coimisinéir Uachtaránachta um chearta leanaí í Maria Alexeyevna Lvova-Belova agus chuir sí tús le simpliú an nós imeachta chun saoránacht a dheonú do leanaí a ndearnadh dílleachtaí díobh san Úcráin. Tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le hiompar neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Maria Alexeyevna Lvova-Belova cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Thacaigh sí go poiblí leis an ionghabháil ar réigiún Donbass a rinne Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin.	21.7.2022

## ▼ M69

▼ **M55**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1211.	Yuri Nikolaevich GREKHOV (Юрий Николаевич ГРЕХОВ)	Dáta breithe: 15.10.1962 Áit bhreithe: Gorky, iarUSSR, (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is ceannasaí míleata Rúiseach, Coirméal-Ginearál agus Leas-Cheannasaí Aerospace Forces na Rúise é Yuri Nikolaevich Grekhov. Tá ionsaithe déanta ag Aerospace Forces na Rúise ar spriocanna míleata agus sibhialta araon san Úcráin. Mar Leas-Cheannasaí ar Aerospace Forces na Rúise, tá sé i gceannas ar thrúpaí Air and Missile Defense, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	21.7.2022
1212.	Zabit Sabirovich KHEIRBEKOV (Забит Сабирович ХЕИРБЕКОВ)	Dáta breithe: 5.6.1968 Áit bhreithe: Réigiún Kusar, Azerbaijan SSR, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Leifteanant-Ghinearál Aerospace Forces na Rúise é Zabit Kheirbekov, Leas-Cheannasaí Aerospace Forces na Rúise do lóistíocht. Tá ionsaithe déanta ag Aerospace Forces na Rúise ar spriocanna míleata agus sibhialta araon san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Zabit Kheirbekov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	21.7.2022
▼ <b>M77</b>				
1213.	Andrey Anatolyevich KOZITSYN (Андрей Анатольевич КОЗИЦЫН)	Dáta breithe: 9.6.1960 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Andrey Kozitsyn ar dhuine de phríomhdhaoine gnó Rúiseach. Is iar-Phríomhoifigeach feidhmiúcháin é de Ural Mining Metallurgical Company (UMMC/UGMK), ceann de phríomhtháirgeoirí mór-tráchtarraí sa Rúis (lena n-áirítear copar, sinc, gual, ór, agus airgead) agus leanann sé de bheith ina fhiúir gnó gníomhach i go leor earnálacha gnó éagsúla. Aithnítear é as a rannchuidiú tábhachtach le geilleagar na Rúise agus le forbairt réigiún Ural. Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	21.7.2022
▼ <b>M55</b>				
1214.	Sergey Semyonovich SOBYANIN (Сергей Семёнович СОБЯНИН)	Dáta breithe: 21.6.1958 Áit bhreithe: Nyaksimvol, iarUSSR, (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Sergei Semyonovich Sobyanine méara Mhoscó agus tá dlúthcheangal aige le Vladimir Putin. Bhí sé ina cheann ar an riarachán uachtaránachta ó 2005 go 2008 agus bhí sé ina Leas-Phríomh-Aire ar an Rúis ó 2008 go 2010 sa dara Comh-Aireacht ag Vladimir Putin. Is comhalta den Security Council é. An 1 Márta 2022, thug Sobyanine rabhadh go gcoiscfí gach iarracht agus gach gairm ó “provocateurs” ar agóidí sráide a reáchtáil i Moscó. An 18 Márta 2022 ag slógadh polaitiúil “ar son domhan saor ó Naitsíochas”, chuir sé in iúl go sainráite go dtacaíonn sé leis an “oibríocht mhíleata speisialta” san Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1215.	Aleksey Vladimirovich DENISENKO (Алексей Владимирович ДЕНИСЕНКО)	Dáta breithe: 9.6.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta é Aleksey Vladimirovich Denisenko de Legislative Assembly réigiúnach Chelyabinsk, de Presidium of the Regional Political Council, cathaoirleach ar an Legislative Assembly Committee on Construction Policy and Housing and Communal Services agus ceann an Department for Interaction with Public Associations and Work with Youth de chuid an Chelyabinsk Regional Branch of United Russia. Ina theannta sin, is comhalta é den pháirtí United Russia rialaithe atá ailníthe leis an gCreimil agus tugann sé údar, cosaint agus tacaíocht do chinneadh an Uachtaráin Putin aitheantas a thabhairt don Donetsk Peoples Republic (DPR) agus don Lugansk Peoples Republic (LPR) mar stáit neamhspleácha, chomh maith leis an oibríocht mhíleata speisialta, ar oibríocht forfheidhmithe síochána i ina fhocail féin. Tá Denisenko freagrach as fuath a ghríosú i leith na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022
1216.	Alexander Nikolaevich BELSKIY (Александр Николаевич БЕЛЬСКИЙ)	Dáta breithe: 16.7.1975 Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Belskiy ina Chathaoirleach ar an Legislative Assembly of St. Petersburg ón 29 Meán Fómhair 2021 i leith mar chomhalta den pháirtí polaitiúil “United Russia” atá ailníthe leis an gCreimil. Is é an Legislative Assembly an t-aon comhlacht reachtaíochta, agus an ceann is airde, de chumhacht stáit in St. Petersburg. Bunaíodh an Legislative Assembly faoi dhlí cónaidhme, agus tá sé á rialú aige, agus oibríonn sé go dlúth le gobharnóir St. Petersburg.  Mar Chathaoirleach ar an Legislative Assembly, is é Belskiy an comhalta is airde den Legislative Assembly. Mar thoradh air sin, is polaiteoir tábhachtach é Belskiy in St. Petersburg agus níos faide i gcéin. Roimhe seo, bhí Belskiy ina leasghobharnóir ar St. Petersburg sa tréimhse ó 2020 go 2021. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as an mbeartas óige. Tá Belskiy fós ag obair le leanáí agus féachann sé le leanáí a dhíontegasc le tuairimí i bhfabhar an réimis.  Tá Belskiy gníomhach i mbun úsáid a bhaint as roinnt cuntais meán sóisialta ar na seirbhísí Telegram agus VKontakte agus foilsíonn sé ailt i meáin an pháirtí “United Russia”. Úsáideann sé a ardáin meán sóisialta arís agus arís eile chun údar a thabhairt le cogadh na Rúise ar an Úcráin agus chun tacaíocht a chur in iúl dó agus rinne sé comhghairdeas leis an gCrimé agus Sevastopol as “athaontú” leis an Rúis.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			Tá Belskiy freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	
1217.	Alexander Valentinovich ISHCENKO (Александр Валентинович ИЩЕНКО)	Dáta breithe: 9.3.1970 Áit bhreithe: Rostov-on-Don, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Ishchenko ina Chathaoirleach ar an Legislative Assembly in Rostov Region agus ina Rúnaí ar an Rostov Regional Branch de chuid an pháirtí rialaithe “United Russia” atá ailínithe leis an gCreimil (ó 2016 i leith). Tá Ishchenko an-ghníomhach in eagraíochtaí óige, e.g. Youth Parliament of Rostov agus an eagraíocht réigiúnach pholaitiúil-mhíleata don aos óg “Youth Guard”. Mar Chathaoirleach ar an Legislative Assembly is pearsa phoiblí é agus is minic a bhíonn sé le feiceáil ar theilifís agus nuacht áitiúil agus náisiúnta agus ag imeachtaí poiblí. In agallaimh phoiblí agus i bpóstálacha ar na meáin shóisialta, tacaíonn Ishchenko le cinneadh an Uachtaráin Putin aitheantas a thabhairt don Lugansk Peoples Republic (LPR) scarúnaíoch agus don Donetsk Peoples Republic (DPR) scarúnaíoch agus cuireann sé teachtaireachtaí bolscaireachta an réimis chun cinn. I bhfianaise a thionchair pholaitiúil, tá Ishchenko freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022
1218.	Mikhail Vladimirovich STRUK (Михаил Владимирович СТРУК)	Dáta breithe: 26.10.1977 Áit bhreithe: Novy Rogachik, Volgograd Oblast, iarUSSR, (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Struk ina chomhalta de Legislative Assembly Oblast Volgograd (réigiún) ó 2017 i leith. Is comhalta é de “United Russia”, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil. Ar a chuntas ar an ardán meán sóisialta Vkontakte agus ina ráitis a fhoilsítear i nuachtán áitiúil, a choinníonn Struk mar theachta san Legislative Assembly de chuid Volgograd Oblast, chuir sé in iúl arís agus arís eile aige go dtacaíonn sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus cháin sé muintir na hÚcráine mar Naitsithe. Cuireann Struk a thacaíocht in iúl do shaighdiúirí na Rúise atá ag troid san Úcráin.	21.7.2022



## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
			I bhfianaise a thionchair pholaitiúil agus a thionchair mar Stiúrthóir Ginearálta ar ZAO Volzhskaya Poultry Farm, tá Struk freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	
1219.	Nikolay Nikolaevich ZABOLOTNEV  (Николай Николаевич ЗАБОЛОТНЕВ)	Dáta breithe: 30.1.1992  Áit bhreithe: Chuy Region i dtuaisceart Kyrgyz Republic  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá Nikolai Nikolaevich Zabolotnev ina cheann ar Regional Executive Committee den Khanty-Mansiysk Regional Branch den pháirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil, “United Russia”.  Chomh maith leis sin, is iarcheannaire Youth Duma (parlaimint na n-óg) in Yugra é, a chomhoibríonn le Youth Dumas de Lugansk Peoples Republic (LPR) agus Donetsk Peoples Republic (DPR) féinfhogartha. Freastalaíonn Zabolotnev go rialta ar chruinnithe, fóraim agus imeachtaí Yugra youth Duma. Bhí sé ar stáitse le haghaidh sceitse nuair a d'fhreastail sé ar cheolchoirm charthanachta réigiúnach an 1 Aibreán 2022, ag bailiú airgid chun tacaíocht a thabhairt d'oibriochtaí daonnúla na Rúise in Donbass.  Chuir sé a thacaíocht don “oibriocht speisialta” in iúl arís agus arís eile ar chainéal teilifíse réigiúnach.  Tá Zabolotnev an-ghníomhach ar na meáin shóisialta agus úsáideann sé an t-ardán seo chun a thacaíocht do Putin agus don oibriocht a chur in iúl, chun béim a leagan go seasann muintir DPR agus LPR leis an Rúis, chun éilimh faoi chinedhíothú i réigiún Donbass a scaipeadh agus chun a rá nach mór fórsaí na hÚcráine a scriosadh go hiomlán.  I bhfianaise a thionchair pholaitiúil, tá Zabolotnev freagrach as fuath a ghríosú i leith na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1220.	Nikolay Timofeevich VELIKDAN (Николай Тимофеевич ВЕЛИКДАНЬ)	Dáta breithe: 6.3.1956 Áit bhreithe: Sovetskoye Runo, Ipatovsky District, Stavropol Territory, iarUSSR, (Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Nikolay Timofeevich Velikdan ina Chathaoirleach ar Stavropol Regional Duma ón 30 Meán Fómhair 2021. Is comhalta é den Stavropol Regional Duma ón 19 Meán Fómhair 2021 agus is é an chéad Leas-Chathaoirleach den Government of the Stavropol Territory. Is comhalta é de “United Russia”, páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil, agus den Presidium of the Regional Political Council of the Party.  Ina ráitis ar shuíomhanna gréasáin nuachta réigiúnacha na Rúise, Bez Formata agus Stpravda, thacaigh sé go poiblí leis an ionradh ar an Úcráin agus chuir sé chun cinn é trí bholscaireacht a scaipeadh maidir le hionradh na Rúise agus trí léargas saofa ar an staid san Úcráin a scaipeadh. Spreagann sé rannpháirtíocht san “oibríocht speisialta”. Mar dhuine de na hoifigigh is airde agus mar Chathaoirleach ar Stavropol Regional Duma, tá tionchar suntasach aige.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Velikdan freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022
1221.	Dmitryi Vladimirovich KHOLIN (Дмитрий Владимирович ХОЛИН)	Dáta breithe: 25.9.1977 Áit bhreithe: Kuybyshev, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta de de Samara Provincial Duma é Kholin, áit a bhfuil sé ina Chathaoirleach ar an Regulations Committee. Ó 2020 go 2021 bhí sé ina cheann ar Executive Committee of the Samara Regional Branch den pháirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil, “United Russia”. Is comhalta é freisin den Samara-Regional Branch den eagraíocht phoiblí uile-Rúise “Combat Brotherhood” (eagraíocht d’iarthrodaithe).  Trína chainéil ar na meáin sóisialta, agallaimh phoiblí agus léachtaí, tugann Kholin údar, cosaint agus tacaíocht oscailte d’fhogha na Rúise faoin Úcráin. Déanann sé cumarsáid go hoscailte go dtacaíonn sé go daingean le hUachtarán Putin, agus mar thoradh air sin tá patrún de ghríosú poiblí córasach uaidh a thacaíonn le hoibríochtaí míleata na Rúise.  Go sonrach, tá ról lárnach ag Kholin maidir leis an scéal ar son na Rúise a scaipeadh i measc daoine óga agus daltaí óga arm. Fágann sé sin go bhfuil sé freagrach as bolscaireacht agus bréagaisnéis a scaipeadh ar son na Rúise maidir leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le ról gníomhach a imirt maidir le tacaíocht intíre a ghnóthú d’fheachtas míleata na Rúise. Bunaithe ar na gníomhaíochtaí sin, tá Vladimirovich Kholin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1222.	Sergey Evgenievich TSIVILEV (Сергей Евгеньевич ЦИВИЛЕВ)	Dáta breithe: 21.9.1961 Áit bhreithe: Zhdanov (Mariupol), iarUSSR (Ukraine anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Sergey Evgenievich Tsivilev ina ghobharnóir ar réigiún Kemerovo agus is pearsa phoiblí é a bhfuil cáil air.  Agus é i láthair ag imeachtaí poiblí, tugann Tsivilev údar, cosaint agus tacaíocht oscailte d'fhogha na Rúise faoin Úcráin. Déanann sé cumarsáid go hoscailte go tacaíonn sé go daingean le hUachtarán Putin, agus mar thoradh air sin tá patrún de ghríosú poiblí córasach uaidh a thacaíonn le hoibríochtaí míleata na Rúise.  De bharr an tionchair pholaitiúil atá aige, tá sé freagrach as bolscaireacht agus bréagaisnéis a scaipeadh ar son na Rúise maidir leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le ról gníomhach a imirt maidir le tacaíocht intíre a ghnóthú d'fheachtas míleata na Rúise. Chuir Tsivilev in iúl go hoscailte go dtacaíonn sé le cinneadh Uachtarán na Rúise aitheantas a thabhairt do neamhspleáchas Phoblachtaí Luhansk agus Donetsk, mar a thugtar orthu. Bunaithe ar na gníomhaíochtaí sin, tá Sergey Evgenievich Tsivilev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022
1223.	Roman Alexandrovich GOVOR (Роман Александрович ГОВОР)	Dáta breithe: 22.11.1982 Áit bhreithe: Novokuznetsk, Kemerovskaya Oblast, iarUSSR, Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta den Legislative Assembly den Kemerovo Region – Kuzbass é Roman Alexandrovich Govor. Is comhalta é de “United Russia”, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil.  Ina ráitis ar Rutube agus ar a chuntas VKontakte, tacaíonn Govor go poiblí leis an gcinneadh ionradh a dhéanamh ar an Úcráin. Tá bolscaireacht an réimis á cur chun cinn go gníomhach aige freisin.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Govor freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1224.	Roman Sergeevich CHUYKO (Роман Сергеевич ЧУЙКО)	Dáta breithe: 12.5.1983 Áit bhreithe: Blagoveshchensk, iarUSSR, (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Roman Sergeevich Chuyko ina cheann ar Regional Executive Committee den All-Russian People's Front, agus is comhalta é den regional Legislative Assembly in Tuymen Oblast. Is comhalta é de “United Russia”, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil.  Mar Cheann ar an Regional Executive Committee ina réigiún, cuireann Chuyko in iúl arís agus arís eile go dtacaíonn sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin, scaipeann sé teachtaireachtaí bolscaireachta agus cáineann sé údarais na hÚcráine mar Naitsithe ar ardáin na meán sóisialta, ar chainéil réigiúnacha teilifíse agus ar shuíomhanna gréasáin ghníomhaireachtaí nuachta.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Chuiko freagrach as fuath a ghríosú i goinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i goinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022
1225.	Viktor Vladimirovich BABENKO (Виктор Владимирович БАБЕНКО)	Dáta breithe: 14.10.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Viktor Vladimirovich Babenko ina Chathaoirleach ar Sverdlovsk Regional Council of Supporters of the “United Russia” Party. Is comhalta é de Legislative Assembly de Sverdlovsk Region agus is Leas-Rúnaí Sverdlovsk Regional Branch de United Russia é. Is príomhpholaiteoir réigiúnach é Babenko ón bpáirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil, “United Russia”, in Sverdlovsk oblast.  Ó thús ionradh na Rúise i mí Feabhra tá Babenko ag tacú go gníomhach leis an oibríocht sna meáin shóisialta, in agallaimh scríofa agus in óráidí ag imeachtaí áitiúla. Spreagann sé muintir Sverdlovsk chun tacú le “Oibríocht Speisialta na Rúise i goinne an náisiúnachais agus an fhaisisteachais”.  I bhformhór na ngrianghraf de, tá sé le feiceáil ag caitheamh t-léine le lógó ionradh na Rúise, “Z”. Ina theannta sin, tá bolscaireacht agus ráitis bhréagacha maidir le himeachtaí na hoibríochta míleata scaipthe roinnt uaireanta ag Babenko.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Babenko freagrach as fuath a ghríosú i goinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i goinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1226.	Yury Alexandrovich BURLACHKO (Юрий Александрович БУРЛАЧКО)	Dáta breithe: 8.6.1961 Áit bhreithe: Omsk, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Yury Alexandrovich Burlachko ina chathaoirleach ar an Legislative Assembly de Krasnodar Krai (réigiún) ó 2017 agus is é an teachta parlaiminte is airde i Legislative Assembly de Krasnodar Krai. Is comhalta é de “United Russia”, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil.  Scaip Burlachko bolscaireacht na Creimile i gcoinne na hÚcráine i roinnt agallamh agus chuir sé in iúl go dtacaíonn sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Cuireann sé in iúl go dtacaíonn sé go hiomlán leis an Uachtarán agus é ag iarraidh “an Naitsíochas a ghlanadh d’Úcráin na linne seo”. Thairis sin, maíonn Burlachko go raibh ról gníomhach aige sna próisis toghcháin sa Chrimé in 2014. Fuair sé roinnt bonn agus gradam amhail Gratitude of the President of the Russian Federation (2004, 2014, 2017), an bonn For the Return of Crimea (2014) agus bonn an Ordaithe “For Merit to the Fatherland”.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Babenko freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Anuas ar sin, tá sé ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	21.7.2022
1227.	Yury Zimelevich KAMALTYNOV (Юрий Зимелевич КАМАЛТЫНОВ)	Dáta breithe: 11.3.1957 Áit bhreithe: Kazan, Republic of Tatarstan, iarUSSR, Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Yury Zimelevich Kamaltynov ina Leas-Chathaoirleach ar State Council of the Republic of Tatarstan. Roimhe sin, bhí sé ina Leas-Phríomh-Aire ar Republic of Tatarstan agus mar ionadaí lánchumhachtach ar Uachtarán Republic of Tatarstan i State Council of the Republic of Tatarstan. Is comhalta é de “United Russia”, an páirtí rialaithe atá ailínithe leis an gCreimil.  Ina ráitis ar ardáin na meán áitiúil agus réigiúnach, thacaigh Kamaltynov go poiblí leis an gcinneadh ionradh a dhéanamh ar an Úcráin agus chuir sé chun cinn é.  I bhfianaise a thionchar polaitiúil, tá Kamaltynov freagrach as fuath a ghríosú i gcoinne na hÚcráine, as bréagaisnéis agus bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh i gcomhthéacs an chogaidh agus as féachaint le tacaíocht intíre a fháil sa Rúis don chogadh i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	21.7.2022

## ▼ M55

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1228.	Sergey Vitalyevich BEZRUKOV (Сергей Витальевич БЕЗРУКОВ)	Dáta breithe: 18.10.1973 Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is aisteoir agus polaiteoir Rúiseach é Sergey Bezrukov. Tá sé ar dhuine d'aghaidheanna poiblí an "United Russia" Party agus ina chathaoirleach ar thionscadal an pháirtí sin dar teideal "Culture of the little homeland project" [Tionscadal chultúr na tíre bige dúchais]. Scaip sé bolscaireacht na Rúise chun tacú le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Thacaigh sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin le linn léirithe os comhair shaighdiúirí na Rúise a ghlac páirt sa chogadh, agus leanaí ó Dhaon-Phoblachtaí scarúnaíocha, mar a ghairtear dóibh, i réigiún Donbas. Thairis sin, chuir sé in iúl go poiblí go dtacaíonn sé le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol ag Cónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1229.	Vladimir Lvovich MASHKOV (Владимир Львович МАШКОВ)	Dáta breithe: 27.11.1963 Áit bhreithe: Tula, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is aisteoir, stiúrthóir agus scríbhneoir scáileáin Rúiseach é Vladimir Mashkov, a thacaigh go gníomhach leis an gcogadh foghach atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. D'fhorhnuigh sé go hoifigiúil iarracht an Uachtaráin Vladimir Putin lena atofa in 2018 agus bhí sé ina ionadaí toghcháin aige. Ainmníodh é mar chomhalta ar an Presidential Council for Culture and Art [Comhairle an Uachtaráin um Chultúr agus Ealaín]. Thacaigh sé freisin le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus leis an aitheantas a thug an Rúis do na Daon-Phoblachtaí scarúnaíocha, mar a ghairtear dóibh, in Donbas.  Ghlac sé páirt san imeacht bolscaireachta chun tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Ina theannta sin, shuiteáil sé an tsiombail mhíleata "Z", atá á úsáid ó shin ag bolscaireacht na Rúise chun ionradh na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn, ar aghaidh amharclann Oleg Tabakov i Moscó.  Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
1230.	Alla Viktorovna POLYAKOVA (Алла Викторовна ПОЛЯКОВА)	Dáta breithe: 26.11.1970 Áit bhreithe: Ryazan, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: bainneann	Comhalta den Dúma Stáit (State Duma) a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 "Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise Chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk" agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh a thuilleadh an Úcráin.	1.9.2022

## ▼ M58

▼ **M58**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1231.	Anton Olegovich TKACHEV (Антон Олегович ТКАЧЁВ)	Dáta breithe: 31.3.1994 Áit bhreithe: Voronezh, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Comhalta den Dúma Stáit (State Duma) a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 “Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise Chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk” agus a thacaigh dá bhri sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh a thuilleadh an Úcráin.	1.9.2022
1232.	Valery Andreevich PONOMAREV (Валерий Андреевич ПОНОМАРЕВ)	Dáta breithe: 17.8.1959 Áit bhreithe: Kurilsky District, Sakhalin Region, Russian Federation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an “Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk”.	1.9.2022
▼ <b>M60</b>				
1233.	Aleksander Dmitrievich KHARICHEV (Александр Дмитриевич ХАРИЧЕВ)	Dáta breithe: 8.2.1966 Áit bhreithe: Kostroma, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceann an Division of Operation of the State Council sa Administration of the President of the Russian Federation. Cuireadh de chúram ar an Division na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1234.	Boris Yakovlevich RAPOPORT (Борис Яковлевич РАПОПОРТ)	Dáta breithe: 14.8.1967 Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (St. Petersburg, Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Alexander Kharichev Eintitis chomhlachaithe: Presidential Directorate of the Russian Federation	Leas-Cheann an Division of Operation of the State Council sa Administration of the President of the Russian Federation. Cuireadh de chúram ar an Division na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022



## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1235.	Anton Viktorovich KOLTSOV (Антон Викторович КОЛЬЦОВ)	Dáta breithe: 24.6.1973 Áit bhreithe: Cherepovets, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Ceapadh mar “ceann rialtais Zaporizhzhia Oblast” an 18 Iúil 2022 mar a ghairtear de agus tá baint aige leis na hullmhúcháin don reifreann neamhdhleathach chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1236.	Alexey Sergeevich SELIVANOV (Rúisis: Алексей Сергеевич СЕЛИВАНОВ) ar a dtugtar freisin Oleksiy Sergiyovich SELIVANOV (Úcráinis: Олексій Сергійович СЕЛИВАНОВ)	Dáta breithe: 7.12.1980 Áit bhreithe: Kyiv, iarUkrainian SSR (Ukraine anois) Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	“Leas-Cheann ar an Main Directorate of the Ministry of Internal Affairs of the Zaporizhzhia Military-Civilian Administration” mar a ghairtear de. Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Zaporizhzhia Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1237.	Anton Robertovich TITSKIY (Антон Робертович ТИЦКИЙ)	Dáta breithe: 12.2.1990 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise é ina “Aire ar Youth Police of Zaporizhzhia Oblast” an 18 Iúil 2022, mar a ghairtear de. Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Zaporizhzhia Oblast, mar a ghairtear de, atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1238.	Sergey Vladimirovich ELISEEV (Сергей Владимирович ЕЛИСЕЕВ)	Dáta breithe: 5.5.1971 Áit bhreithe: Stavropol, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann Seoladh: Kherson Oblast, Ukraine Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise é ina “Cheann, mar a ghairtear de, ar an Kherson Military-Civilian Administration” an 5 Iúil 2022. Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Chónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1239.	Mikhail Leonidovich RODIKOV (Михаил Леонидович РОДИКОВ)	Dáta breithe: 26.1.1958 Áit bhreithe: Ozyory, Moscow region, iarUSSR, Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Sergey Eliseev Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Cheap Rialtas Chónaidhm na Rúise ina Aire Oideachais agus Eolaíochta, mar a ghairtear de, de chuid Kherson Military-Civilian Administration an 4 Iúil 2022 agus é freagrach as córas oideachais Kherson a chur in oiriúint do chaighdeán na Rúise.  Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Chónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1240.	Vladimir Alexandrovich BESPALOV (Владимир Александрович БЕСПАЛОВ)	Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise ina Aire Beartais Intíre, mar a ghairtear de, ar an Kherson Military-Civilian Administration an 4 Iúil 2022.  Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus é freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Chónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1241.	Vitaliy Pavlovich KHOTSENKO (Витаалий Паавлович ХОЦЕНКО)	Dáta breithe: 18.3.1986 Áit bhreithe: Dnepropetrovsk, iarUSSR (Ukraine anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: Donetsk, Ukraine	Ceapadh é ina Phríomh-Aire ar Donetsk People's Republic, mar a ghairtear de, an 8 Meitheamh 2022 agus tá sé freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí "rialtasacha" scarúnaíocha de chuid "rialtas Donetsk People's Republic" mar a ghairtear de.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1242.	Vladislav Garievich KUZNETSOV (Владислав Гариевич КУЗНЕЦОВ)	Dáta breithe: 18.3.1969 Áit bhreithe: Moscow, iarUSS (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceapadh é ina "Chéad Leas-Chathaoirleach" ar "rialtas" "Luhansk People's Republic", mar a ghairtear de, an 8 Meitheamh 2022 agus tá sé freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí "rialtasacha" scarúnaíocha de chuid "rialtas Luhansk People's Republic" mar a ghairtear de.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1243.	Nikolay Ivanovich BULAYEV (Николай Иванович БУЛАЕВ)	Dáta breithe: 1.9.1949 Áit bhreithe: Kazachya Sloboda, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leaschathaoirleach ar an Russian Central Election Commission. Bhí sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta vótála chun "reifrin" neamhdhleathacha a chur ar bun ar ionghabháil neamhdhleathach "Donetsk People's Republic", mar a ghairtear di, "Luhansk People's Republic", mar a ghairtear di, agus réigiúin Zaporozhzhia agus Kherson na hÚcráine ag Cónaidhm na Rúise i mí Mheán Fómhair 2022. Faoina threoir, osclaíodh stáisiúin vótála i gCónaidhm na Rúise chun an vótáil sin a éascú.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	6.10.2022

▼ **M60**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M77</b>				
1244.	Evgeniy Alexandrovich SOLNTSEV (Евгений Александрович СОЛНЦЕВ)	Dáta breithe: 1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	‘Leas-Chathaoirleach Rialtas Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear de, ón 8 Meitheamh 2022.  An 30 Márta 2023, ceapadh é ina Chathaoirleach ar Rialtas ‘Dhaon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di.  Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	6.10.2022
▼ <b>M60</b>				
1245.	Alexander Konstantinovich KOSTOMAROV (Александр Константинович КОСТОМАРОВ)	Dáta breithe: 13.5.1977 Áit bhreithe: Chelyabinsk, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	‘Ionadaí ar Phríomh-Aire ar Donetsk People’s Republic’, mar a ghairtear de, ón 8 Meitheamh 2022.  Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	6.10.2022
1246.	Alan Valerievich LUSHNIKOV (Алан Валерьевич ЛУШНИКОВ)	Dáta breithe: 10.8.1976 Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR, St. Petersburg (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: JSC Kalashnikov Concern	An scairsealbhóir is mó in JSC Kalashnikov Concern, ar táirgeoir arm é. Is forbróir agus monaróir Rúiseach é JSC Kalashnikov Concern a dhéanann trealamh don arm, raidhfíilí pearsanta, diúracáin agus feithiclí san áireamh. Tá sé á rialú go díreach ag Rostec. Bhain fórsaí armtha na Rúise úsáid as diúracáin aerárthaí treoraithe Vikhr-1 agus as raidhfíilí ionsaithe AK-12 a rinne JSC Kalashnikov Concern le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022.  Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá baint aige le JSC Kalashnikov Concern, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.  Baineann corparáidí cosanta na Rúise agus daoine aonair atá cleamnaithe leo tairbhe as cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuireann JSC Kalashnikov Concern le soláthar arm d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann sé tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhri sin tá Alan Lushnikov, ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil Crimea agus as díchobhsú na hÚcráine.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1247.	Yulia Dmitrievna CHICHERINA (Юлия Дмитриевна ЧИЧЕРИНА)	Dáta breithe: 7.8.1978 Áit bhreithe: Sverdlovsk, Cónaidhm na Rúisea Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Amhránaí mór le rá Rúiseach. Baineann sí leas as an gcáil shuntasach atá bainte amach aici di féin chun an bonn a bhaint go poiblí d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine nó chun bagairt a dhéanamh ar an méid sin, e.g. trí dhímheas a léiriú ar shiombailí stáacht na hÚcráine agus a tacaíocht a léiriú go poiblí d'ionghabháil na Rúise ar an Úcráin i gcríoch Úcránach atá faoi fhorghabháil na Rúise.  Dá bhri sin, tá sí ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022
1248.	Dmitriy Vitalevich BULGAKOV (Дмитрий Витальевич БУЛГАКОВ)	Dáta breithe: 20.10.1954 Áit bhreithe: Verkhneye Gurovo, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise go dtí Meán Fómhair 2022 agus Ginearál in arm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne. Ina theannta sin, thug sé údar go poiblí do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chosain sé é agus thacaigh sé leis.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1249.	Yunus-Bek Bamatgireevich EVKUROV (Юнус-Бек Баматгиреевич ЕВКУРОВ)	Dáta breithe: 30.7.1963 Áit bhreithe: North Ossetian Autonomous SSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogadh na Rúise i gcoitinne. De réir a láithrithe poiblí, tugann sé údar go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Trí bhíthin láithrithe poiblí agus trína rannpháirtíocht i searmanais luaíochta agus bonn, cuireann sé tacaíocht intíre ar fáil don chogadh. Ina theannta sin, léiríonn a chuid gníomhaíochtaí go dtacaíonn sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1250.	Ruslan Khadzhis-melovich TSALIKOV (Руслан Хаджимелович ЦАЛИКОВ)	Dáta breithe: 31.7.1956 Áit bhreithe: Ordzhonikidze, North Ossetian Autonomous SSR (Vladikavkaz, Republic of North Ossetia–Alania, (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise. Tá sé sa cheathrú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne. Ina láithrithe poiblí éagsúla, amhail a rannpháirtíocht i gcomhdháil “frithfhaisisteach” a d’eagraigh Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, chuir sé a thacaíocht in iúl do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn a chuid gníomhaíochtaí go dtugann sé tacaíocht, údar agus cosaint ghníomhach do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1251.	Nikolay Aleksandrovich PANKOV (Николай Александрович ПАНКОВ)	Dáta breithe: 2.12.1954 Áit bhreithe: Maryino, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Leas-Aire Cosanta, ginearálta arm cúltaca na Rúise, agus rúnaí stáit Chónaidhm na Rúise. Tá sé sa chúigiú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata na Rúise, is é atá freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Bhí baint aige le himscaradh trúpaí san Úcráin. Ina theannta sin, thacaigh sé go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus é i láthair ag imeachtaí poiblí. Bhronn sé duaiseanna ar pharatrúipéirí Rúiseacha freisin as a rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin go dtugann sé tacaíocht agus cosaint ghníomhach do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1252.	Yuriy Eduardovich SADOVENKO (Юрий Эдуардович САДОВЕНКО)	Dáta breithe: 11.9.1969 Áit bhreithe: Zhitomyr, iarUSSR (Ukraine anois) Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise, chomh maith le ceann Oifig Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise, agus Coirnéal Ginearálta fhórsaí armtha na Rúise. Tá sé sa seachtú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata na Rúise, tá Yuriy Sadovenko freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Bhí baint aige le trúpaí a imscaradh san Úcráin. Ina theannta sin, thacaigh sé go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus thug sé údar leis an gcogadh sin agus é i láthair ag imeachtaí poiblí. Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1253.	Timur Vadimovich IVANOV (Тимур Вадимович ИВАНОВ)	Dáta breithe: 15.8.1975 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR, Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Leas-Aire Cosanta reatha. Sa phost seo, tá sé freagrach as earraí míleata a sholáthar agus as saoráidí míleata a thógáil. Tá sé sa deichiú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata Chónaidhm na Rúise, is é atá freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, thug sé cuairteanna éagsúla ar “Luhansk People’s Republic”, mar a ghairtear de, agus ar “Donetsk People’s Republic”, mar a ghairtear de, chun iniúchadh a dhéanamh ar shaoaráidí atá á dtógáil ag fórsaí forghabhála na Rúise. Ina theannta sin, thug sé dámhachtainí stáit éagsúla do phearsana míleata na Rúise a gortaíodh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin go dtugann sé tacaíocht, údar agus cosaint ghníomhach don chogadh i gcoinne na hÚcráine.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1254.	Sergey Borisovich RYZHKOV (Сергей Борисович РЫЖКОВ)	Dáta breithe: 25.10.1968 Áit bhreithe: Voronezh, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Maor-Ghinearál i bhfórsaí armtha na Rúise agus Ceannasaí ar an 41ú Combined Arms Army. Mar sin, is príomhphearsa é in ord catha na Rúise agus bhí ról lárnach aige in ionradh agus i bhforghabháil chríoch na hÚcráine. Sa ról sin, ba é a bhí freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1255.	Aleksander Viktorovich KOCHKIN (Александр Викторович КОЧКИН)	Dáta breithe: 10.2.1957 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Stiúrthóir Feidhmiúcháin an ghnóthais Tecmash. Is príomhdhearthóir agus príomh-mhonaróir diúracán agus muinisin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise é an gnóthas Tecmash. Monaraíonn a fhochuideachta, NPO Splav, il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch a d’úsáid fórsaí armtha na Rúise le linn chogadh fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D’úsáid Fórsaí Armtha na Rúise il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch i gcnuasmhuinisean i gcoinne spriocanna sibhialtacha san Úcráin, rud ba chúis le tairmigh iomadúla.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	6.10.2022



## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1256.	Vladimir Grigorevich KULISHOV (Владимир Григоорьевич КУЛИШОВ)	Dáta breithe: 20.7.1957 Áit bhreithe: Rostov-on-Don, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceann Border Service na Rúise agus is é Leas-Stiúrthóir an Federal Security Service (FSB) Chónaidhm na Rúise é.  Ghlac feidhmeannaigh Border Service FSB Chónaidhm na Rúise faoina cheannas páirt in oibríochtaí córasacha “scagtha” agus in ionnabhadh éigeantach na nÚcráin ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine. Rinne gardaí teorann na Rúise go neamhdhleathach saoránaigh na hÚcráine a cheistiú, a chuardach agus a choinneáil ar feadh tréimhsí fada.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idimnáisiúnta san Úcráin.	6.10.2022
1257.	Nikolay Viacheslavovich RASTORGUEV (Николай Вячеслаавович РАСТОРГУЕВ)	Dáta breithe: 21.2.1957 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR, Russian Federation anois Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceoltóir Rúiseach agus comhalta den Public Council faoi Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Thacaigh sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trína cheolchoirmeacha agus a ghníomhaíochtaí poiblí. Ghlac sé páirt san imeacht bolscaireachta chun tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Ina theannta sin, sheinn sé do shaighdiúirí atá ag troid sa chogadh i gcoinne na hÚcráine, agus bhronn sé cistí ar réigiún Donbas atá faoi fhorghabháil ag an Rúis.  Tá sé freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
1258.	Oleg Mikhaylovich GAZMANOV (Олег Михайлович ГАЗМАНОВ)	Dáta breithe: 22.7.1951 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceoltóir Rúiseach. Comhalta den Public Council faoi Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, a bunaíodh in 2006 le foraithe Aire Cosanta na Rúise leis an gcuspóir a luadh go poiblí rialú sibhialta thar an Aireacht Cosanta agus thar Fhórsaí Cosanta Chónaidhm na Rúise a áirithiú. Ghlac sé páirt sna himeachtaí poiblí a d’eagraigh United Russia, an páirtí atá i gceannas ar Chónaidhm na Rúise.  Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trína ráitis agus a cheolchoirmeacha. Thug sé údar do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trí líomhaintí bréagacha a scaipeadh faoi bhagairt ECAT i gcoinne na Rúise, agus an dosheachantacht mhaíte a bhaineann le cogadh níos forleithne dá mba rud é nach ngníomhódh taobh na Rúise.	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Ghlac sé páirt san imeacht bolscaireachta chun tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Sheinn sé freisin ag an gceolchoirm do shaighdiúirí gortaithe na Rúise a throid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is duine de na healaíontóirí Rúiseacha é a thacaigh go poiblí le beartas an Uachtaráin Putin maidir leis an Úcráin agus le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol in 2014.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	
1259.	Dmitry Evgenevich SHUGAEV (Дмитрий Евгеньевич ШУГАЕВ)	<p>Dáta breithe: 11.8.1965</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Stiúrthóir ar an Federal Service for Military-Technical Cooperation of the Russian Federation (FSVTS). Is comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme é FSVTS atá freagrach as rialú agus maoirseacht i réimse an chomhair mhíleata-teicniúil idir Cónaidhm na Rúise agus tíortha eachtracha. Sa ról seo, tá sé freagrach as rialú agus maoirseacht i réimse an chomhair mhíleata-teicniúil, chomh maith le beartas stáit a fhorbairt i réimse an chomhair mhíleata-teicniúil, rud a fhágann go bhfuil sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne.</p> <p>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	6.10.2022
1260.	Gennadiy Valeryevich ZHIDKO (Геннадий Валериевич ЖИДКО)	<p>Dáta breithe: 12.9.1965</p> <p>Áit bhreithe: Tashkent, iarUSSR (Uzbekistan anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Comhalta lárnach de Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é an Ginearál Gennadiy Zhidko. I mí an Mheithimh 2022, tugadh ceannas oibríochtúil dó ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus bhí sé i gceannas ar Ghrúpáil Fórsaí na Rúise sa Deisceart. Bhí sé gníomhach in imscaradh na dtrúpaí chun na hÚcráine agus rinne sé maoirseacht ar chur chun feidhme ordú chun mionaóisigh Rúiseacha a imscaradh chuig an láthair chogaidh san Úcráin. Tacaíonn sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tugann sé údar leis agus cosnaíonn sé é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	6.10.2022

## ▼ M60

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1261.	Aleksander Gelyevich DUGIN (Александр Гельевич ДУГИН)	Dáta breithe: 7.1.1962 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	<p>Fealsúnaí, eolaí polaitiúil, anailísí, straitéisí agus idé-eolaí theoiricí Russky Mir agus Eoráiseachais le fada é Aleksandr Dugin. Is comhalta é de Izborsk Club, mar a ghairtear de, meitheal machnaimh caomhach Rúiseach a dhéanann sainchúram de bheartas eachtrach agus baile na Rúise a staidéar.</p> <p>Chosain Dugin ionghabháil na Crimé agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ó thaobh na hidé-eolaíochta agus na diagachta de, agus é den tuairim go bhfuiltear ag “saoradh” na hÚcráine ó thionchar an Iarthair. Tá idé-eolaíocht Dugin dírithe ar impireacht ollsmachtach Eoráiseach faoi cheannas na Rúiseach a thógáil, a mbeidh an Úcráin mar chuid de, ar chúiseanna stairiúla, reiligiúnacha agus geografacha. Ó thaobh na hidé-eolaíochta de, tá Dugin ag glacadh leis gur stát saorga í an Úcráin lena mbaintear an bonn de shlándáil na Rúise agus den Impireacht Eoráiseach a bheartaítear. Dá bhrí sin, ní raibh aon bhealach leis an ionradh míleata ar an Úcráin a sheachaint. D'iarr sé ar an Uachtarán Vladimir Putin ionradh míleata a dhéanamh ar oirthear na hÚcráine.</p> <p>Chuir Dugin chun cinn an coincheap <i>Russian World</i> [Domhan Rúiseach], atá nasctha le náisiúnachas forleathan díoltasach ré Putin, a bhaineann le máthairthír stairiúil a chosnaíonn géillsinigh an Domhain Rúisigh. Chuidigh sé le coincheap “Novorossiya” nó <i>New Russia</i> [Rúis Nua] a athbheochan - ainm stairiúil a úsáideadh i ré Impireacht na Rúise le haghaidh limistéar riaracháin ar cuid den Úcráin faoi láthair é.</p> <p>D'iarr Dugin dínaitiú na hÚcráine agus dúirt gur rialtas faisisteach a bhí aici. Thacaigh sé go gníomhach leis an ngluaiseacht scarúnaíoch ar son na Rúise in Oirthear na hÚcráine, agus rinne sé ionstraimiú ar a theoiric dhomhanda trí <i>Eurasian Youth Union</i> [an tAontas Óige Eoráiseach] a bhunú, aontas a chuaigh i mbun gníomhaíochtaí lena ndírítear ar an mbonn a bhaint de cheannasacht na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Aleksander Dugin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.</p>	6.10.2022
1262.	Ella Aleksandrovna PAMFILOVA (Элла Александровна ПАМФИЛОВА)	Dáta breithe: 12.9.1953 Áit bhreithe: Olmalıq, iarUSSR (Uzbekistan anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	<p>Cathaoirleach ar Central Election Commission (CEC) Chónaidhm na Rúise. Tá CEC freagrach as na reifrinn neamhdhleatacha a eagrú i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Sa ról sin, tá Ella Aleksandrovna Pamiflova freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	6.10.2022

▼ **B**▼ **M61**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1263.	Mohammad Hossein BAGHERI محمد حسين باقری	Áit bhreithe: Tehran na hIaráine Náisiúntacht: Iaránach Inscne: Fireann Grád: Major-General Post: Ceann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine	Tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine. Déanann sé maoirseacht ar an gclár míleata maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann (UAV) agus tá ról tábhachtach aige i gcomhar cosanta na hIaráine le Cónaidhm na Rúise. Tá baint aige freisin le leathnú UAVanna de dhéantús na hIaráine thar lear; sa cháil sin, d'oscail sé líne cóimeála sa Táidsiceastáin a bhí ceaptha le dróin Ababil-2 a onnmhairiú. Ghlac sé páirt freisin i bhforbairt dróin Mohajer-6 agus bhí baint aige lena soláthar do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022

▼ **M77**

1264.	Sayed Hojatollah QUREISHI (سيد حجت الله قريشي) (ar a dtugtar freisin Sayyed Hojatollah GHOREISHI)	Dáta breithe: 27.9.1964 Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Grád: Ginearál Post: Ceann na Rannóige Soláthair, Taighde agus Gnóthaí Tionsclaíocha ag Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL) Pas N42881363 (an Iaráin) ag dul in éag an 10 Deireadh Fómhair 2022; nó Pas D9021706 (an Iaráin) ag dul in éag an 14 Iúil 2021; nó Pas D10007155 (an Iaráin) ag dul in éag an 17 Lúnasa 2025; nó Pas A59655618 (an Iaráin) ag dul in éag an 15 Meán Fómhair 2027; Uimhir Aitheantais Náisiúnta: 5929869741 (an Iaráin)	Is é Ginearál Sayed Qureishi Ceann na Rannóige Soláthair, Taighde agus Gnóthaí Tionsclaíocha ag Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL) agus tá sé freagrach as caibidlíocht a dhéanamh don chomhaontú le Cónaidhm na Rúise maidir le soláthar Aerfheithiclí Gan Foireann de dhéantús na hIaráine (UAVanna) lena n-úsáid sa chogadh foghach I gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Ginearál Sayed Qureishi freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022
-------	---	---	---	------------

▼ **B**▼ **M61**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1265.	Saeed AGHAJANI / Saeed Ara Jani / Said Ara Jani / Said Agha Jani سعید آقاجانی	Dáta breithe: 3.4.1969 Inscne: Fireann Pas: Pas V47528711 (Iran) Náisiúntacht: Iaránach Grád: Briogáidire- Ghinearál Post: Commander of the Islamic Revolutionary Guard Corps - Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command	Is é an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani Ceannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command, arb é cnámh droma an chláir maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann de chuid na hIaráine é. Stiúran agus maoirsíonn an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani an phleanáil, an trealamh agus an oiliúint a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí UAV san Iaráin; áirítear leis sin dróin a sholáthar do chomhghuaillithe idirnáisiúnta de chuid na hIaráine, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022

▼ **M62**

1266.	Hossein SALAMI حسین سلامی	Dáta breithe: 1960 Áit bhreithe: Golpayagan, Iran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: Fireann Grád: Maorghinearál Post: Commander of the Islamic Revolutionary Guard Corps	Is é an Maor-Ghinearál Hossein Salami Ceannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí), cór a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt chláir Aerfheithiclí Gan Foireann (UAV) na hIaráine agus ar aistriú UAVanna thar lear. Sa cháil sin, tá an Maorghinearál Hossein Salami freagrach as an gcomhar cosanta a bhaineann le UAVanna, lena n-áirítear UAVanna a sholáthar do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Maorghinearál Hossein Salami freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	14.11.2022
-------	------------------------------	---	---	------------

1489.	Abulghasem VALAGOHAR (Abolghasem VALAGOHAR, Abualqassem VALAGOHAR)	Feidhm: Comhalta ar bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 5.8.1969 Áit bhreithe: Behbahan, Iran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhreacha eile doiciméad aitheantais: 1860747957 (Iran) Eintitis chomhlachaithe: Paravar Pars Company	Is comhalta é Abualfazl Nazeri ar bhord Paravar Pars Company, a thairg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Navy. Go sonrach, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Shahed-171 de chuid na hIaráine, Aerárthach Gan Foireann arna fhorbairt ag IRGCAF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtairgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023
1490.	Hossein SHAM-SABADI	Feidhm: Stiúrthóir Bainistíochta agus Príomhfheidhmeannach Paravar Pars Company Dáta breithe: 4.6.1974 Áit bhreithe: Tehran, Iran Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhreacha eile doiciméad aitheantais: 2181176574 (an Iaráin) Eintitis chomhlachaithe: Paravar Pars Company	Is é Hossein Shamsabadi Stiúrthóir Bainistíochta agus Príomhfheidhmeannach Paravar Pars Company, a thairg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Navy. Go sonrach, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Shahed-171 de chuid na hIaráine, Aerárthach Gan Foireann arna fhorbairt ag IRGCAF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtairgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023
1491.	Ghassem DAMAV-ANDIAN (قاسم دماوندیان)	Dáta breithe: 2.5.1968 Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin Feidhm: POF agus stiúrthóir bainistíochta Qods Aviation Industries Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhreacha eile doiciméad aitheantais: 0052944492 (an Iaráin) Eintitis chomhlachaithe: Qods Aviation Industries	Is é Ghassem Damavandian Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus stiúrthóir bainistíochta Qods Aviation Industry (QAI), eintiteas atá ag díol ladaínn Mohajer-6 leis an Rúis chun iad a úsáid i geogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Thug sé cuairt ar Mhoscó mar ionadaí oifigiúil na hIaráine chun plé a dhéanamh ar shaoráid nua a thógáil sa Rúis ina dtógfar ladaínn sa todhchaí. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023

▼ **M77**



## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1492.	Kirill Alekseevich KLEIMENOV (Кирилл Алексеевич КЛЕЙМЕНОВ)	<p>Feidhm: Leas-Ardstíúrthóir, Stíúrthóir Information Programs Directorate, Comhalta de Bhord Stíúrthóirí Channel One (Pervyi Kanal)</p> <p>Dáta breithe: 20.9.1972</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Konstantin Ernst</p> <p>—</p> <p>Príomhfheidhmeannach Channel One, Russia</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Channel One (Pervyi Kanal)</p> <p>19 Akademika Korolyova Street Moscow 127427 Russian Federation</p> <p>Faisnéis eile aitheantais: Iarláithreoir teilifíse an chraolta nuachta “Новости” ar Channel One (Pervyi Kanal); Comhalta den Council for awarding prizes of the Government of the Russian Federation in the field of mass media</p>	<p>Tá Kirill Kleimenov ina Leas-Ardstíúrthóir, Stíúrthóir Information Programs Directorate agus ina Chomhalta de Bhord Stíúrthóirí Pervyi Kanal (Channel One), mórchainéal teilifíse na Rúise atá faoi rialú díreach buan Chónaidhm na Rúise. Déanann Pervyi Kanal macalla ar bheartais údarais na Rúise agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh ar an Úcráin , tá Pervyi Kanal ar cheann de na hionstraimí is gníomhaí agus is suntasaí chun scéal na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gcogadh le tráchtairesachtaí foghacha agus an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine, ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé, agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Mar Leas-Ardstíúrthóir agus Stíúrthóir Information Programs Directorate, tá tionchar díreach ag Kirill Kleimenov ar an ábhar ar Pervyi Kanal agus ar an gcaoi a gcuireann sé faisnéis in iúl faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na céimeanna a ghlacann rialtas na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023
1493.	Alexander Zavenovich AKOPOV (Александр Завенович АКОПОВ)	<p>Feidhm: Leas-Phríomhfheidhmeannach “National Media Group”</p> <p>Dáta breithe: 22.11.1957</p>	<p>Is é Alexander Akopov Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin National Media Group (NMG), cuideachta mhór sealbhaíochta meán a rialaíonn eagraíochtaí meán a bhfuil bolscaireacht agus bréagaisnéis á scaipeadh go gníomhach acu a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé ina ionadaí ar Svetlana Balanova, ceann National Media Group (NMG) agus</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: BALANOVA Svetlana Evge- nievna</p> <p>БАЛАНОВА Светлана Евгеньевна</p> <p>Príomhfheidhmea- nnach “NATIONAL MEDIA GROUP”</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/ 145/CBES ón gComhairle an 16.12.2022</p> <p>КАБАYEVA Alina Maratovna</p> <p>КАБАEVA Алина Маратовна</p> <p>Cathaoirleach bhord stiúrthóirí National Media Group CJSC</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/ 145/CBES ón gComhairle an 03.06.2022</p> <p>Eintitis chomhla- chaithe: National Media Group, cláruimhir – 1087746152207</p> <p>Uimhir Aitheantais Cáiniocóra – 7704676655</p> <p>Seoladh: 119034, Moscow, Prechis- tenskaya embankment, 13, building 1, Russia</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/ 145/CBES ón gComhairle an 16.12.2022</p>	<p>Is é National Media Group (NMG) a bhunaigh 28 frontar meán sa Rúis, lena n-áirítear Channel One, Channel 5, REN TV agus STS, 78.ru agus eile, an nuachtán náisiúnta Izvestia, Delovoy Peterburg. Mar aon leis a bheith ina Leas-Phríomhfheidhmeannach ar National Media Group (NMG), tá Alexander Akopov ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar STS freisin, ceann de na príomhchainéil teilifíse de chuid NMG.</p> <p>Ós rud é go bhfuil Alexander Akopov ar cheann de príomhfheidhmeannaigh National Media Group (NMG), tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Svetlana Balanova</p>	

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Gas Industry Insurance Company SOGAZ — úinéir mionlaigh REN TV</p> <p>cláruimhir – 1027739820921</p> <p>Uimhir Aitheantais Cáiníocóra - 7736035485</p> <p>Seoladh: 107078, Moscow, Academician Sakharova Ave., 10, Russia</p> <p>Líostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 28.02.2022</p>		
1494.	Evgeniy Vladimirovich BEKASOV (Евгений Владимирович БЕКАСОВ)	<p>Feidhm: Príomheagarthóir Rossiya 24 Channel TV</p> <p>Dáta breithe: 14.10.1980</p> <p>Áit bhreithe: Kaliningrad, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Borisovich DOBRODEEV/ Олег Борисович ДОБРОДЕЕВ, Ard-Stiúrthóir VGTRK. Líostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 8 Aibreán 2022.</p> <p>Andrey Olegovich KONDRASHOV/ Андрей Олегович КОНДРАШОВ, Céad Leas-Ard-Stiúrthóir VGTRK.</p>	<p>Is é Evgeniy Bekasov Príomh-eagarthóir Rossiya 24, cainéal teilifíse mór na Rúise atá mar chuid de VGTRK (All-Russian State Television and Radio Broadcasting Company), cuideachta sealbhaíochta meán faoi rialú agus úinéireacht Chónaidhm na Rúise. Déanann Rossiya 24 beartais údarais na Rúise a chraobhscaoileadh agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh ar an Úcráine, tá Rossiya 24 ar cheann de na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun scéal na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gcogadh le tráchtairachtaí foghacha agus an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine, ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé, agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Mar phríomheagarthóir Rossiya 24, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann an eagraíocht meán faisnéis in iúl faoi chogadh na Rúise ar an Úcráin agus faoi na céimeanna a ghlacann rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Eintitis chomhlachaithe: Всероссийская государственная телевизионная и радиовещательная компания (ВГТРК)</p> <p>All-Russia Television and Radio Broadcasting Company (VGTRK)</p> <p>cláruimhir – 1027700310076</p> <p>Seoladh: 125373, Moscow, Pokhodnyy Proyezd 3-2, Russia</p> <p>125373, Москва город, Походный проезд, домовладение 3, стр.2, Россия</p> <p>Liostaithe faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 16.12.2022</p>		
1495.	Milosh Eduardovich WAGNER (Милош Эдуардович ВАГНЕР)	<p>Feidhm: Leas-Cheann an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor)</p> <p>Dáta breithe: 14.10.1979</p> <p>Áit bhreithe: Ukhta, Komi Republic, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Andrey Yurievich Lipov</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Roskomnadzor</p>	<p>Is é Milosh Wagner an leas-cheann ar an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor). Is é Roskomnadzor gníomhaireacht stáit na Rúise atá freagrach as cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise agus na meáin ollchumarsáide. Tá beartas stáit na cinsireachta curtha chun feidhme aige i leith eagraíochtaí neamhspleácha meán.</p> <p>Mar leas-cheann Roskomnadzor, déanann Milosh WAGNER maoirseacht ar an Roinn um Chosaint Chearta Ábhar Sonraí Pearsanta agus ar an Oifig um Thacaíocht Díl. Tá sé freagrach as cinntí as ar eascair teorannú ar an rochtain ar fhaisnéis do shochaí na Rúise, forfhaireachas ar úsáideoirí idirlín na Rúise agus dúnadh na n-eagraíochtaí meán neamhspleácha Rúiseacha. Cruthaítear spás faisnéise a ndéantar cinsireacht air leis na gníomhaíochtaí sin, ina gcuirtear cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun cinn, ina gcabhraítear agus ina dtacaítear leis an ggeogadh sin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Milosh WAGNER freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1496.	Vladimir Viktorovich LOGUNOV (Владимир Викторович ЛОГУНОВ)	<p>Feidhm: Leas-Cheann an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor)</p> <p>Dáta breithe: 1.11.1982</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Andrey Yurievich Lipov</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Roskomnadzor</p> <p>Faisnéis eile aitheantais: Comhairle Stáit Gníomhach Chónaidhm na Rúise, an dara grád</p>	<p>Is é Vladimir Logunov an leas-cheann ar an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor). Is é Roskomnadzor gníomhaireacht stáit na Rúise atá freagrach as cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise agus na meáin ollchumarsáide. Tá beartas stáit na cinsireachta curtha chun feidhme aige i leith eagraíochtaí neamhspleácha meán.</p> <p>Mar leas-cheann Roskomnadzor, déanann Vladimir Logunov maoirseacht ar na ranna airgeadais, riaracháin agus lóistíochta agus tá sé ríthábhachtach i bhfeidhmiú Roskomnadzor. Thacaigh sé leis an dlí “On the activities of foreign entities on the ‘Internet’ telecommunications network in the territory of the Russian Federation” [Maidir le gníomhaíochtaí eintiteas eachtrach ar an líonra teileachumarsáide Idirlín i gcríoch Chónaidhm na Rúise], rud a mhéadaigh clúdach na gcinsirí stáit ar chuideachtaí idirlín. Tá sé freagrach as cinntí as ar eascair teorannú ar an rochtain atá ag sochaí na Rúise ar fhaisnéis. Cruthaítear spás faisnéise a ndéantar cinsireacht air leis na gníomhaíochtaí sin, ina gcuirtear cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun cinn, ina gcabhraítear agus ina dtacaítear leis an gcogadh sin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Vladimir Logunov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	25.2.2023
1497.	Yakov Iosifovich KAZAKOV Dá ngairtear freisin: Yaakov KEDMI Yasha KAZAKOV (Яков Иосифович КАЗАКОВ)	<p>Feidhm: iar-pholaitoír, iarthaidhleoir, iarthráchtair polaitíochta, rannpháirtí rialta i seónna cainte theilifis an stáit atá ar son na Creimile</p> <p>Dáta breithe: 5.3.1947</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)</p> <p>Náisiúntacht: Iosraelach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is tráchtair polaitiúil é Yakov Kedmi (Kazakov) agus rannpháirtí rialta ar sheónna bolscaireachta theilifis an stáit atá ar son na Creimile. Tá a chuid ráiteas faoin Úcráin ar aon dul leis na ráitis is conspóidí a dhéanann oifigigh agus bolscairí na Rúise. Cháin Yaakov Kedmi (Kazakov) an Úcráin, chuir sé Naitsíochas i leith cheannaireacht na hÚcráine, agus chuir sé ina leith gur bagairt mhíleata í ar na Poblachtaí dá ngairtear dóibh Donetsk agus Luhansk agus ar an Rúis. Thug bonn cirt do chogadh foghach míleata na Rúise ar an Úcráin, ag rá go raibh sé dosheachanta. Tá sé ráite ag Yakov Kedmi (Kazakov) gur gá don Rúis críochna na hÚcráine a rialú agus cheistigh sí státacht na hÚcráine. Mhaígh sé go mbeidh aon chríoch de chuid na hÚcráine a bheadh fágtha faoi réimeas na hÚcráine ina bagairt don Rúis, mar go n-iompófaí í ina bunáit mhíleata i gcoinne na Rúise. Níor chuir sé as an áireamh an rogha go bhféadfadh arm na Rúise forghabháil a dhéanamh ar an Úcráin uile, go ndéanfaidís scriosadh iomlán ar arm na hÚcráine agus go ndéanfaí leachtú iomlán ar cheannaireacht reatha na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá Yakov Kedmi (Kazakov) freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	
1498.	Sergey Yervandovich KURGINYAN (Сергей Ервандович КУРГИНЯН)	Feidhm: Polaiteoir Rúiseach, eolaí polaitiúil, bunaitheoir agus ceannaire ar ghluaiseacht Rúiseach ar a dtugtar Essence of Time. Dáta breithe: 14.11.1949 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is polaiteoir Rúiseach, eolaí polaitiúil, bunaitheoir agus ceannaire ar ghluaiseacht Rúiseach ar a dtugtar “Essence of Time” é Sergey Kurginyan. Glacann Sergey Kurginyan páirt go rialta i gclár bholscaireachta ar son na Creimile, lena n-áirítear “Evening with Vladimir Solovyov” ar chainéal teilifíse stáit “Russia-1”. Tagann a ráitis phoiblí maidir leis an Úcráin leis an reitric a bhíonn ag oifigigh agus bolscairí na Rúise. Ceistíonn Sergey Kurginyan go córasach iomláine chríochach na hÚcráine, d'iarr sé go ndéanfadh an Rúis forghabháil ar an Úcráin agus go ndéanfaí dínaitsiú ar an tír. Chuir sé in iúl go poiblí go dtacaíonn sé le bréagreifrinn na Rúise maidir le críocha ceannasacha na hÚcráine a áireamh mar chuid den Rúis.  Dá bhrí sin, tá Sergey Kurginyan freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	25.2.2023
1499.	Vitaliy Tovievich TRET'YAKOV (Виталий Товиевич ТРЕТЬЯКОВ)	Feidhm: Iriseoir agus eolaí polaitiúil Rúiseach, Déan Higher School of Television ag M. V. Lomonosov Moscow State University. Dáta breithe: 2.1.1953 Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iriseoir agus eolaí polaitiúil Rúiseach, agus Déan Higher School of Television ag M. V. Lomonosov Moscow State University é Vitaliy Tret'yakov. Glacann V. Tret'yakov páirt go rialta i gclár bholscaireachta ar son na Creimile, lena n-áirítear “Evening with Vladimir Solovyov” ar chainéal teilifíse stáit “Russia-1”. Tagann a ráitis phoiblí maidir leis an Úcráin leis an reitric a bhíonn ag oifigigh agus bolscairí na Rúise. Tugann Vitaliy Tret'yakov údar le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go leanúnach agus iarrann sé go scriosfaí rialtas na hÚcráine, ceistíonn sé stát na hÚcráine, éilíonn sé go mbeidh an bua deiridh ag an Rúis gan aon ghéilleadh agus dearbhaíonn sé a thuairim nach mór críoch uile na hÚcráine a fhorghabháil. Líomhnaíonn sé go bhfuil an Úcráin ag tabhairt ar an Rúis airm núicléacha a úsáid.  Dá bhrí sin, tá Vitaliy Tret'yakov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	25.2.2023

▼ **B**▼ **M72**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1500.	Aleksandr KALININ (Александр КАЛИНИН)	Feidhm: polaiteoir, ceannaire Pháirtí Réigiúin na Moldóive, ceann na heagraíochta poiblí idir-réigiúnaí darb ainm an Congress of Moldovan Diasporas  Dáta breithe: 16.2.1977 Áit bhreithe: Balti, USSR roimhe seo (Poblacht na Moldóive anois)  Inscne: fireann  Náisiúntacht: Moldóvach, Rúiseach	Is polaiteoir Moldóvach é Aleksandr Kalinin, agus tá sé ina cheannaire ar Pháirtí Réigiúin na Moldóive. Ó thosaigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá cuairt tugtha aige ar limistéir fhorghafa oirthear na hÚcráine agus tá tacaíocht tugtha aige d'fhórsaí míleata na Rúise. Ina theannta sin, tá siombailí Rúiseacha an ionraidh ar an Úcráin agus ghníomhaíochtaí na Rúise in oirthear na hÚcráine curtha chun cinn go poiblí aige.  Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agusbeartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	30.5.2023
1501.	Grigore CARAMALAC ar a dtugtar freisin Grigory Ivanovich KARAMALAK (Григорий Иванович КАРАМАЛАК)	Feidhm: fear gnó uachtarán Fhondúireacht IFAVIS; leas-uachtarán an Russian Federation of Wrestling; cúntóir an tseanadóir do réigiún Kursk, Alexander Bryksin  Dáta breithe: an 21.5.1965 Áit bhreithe: Taraclia, iar-USSR (Poblacht na Moldóive anois)  Inscne: fireann  Náisiúntacht: Moldóvach, Rúiseach  Daoine gaolmhara: Alexander Yuryevich BRYKSIN	Is duine gnó Rúiseach/Moldóvach é Grigore Caramalac. Tá smacht aige ar Fhondúireacht IFAVIS (Cónaidhm na Rúise), trína bhfuil imeachtaí tírghrácha agus spóirt eagraithe aige sna críocha faoi fhorghabháil in oirthear na hÚcráine, le tacaíocht ó na húdaráis forghabhála.  Ina theannta sin, is cúntóir é do sheanadóir na Rúise do réigiún Kursk, Alexander Bryksin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad sin ar an méid sin. Tá baint ag Grigore Caramalac freisin le Alexander Bryksin.	30.5.2023
1502.	Vyacheslav Alekseevich BOCHAROV (Вячеслав Алексеевич БОЧАРОВ)	Dáta breithe: 17.10.1955 Áit bhreithe: Donskoy, Tula Oblast, PCSS na Rúise, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)	Tá Vyacheslav Bocharov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar Chéad Leas-Uachtarán ar Sheomra Poiblí Chónaidhm na Rúise agus chuir sé in iúl go gníomhach go dtacaíonn sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin.	23.6.2023

▼ **M74**



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Comhalta den mheitheal um an oibríocht mhíleata speisialta; An Chéad Leas-Uachtarán ar Sheomra Poiblí Chónaidhm na Rúise	Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Bocharov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	
1503.	Oleg Vladimirovich GORSHENIN (Олег Владимирович ГОРШЕНИН)	Dáta breithe: 8.7.1978 Áit bhreithe: Schwerin, an Ghearmáin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Comhalta den mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta” arna bunú le foraithe ag an Uachtarán Putin; Ceann Ionadh Rialaithe Cosanta Náisiúnta Chónaidhm na Rúise, Maor-Ghinearál.	Tá Oleg Gorshenin ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar cheannaire ar Ionad Rialaithe Cosanta Náisiúnta Chónaidhm na Rúise i gcéim Maorghinearál a bhfuil sé de chúram air gníomhaíochtaí fhórsaí míleata na Rúise a chomhordú, lena n-áirítear iad siúd a imscaradh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Oleg Gorshenin freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1504.	Valeriy Alexandrovich VOSTROTIN (Валерий Александрович ВОСТРОТИН)	Dáta breithe: 20.11.1952 Áit bhreithe: Kasli, Kaslinsky District, Chelyabinsk Oblast, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Valeriy Vostrotin ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, tá sé ina cheannaire ar Aontas Pharatrúpaí na Rúise agus is comhbhunaitheoir é de Ghluaiseacht Shóisialta hThirghrách Míleata, “Arm Óg” Uile-Rúise (Yunarmiya).	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Feidhm: Comhalta agus Rúnaí sa mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta”, Cathaoirleach Aontas Pharatrúpaí na Rúise, Maor-Ghinearál ar scor, comhalta ar scor den Dúma Stáit</p> <p>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: 773001557964</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Bekkhan Abdulhamidovich Barakhoyev (Бекхан Абдулхамидович Барахóев), cúntóir le linn thréimhse Vostrotin mar Fheisire sa Dúma Stáit 2004-2011 (liostaithe ag an Aontas ón 23.2.2022)</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Comhbhunaitheoir Ghluaiseacht Shóisialta Thírghrách Mhíleata “Arm Óg” Uile-Rúiseach (Yunarmiya), atá liostaithe ag an Aontas ón 21.7.2022</p>	<p>Dá bhrí sin, tá Valeriy Vostrotin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	
1505.	<p>Alexander Nikolaevich ZAKHARENKO (Александр Николаевич ЗАХАРЕНКО)</p>	<p>Dáta breithe: 3.3.1979</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Alexander Zakharenko ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, tá sé ina Stiúrthóir ar an Roinn d’Idirghníomhaíocht le hÚdaráis Stáit agus don Obair leis na Réigiúin de chuid Chorporáid an Stáit, Roscosmos ó 2015 i leith, rud a léiríonn an taithí atá aige ar chaidreamh idir-rannach a chomhordú, caidreamh atá riachtanach chun cúraimí na meithle a dhéanamh.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Feidhm: Rúnaí na meithle um an “oibríochta mhíleata speisialta” arna bunú le forairthe ag an Uachtarán Putin; Stiúrthóir na Roinne d’Idirghníomhaíocht le hÚdaráis Stáit agus don Obair leis na Réigiúin de chuid Chorporáid an Stáit, Roscosmos; Leas-Chathaoirleach de Chomhairle Phoiblí “Roscosmos”	Dá bhrí sin, tá Alexander Zakharenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	
1506.	Alexander Petrovich KOLMAKOV (Александр Петрович КОЛМАКОВ)	Dáta breithe: 31. 7.1955 Áit bhreithe: Korolyov, Oblast Mhoscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Comhalta den mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta” arna bunú le forairthe ag an Uachtarán Putin; Cathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise “Cumann Deonach um Chúnadh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlaigh na Rúise”; Coirméal Ginearál ar scor	Tá Alexander Kolmakov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar chathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise “Cumann Deonach um Chúnadh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlaigh na Rúise”, a fheidhmíonn mar nasc idir míleata na Rúise agus an tsochaí trí éascaíocht a dhéanamh d’earcaíocht daoine óga sna fórsaí cultaca míleata. Dá bhrí sin, tá Alexander Kolmakov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1507.	Andrey Andreevich MEDVEDEV (Андрей Андреевич МЕДВЕДЕВ)	Dáta breithe: 14.12.1975 Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá Andrey Medvedev ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar leas-chathaoirleach ar Dhúma Chathair Moscó agus is minic a bhíonn sé ag tacú go hoscailte le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina fheidhm mar iriseoir le VGTRK.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta” arna bunú le forairthne ag an Uachtarán Putin;</p> <p>Leas-Chathaoirleach Dhúma Moscó, iriseoir, leas-ardstiúrthóir VGTRK</p> <p>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: 771373760000</p>	<p>Dá bhrí sin, tá Andrey Medvedev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	
1508.	<p>Evgeniy Evgenievich PODDUBNYI</p> <p>(Евгений Евгеньевич ПОДДУБНЫЙ)</p>	<p>Dáta breithe: 22. 8.1983</p> <p>Áit bhreithe: Belgorod, iar-RSFSR, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta” arna bunú le forairthne ag an Uachtarán Putin;</p> <p>Iriseoir, Comhfhreagraí Cogaidh do VGTRK</p> <p>Pasuimhir: 14 02 828183</p>	<p>Tá Evgeniy Poddubnyy ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, oibríonn sé mar chomhfhreagraí cogaidh don chraoltóir stáit Rúiseach VGTRK, ag scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Evgeniy Poddubnyy freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin</p>	23.6.2023
1509.	<p>Igor Yurievich CHAIKA</p> <p>ar a dtugtar freisin Igor Yurievich CHAYKA</p> <p>(Игорь Юрьевич ЧАЙКА)</p>	<p>Dáta breithe: 13.12.1988</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p>	<p>Is é Igor Chaika mac is óige Yuri Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh.</p> <p>Tá ollimpireacht ghnó carnaithe ag Igor Chaika de dhroim conarthaí stáit agus a bhuíochas sin do phost a athar. Déanann sé gníomhaíochtaí gnó freisin sa Chrimé atá faoi fhorghabháil.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Fear gnó Rúiseach</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), Artem Chaika (deartháir)</p> <p>Faisnéis eile aitheantais: Dámhachtainí: Deimhniú Fiúntais Uachtarán Chónaidhm na Rúise</p>	<p>Ó 2022 i leith, is é Igor Chaika Cathaoirleach na Comhairle Poiblí faoi Rossotrudnichestvo, comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme Rúiseach atá freagrach as seirbhísí stáit a chur ar fáil agus maoin stáit a bhainistiú chun tacú leis an gcaidreamh idirnáisiúnta idir Cónaidhm na Rúise agus Ballstáit Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus tíortha eachtracha eile, agus chun an caidreamh sin a fhorbairt.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Igor Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint aige le Yury Chaika agus Rossotrudnichestvo.</p>	
1510.	<p>Artem Yurievich CHAIKA</p> <p>ar a dtugtar freisin Artyom CHAIKA</p> <p>ar a dtugtar freisin Artem CHAYKA (Артем Юрьевич ЧАЙКА)</p> <p>ar a dtugtar freisin Артём Юрьевич ЧАЙКА)</p>	<p>Dáta breithe: 25.9.1977</p> <p>Áit bhreithe: Iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach, Eilvéiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Dlíodóir agus fear gnó Rúiseach</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Chónaidhm na Rúise (arna ainmniú 21.7.2022), Igor Chaika (deartháir)</p>	<p>Is é Artem Chaika an mac is sine le Yury Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh. Tá a chuid gnólachtaí tógtha aige go príomha ar chonartha stáit le linn an ama nuair a bhí a athair ina Phríomh-Ionchúisitheoir. Tá tairiscintí soláthair phoiblí buaite ag cuideachtaí Artem Chaika arís agus arís eile mar gheall gur bhain na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí iomaitheoirí den phróiseas. Is é Artem Chaika úinéir na cuideachta PNK-Ural, an soláthraí is mó de chloch brúite do Iamróid na Rúise.</p> <p>Cheap Ramzan Kadyrov, ceann Phoblacht na Seisnia agus dlúthchomhghuaillí an Uachtaráin Putin, Artem Chaika ina chomhairleoir do chúrsaí daonnúla, sóisialta agus eacnamaíocha i mí Dheireadh Fómhair 2022.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Artem Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé ag baint tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Ramzan Kadyrov.</p>	23.6.2023
1511.	<p>Aleksandr Ivanovich UDALTSOV</p> <p>(Александр Иванович УДАЛЬЦОВ)</p>	<p>Dáta breithe: 5.7.1951</p> <p>Áit bhreithe: iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p>	<p>Is é Alexandr Udaltsov Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthireach Thar Lear (Pravfond)</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: An Fhondúireacht um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthireach Thar Lear</p>	<p>I mí Eanáir 2022, ag cruinniú Bhord Iontaobhaithe na Fondúireachta, thug Udaltsov faoi deara go bhfuil an Fhondúireachta tagtha chun a bheith ina chineál de struchtúr uathúil de “chumhacht bhog” na Rúise, a bhfuil tionchar suntasach aige ar chomhthírigh agus ar a n-eagraíochtaí ar fud an domhain. I mí Feabhra 2022, ag oscailt an taispeántais “Coireanna Cogaidh agus Sáruithe ar Chearta an Duine san Úcráin (2017-2020)”, chuir sé i bhfios go láidir go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach an fhírinne a insint don domhan ar fad faoi bhunús coiriúil agus faoi chleachtas míshuaimhneach réimeas Kyiv, go bunúsach tús fhogha oifigiúil Chív ar Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk. An 28 Feabhra 2022 ag an bhfíschomhdháil a d’óstáil Cumann Idirnáisiúnta na nDlíodóirí Rúiseise (MARA), chuir Udaltsov in iúl go dtacaíonn sé le seasamh an Uachtaráin Putin agus gur cuireadh iallach ar an Rúis an cinneadh a dhéanamh aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk agus oibríocht mhíleata speisialta a sheoladh. D’iarr sé ar rannpháirtithe sa chomhdháil rannchuidiú le seasamh Mhoscó a shoiléiriú.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Alexandr Udaltsov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	
1512.	<p>Sergey Alexandrovich KARAGANOV</p> <p>(Сергей Александрович КАРАГАНОВ)</p>	<p>Dáta breithe: 10.9.1952</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Feidhm: Is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine; Maoirseoir Eolaíochta Dhámh an Gheilleagair Dhomhanda agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, Ard-Scoil na hEacnamaíochta; Cathaoirleach Oinigh ar Phraesaidiam na Comhairle um Beartas Eachtrach agus Cosanta (SVOP)</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Valery Fadeyev</p>	<p>Is eolaí polaitiúil Rúiseach é Sergey Karaganov, cathaoirleach oinigh ar Phresidium na Comhairle um Beartas Eachtrach agus Cosanta (SVOP), agus is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá bonn cirt tugtha aige don ionradh a rinne an Rúis, agus scaip sé bolscaireacht Rúiseach faoin gcogadh, ag maíomh go bhfuil an tIarthar toilteanach an Rúis a scriosadh agus go bhfuil sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí míleata an Úcráin a dhínáisiú agus réigiún Donbass a shaoradh.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergey Karaganov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1513.	Rizvan Abdul-layevich ZUBAIROV (Ризван Абдуллаевич ЗУБАИРОВ)	Dáta breithe: 18.7.1979 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Sibhialta agus um Chearta an Duine; Seoladh: Rostov-on-Don, pr-kt. Mikhail Nagibin 31B, apt. 40 Pasuimhir: 3914864377, eisithe an 10. 4.2015	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don é Rizvan Zubairov. Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol.  Thug sé téarma príosúin 14 bliana do Server Mustafayev – cosantóir chearta an duine Tatarach na Crimé agus iriseoir sibhialta a bhí ina chomhordaitheoir ar eagraíocht sochaí sibhialta, Dlíthpháirtíochta na Crimé, a dhéanann faireachán agus doiciméadú ar an gcos ar bolg agus ar na sárúithe ar chearta an duine arna ndéanamh sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, ag údarais fhorghabhála na Rúise.  Dá bhrí sin, tá Rizvan Zubairov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1514.	Roman Viktorovich SAPRUNOV (Роман Викторович ЛЯГИН)	Dáta breithe: 23.3.1973 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don é Roman Saprunov. Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol.  Thug sé téarma príosúin 12 bhliain do Emir-Usein Kuku — gníomhaí Tatarach na Crimé, ó Ghrúpa Teagmhála na Crimé um Chearta an Duine, a rinne faireachán ar fhuadach forfheidhmithe sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Dá bhrí sin, tá Roman Saprunov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1515.	Viktor Ivanovich ZINKOV (Виктор Иванович ЗИHNЬКОВ)	Dáta breithe: 09.4.1970 Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Breitheamh de “Chúirt Uachtarach Phoblacht na Crimé” Seoladh: Crimea, Simferopol, Krylova 37/72 app. 102 (Ukraine) Pasuimhir: Pas Chónaidhm na Rúise uimh. 3914857478, eisithe an 20.4.2015	Is breitheamh é Viktor Zinkov de “Chúirt Uachtarach Phoblacht na Crimé” a bhunaigh fórsa forghabhála na Rúise sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol. Gearradh téarma príosúnachta 17 mbliana ar Nariman Dzhelyal — polaiteoir Tatarach na Crimé ar son na hÚcráine, gníomhaí agus Leas-Chathaoirleach Tatarach Mejlis na Crimé.  Dá bhrí sin, tá Viktor Zinkov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1516.	Tatyana Anatolyevna MANEZHINA ar a dtugar freisin: Tetyana Anatoliivna MANEZHYNA (Rúisis: Татьяна Анатольевна МАНЕЖИНА Úcráinis: Тетяна Анатоліївна МАНЕЖИНА)	Feidhm: “Aire Cultúir Phoblacht na Crimé”, mar a ghairtear de Dáta breithe: 14.6.1963 Áit bhreithe: Kopeysk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: bainneann	Ceapadh Tetyana Manezhyna i mí na Nollag 2021 mar “Aire Cultúir Phoblacht na Crimé”, mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh leis an ról sin, tá sí ag obair gan údarú ó údaráis na hÚcráine i leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Lean sí de ghníomhaíochtaí a shaothrú san Aireacht, dá ngairtear di, mar a thionscain a réamhtheachtaí. Faoina ceannaireacht agus faoina smacht, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí i gcoinne oidhreacht chultúrtha agus shéadchomharthaí Tataráigh na Crimé, a dhéantar de shárú ar an dlí idirnáisiúnta agus gan saineolas iomchuí, rud a bhaineann an bonn d’oidhreacht chultúrtha na Crimé.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Tetyana Manezhyna freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1517.	Natalya Leonidovna DESYATOVA (Rúisis: Наталья Леонидовна ДЕСЯТОВА) (Úcráinis: Наталя Леонідівна ДЕСЯТОВА)	Feidhm: Stiúrthóir, dá ngairtear di, Mhúsaem Mhínealaíon Kherson Dáta breithe: 11.7.1966 Áit bhreithe: Kherson, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	I mí Iúil 2022, cheap údaráis na Rúise Natalya Desyatova mar stiúrthóir ar Mhúsaem Mhínealaíon Kherson. Nuair a bhí Kherson fós faoi smacht Fhórsaí Armtha na Rúise, baineadh maoin chultúrtha Mhúsaem Mhínealaíon Kherson as an músaem i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2022 agus tógadh go neamhdhleathach í go Simferopol, sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Rinneadh é sin faoi rialú Desyatova agus le cúnadh ó fhórsaí slándála na Rúise.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Natalya Desyatova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1518.	Tatiana Georgievna BRATCHENKO ar a dtugtar freisin Tetiana Georgiivna BRATCHENKO (Rúisis: Татьяна Георгиевна БРАТЧЕНКО (Úcráinis: Тетяна Георгіївна БРАТЧЕНКО)	Feidhm: Stiúrthóir ar Mhúsaem Réigiúnach Kherson Dáta breithe: 17.11.1949 Náisiúntacht: Úcránach Inscne: baineann Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: Pasuimhir na hÚcráine: 058980	Bhí Tatiana Bratchenko ina stiúrthóir ar Mhúsaem Réigiúnach Kherson. Sa ról seo, chabhraigh sí go deonach agus d'aon ghnó le fórsaí slándála na Rúise déantáin an mhúsaem a bhaint de. Thacaigh sí go poiblí le smacht na Rúise ar réigiún Kherson agus thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach na críche.  Ag gníomhú di sa cháil sin, tá Tatiana Bratchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1519.	Natalya Aleks- androvna KAPUST- NIKOVA (Rúisis: Наталья Александровна КАПУСТНИКОВА) (Úcráinis: Наталі Олександрівна КАПУСНИКОВА)	Feidhm: Stiúrthóir Mhúsaem Stair Áitiúil Mariupol Dáta breithe: 12.8.1977 Áit bhreithe: Mariupol, iar- USSR (dá ngairtear an Úcáin anois) Inscne: baineann	Is í Natalia Kapustnikova stiúrthóir Mhúsaem Stair Áitiúil Mariupol. D'aimsigh sí suíomh na saothar ealaíne ó Mhúsaem Ealaíne Kuindzhi Mariupol agus thug sí na saothair sin go toilteanach ar aghaidh chuig údaráis na Rúise, a d'éascaigh a n-aistriú chuig Músaem Stair Áitiúil Donetsk. Rinneadh é sin gan eolas nó toiliú údaráis na hÚcráine ná ó Stiúrthóir Mhúsaem Ealaíne Kuindzhi.  Ag gníomhú di sa cháil sin, tá Natalia Kapustnikova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1520.	Andrei Vitalyevich MALGIN (Андрей Витальевич МАЛЬГИН)	: Stiúrthóir Ard-Mhúsaem Taurida in Simferopol Dáta breithe: 11.6.1965 Áit bhreithe: Simferopol, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Andrei Malgin stiúrthóir Ard-Mhúsaem Taurida in Simferopol, sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Aistríodh saothair ealaíne ó Mhúsaem Mínealaíne Kherson chuig Músaem Lárnach Taurida i Simferopol, áit a bhfuil siad coinnithe faoina smacht faoi láthair. Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá Andrei Malgin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1521.	Alexey Vasilyevich TENSIN (Rúisis: Алексей Васильевич ТЕНСИН (Úcráinis: Олексій Васильович ТЕНСИН)	Feidhm: Stiúrthóir na cuideachta comhstoic “PMC Wagner Centre” Dáta breithe: 28.11.1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Wagner Group	Is é Alexey Tensin Príomhfheidhmeannach na cuideachta comhstoic “PMC Wagner Centre”, fiontar tráchtála Rúiseach, arb é is aidhm dó tacú le hinfheistíocht agus nuálaíocht na hearnála príobháidí chun tacú le cumais chosanta na Rúise agus iad a neartú. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Alexey Tensin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1522.	Alexander Alexandrovich TRONIN (Александр Александрович ТРОНИН)	Feidhm: Bunaitheoir agus bainisteoir an ghrúpa óige “Wagnerenok”, ar a dtugtar “Leader” freisin Dáta breithe: 20.5.2004 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 4018037770 Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeny Viktorovich PRIGOZHIN Eintitis chomhlachaithe: Wagner Group	Is é Alexander Tronin an bunaitheoir agus coimeádaí sciathán óige an Ghrúpa Wagner PMC, a oibríonn in áitreabh PMC Wagner Centre. Is é príomhaidhm an chlub seo, ar a dtugtaí “Wagnerenok” agus a dtugtar “Leader” air faoi láthair, Rúisigh óga ar mian leo tacú le Fórsaí Armtha na Rúise san Úcráin agus gníomhaíochtaí PMC Wagner féin a earcú. Faoi PMC Wagner Centre, is féidir leo a bheith páirteach i dtionscadail, mar shampla forbairt agus rialú aerfheithiclí gan fhoireann, atá á n-úsáid ag an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Alexander Tronin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1523.	Sergei Fedorovich RUDSKOY (Сергей Федорович РУДСКОЙ)	Feidhm: Ceann ar Phríomh-Stiúrthóir- recht Oibriúcháin Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Coirnéal Ginearál  Dáta breithe: 2.10.1960  Áit bhreithe: Mykolaiv, iar- USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá an Coirnéal Ginearál Sergei Rudskoy ina Cheann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Oibriúcháin Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise ó bhí 2015 ann. I measc a cuid freagrachtaí, déanann an Phríomh-Stiúrthóir- recht Oibriúcháin maoirseacht ar phleanáil strai- téiseach agus oibríochtúil le haghaidh na bhFórsaí Armtha, lena n-áirítear rialú oibríochtúil trúpaí in aimsir na síochána agus i rith an chogaidh. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an Stiúrthóireacht go díreach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus déanann sí éascaíocht dó.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Sergei Rudskoy freagrach as tacú le gníom- haíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1524.	Yevgeny Valeryevich NIKIFOROV (Евгений Валерьевич НИКИФОРОВ)	Feidhm: Ceannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Iarthair; Coirnéal Ginearál  Dáta breithe: 1.1.1970  Áit bhreithe: Aksha, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov ina Cheannasaí ar Cheantar Míleata Iarthar Chónaidhm na Rúise ó mhí Eanáir 2023 i leith. Faoina cheannas, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí Cheantar Míleata an Iarthair, ag leanúint dá n-ionsaithe ar an Úcráin, i gcomh- théacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov freagrach as tacú le gníom- haíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1525.	Sergei Yuryevich KUZOVLEV (Сергей Юрьевич КУЗОВЛЕВ)	Feidhm: Ceannasaí ar Dhúiche Mhíleata Dheisceartach Chónaidhm na Rúise; Coirméal Ginearál Dáta breithe: 7.1.1967 Áit bhreithe: Michurinsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é an Coirnéal Ginearál Sergei Kuzovlev Ceannasaí Cheantar Míleata Dheisceart Chónaidhm na Rúise ón 23 Eanáir 2023. Faoina cheannas agus faoina smacht, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí Cheantar Míleata an Deiscirt, i mbun troda san Úcráin.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Sergei Kuzovlev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1526.	Andrey Nikolayevich MORDVICHEV (Андрей Николаевич МОРДВИЧЕВ)	Feidhm: Ceannasaí Dhúiche Mhíleata Lár Chónaidhm na Rúise; Leifteanant-Ghinearál Dáta breithe: 14.1.1976 Áit bhreithe: Pavlodar, iar-USSR (dá ngairtear an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá an Leifteanant-Ghinearál Andrey Mordvichev ina Cheannasaí ar Dhúiche Lár Chónaidhm na Rúise ón 17 Feabhra 2023. Faoina cheannas agus faoina smacht, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí na Dúiche Míleata Láir, i mbun troda san Úcráin.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Leifteanant-Ghinearál Andrey Mordvichev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1527.	Aleksandr Pavlovich LAPIN (Александр Павлович ЛАПИН)	Feidhm: Ceann Foirne Fhórsaí Talún na Rúise; Coirnéal Ginearál Dáta breithe: 1.1.1964 Áit bhreithe: Kazan, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir phas nó uimhir aitheantais: sraith 1808 Uimh. 233282 Uimhir Aitheantais Chánach: 344407793386	Tá an Coirnéal Ginearál Aleksandr Lapin ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Talún na Rúise ón 10 Eanáir 2023. Sa cháil sin, is é Ardcheannasaí trúpaí talún na Rúise a ghlacann páirt dhíreach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Bhí sé ina Cheannasaí Dhúiche Mhíleata Lár Chónaidhm na Rúise roimhe seo, lena n-áirítear le linn chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar sin, is é d'ordaigh ionsaithe na Rúise 2022 i dtreo Chernihiv agus Sumy.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Aleksandr Lapin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1528.	Tatyana Viktorovna SHEVTSOVA (Татьяна Викторовна ШЕВЦОВА)	Feidhm: Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 22.7.1969 Áit bhreithe: Kozelsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: bainneann	Is Leas-Aire Cosanta de chuid Chónaidhm na Rúise í Tatyana Shevtsova, atá freagrach as buiséad na hAireachta agus as gníomhaíochtaí airgeadais na hAireachta. Déanann sí maoirseacht ar láimhseáil acmhainní agus tá sí freagrach as iocaíochtaí a thabhairt do shaighdiúirí slógtha atá ag troid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá airgeadaithe míleata atá faoina smacht ag stiúradh acmhainní chuig críocha na hÚcráine a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Tatyana Shevtsova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1529.	Yevgeniy Vladimirovich BURDINSKIY (Евгений Владимирович БУРДИНСКИЙ)	Feidhm: Ceann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Eagraíochtúil agus Slógaidh d'Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Leas-Cheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Coirnéal Ginearál Dáta breithe: 25.8.1960 Áit bhreithe: Belogorsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é an Coirnéal Ginearál Yevgeny Burdinsky Ceann Phríomh-Stiúrthóireacht Eagraíochtúil agus Slógaidh d'Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise agus Leas-Cheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach go díreach as cuidiú le saoránaigh na Rúise a shlógadh isteach sa chogadh.  Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Burdinsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1530.	Viktoria Alexandrovna SERDYUKOVA (Виктория Александровна СЕРДЮКОВА)	Feidhm: “An Coimisinéir um Chearta an Duine i nDaon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear de Dáta breithe: 9.6.1981 nó 1982 Áit bhreithe: Sevastopol, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Viktoria Serdyukova, “Coimisinéir Dhaon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear de, ón 5 Deireadh Fómhair 2021. Sa ról sin, thacaigh sí leis an gcogadh foghach a sheol an Rúis i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022. Thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach chríoch Luhansk agus le glacadh reachtaíocht na Rúise sa chríoch sin agus i gcríocha eile a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Viktoria Serdyukova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1531.	Yevgeniy Ivanovich DIETRICH ar a dtugtar freisin Yevgeny Ivanovich DITRIKH (Евгений Иванович БЕССОНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC GTLK Dáta breithe: 8.9.1973 Áit bhreithe: Mytishchi, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: JSC GTLK	Is é Yevgeniy Dietrich ard-stiúrthóir na cuideachta comhstoc “State Transport Leasing Company” (JSC GTLK), atá faoi úinéireacht iomlán Aireacht Iompair Chónaidhm na Rúise. Mar chuideachta atá faoi úinéireacht an stáit, tá GTLK ag baint tairbhe airgeadais as an Rialtas agus cuireann sé seirbhísí ar fáil freisin sa Chrimé agus i gCathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach.  Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá Yevgeniy Dietrich freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin.	23.6.2023
1532.	Semyon Vladimirovich PEGOV (Семён Владимирович ПЕГОВ)	Feidhm nó gairm: Blagaire míleata Dáta breithe: 9.9.1985 Áit bhreithe: Smolensk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Faisnéis eile aitheantais: TIN: 673110457100	Is blagaire míleata Rúiseach é Semyon Pegov agus ritheann sí ceann de na cainéil meán sóisialta is mó tóir ar son an chogaidh sa Rúis, WarGonzo. Is minic a fheictear ar mheáin stáit na Rúise é. Scaip Semyon Pegov agus WarGonzo bolscaireacht frith-Úcráineach agus cuireann siad míleata na Rúise agus PMC Wagner chun cinn, ag léiriú fórsaí na hÚcráine mar Naitsithe agus ag scaipeadh faisnéis bhréagach faoi shaotharlanna bitheolaíochta ECAT in Mariupol.  Glacann Semyon Pegov páirt ghníomhach i dtionscnaimh na n-údarás Rúiseach a chuireann an cogadh agus an slógadh chun cinn agus thug údarais na Rúise luach saothair dó.  Dá bhrí sin, tá Semyon Pegov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1533.	<p>Aleksandra Vladimirovna KOSTERINA/ ar a dtugtar freisin Aleksandra Vladimirovna KOSH-ARNITSKAYA/ ar a dtugtar freisin Aleksandra Vladimirovna KOSH-ARNITSKAYA KOSTERINA (Александра Владимировна КОШАРНИЦКАЯ/ КОСТЕРИНА)</p>	<p>Feidhm: An Chéad Leas-Ardstúirthóir, Stúirthóir na Stiúir-thóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir NTV.</p> <p>Dáta breithe: 26.2.1980</p> <p>Áit bhreithe: Krasnodar, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p>	<p>Tá Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ina Chéad Leas-Ardstúirthóir, Stúirthóir na Stiúir-thóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir ar NTV (HTB), príomhchainéal teilifíse na Rúise atá faoi rialú díreach Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Déanann NTV macalla ar bheartais údarais na Rúise agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá NTV ar cheann na hionstraimí is gníomhaí agus is suntasaí chun insint na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gogadh trí thráchteaireachtaí foghacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil.</p> <p>Mar Leas-Ardstúirthóir, Stúirthóir na Stiúir-thóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir, tá tionchar díreach ag Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ar an ábhar ar NTV agus ar an gcaoi a gcuireann sé daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na céimeanna a ghlacann rialtas na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ag tacú, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríoachach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin</p>	23.6.2023
1534.	<p>Olga Nikolaevna BELOVA (Ольга Николаевна БЕЛОВА)</p>	<p>Feidhm: Óstach an chainéil teilifíse Zvezda TV</p> <p>Dáta breithe: 19.7.1976</p> <p>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: baineann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich PIMANOV</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Oscailte Comhstoic Teilifíse agus Raidió de chuid Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, “Zvezda”</p> <p>ОАО ТРК ВС РФ “ЗВЕЗДА”</p>	<p>Is bolscaire í Olga BELOVA atá ag obair ag TV Zvezda, eagraíocht de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise. Tá sí ina hóstach de chlár shuaitheanta teilifíse Zvezda, clár a scaipeann bréagaisnéis go rialta maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a bhaineann an bonn d'iomláine chríoachach agus de cheannasacht na hÚcráine, agus a thugann tacaíocht rithábhachtach do bheartas na Creimile. Go háirithe, scaip sí bréagaisnéis maidir le hÚcránaigh a bheith ina Naitsithe agus maidir le buamaí bitheolaíocha agus ceimiceacha a bheith á n-ullmhú i gcoinne na Rúiseach.</p> <p>Is comhalta í ar bhord rialaithe na heagraíochta “Máithreacha na Rúise”, a thacaíonn leis an gogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Olga BELOVA freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríoachach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1535.	Andrey Olegovich KONDRASHOV (Андрей Олегович КОНДРАШОВ)	Feidhm: An Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK)  Dáta breithe: 30.6.1973 Áit bhreithe: Alma-Ata, iar-USSR (dá ngairtear an Chas-acstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Andrey Kondrashov an Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorpárad meán is mó sa Rúis.  Sula raibh sé ina Chéad Leas-Stiúrthóir ar VGTRK, d'oibrigh sé mar phreasrúnaí ar cheann-cheathrú feachtais Putin agus d'údaraigh sé “cláir faisnéis” cosúil le “Crimea. The Way Home” agus “Putin”. Bronnadh gradam Ord Cairdis air ón Uachtarán Putin as “ardghairmiúlacht agus oibiachtúlacht maidir le himeachtaí i bPoblacht na Crimé a chlúdach” i mí na Bealtaine 2014.  Bhí sé i gceannas ar bheartas faisnéise VGTRK agus ina stiúrthóir ar an gclár Vesti – News. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lena dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtairéachtaí foghacha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine agus lena dtacaítear le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé.  A bheith ar cheann de na príomhfheidhmeannaigh, tá Andrey Kondrashov freagrach go díreach as gníomhaíochtaí na corparáide meán seo. Mar Chéad-Leas-Ardstiúrthóir atá i gceannas ar fhaisnéis agus ar chraoltóireacht pholaitiúil, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne Rialtas na Rúise.  Dá bhrí sin, tá Andrey Kondrashov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1536.	Mikhail Vladimirovich LEONTYEV (Михаил Владимирович ЛЕОНТЬЕВ)	Feidhm: Iriseoir, láithreoir teilifíse ar Perviy Kanal, Preas-Rúnaí “Rosneft”  Dáta breithe: 12.10.1958 Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is bolscaire é Mikhail Leontyev ar Pervyi Kanal (Channel One), cainéal mór teilifíse na Rúise atá faoi rialú díreach buan Chónaidhm na Rúise. Déanann Pervyi Kanal macalla ar bheartais údarais na Rúise agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá Pervyi Kanal ar cheann de na hionstraimí is gníomhaí agus is suntasaí chun scéal na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gcogadh le tráchtairéachtaí foghacha agus an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine, ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé, agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is leas-uachtarán agus preas-rúnaí é freisin ar Rosneft. Ó 1999 i leith, tá sé ina údar agus ina láithreoir ar chlár suaitheanta “Odnako” ar Pervyi Kanal, áit a mbaineann sé an bonn go rialta ó státacht na hÚcráine agus tugann sé údar leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá Mikhail Leontyev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	
1537.	Rifat Abdulvagapovich SABITOV (Рифат Абдулвагапович САБИТОВ)	Feidhm: Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise  Dáta breithe: 30.4.1956 Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann  Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Dobrodeev, Evgeniy Bekasov Eintitis chomhlachaithe: An Chuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK) Faisnéis eile aitheantais: TIN: 773314059364	Is é Rifat Sabitov an Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lenar dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtairreachtaí ionsaitheacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil.  Agus é ar cheann de phríomhfheidhmeannaigh na cuideachta, tá Rifat Sabitov freagrach go díreach as gníomhartha VGTRK. Mar Leas-Ardstiúrthóir, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne rialtas na Rúise.  Thairis sin, tá baint ghníomhach aige le múnú na timpeallachta sriantaí faisnéise sa Rúis mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise, mar Chathaoirleach ar an gComhairle Phoiblí faoi Aireacht Forbartha Digitú na Rúise agus in go leor comhlachtaí eile.  Dá bhrí sin, tá Rifat Sabitov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1538.	Viktor Sergeevich SINEOK (Виктор Сергеевич СИНЕОК)	<p>Feidhm: Comhfhreagraí speisialta agus colúnaí in Ionad Faisnéise Ilmheán Izvestia</p> <p>Dáta breithe: 19.3.1980</p> <p>Áit bhreithe: Rostov ón Don, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Balanova Svetlana Evgenievna, Tyulin (Tiulin) Vladimir Vladimirovich, Frolov Mikhail Evgenievich</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: an Grúpa Náisiúnta Meán,</p> <p>Faisnéis eile aitheantais: TIN: 616404561125</p>	<p>Is comhfhreagraí agus colúnaí é Viktor Sineok in Ionad Faisnéise Ilmheán (MIC) Izvestia — tion-scadal de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Meán a sholáthraíonn na seirbhísí nuachta don chainéal REN TV, cainéal 5 agus nuachtán Izvestia.</p> <p>Bhí bolscaireacht agus bréagaisnéis a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráineá scaipeadh go gníomhach ag Viktor Sineok roimh an ionradh iomlán an 24 Feabhra 2022 agus ina dhiaidh. Bíonn beartais agus gníomhaíochtaí na Creimile á gcur chun cinn aige, ceannaireacht na Rúise á moladh, faisnéise faoi ainghníomhartha a rinne arm na Rúise á hionramháil agus na hionghabhálacha a rinneadh ar réigiúin na hÚcráine á gceiliúradh.</p> <p>D’ullmhaigh sé arís agus arís eile tuarascálacha agus ailt ina ndearna sé iarracht a chur ina lúí ar an lucht léitheoireachta gur faisnéis bhréagach chumtha í an fhaisnéis faoi ainghníomhartha a rinne an Rúis in áiteanna, mar shampla in Bucha. Bhí sé ag cur le spreagadh an fluatha do mhuintir na hÚcráine trí bhréagaisnéis rialtais na Rúise faoi chinedhíothú in Donbas a athrá agus trí neamhspleáchas na hÚcráine a dhiúltú. Ina thuarascálacha, bíonn an chuid is mó de phríomhinsintí bréagaisnéise na Rúise faoin Úcráin á gcur chun cinn aige, lena n-áirítear an méid faoi bhithshaotharlanna a bheith á réachtáil ag SAM sa tír.</p> <p>Dá bhrí sin, tacaíonn Viktor Sineok le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus cuireann sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.</p>	23.6.2023
1539.	Boris Georgievich YANOVSKY (Борис Георгиевич ЯНОВСКИЙ)	<p>Feidhm: Léiritheoir feidhmiúcháin ar an gcainéal teilifíse Zvezda TV</p> <p>Dáta breithe: 25.10.1968</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich Pimanov</p>	<p>Is bolscaire é Boris Yanovsky agus is é an t-ardléiritheoir teilifíse é ar TV Zvezda. Mar ardléiritheoir, tá Yanovsky freagrach as an ábhar teilifíse a bhíonn ar TV Zvezda a tháirgeadh agus a chur chun cinn, lena scaipeann bréagaisnéis go rialta maidir le cogadh leanúnach foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a thugann tacaíocht ríthábhachtach do bheartas na Creimile. Mar ardléiritheoir teilifíse ar TV Zvezda, bíonn baint aige le bréagaisnéis a scaipeadh maidir le hÚcránach a bheith ina Naitsithe agus buamáí bitheolaíochta agus ceimiceacha a ullmhú lena n-úsáid i gcoinne na Rúiseach.</p> <p>Mar aitheantas ar a chuid gníomhaíochtaí, bronnadh an bonn “As ucht an Comhlathas Comhraic a Neartú” ar Yanovsky é féin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Boris Yanovsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1540.	Anton Andreevich ZLATOPOLSKIY (Антон Андреевич ЗЛАТОПОЛЬСКИЙ)	Feidhm: An Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), Ard-Stiúrthóir ar an gcinéal teilifíse Rossiya 1 Dáta breithe: 12.9.1966 Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Dobrodeev, Evgeniy Bekasov Eintitis chomhlachaithe: An Chuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK) Faisnéis eile aitheantais: TIN: 772903574300	Is é Anton Zlatopolskiy an Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis. Ina theannta sin is é an t-Ardstiúrthóir fadtéarmach é ar an gcinéal teilifíse Rossiya 1. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lena dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtairreachtaí ionsaitheacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil. Mar Chéad Leas-Ardstiúrthóir le fada an lá, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne rialtas na Rúise. Ina theannta sin tá sé freagrach as na gníomhaíochtaí bolscaireachta a chuirtear amach ar an gcinéal teilifíse Rossiya 1. Dá bhri sin, tá Anton Zlatopolskiy ag tacú, le gníomhaíochtaí agus beartais agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1541.	Aleksandr Viktorovich GUSEV (Rúisis: Александр Викторович ГУСЕВ (Úcráinis: Олександр Вікторович ГУСЕВ))	Feidhm: Gobharnóir an réigiúin Voronezh Dáta breithe: 27.1.1963 Áit bhreithe: Ozerskoye, Ceantar Kozelsky, réigiún Kaluga, iar-RFSFR, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Aleksandr Gusev an Gobharnóir ar an réigiún Voronezh. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Voronezh ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhri sin, tá Aleksandr Gusev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1542.	Galina Anatolyevna PYATYKH ar a dtugtar freisin Galina PIATYKH ar a dtugtar freisin: “Galina Fifth” (Rúisis: Галина Анатоліївна ПЯТИХ/ (Úcráinis: Галина Анатольевна ПЯТИХ)	Feidhm: Comhairleoir le Gobharnóir an réigiúin Belgorod, an Coimisinéir um Chearta Leanaí i Réigiún Belgorod Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 12.5.1970 Áit bhreithe: Dubovoe, réigiún Belgorod, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: baineann	Is í Galina Pyatykh Comhairleoir Ghobharnóir an réigiúin Belgorod agus is í an Coimisinéir um Chearta Leanaí í i Réigiún Belgorod. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Galina Pyatykh cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Galina Pyatykh freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1543.	Irina Anatolyevna AGEEVA (Rúisis: Ирина Анатоліївна АГЕЕВА) (Úcráinis: Ирина Анатольевна АГЕЕВА)	Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Kaluga Dáta breithe: 29.12.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Irina Ageeva an Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Kaluga. Sa ról sin tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Ageeva cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Irina Ageeva freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1544.	Irina Aleksandrovna CHERKASOVA (Rúisis: Ирина Александрівна ЧЕРКАСОВА)/ (Úcráinis: Ирина Александрівна ЧЕРКАСОВА)	Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov Dáta breithe: 1963 Áit bhreithe: Bataysk, réigiún Rostov, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is í Irina Cherkasova an Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov. Sa ról sin tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Cherkasova cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Irina Cherkasova freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1545.	Mansur Mussayevitch SOLTAEV (Мансур Муссаевич СОЛТАЕВ) (Úcráinis: Мансур Муссайович СОЛТАЕВ)	Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Seisnia Dáta breithe: 13.6.1978 Áit bhreithe: Saratov, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Mansur Soltaev an Coimisinéir um Chearta an Dhuine i bPoblacht na Seisnia. Sa cháil sin, feidhmíonn sé mar príomh-idirghabhálaí rialtais, ag cur insintí oifigiúla chun cinn go gníomhach. Tá Mansur Soltaev freagrach as sárúithe chearta an duine, as géarleanúint a dhéanamh ar mhíleataigh frithchogaidh, agus as agóidí i gcoinne shlógadh trúpaí na Rúise a chur faoi chois. Tá sé rannpháirteach freisin i ndíbirt sibhialtach “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, agus i “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di, lena n-áirítear leanaí Úcránacha a dhíbirt chuig na campaí oiliúna míleata sa tSeisnia. Sáraíonn gníomhaíochtaí Mansur Soltaev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Mansur Soltaev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1546.	Muslim Magomedovich KHUCHIEV (Rúisis: Муслим Магомедович ХУЧИЕВ) / (Úcráinis: Муслім Магомедович ХУЧИЄВ)	Feidhm: Cathaoirleach ar Rialtas Phoblacht na Seisnia, Cathaoirleach an ghrúpa oibre ag Rialtas Phoblacht na Seisnia Dáta breithe: 5.8.1971 Áit bhreithe: Zakan-yurt, ceantar Achkhoy-Mart-anovsky, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Ramzan Kadyrov	Is é Muslim Khuchiev an Cathaoirleach ar Rialtas Phoblacht na Seisnia. Sa ról sin, tá Muslim Khuchiev páirteach go dlúth le Ramzan Kadyrov i bpleananna táirgeachta míleata na Seisnia, pleananna a d’úsáid Fórsaí Armtha na Rúise sa ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.  Ó thús a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, tá go leor sibhialtach Úcránach aistrithe ag an Rúis chuig Poblacht na Seisnia. Tá Muslim Khuchiev ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Muslim Khuchiev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1547.	Vladimir Vladimirovich VLADIMIROV  (Rúisis: Владимир Владимирович ВЛАДИМИРОВ)  (Úcráinis: Володимир Володимирович ВЛАДИМИРОВ)	Feidhm: Gobharnóir Stavropol Krai (Réigiún)  Dáta breithe: 27.7.1963  Áit bhreithe: Georgievsk, réigiún Stavropol, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Is é Vladimir Vladimirov Gobharnóir Stavropol Krai. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Stavropol Krai ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Vladimirov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1548.	Vladimir Mikhailovich MOROZOV ar a dtugtar freisin Uladzimir Mikhailavich MAROZAU  (Rúisis: Владимир Михайлович МОРОЗОВ)  (Bealarúisis: Уладзімір Міхайлавіч МАРОЗАЎ)	Feidhm: Ceann Iarnróid na Bealarúise  Dáta breithe: 1965  Áit bhreithe: Buda-Koshelevo, réigiún Gomel, iar-USSR (dá ngairtear an Bhealarúis anois)  Náisiúntacht: Bealarúiseach  Inscne: fireann	Is é Vladimir Morozov Ceann Iarnróid na Bealarúise, a oibríonn seirbhís iarnróid idir an Rúis agus an Bhealarúis. Agus an ról sin aige, thacaigh sé le himscaradh agus iompar pearsanra míleata agus trealaimh mhíleata na Rúise a raibh baint acu le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Morozov freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1549.	Dmitriy Aleksandrovich PANTUS ar a dtugtar freisin Dzmity Aliksandravich PANTUS/  (Rúisis: Дмитрий Александрович ПАНТУС)  Bealarúisis: Дмитрий Александрович ПАНТУС)	Feidhm: Cathaoirleach an Údaráis Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise  Dáta breithe: 9.6.1982  Áit bhreithe: Berzovka, réigiún Grodno, USSR (dá ngairtear an Bhealarúis anois)  Náisiúntacht: Bealarúiseach  Inscne: fireann	Is é Dmitriy Pantus Cathaoirleach an Údaráis Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise. Déanann an tÚdarás Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise airm a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann sé táirgeadh arm chun cinn i bhfohiontair chun an t-arm a sholáthar, soláthraíonn sé comhar míleata-tionsclaíoch, déanann sé maoirseacht ar ghluaiseacht arm thar theorainn an stáit agus soláthraíonn sé loingseoireacht d'arm na Rúise. Sa phost atá aige, cuireann Dmitriy Pantus tacaíocht mhíleata ar fáil do Chónaidhm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Dmitriy Pantus freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1550.	Boris Sergeevich ALYOSHIN (Борис Сергеевич АЛЁШИН)	Feidhm: Leas-Chathaoirleach “SoyuzMash Russia”, Comhairleoir le hArd-Stiúrthóir PJSC “United Aircraft Corporation” maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht  Dáta breithe: 3.3.1955 Áit bhreithe: Moscow, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann  Eintitis chomhlachaithe: PJSC “United Aircraft Corporation”; JSC “Kronstadt Group”	Is fear gnó Rúiseach é Boris Alyoshin a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí cuideachtaí agus corparáidí na Rúise a chuireann le bonn míleata na Rúise a neartú. Tá sé ar cheann de bhunaitheoirí agus bainisteoirí an LLC “SoyuzMash Rúis”, faoina dtagann níos mó ná míle tionscal míleata agus sibhialta de chuid na Rúise le chéile.  Ina theannta sin, tá Boris Alyoshin páirteach i mbainistiú roinnt corparáidí Rúiseacha agus cuideachtaí beaga a tháirgeann táirgí míleata. Is é an Comhairleoir é le hArd-Stiúrthóir PJSC “United Aircraft Corporation” maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht. Le PJSC ‘United Aircraft Corporation’, ar le Rialtas na Rúise tromlach na scaireanna, comhdhlúthaítear cuideachtaí agus sócmhainní monaraithe aerárthaí Rúiseacha, idir phríobháideach agus faoi úinéireacht stáit, a bhíonn ag gabháil d’iompar míleata agus sibhialta, agus aerárthaí gan foireann a mhonarú. Ina theannta sin is é Boris Alyoshin cathaoirleach bhord stiúrthóirí choimpléasc tionsclaíoch Kronstadt a tháirgeann ladrainn mhíleata a úsáideann arm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.  Ina theannta sin, Is Boris Alyoshin an maoirseoir acadúil ar an Institiúid Ionaid Taighde a ainmníodh as N.E. Zhukovsky. Ar chuid de na feidhmeanna atá ag an institiúid seo tá forbairt teicneolaíochtaí nua i réimse na tógála aerárthaí agus úsáid na torthaí eolaíocha agus teicniúla a fhaightear chun cur le forbairt earnálacha eile de gheilleagar Chónaidhm na Rúise.  Dá bhrí sin, tá Boris Alyoshin freagrach as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.6.2023
1551.	Veniamin Ivanovich KONDRATYOV ar a dtugtar freisin Veniamin Ivanovich KONDRATYEV (Вениамин Иванович КОНДРАТЬЕВ)	Feidhm: Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise  Dáta breithe: 1.11.1970 Áit bhreithe: Prokopyevsk, USSR (Russian Federation anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Faisnéis eile: TIN: 233005199735	Is é Veniamin Kondratyov Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá Veniamin Kondratyev ag rannchuidiú le díbirt, fuadach agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ar dhuine de na ceannairí (réigiúnacha) Rúiseacha sinsearacha a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Veniamin Kondratyev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Veniamin Kondratyov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1552.	<p>Murat Karalbiyevich KUMPILOV</p> <p>ar a dtugtar freisin Murat Karalbiyevich KUMPILOV</p> <p>(Мурат Каральбиевич КУМПИЛОВ)</p>	<p>Feidhm: Ceann Phoblacht Adygea i gCónaidhm na Rúise agus rúnaí bhraínse réigiúnach Adygea de Rúis Aontaithe (Edinaya Rossiya)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Dáta breithe: 27.2.1973</p> <p>Áit bhreithe: Ulyap, ceantar Krasnogvardeysky, Poblacht Adygea, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Faisnéis eile: TIN: 010200122926</p>	<p>Is é Murat Kumpilov Ceann Phoblacht Adygea i gCónaidhm na Rúise agus rúnaí bhraínse réigiúnach Adygea de Pháirtí na Rúise Aontaithe (Edinaya Rossiya). Sa cháil sin, tá Murat Kumpilov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanáí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach agus fuadach leanáí Úcráinis chuig campaí ar a dtugtar 'campaí sláinte' agus saoráidí athoideachais atá lonnaithe ina réigiún. Tá Murat Kumpilov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt éigeantach agus fuadach leanáí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Murat Kumpilov cearta leanáí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Murat Kumpilov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023
1553.	<p>Sergey Konstantinovich NOSOV</p> <p>(Сергей Константинович НОСОВ)</p>	<p>Feidhm: Gobharnóir Réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Dáta breithe: 17.2.1961</p> <p>Áit bhreithe: Magnitogorsk, réigiún Chelyabinsk iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Faisnéis eile: TIN: 662300439460</p>	<p>Is é Sergey Nosov gobharnóir réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá Sergey Nosov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanáí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanáí ón Úcráin chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear campaí arna reáchtáil ag Artek, eagraíocht náisiúnach Rúiseach a chuir filleadh leanáí na hÚcráine ar a dteaghlaigh ar fionraí. Tá Sergey Nosov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanáí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Sergey Nosov cearta leanáí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergey Nosov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1554.	Zamid Aliyevich CHALAYEV (Замид Алиевич ЧАЛАЕВ)	Feidhm: Ceannasaí an Dara Reisimint Speisialta Póilín-eachta de chuid Aireacht Gnóthaí Baile Chónaidhm na Rúise i bPoblacht na Seisnia Dáta breithe: 19.8.1981 Áit bhreithe: Benoi, Ceantar Nozhai-Yurt, an tSeisnia, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Is é Zamid Chalayev ceannasaí an Dara Reisimint Speisialta Póilín-eachta de chuid Aireacht Gnóthaí Baile Chónaidhm na Rúise i bPoblacht na Seisnia. Mar cheannasaí ar an dara Reisimint Sainchuspóireach Póilíní Seisnise, glacann Zamid Chalayev páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus ghlac sé páirt, <i>inter alia</i> , i ngabháil na Rúise ar chathair Mariupol agus in ionradh an ghléasra mhiotalóireachta 'Azovstal'. Thairis sin, tá baint dhíreach ag Zamid Chalayev le hathoideachas éigeantach agus oiliúint mhíleata leanaí Úcránacha. Cuireann sé go gníomhach le heagrú campaí 'athoideachas míleata' atá lonnaithe i bPoblacht na Seisnia. I gceann de na campaí síolteagaisc cuirtear ar dhéagóirí Úcránacha 'cúrsa trodaire óig' a leanúint ina múintear do leanaí Úcránacha trealamh míleata a oibriú. Tá Zamid Chalayev ar cheann de na príomhdhaoine a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha chuig Poblacht na Seisnia. Sáraíonn gníomhaíochtaí Zamid Chalayev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Zamid Chalayev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochnach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1555.	Vladimir Viktorovich SOLODOV (Владимир Викторович СОЛОДОВ)	Feidhm: Gobharnóir Kamchatka Krai i gCónaidhm na Rúise Dáta breithe: 26.7.1982 Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Ina cháil mar ghobharnóir ar Kamchatka Krai, tá Vladimir Solodov ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sé ag éascú a díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin chuig campaí ina réigiún féin. Tá sé ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Solodov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Solodov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochnach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1556.	Leyla Rinatovna FAZLEEVA (Лейла Ринатовна ФАЗЛЕЕВА)	Feidhm: Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Tatarstáine; Cathaoirleach Choimisiún Phoblacht na Tatarstáine um Ghnóthaí Óige agus um Chosaint a gCeart Dáta breithe: 29.5.1975 Áit bhreithe: Sráidbhaile Kant, réigiún Kant, iar-USSR (dá ngairtear an Chirgeastáin anois) Inscne: baineann	Ina cáil mar Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Tatarstáine chomh maith le Cathaoirleach Choimisiún na Poblachta um Ghnóthaí Óige agus um Chosaint a gCeart, tá Leyla Fazleeva ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sí ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear an campa 'Miras' i gceantar Zelenodolsky. Tá sí ar cheann de na hoifigigh réigiúnacha a bhfuil baint acu le planáil, buiséadú agus maoirseacht na gcampaí sa Tatarstáin, ina bhfuil cóiríocht á fáil ag grúpaí leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Leyla Fazleeva freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1557.	Rinat Nailevich SADYKOV (Ринат Наилевич САДЫКОВ)	Feidhm: Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine Dáta breithe: 18.3.1986 Áit bhreithe: Kazan, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Ina cháil mar Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine, tá Rinat Sadykov ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear an campa 'Miras' i gceantar Zelenodolsky. Tá sé ar cheann de na hoifigigh réigiúnacha a bhfuil baint acu le planáil, buiséadú agus maoirseacht na gcampaí sa Tatarstáin, ina bhfuil cóiríocht á fáil ag grúpaí leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Rinat Sadykov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023
1558.	Ksenia Vladimirovna MISHONOVA (Ксения Владимировна МИШОНОВА)	Feidhm: Ombudsman um Chearta Leanaí réigiún Mhoscó Dáta breithe: 14.12.1972 Áit bhreithe: Pavlohrad, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Inscne: baineann	Is Ombudsman um Chearta Leanaí i réigiún Mhoscó í Ksenia Mishonova. Tá baint aici le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí críoch Chónaidhm na Rúise. D'éascaigh sí freisin coimeád leanaí ón Úcráin a aistriú sa Rúis, agus saoránacht na Rúise a thabhairt dóibh. Sháraigh a cuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha. Dá bhrí sin, tá í Ksenia Mishonova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1559.	Darya Vasilievna MOROZOVA (Дарья Васильевна МОРОЗОВА)	Feidhm: Coimisinéir Chearta an Duine in “Daonphoblacht Donetsk” mar a ghairtear de Dáta breithe: 27.2.1989 Áit bhreithe: Makeevka, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Inscne: baineann	Is í Darya Morozova Coimisinéir Chearta an Duine in “Daonphoblacht Donetsk” mar a ghairtear de. Bhí baint aici le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin ó Donbas go campaí i Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus chuig ionaid chóiríochta sa Rúis. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Thacaigh sí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus scaip sí bolscaireacht agus bréagaisnéis na Rúise faoin gcogadh. Thairis sin, thacaigh sí leis an aitheantas neamhdhleathach a thug Cónaidhm na Rúise ar na “Daon-Phoblachtaí”, mar a thugtar orthu, in Donbas agus an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar na réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin.  Dá bhrí sin, tá Darya Morozova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1560.	Vitaliy Oleksandrovykh SUK (Виталий Александрович СУК)	Feidhm: Stiúrthóir Scoil Cónaithe Oleshki do Leanáí faoi Mhíchumas Dáta breithe: 12.3.1970 Inscne: fireann	Tá Vitaly Suk ina stiúrthóir ar Scoil Chónaithe Oleshki do Leanáí faoi Mhíchumas. Bhí baint aige le díbirt neamhdhleathach leanáí Úcránacha faoi mhíchumas ó réigiún Kherson go dtí an Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus go dtí críocha eile na hÚcráine faoi rialú na Rúise. Cuireadh cuid de na leanáí sin ar aghaidh chuig títhe do leanáí faoi mhíchumas ar fud na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanáí Úcránacha.  Dá bhrí sin, tá Vitaly Suk freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1561.	Vladimir Viktorovich KHROMOV (Владимир Викторович ХРОМОВ)	Feidhm: Ionadaí don Choimisinéir um Chearta Leanáí in Oifig Uachtarán Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 15.8.1977 Inscne: fireann	Is ionadaí é Vladimir Khromov don Choimisinéir um Chearta Leanáí in Oifig Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Maria Lvova-Belova. Bhí baint aige le campaí míleata-tírghrá a eagrú sa tSeisnia do leanáí Úcránacha a aistríodh go neamhdhleathach ó Donbas go dtí críoch Chónaidhm na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanáí Úcránacha.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Khromov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1562.	Konstantin Albertovich FEDORENKO (Константин Альбертович ФЕДОРЕНКО)	Feidhm: Stiúrthóir Ionad Leanaí Idirnáisiúnta Institiúid Chónaidhme Stáit Bhuiséadach Oideachais Artek  Dáta breithe: 29.12.1976 Áit bhreithe: Belorechensk, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Is stiúrthóir é Konstantin Fedorenko ar Ionad Idirnáisiúnta Leanaí Artek. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá Rúiseacha a eagrú do leanaí ó Leithinis na Crimé a dhíbirt go neamhdhleathach, agus do leanaí a aistríodh go neamhdhleathach chuig Leithinis na Crimé ó chodanna eile den Úcráin atá faoi smacht na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Thairis sin, thacaigh sé go poiblí le saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin thacaigh sé leis an nasc-ghabháil mhídhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Sevastopol.  Dá bhrí sin, tá Konstantin Fedorenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1563.	Leonid Mikhailovich ROMANOV (Леонид Михайлович РОМАНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht um Chúnaimh Leanaí Evgeny Primakov  Dáta breithe: 13.2.1947 Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Tá Leonid Romanov ina ardstiúrthóir ar Fhondúireacht um Chúnaimh Leanaí Evgeny Primakov, a chuireann chun feidhme an tionscadal 'Leanaí Donbas', faoina bhfuil leanaí Úcránacha ó Donbas á n-athlonnú chuig críoch na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus na Rúise. Ceann de spriocanna an tionscadail 'Leanaí Donbas' is ea leanaí ó réigiún Donbas na hÚcráine a lánpháirtiú sa saol sa Rúis.  Ghlac sé páirt i ndíbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin ó Donbas go campa in Yevpatoria sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Agus í faoina bhainistíocht bhí baint ag Fhondúireacht um Chúnaimh Leanaí Evgeny Primakov le dhá ionad a reáchtáil in aice le Moscó, áit a dtugtar cóiríocht agus scolaíocht do leanaí ó Donbas. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Dá bhrí sin, tá Leonid Romanov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1564.	Vladimir Vladislavovich KOVALENKO (Владимир Владиславович КОВАЛЕНКО)	Feidhm: Ceann Foirne an Bhrainse Réigiúnach den “Arm Óg” - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - i gcathair Sevastopol Dáta breithe: 4.2.1962 Áit bhreithe: Luhansk, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois) Inscne: fireann	Is é Vladimir Kovalenko Ceann Foirne an Bhrainse Réigiúnach den “Arm Óg” - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - i gcathair Sevastopol. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá Rúiseacha a eagrú do leanaí ó Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus do leanaí a díbríodh go neamhdhleathach chuig Leithinis na Crimé ó chodanna eile den Úcráin a ghabh an Rúis. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Thairis sin, ghlac craobh Yunarmiya faoina cheannas páirt i bhfeachtas eagraithe inar iarradh ar na páistí scoile i gcathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, litreacha a scríobh chuig na saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Kovalenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1565.	Vladimir Dmitrievich NECHAEV (Владимир Дмитриевич НЕЧАЕВ)	Feidhm: Reachtair Ollscoil Stáit Sevastopol Dáta breithe: 20.12.1972 Áit bhreithe: Sudzha, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Is reachtaire é Vladimir Nechaev ar Ollscoil Stáit Sevastopol. Thacaigh sé go poiblí le cinneadh Uachtarán Putin tús a chur le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin thacaigh sé leis an ionghabháil mhídhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Sevastopol in 2014.  Agus í faoina bhainistíocht, tá clár á reáchtáil ag Ollscoil Stáit Sevastopol, ar lena linn a cuireadh athoideachas maidir le stair, cultúr agus tírghrá na Rúise ar leanaí Úcránacha a aistríodh go neamhdhleathach ó “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di, agus ó chodanna eile den Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis ar Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.  Dá bhrí sin, tá Vladimir Nechaev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1566.	<p>Andrey Sergeevich IVANAEV/ ar a dtugtar freisin Andrei Sergeevich IVANAYEV/ ar a dtugtar freisin Andrey Sergeevich IVANAYEV; (Андрей Сергеевич ИВАНЯЕВ)</p>	<p>Feidhm: Leifteanant-Ghinearál i bhFórsaí Armtha na Rúise agus ceannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte de Chónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta breithe: 19.1.1972</p> <p>Áit bhreithe: Ural'sk, USSR (dá ngairtear an Chasacstáin anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is Leifteanant-Ghinearál é Andrey Ivanaev i bhFórsaí Armtha na Rúise. Tá sé ina cheannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte i gCeantar Míleata an Iarthair i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá sé i gceannas go díreach agus tá tionchar suntasach aige maidir le himscaradh fhórsaí na Rúise a ghlacann páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Le linn ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, chuir an 20ú Gard-Arm Comhcheangailte Arm — faoi cheannas Andrey Ivanaev — go díreach le hionsaí na Rúise ó threo oirthuaisceart na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Andrey Ivanaev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023
1567.	<p>Sergey Borisovich MUCHKAYEV (Сергей Борисович МУЧКАЕВ)</p>	<p>Feidhm: Coirnéal i bhFórsaí Armtha na Rúise; ceann ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise</p> <p>Dáta breithe: 22.12.1976</p> <p>Áit bhreithe: Dobelev, USSR (dá ngairtear an Latvia anois)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is oifigeach ardchéime é Sergey Muchkayev laistigh d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Tá sé ina cheann ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as oiliúint a chur ar phearsanra míleata na Rúise a oibríonn córais diúracán dromchla go haer, lena n-áirítear an 53ú Briogáid Diúracán Frith-Aerárthaí. Níos tábhachtaí fós, is é Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 — faoi cheannas Sergey Muchkayev — an t-aon ionad oiliúna i gCónaidhm na Rúise a chuireann oiliúint ar speisialtóirí sóisearacha in úsáid arm frith-aerárthaigh meán-raoin. Chomh maith le bheith ina cheannaire ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise, atá freagrach as oiliúint réamh-imscartha ar aonaid diúracán dromchla go haer na Rúise a ghlacann páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'fheidhmigh Sergey Muchkayev mar cheannasaí ar an 53ú Briogáid Diúracán Frith-Aerárthaí go dtí 2020.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Sergey Muchkayev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1568.	Leonid Vladimirovich KHARCHENKO ar a dtugtar freisin Krot (Леонид Владимирович ХАРЧЕНКО ar a dtugtar freisin: Крот)	Feidhm: Ceann Chathlán Taiscéaláíochta Krot de chuid an 2ú Roinn den Ghníomhairacht Faisnéise Míleata (GRU) de chuid “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di Dáta breithe: 10.1.1972 Áit bhreithe: Kostyantynivka, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Bhí Leonid Kharchenko ina cheannasaí ar an aonad faisnéise 'Cathlán Taiscéaláíochta' de chuid “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, agus ghlac sé páirt ghníomhach sa ghluaiseacht scarúnaíoch ag céim luath den choinbhleacht armtha san Úcráin. Chinn cúirt Ollannach é a bheith ciontach as Eitilt MH17 a tabhairt go talamh. eitilt de chuid Malaysia Airlines, in 2014. In 2018 agus é ina leifteanant coilíneach chuaigh Kharchenko ar scor ó fhórsaí “Daon-Phoblacht Donetsk”. Ghlac sé páirt i dtoghcháin áitiúla, sa Chrimé, tar éis gur moladh é le haghaidh an Choimisiúin ó bhainse Phoblacht na Crimé de 'Cumannaigh na Rúise'. Bhí na toghcháin sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá Leonid Kharchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023
1569.	Sergey Nikolaevich DUBINSKY ar a dtugtar freisin Khmury (Сергей Николаевич ДУБИНСКИЙ; ar a dtugtar freisin Хмурый)	Feidhm: Ceann Ghníomhairacht Faisnéise Míleata (GRU) “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di Dáta breithe: 9.8.1962 Áit bhreithe: Neskuchnoe, Iar-USSR (dá ngairtear an Ucráin anois) Inscne: fireann	Bhí Sergey Dubinsky ina Cheann Faisnéise Míleata ar Dhaon-Phoblacht Donetsk (DPR) mar a ghairtear di agus ghlac sé páirt ghníomhach sa ghluaiseacht scarúnaíoch ag céim luath den choinbhleacht armtha, tar éis dó ionsaí an DPR a phleanáil agus a fhorghníomhú, ionsaí a tharla sular tugadh eitilt MH17 go talamh. Chinn cúirt Ollannach é a bheith ciontach as Eitilt MH17 a tabhairt go talamh. eitilt de chuid Malaysia Airlines, agus as dúnmharú an 298 nduine a bhí ar bord. Is coirnéal é Sergey Dubinsky i gcúl-fhórsaí na Seirbhíse Faisnéise Míleata (GRU), agus tá sé á chosaint ag Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá sé ag baint leas as le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine. Thairis sin, tá Sergey Dubinsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1570.	<p>Artem Alexandrovich USS</p> <p>ar a dtugtar freisin Artyom Alexandrovich USS</p> <p>(Арте́м Алекса́ндрович УСС ar a dtugtar freisin Артём Алекса́ндрович УСС)</p>	<p>Feidhm: úinéir Sibougol LCC</p> <p>Dáta breithe: 22.4.1982</p> <p>Áit bhreithe: Russian Federation</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Artem Uss úinéir Sibougol LCC, príomhchuideachta Shibéarach a tháirgeann níos mó ná 2 mhilliún tonna guail in aghaidh na bliana, le hioncam de níos mó ná RUB 2 000 000 000 arna chlárú in 2020. In éineacht lena theaghlach, tá baint aige freisin leis an gcuideachta 'Krasnoyarsk-lesomaterialy', ceann de na honnmhaireoirí is mó d'adhmaid Sibéarach.</p> <p>Fuair Sibougol LCC conarthaí móra rialtais a bhuí le athair Artem Uss, Alexander Uss, le linn a shainordaithe mar ghobharnóir ar réigiún Krasnoyarsk. Ina theannta sin, an 20 Aibreán 2023, ghabh Alexander Uss buíochas go poiblí leis an Uachtarán Putin agus le Rialtas Chónaidhm na Rúise as tacú leis chun a mhac a thabhairt ar ais go dtí an Rúis.</p> <p>Tá Artem Uss rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí gnó roinnt cuideachtaí eile, lena n-áirítear Nord-Deutsche Industriebau, a bhfuil sé ina chomhúinéir air. Chuir sé teicneolaíochtaí míleata agus dé-úsáide ar fáil do Chónaidhm na Rúise trína chuideachta Nord-Deutsche Industriebau.</p> <p>Dá bhrí sin, is tá Artem Uss ar dhuine de na príomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch a thugann foinsé shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá Artem Uss ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin.</p>	23.6.2023
1571.	<p>Mikhail Sergeevich ZVINCHUK</p> <p>(Михаил Сергеевич ЗВИНЧУК)</p>	<p>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an "oibríocht mhíleata speisialta" arna bunú le foraithe ag an Uachtarán Putin; Cruthaitheoir an chainéil teileagram míleata "Rybar"</p> <p>Dáta breithe: 19.7.1991</p> <p>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: Fireann</p>	<p>Tá Mikhail Sergeevich Zvinchuk ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh Uachtarán na Rúise Vladimir Putin i mí na Nollag 2022 chun iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar an ról a bhí aige sa mheitheal, tá aithne air mar chruthaitheoir an chainéil Telegram míleata "Rybar" atá ar son na Rúise agus a thuairiscíonn ar iarrachtaí cogaidh na Rúise, ar sheasaimh mhíleata na hÚcráine, agus ar scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoin gcogadh.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Mikhail Zvinchuk freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1572.	Alexander Valeryevich SLADKOV (Александр Валерьевич СЛАДКОВ)	Feidhm: Comhalta den mheitheal um an “oibríocht mhíleata speisialta” arna bunú le foraithe ag an Uachtarán Putin; Iriseoir, Comhfhreagraí Cogaidh do VGTRK Dáta breithe: 1.4.1966 Áit bhreithe: Monino, Moscow region, iarUSSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: Fireann	Tá Alexander Valeryevich Sladkov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, oibríonn sé mar chomhfhreagraí cogaidh don chraoltóir stáit Rúiseach VGTRK, ag scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoin gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Thairis sin, tá baint aige le VGTRK, cuideachta sealbhaíochta meán atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tairbhe a fháil ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Alexander Sladkov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

## ▼ M75

1573.	Hamid Reza SHARIFI TEHRANI حمید رضا شریفی تهرانی ar a dtugtar freisin Hamidreza SHARIFI TEHRANI	Feidhm: Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Qods Aviation Industries Dáta breithe: 6.7.1974 Áit bhreithe: an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Hamidreza Sharifi-Tehrani ar dhuine de phríomhchomhaltaí Bhord Stiúrthóirí Qods Aviation Industries (QAI), eintiteas atá ag díol dróin Mohajer-6 leis an Rúis chun go n-úsáidfi iad i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1574.	Ali Reza TANGSIRI علیرضا تنگسیری	Feidhm: Ceannasaí Chabhlach IRGC agus cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Paravar Pars Company agus comhalta dá Bhord Dáta breithe: 27.8.1963 Áit bhreithe: Arvandkenar, An Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ali Reza Tangsiri ceannasaí Chabhlach IRGC agus cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Paravar Pars Company agus is comhalta é dá Bhord; tháirg Paravar Pars Company Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023

## ▼ M75

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1575.	Mohsen ASADI محسن اسدی	Feidhm: Comhalta de Bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 16.9.1971 Áit bhreithe: Kerman, an Iaráin Inscne: fireann	Is comhalta é Mohsen Asadi de Bhord Paravar Pars Company, a tháirg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhloch IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhri sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1576.	Mohammad Reza MOHAMMADI محمد رضا محمدی	Feidhm: Comhalta de Bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 16.4.1971 Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is comhalta é Mohammad Reza Mohammadi de Bhord Paravar Pars Company, a tháirg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhloch IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhri sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1577.	Mohammad Sadegh Heidari MOUSA محمد صادق حیدری موسی	Feidhm: Comhalta de bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 24.9.1977 Áit bhreithe: Shahrehabak, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is comhalta é Mohammad Sadegh Heidari Mousa de Bhord Paravar Pars Company, a tháirg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhri sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023



## ▼ B

## ▼ M76

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1578.	Timofey Vladimirovitch VASSILIEV Тимофей Владимирович ВАСИЛЬЕВ A.k.a: Timofey VI Тимофей ВИ	Feidhm: Ceann na Roinne um threoir straitéiseach ANO Dialogue Ait bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Timofey Vassiliev Ceann na Roinne um threoir straitéiseach ANO Dialogue, eagraíocht neamhbhrabúsach de chuid na Rúise a chruthaigh Roinn Faisnéise agus Teicneolaíochta Mhoscó (DIT) in 2019 agus a bhfuil nasc aici le riarachán na huachtaránachta, atá freagrach as scaipeadh bolscaireachta ar líne faoi na críocha sin de chuid na hÚcráine a ionghabhadh go neamhdhleathach. Is é Timofey Vassiliev a bhainistíonn an cuntas Telegram maidir le “seiceáil firicí” - cuntas a bhfuil an-tóir air - agus na fearainn a eascraíonn as maidir le “Bréaga a chomhrac” a scaipeann bréagaisnéis faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Timofey Vassiliev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1579.	Ilya Andreĭevitch GAMBACHIDZE Илья Андреевич ГАМБАЧИДЗЕ	Feidhm: Is é a bhunaigh Structura National Technologies and Social Design Agency [Teicneolaíochtaí Náisiúnta Structura] agus Social Design Agency [an Ghníomhaireacht um Dhearadh Sóisialta] Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Ilya Gambachidze a bhunaigh Structura National Technologies and Social Design Agency, dhá eintiteas de chuid na Rúise a bhí rannpháirteach san fheachtas um bréagaisnéis dhigiteach faoi stiúir na Rúise “RRN” (An Nuacht Iontaofa Is Déanaí) arb é is aidhm dó ionramháil a dhéanamh ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhroinnt chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D’oibrigh Ilya Gambachidze roimhe seo mar chomhairleoir do Leas-Uachtarán an Dúma, Piotr Tolstoi. Aithníodh gurb iad Teicneolaíochtaí Náisiúnta Structura agus an Ghníomhaireacht um Dhearadh Sóisialta na príomhghníomhaithe san fheachtas atá freagrach as suíomhanna gréasáin bréige a chruthú a dhéanann aithris orthu siúd atá ag eagraíochtaí rialtais agus na meáin dhlis-teanacha san Eoraip (go príomha an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe) agus as borradh a chur faoin bhfeachtas ar son na Rúise “RRN” ar na meáin shóisialta. Dá bhrí sin, tá Ilya Gambachidze freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1580.	Aleksandr Gennad’yeovich STARUNSKY Александр Геннадьевич СТАРУНСКИЙ	Feidhm: Is é a bhunaigh the Institute of the Russian Diaspora [Institiúid Dhiaspóra na Rúise] Dáta breithe: 12.6.1970 Inscne: fireann TIN: 771989171763	Is oifigeach faisnéise míleata de chuid na Rúise é Aleksandr Starunsky agus ba iarcheannasaí é ar aonad GRU PsyOps 54777. Is bunaitheoir d’Institiúid Dhiaspóra na Rúise é, eagraíocht chaoch GRU atá ina dlúthchuid den eagraíocht meán Inforos. Tá suíomh darb ainm russkie.org ag Institiúid Dhiaspóra na Rúise a scaipeann bréagaisnéis agus bolscaireacht na Rúise faoi cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Starunsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023

## ▼M76

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an lios-taithe
1581.	Anastasia Sergeevna KIRILLOVA Анастасия Сергеевна КИРИЛЛОВА	Feidhm: Ard-Stiúrtóir Inforos Dáta breithe: 13.12.1986 Inscne: bainneann TIN: 771674318370	Is bunaitheoir agus Ard-Stiúrtóir Inforos í Anastasia Kirillova, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun a scaipeann bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht chaoch í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Anastasia Kirillova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1582.	Nina Viktorovna DOROKHOVA Нина Викторовна ДОРОХОВА	Feidhm: Ard-Stiúrtóir Inforos Dáta breithe: 20.11.1965 Inscne: bainneann TIN: 505202442068	Is bunaitheoir agus Ard-Stiúrtóir Inforos í Nina Dorokhova, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun a scaipeann bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht chaoch í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Nina Dorokhova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1583.	Sergey Yurievich PANTELEYEV a.k.a PANTELEEV Сергей Юрьевич ПАНТЕЛЕЕВ	Feidhm: Oifigeach faisnéise in aonad 54777 GRU Dáta breithe: 15.3.1972 Áit bhreithe: Lugansk, an Úcráin Inscne: fireann TIN: 772916129659	Tá Sergey Panteleyev ina chomhalta d'aonad 54777 GRU agus is bunaitheoir an Institute of the Russian Diaspora (Institiúid Dhiaspóra na Rúise) é, eagraíocht fronta GRU atá ina dlúthchuid den líonra bréagaisnéise ar líne de chuid Inforos. Tá suíomh darb ainm russkie.org ag Institiúid Dhiaspóra na Rúise lena gcumasaítear feiceálacht sna meáin ar líne ina ndéantar bréagaisnéis agus bolscaireacht na Rúise faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a scaipeadh timpeall an domhain. Dá bhrí sin, tá Sergey Panteleyev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1584.	Denis Valerievich TYURIN Денис Валерьевич ТЮРИН	Feidhm: Oifigeach GRU Dáta breithe: 1.4.1976 Áit bhreithe: Moscó Inscne: fireann TIN: 772807385405	Is oifigeach faisnéise GRU é Denis Tyurin agus is bunaitheoir Inforos é, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun ina scaiptear bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht fronta í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU, atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Denis Tyurin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023

## ▼B

(\*) Ni bheidh feidhm ag Airteagal 1(1) maidir leis an duine seo.

(\*) Ni bheidh feidhm ag Airteagal 1(1) maidir leis an duine seo.

▼ M3  
▼ CI

Entities

## ▼ B

## ▼ M48

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Fiontar Aonadach Stáit de chuid “Republic of Crimea” “Chernomorneftegaz”  (ar a dtugtaí PJSC “Chernomorneftegaz” tráth)	Prospekt Kirov 52, Simferopol, an Chrimé, an Úcráin 295000  пр. Кирова 52, г. Симферополь, Крым, Украина 295000  Uimhir theileafóin: +7 (3652) 66-70-00 +7 (3652) 66-78-00 <a href="http://gas.crimea.ru/office@chernomorneftegaz.ru">http://gas.crimea.ru/office@chernomorneftegaz.ru</a>  Cláruimhir: 1149102099717	An 17 Márta 2014, ghlac “Parlaimint na Crimé” rún á dhearbhu go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid Chernomorneftegaz a ghabháil thar ceann “Republic of Crimea”. Tá “údaráis” na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. An 29 Samhain 2014, athchláraíodh mar Institiúid Aonadach Stáit de chuid “Republic of Crimea” é i.e. “Chernomorneftegaz” (Государственное унитарное предприятие Республики Крым “Черноморнефтегаз”). Bunaitheoir: Aireacht Breosla agus Fuinnimh “Republic of Crimea” (Министерство топлива и энергетики “Республики Крым”).	12.5.2014
▼ M21				
▼ M69	3. ‘Luhansk People’ s Republic’ , mar a ghairtear de  ‘Луганская народная республика’ (ЛНР)  ‘Luganskaya narodnaya respublika’ (LNR)	Faisnéis oifigiúil: <a href="https://glava-lnr.info/">https://glava-lnr.info/</a> <a href="https://sovminlnr.ru/">https://sovminlnr.ru/</a> <a href="https://nslnr.su/">https://nslnr.su/</a>	Bunaíodh ‘Luhansk People’ s Republic’, mar a ghairtear de, an 27 Aibreán 2014. Freagrach as an reifreann neamhdhleathach a eagrú an 11 Bealtaine 2014. Dearbhú neamhspleáchais an 12 Bealtaine 2014. An 22 Bealtaine 2014, chruthaigh ‘People’ s Republics’ of Donetsk agus Luhansk, mar a ghairtear díobh, ‘Federal State of Novorosiya’, mar a ghairtear de. Is sárú an méid sin ar dhlí bunreachtúil na hÚcráine agus ar an dlí idirnáisiúnta dá réir, rud a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne Cónaidhm na Rúise ‘Luhansk People’ s Republic’ , mar a ghairtear di, a ionghabháil, ar sárú breise é an méid sin ar iomláine chríochach na hÚcráine agus, dá bhrí sin, ar an dlí idirnáisiúnta.  Tá baint aige freisin le hearcaíocht don ghrúpa scarúnaíoch ‘Airm an Oirdheiscirt’ agus grúpaí scarúnaíocha armtha neamhdhleathacha eile, rud a bhaineann an bonn de chobhsaíocht nó de shlándáil na hÚcráine.	25.7.2014

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	<p>‘Donetsk People’ s Republic’ , mar a ghairtear de</p> <p>‘Донецкая народная республика’ (ДНР)</p> <p>‘Donetskaya narodnaya respublika’ (DNR)</p>	<p>Faisnéis oifigiúil:</p> <p><a href="https://dnronline.su/">https://dnronline.su/</a></p> <p><a href="https://pravdnr.ru/">https://pravdnr.ru/</a></p> <p><a href="https://dnrsovet.su/">https://dnrsovet.su/</a></p> <p><a href="https://denis-pushilin.ru/">https://denis-pushilin.ru/</a></p>	<p>Dearbhaíodh ‘Donetsk People’ s Republic’, mar a ghairtear de, an 7 Aibreán 2014.</p> <p>Freagrach as an reifreann neamhdhleathach a eagrú an 11 Bealtaine 2014. Dearbhú neamhspleáchais an 12 Bealtaine 2014.</p> <p>An 24 Bealtaine 2014, shinigh ‘People’ s Republics’ of Donetsk agus Luhansk, mar a ghairtear díobh, comhaontú maidir le ‘Federal State of Novorossiya’, mar a ghairtear de, a chruthú.</p> <p>Is sárú an méid sin ar dhlí bunreachtúil na hÚcráine agus ar an dlí idirnáisiúnta dá réir, rud a bhaineann an bonn d’ iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne Cónaidhm na Rúise ‘Donetsk People’ s Republic’ , mar a ghairtear de, a ionghabháil, ar sárú breise é an méid sin ar iomláine chríochach na hÚcráine agus, dá bhrí sin, ar an dlí idirnáisiúnta.</p> <p>Tá baint aici freisin le hearcaíocht do ghrúpaí scarúnaíocha armtha neamhdhleathacha, rud a chuireann cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol.</p>	25.7.2014
5.	<p>‘Federal State of Novorossiya’, mar a ghairtear de</p> <p>‘Федеративное государство Новороссия’</p> <p>‘Federativnoye Gosudarstvo Novorossiya’</p>	<p>Acmhainní do na meáin:</p> <p><a href="http://novopressa.ru/">http://novopressa.ru/</a></p> <p><a href="http://novorossia-tv.ru/">http://novorossia-tv.ru/</a></p> <p><a href="http://novorossia.ru/">http://novorossia.ru/</a></p> <p><a href="https://vk.com/novorossiatv">https://vk.com/novorossiatv</a></p>	<p>An 24 Bealtaine 2014, shinigh ‘People’ s Republics’ of Donetsk agus Lugansk, mar a ghairtear díobh, comhaontú maidir le ‘Federal State of Novorossiya’, mar a ghairtear de, a chruthú.</p> <p>Is sárú an méid sin ar dhlí bunreachtúil na hÚcráine agus ar an dlí idirnáisiúnta dá réir, agus mar sin tá sé ina bhagairt ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne Cónaidhm na Rúise ‘People’ s Republics’ of Donetsk and Luhansk, mar a ghairtear díobh, a ionghabháil, ar sárú breise é an méid sin ar iomláine chríochach na hÚcráine agus, dá bhrí sin, ar an dlí idirnáisiúnta.</p>	25.7.2014

▼ **B**▼ **M33**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
6.	Aontas Idirnáisiúnta na gCumann Poiblí 'Arm Mór Don' Международный Союз Общественных Объединений 'Всевеликое Войско Донское'	Faisnéis oifigiúil: http://xn-80aaaajf-jszd7a3b0e.xn-p1ai/ http://казакнацгвард.рф/ Uimhir theileafóin: +7-8-908-178-65-57 Na meáin shóisialta: Garda Náisiúnta na gCosacach <a href="http://vk.com/kazak_nac_guard">http://vk.com/kazak_nac_guard</a> Seoladh: 346465 An Rúis, Réigiún Rostov, Dúiche October, St Zaplavskaya, Str Shosseynaya 1 An dara seoladh: Voroshilovskiy Prospekt 12/85-87/13, Rostov-on-Don, Cónaidhm na Rúise Dichláraíodh é in 2017.	Is é 'Arm mór an Don' a bhunaigh 'Garda Náisiúnta na gCosacach' a bhí freagrach as troid in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol. Is é Nikolay Kozitsyn a luaitear leis; eisean atá ina Cheannasaí ar Fhórsaí na gCosacach agus ar scarúnaithe in Oirthear na hÚcráine atá ag troid i gcoinne fhórsaí rialtais na hÚcráine.	25.7.2014
7.	Russian community "Sobol" Русская община "Соболь"	Na meáin shóisialta: <a href="http://vk.com/sobolipress">http://vk.com/sobolipress</a> <a href="http://www.русскоедвижение.рф/">http://www.русскоедвижение.рф/</a> Uimhir ghutháin: +652 60-23-93 R-phost: Soboli-Press@gmail.com Seoladh: Ukraine, Crimea, Simferopol, str. Kiev, 4 (area bus station "Central").	Eagraíocht pharaimíleata radacach, atá freagrach as tacú go hoscailte le húsáid na lámhe láidre chun deireadh a chur le smacht na hÚcráine ar Crimea, rud a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Freagrach as oiliúint a chur ar scarúnaithe chun dul i mbun troda in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol.	25.7.2014
8.	'Garda Luhansk' mar a ghairtear de 'Луганская гвардия'	Na meáin shóisialta agus faisnéis eile: <a href="https://vk.com/luguard">https://vk.com/luguard</a> <a href="http://vk.com/club68692201">http://vk.com/club68692201</a> <a href="https://vk.com/luguardnews">https://vk.com/luguardnews</a>	Mílíste féinchosanta ó Luhansk, freagrach as oiliúint a chur ar scarúnaithe chun dul i mbun troda in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol. Is é an tUasal German PROKOPIV a luaitear leis; eisean an ceannasaí gníomhach atá freagrach as páirt a ghlacadh i ngabháil oifig réigiúnach Sheirbhís Slándála na hÚcráine i Luhansk agus as físeán, inar labhair sé leis an Uachtarán Putin agus leis an Rúis, a thairfeadh as an bhfoirgneamh sin.	25.7.2014

▼ B▼ M31

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
9.	So called “Army of the Southeast” “Армии Юго- Востока”	Social media: <a href="https://vk.com/sigma_orel">https://vk.com/ sigma_orel</a>	Illegal armed separatist group which is considered to be one of the most important in Eastern Ukraine. Responsible for occupying the building of the Security Service in the Lugansk region. Associated with Mr Valeriy BOLOTOV, who was listed as one of the leaders of the group. Associated with Mr Vasyl NIKITIN, responsible for the separatist “governmental” activities of the so called “government of the People's Republic of Luhansk”.	25.7.2014
10.	So-called “Donbas People's Militia” “Народное ополчение Донбасса”	Social media: <a href="http://vk.com/polkdonbassa">http://vk.com/ polkdonbassa</a> + 38-099-445-63-78; + 38-063-688-60-01; + 38-067-145-14-99; + 38-094-912-96-60; + 38-062-213-26-60 Email: voenkom.dnr@mail.ru vknovoros@yandex.ru mobilisation@novorossia.co polkdonbassa@mail.ru Telephone volunteers in Russia: + 7 499 709-89-06 or email novoross24@mail.ru Address: Donetsk. Prospect Zasyadko.13	Illegal armed separatist group responsible for fighting against the Ukrainian government forces in Eastern Ukraine, thus threatening the stability or security of Ukraine, inter alia, the militant group seized control of several government buildings in Eastern Ukraine in early April 2014, thus undermining the territorial integrity, sovereignty and independence of Ukraine. It is associated with Mr Pavel Gubarev, who is responsible for the taking over of the regional government building in Donetsk with pro-Russian forces and proclaiming himself the “people's governor”.	25.7.2014
11.	“Vostok Brigade” “Бригада Восток” (ar a dtugtar Vostok Battalion; “Батальон Восток” freisin)	Na meáin shóisialta: <a href="http://vk.com/patriotic_forces_of_donbas">http://vk.com/ patriotic_forces_of_ donbas</a> <a href="http://patriot-donetsk.ru/info.patriot-donbassa@gmail.com">http:// patriot-donetsk.ru/ info.patriot-don- bassa@gmail.com</a>	Grúpa scarúnaíoch armtha neamhdhleathach a mheastar a bheith ar cheann de na grúpaí is tábhachtaí in Oirthear na hÚcráine. Freagrach as dul i mbun troda in aghaidh fhórsaí rialtais na hÚcráine in Oirthear na hÚcráine, rud a chuir cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine i mbaol. Ghlac sé páirt ghníomhach sna hoibríochtaí míleata a raibh mar thoradh orthu urghabháil Donetsk Airport. Ina bhall den “1st Army Corps”, mar a ghairtear dó, de chuid “Donetsk People's Republic”.	25.7.2014

▼ M37

▼ **B**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M21</b>				
▼ <b>M77</b>				
13.	<p>State Unitary Enterprise of the City of Sevastopol, ‘Sevastopol seaport’</p> <p>ГУП ГС ‘Севастопольский морской порт’</p> <p>(ar a dtugtaí fiontar Stáit ‘Sevastopol commercial seaport’ tráth</p> <p>Государственное предприятие ‘Севастопольский морской торговый порт’</p> <p>Gosudarstvenoye predpriyatiye ‘Sevastopolski morskoy torgovy port’)</p>	<p>Seoladh: Nakhimov Square 5, 299011 Sevastopol</p> <p>(пл. Нахимова, 5, г. Севастополь, 299011)</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1149204004707</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://www.sevmp.ru/">https://www.sevmp.ru/</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:gupsmp@mail.ru">gupsmp@mail.ru</a></p>	<p>Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí na hÚcráine. An 17 Márta 2014 ghlac ‘Parlaimint na Crimé’ Rún Uimh. 1757-6/14 ‘Maidir le náisiúnú a dhéanamh ar roinnt cuideachtaí ar le haireachtaí bonneagair nó talmhaíochta na hÚcráine iad’ inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid an fhiontair stáit ‘Calafort tráchtála Sevastopol’ a ghabháil thar ceann ‘Poblacht na Crimé’. Tá ‘údaráis’ na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. In 2023, fógraíodh go n-aistreofaí úinéireacht Fiontar Aonadach Stáit Chathair Sevastopol ‘Sevastopol seaport’ chuig Cónaidhm na Rúise. Ó thaobh méid na trádála de, is é an calafort tráchtála is mó sa Chrimé é. Athchláraíodh an 6 Meitheamh 2014 é mar State Unitary Enterprise of the City of Sevastopol (Institiúid Aonadach Stáit de chuid Chathair Sevastopol) ‘calafort Sevastopol’ (Государственное унитарное предприятие города Севастополя ‘Севастопольский морской порт’). Bunaitheoir: Rialtas Sevastopol (Правительство Севастополя).</p>	25.7.2014
▼ <b>M21</b>				
▼ <b>M36</b>				
15.	<p>State Unitary Enterprise den “Republic of Crimea” “Universal-Avia”</p> <p>Государственное унитарное предприятие Республики Крым “Универсал-Авиа”</p> <p>(dá ngairtí fiontar Stáit “Universal -Avia” roimhe seo</p> <p>Государственное предприятие “Универсал-Авиа”</p> <p>Gosudarstvenoye predpriyatiye “Universal-Avia”)</p>	<p>Aeroflotskaya Street 5, 295021, Simferopol</p> <p>ул. Аэрофлотская, дом 5, 295021, г. Симферополь</p> <p>Teil.: +7 (3652) 502-300; +7 (918) 699-1020</p> <p><a href="mailto:unavia_2014@mail.ru">unavia_2014@mail.ru</a></p> <p><a href="https://universal-avia.ru/">https://universal-avia.ru/</a></p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1159102026742</p>	<p>Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí Ukraine. An 24 Márta 2014, ghlac “Uachtarán Pharlaimint na Crimea” cinneadh Uimhir 1794-6/14 ‘Maidir le “Gosudarstvenoye predpriyatiye Universal-Avia” (“O Gosudarstvennom predpriyatiye “Универсал-Авиа”)” inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid an fhiontair stáit ‘Universal-Avia’ a ghabháil thar ceann “Poblacht na Crimea”. Leis sin rinne “údaráis” Crimea, más ea, an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. An 15 Eanáir 2015, athchláraíodh mar Institiúid Aonadach Stáit de chuid “Poblacht na Crimea” é “Universal-Avia” (Государственное унитарное предприятие Республики Крым “Универсал-Авиа”). Bunaitheoir: Aireacht Talmhaíochta “Republic of Crimea” (Министерство транспорта Республики Крым).</p>	25.7.2014



## ▼ M36

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
16.	Federal State Budgetary Enterprise “Sanatorium “Nizhnyaya Oreanda” of the Administration of the President of the Russian Federation (ar a dtugtaí Resort “Nizhnyaya Oreanda” Санаторий “Нижняя Ореанда” roimhe seo)	Resort “Nizhnyaya Oreanda”, 298658, Yalta, Oreanda, House 12, Ukraine Санаторий “Нижняя Ореанда”, 298658, г. Ялта, пгт. Ореанда, дом 12, Украина www.oreanda-resort.ru marketing@oreanda-resort.ru +7 (978) 944 83 00, +7 (978) 944 83 30 Uimhir chlárúcháin: 1149102054221	Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí Ukraine. An 21 Márta 2014, ghlac “Presidium of the Parliament of Crimea” cinneadh “On the questions of creation of the Association of sanatoria and resorts” No 1767-6/14 inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid an ionaid saoire “Nizhnyaya Oreanda” a ghabháil thar ceann “Republic of Crimea”. Tá “údaráis” na Crimea, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. An 9 Deireadh Fómhair 2014, athchláraíodh é mar Federal State Budgetary Enterprise “Sanatorium Nizhnyaya Oreanda” of the Administration of the President of the Russian Federation (Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение “Санаторий ‘Нижняя Ореанда’ Управления Делами Президента Российской Федерации”). Bunaitheoir: The Administration of the President of the Russian Federation (Управления Делами Президента Российской Федерации).	25.7.2014

## ▼ M34

17.	Crimean Republican Enterprise “Azov distillery plant” Крымское республиканское предприятие “Азовский ликёроводочный завод” “Azovsky likerovodochny zavod”.	40 Zheleznodorozhnaya str., 296178 Azovskoye, Jankoosky district, Ukraine ул. Железнодорожная, 40, 296178 пгт. Азовское, Джанкойский район, Украина cód: 01271681 Imeachtaí féimheachta curtha i gcrích.	Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí na hÚcráine. An 9 Aibreán 2014, ghlac “Uachtarán Pharlaimint na Crimé” cinneadh Uimhir 1991-6/14 “Maidir leis na leasuithe a rinneadh ar an Rún ó Chomhairle Stáit ‘Poblacht na Crimé’” an 26 Márta 2014 Uimhir 1836-6/14 “Maidir le náisiúnú a dhéanamh ar mhaoin de chuid fiontar, institiúidí, agus comhlachtaí sa choimpléasc agra-thionsclaíoch, suite sa limistéar ‘Poblacht na Crimé’” inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid “Azovsky likerovodochny zavod” a ghabháil thar ceann “Poblacht na Crimé”. Tá “údaráis” na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán.	25.7.2014
-----	--	---	---	-----------

## ▼ M34

## ▼ M37

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
95.	<p>PJSC Nizhnekamskshina (Rúisis: ПАО 'Нижнекамскшина')</p>	<p>Seoladh: 423570, Republic of Tatarstan, Nizhnekamsk, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Teileafón: +8 555 49-79-30, Facs: + 8 555 24-15-70</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://shina-kama.ru">https://shina-kama.ru</a></p> <p>Riomhphost: <a href="mailto:minnegalievfg@kamatyres.com">minnegalievfg@kamatyres.com</a></p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Tatneft Trading House KAMA Management Company Tatneft-Neftekhim Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant</p>	<p>Is é Nizhnekamskshina príomhmhonoráir bonn de chuid na Rúise. Ba fhochuideachta de Tatneft é. An 1 Meitheamh 2022, díoladh Nizhnekamskshina le JSC Tatneftekhinvest-Holding. Déanann sé boinn faoi na brandaí KAMA agus Viatti. Áirítear ar a chuid táirgí boinn déúsáide agus mhíleata a sholáthraítear do rialtas Chónaidhm na Rúise. Monaraíonn sé boinn atá feistithe ar fheithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV. D'úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise K4386 Typhoon-VDV le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuireann Nizhnekamskshina tacaíocht ábhartha agus airgeadais ar fáil freisin d'fhostaithe arna slógadh don chogadh san Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	3.6.2022
-----	---	--	--	----------

▼ M69

96.	<p>LLC TD KAMA (Rúisis: ООО ТД 'КАМА')</p>	<p>Seoladh: 423570, Russia, Republic of Tatarstan, Nizhnekamsk, Territoriya Promzona, AIK-24, room 402</p>	<p>Is é TD KAMA dáileoir ginearálta táirgí KAMA TIRES, a mhonaraíonn Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant agus Nizhnekamskshina. Cuireann sé boinn ar fáil d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise agus do Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise.</p>	3.6.2022
-----	--	--	---	----------

## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Teileafón: +7 (8555) 24-10-00, 24-10-10</p> <p>Dáta clárúcháin: 18.12.2022</p> <p>Uimhir chlárúcháin: SRN/OGRN 1021602510533</p> <p>TIN/INN 1651024807</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://www.td-kama.com">https://www.td-kama.com</a></p> <p>ríomhphost: <a href="mailto:info@td-kama.com">info@td-kama.com</a></p> <p>Eintitis chomhlachaithe:</p> <p>Tatneft-Neftekhim;</p> <p>Nizhnekamskshina;</p> <p>Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant</p>	<p>I measc tháirgí Nizhnekamskshina, táirgí a dháileann TD KAMA, tá táirgí bonn dé-úsáide agus míleata a sholáthraítear do rialtas Chónaidhm na Rúise. Monaraíonn Nizhnekamskshina boinn atá feistithe ar fheithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV. I measc tháirgí Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant, táirgí a dháileann TD KAMA, tá boinn KAMA NU402 atá feistithe ar fheithiclí soghluasteachta coisithe Tigr a iompraíonn diúracáin shoghluaste fhritancacha Kornet. D'úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise feithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV, feithiclí soghluasteachta coisithe Tigr agus diúracáin shoghluaste fhritancacha Kornet agus fogha míleata gan chúis gan údar á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Ina theannta sin, cuireann TD KAMA tacaíocht ábhartha agus airgeadais ar fáil dá chuid fostaithe arna slógadh don chogadh san Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	
97.	<p>OJSC Balashikha Casting and Mechanical Plant</p> <p>(Rúisis: ОАО Балашихинский литейно-механический завод)</p> <p>ar a dtugtar freisin OJSC BLMZ</p> <p>(Rúisis: ОАО БЛМЗ)</p>	<p>Seoladh: Entuziastov sh., 4, Balashikha, Moskovskaya Oblast, 143900, Russian Federation</p> <p>Teileafón: +7 (495) 639-94-94</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://www.blmz.ru">https://www.blmz.ru</a></p> <p>ríomhphost: <a href="mailto:info@blmz.ru">info@blmz.ru</a></p>	<p>Is gléasra múnlaithé agus meicniúil de chuid na Rúise é BLMZ. Soláthraíonn sé ábhair a úsáidtear chun airm a tháirgeadh do sholáthraithe trealamh mhíleata na Rúise a cuireadh faoi smachtbhannaí ag an Aontas i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.</p> <p>Tá sé faoi chonradh mar sholáthraí do Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Cuireann sé trealamh agus ábhair ar fáil chun roinnt aerárthaí agus héileacaptair a tháirgeadh, lena n-áirítear Ka-52, héileacaptair a bhaineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid astu go forleathan i gcónaí agus fogha míleata gan chúis gan údar á thabhairt aici faoin Úcráin.</p>	3.6.2022

▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.	

▼ **M77**

98.	JSC REMDIZEL (Rúisis: АО 'Ремдизель')	Seoladh: 423800, Republic of Tatarstan, Naberezhnye Chelny, Menzelinsky tract, 40, Cónaidhm na Rúise  Teileafón: +7 (8552) 55-15-88 / 7 (8552) 30-80-00  Suíomh gréasáin: <a href="http://www.remdizel.com">http://www.remdizel.com</a>  Ríomhphost: <a href="mailto:remdizel@kamaz.ru">remdizel@kamaz.ru</a>  Eintitis chomhlachaithe:  KAMAZ	Déanann Remdizel feithiclí ar rothaí agus ar rian agus déanann sé deisiúcháin ar fheithiclí ar rothaí agus ar rian. Monaraíonn sé na feithiclí Typhoon K-63968 atá frithsheasmhach in aghaidh mianach agus cosanta ó luíocháin, feithiclí a leanann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise de bheith ag baint úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Táirgeann Remdizel freisin feithiclí nua armúrtha, mar shampla K-4386 Typhoon VDV agus Akhmat chun tacú le fogha na Rúise faoin Úcráin.  Dá bhí sin, tá sí freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	3.6.2022
99.	JSC SUKHOI Company (Rúisis: ПАО Компания 'Сухой')	Seoladh: 125284, Cónaidhm na Rúise, Moscow, st. Polikarpova, 23B, PO box 604  Teileafón: +7 (499) 550-01-06  Suíomh gréasáin: <a href="https://www.sukhoi.org">https://www.sukhoi.org</a>  Ríomhphost: <a href="mailto:info@sukhoi.org">info@sukhoi.org</a>  Eintitis chomhlachaithe:  United Aircraft Corporation (máthairchuideachta)	Is monaróir aerárthaí de chuid na Rúise é Sukhoi. D'úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise aerárthaí arna monarú ag Sukhoi le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Forbraíonn an chuideachta freisin samhlacha nua aerárthaí comhraic a úsáidtear go forleathan sa chogadh, mar shampla an Su-24, Su-30, Su-34, Su-35 agus Su-57. An 21 Samhain 2022, d'fhógair an scairsealbhóir is mó atá aici, OAK, gur seachadadh SU30SM2anna nua chuig an Aireacht Cosanta. De réir tuarascálacha oifigiúla, tá lucht míleata na Rúise ag cruthú sárghrúpa comhraic eitlíochta a mbeidh Su-24anna agus Su-34anna de dhéantús Sukhoi in úsáid aige.  Dá bhí sin, tá sí freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	3.6.2022

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
100.	JSC '121 AIRCRAFT REPAIR PLANT' (Rúisis: Акционерное общество '121 авиационный ремонтный завод')	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 143079, réigiún Mhoscó, Odintsovo, Stary Gorodok, st. Postal, 10 Teileafón: +7(498) 677-95-11 Suíomh gréasáin: <a href="https://121arz.ru">https://121arz.ru</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@121arz.ru">info@121arz.ru</a>	Déanann 121 Aircraft Repair Plant deisiúcháin ar aerárthaí Su-25, Su-27, MiG-29 agus MiG-31. Is é an t-aon fhiontar amháin sa Rúis a dheisíonn aerárthaí Su-25 agus a dhéanann iad a uasghrádú ina leaganacha Su-25 SM ag an am céanna. Bhain Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid as Su-25 SM agus MiG-31 le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Seoladh pearsanra de chuid na Bealarúise chuig an suíomh seo freisin chun cabhrú le haerárthaí comhraic a dheisiú ionas gur féidir iad a athúsáid i bhfogha na Rúise faoin Úcráin.  Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tacaíonn sé freisin, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine, nó baineann sé tairbhe as.	3.6.2022

▼ **M69**

101.	National Settlement Depository (NSD) (Russian: Национальный расчетный депозитарий)	Seoladh: Sparta-kovskaya street 12, 105066, Moscow, Russian Federation  An cineál eintitis: institiúid creidmheasa neamhbhainc – cuideachta comhstoic  Dáta clárúcháin: 27.6.1996  Uimhir chlárúcháin stáit: 3294  Príomh-chlárúimhir Stáit: 1027739132563  Uimhir aitheantais cáiníocóra: 7702165310/770101001  Príomhionad gnó: Russian Federation	Is institiúid airgeadais neamhbhainc Rúiseach agus taisclann lárnach urrús na Rúise é NSD. Is é an taisclann urrús is mó sa Rúis é de réir mhargadhluach na n-urrús cothromais agus fiachais atá faoi choimeád agus an t-aon taisclann a bhfuil rochtain aige ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.  Aithníonn an Rialtas agus Banc Ceannais na Rúise go bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leis mar institiúid airgeadais Rúiseach. Tá ról rithábhachtach aige maidir le feidhmiú chóras airgeadais na Rúise agus maidir lena nasc leis an gcóras airgeadais idirnáisiúnta, rud a chumasaíonn Rialtas na Rúise, go díreach agus go hindíreach, lena chuid gníomhaíochtaí, beartas agus acmhainní.	3.6.2022
------	---	--	---	----------

▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
		<p>Eintitis chomhlachaithe: scairshealbhóir trom-laigh/máthairchuideachta ag 99,997 % (nach liostaítear ar bhonn aonair):</p> <p>Cuideachta comhoisc phoiblí “Moscow Exchange MICEX-RTS” (Moscow Exchange nó MOEX),            Seoladh cláraithe: 13, Bolshoy Kislovsky per, 125009 Moscow, Russian Federation,            Uimhir Aitheantais Cáiníocóra 7702077840            Príomh-chlárúimhir Stáit: 1027739387411</p>	<p>Tá sé beagnach go hiomlán faoi úinéireacht an Moscow Exchange, arb é an misean atá aige rochtain chuimsitheach a chur ar fáil ar mhargaí airgeadais na Rúise. Tá an Moscow Exchange ar a sheal, trína ról agus a scairshealbhóirí, faoi ardleibhéal smachta ag Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, is eintiteas nó comhlacht é NSD atá ag tacú go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

▼ **M55**

102.	AVLITA Stevedoring Company	<p>Seoladh: Prymorska Street 2h, Sevastopol, Crimea, Ukraine</p>	<p>Cuireann AVLITA Stevedoring Company seirbhísí ar fáil a bhaineann le grán a luchtú ar longa i gcalafort Sevastopol sa Chrimé, a d'ionghabháil an Rúis go neamhdhleathach. Tá sé doiciméadaithe i dtuairiscí iomadúla go raibh baint aige le grán a goideadh ó na feirmeoirí agus ó stát na hÚcráine ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorgabháil na Rúise, nó a ceannaíodh faoi éigeantas ó fheirmeoirí Úcránacha, a luchtú ar longa. Tá Avlita freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.</p>	21.7.2022
------	----------------------------	--	---	-----------

▼ **M77**

103.	Nightwolves MC (Мотоклуб, Ночные Волки)	<p>Seoladh: Nizhniye Mnevnikí, 110, Bike Centre, Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Grúpa Gluaisrothaíochta</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Data clárúcháin: 1989</p>	<p>Is club náisiúnta gluaisrothaíochta é Nightwolves MC a bunaíodh i Moscó in 1989 arb é Alexander Zaldastanov a cheannaire agus a bhfuil tuairim is 45 chraobh aige ar fud an domhain, lena n-áirítear in go leor Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh. Ghlac Nightwolves MC páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trí thacaíocht phoiblí a thabhairt d'ionghabháil na Crimé in 2014 agus don chogadh ar an Úcráin in 2022, trí bholscaireacht i gcoinne na hÚcráine agus ar son na Rúise a leathadh go gníomhach agus trí bheith ag troid i bpáirt le grúpaí atá ar son na Rúise san Úcráin, nó trí thacú leo, tar éis ionghabháil</p>	21.7.2022
------	---	---	---	-----------

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>na Crimé agus chogadh na Rúise ar an Úcráin in 2022. Tá an grúpa nasctha le ‘Wolf Holding Security Structures’, cuideachta a oibríonnampaí oiliúna le haghaidh ‘féinchosaint’ in Sevastopol, agus a chuireann oiliúint mhíleata ar fáil.</p> <p>Is foinse bharrthábhachtach tacaíochta de chuid rialtas na Rúise é an grúpa, agus tacaíonn sé go gníomhach le bolscaireacht stáit na Rúise sa Rúis, san Eoraip agus sna Balcáin Thiar, agus séanann sé go poiblí ceart na hÚcráine chun státachta agus iarrann sé ‘dínaitsiú’ na tíre, agus iarrann sé freisin go ndéanfaí an tír a ‘dhí-Úcránú’, ag cur chun cinn an smaoinimh gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis.</p> <p>Tá dlúthnaisc ag an ngrúpa freisin le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, agus le rialtas na Rúise agus fuair sé cistiú stáit ón gCreimil idir 2013 agus 2015. Tá sé léirithe arís agus arís eile ag an ngrúpa go dtacaíonn sé leis an oibríocht mhíleata, go háirithe trí chuid dá bhaill a chur chuig an arm ar bhonn deonach. Dá bhri sin, is eintiteas nó comhlacht é Nightwolves a thacaíonn, go hábhartha, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, is eintitis é atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándaíl san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.</p>	
104.	<p>The Alexander Gorchakov Public Diplomacy Fund</p> <p>(Фонд общественной дипломатии Александра Горчакова)</p>	<p>Seoladh: 10/1 Yakovoapostolsky pereulok, Moscó 105064, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Eagraíocht Neamhrialtasach</p> <p>Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: Feabhra2010</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1107799026752</p>	<p>Bhunaigh Uachtarán na Rúise, Dmitry Medvedev, the Alexander Gorchakov Public Diplomacy Fund in 2010. Is í Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise bunaitheoir an Chiste agus is é an tAire Gnóthaí Eachtracha, mar atá faoi láthair, ceann an bhoird iontaobhaithe. Is í an Aireacht a chistíonn an Gorchakov Fund, agus tugann sé sin cistiú dá réir sin do mheithleacha machnaimh agus do GONGOnna (ENRanna arna neagrú ag rialtais).</p> <p>Tá an Gorchakov Fund ceaptha le tacú le comhthírigh Rúiseacha sa spás iar-Shóivéideach i gcomhréir le cuspóirí idé-eolaíochta na Creimile. Is gnéithe tábhachtacha de dhioscúrsa bheartas eachtrach na Rúise iad na tionscáid a d’eagraigh an Gorchakov Fund. In 2015, dhún Rialtas na hÚcráine Oifig The Gorchakov Public Diplomacy Fund i gCív mar gheall ar bholscaireacht i gcoinne an stáit.</p>	21.7.2022

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhri sin, tá The Gorchakov Public Diplomacy Fund freagrach as tacú go gníomhach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as.	

▼ M69

105.	The Federal Agency for the Commonwealth of Independent States Affairs, Compatriots Living Abroad, and International Humanitarian Cooperation (Rossotrudnichestvo) (Федеральное агентство по делам Содружества Независимых Государств, соотечественников, проживающих за рубежом, и по международному гуманитарному сотрудничеству (Россотрудничество))	Seoladh na Ceanncheathrún: Russian Federation, 119019, Moscow, Vozdvizhenka Str. 18/9 Teileafón: +7 (495) 690-12-45 ríomhphost: rossotr@rs.gov.ru Suíomh gréasáin: https://rs.gov.ru An cineál eintitis: Gníomhaireacht de chuid Rialtas Cónaidhme na Rúise Áit chlárúcháin: Russian Federation, 119019, Moscow, Vozdvizhenka Str. 18/9 Dáta clárúcháin: 6.9.2008	Is comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme é The Federal Agency for the Commonwealth of Independent States Affairs, Compatriots Living Abroad, and International Humanitarian Cooperation (Rossotrudnichestvo) atá freagrach as seirbhísí stáit a chur ar fáil agus maoin stáit a bhainistiú chun tacú leis an geaidreamh idirnáisiúnta idir Cónaidhm na Rúise agus Ballstáit Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus tíortha eachtracha eile, agus chun an caidreamh sin a fhorbairt. Is é an phríomhghníomhaireacht stáit é a chuireann cumhacht bhog agus tionchar hibrídeach na Creimile chun cinn, lena n-áirítear cur chun cinn choincheap ‘Russkiy Mir’, mar a ghairtear de. Le blianta fada anuas, tá sé ag gníomhú mar bhrateagraíocht do líonra comhthíreach Rúiseach agus gníomhairí tionchair, agus cistíonn sé tionscadail éagsúla taidhleoireachta agus bolscaireachta, rud a chomhdhlúthaíonn gníomhaíochtaí na ngníomhaithe Rúiseacha a scaipeann insintí na Creimile, lena n-áirítear an t-athbheithnitheachas stairiúil. Eagraíonn Rossotrudnichestvo imeachtaí idirnáisiúnta go gníomhach, imeachtaí darb aidhm comhdhlúthú a dhéanamh ar thuiscint níos leithne an phobail gur críocha Rúiseacha iad críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Tá sé léirithe go soiléir ag Ceann agus Leas-Cheann Rossotrudnichestvo go dtacaíonn siad le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Rinne Rossotrudnichestvo bolscaireacht na Rúise a mhéadú trína ‘thithe Rúiseacha’ san Eoraip a iompú ina bpointí éilimh ar theas ina bhféadfadh muintir na hEorpa, a raibh - go teoiriciúil - easpa téimh acu de bharr easpa gáis, teacht chun teas a fháil. Dá bhri sin, tá Rossotrudnichestvo freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé freagrach as tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as.	21.7.2022
------	--	---	---	-----------



## ▼ M69

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	Russkiy Mir Foundation (Фонд ‘Русский мир’)	Seoladh: 119285 Mosfilmovskaya Str. 40A, Moscow, Russian Federation Teileafón: +7 (495) 981-5680 ríomhphost: info@russkiymir.ru Suíomh gréasáin: https://russkiymir.ru An cineál eintitis: Gníomhaireacht de chuid Rialtas Cónaidhme na Rúise Dáta clárúcháin: 31.8.2007	Is é Rialtas Chónaidhm na Rúise a chruthaigh agus a mhaoiníonn ‘Russkiy Mir’ Foundation. Bhain Cónaidhm na Rúise úsáid as chun a leasanna a chur chun cinn sna tíortha iar-Shóivéadacha. Is é an sainordú oifigiúil atá aige teanga agus cultúr na Rúise a chur chun cinn ar fud an domhain ach bhain an Chreimil úsáid as an bhFondúireacht mar uirlis thábhachtach tionchair a chuireann clár oibre atá bunaithe ar an Rúis chun cinn i dtíortha an iar-Aontais Shóivéadaigh, a shéanann dlisteanacht na hÚcráine mar náisiún ceannasach, agus a mholann go n-aontófaí í leis an Rúis. Scaip Russkiy Mir Foundation bolscaireacht ar son na Creimile agus i gcoinne na hÚcráine, agus chosain sé an fogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin. Sna heisiúintí oifigiúla uaidh, thacaigh sé freisin le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus leis an aitheantas a thug Cónaidhm na Rúise do ‘People’s Republics’ scarúnaíocha, mar a ghairtear díobh, i réigiún Donbas. Ó mhí Iúil 2022, tá roinnt mhaith alt foilsithe ag an bhfondúireacht mar thaca le hionghabháil chríocha na hÚcráine ar a suíomh gréasáin oifigiúil. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Bhain sé tairbhe freisin as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	21.7.2022
107.	JSC Research and Production Association ‘Kvant’ (Акционерное общество Научно-производственное объединение ‘Квант’)	Seoladh: Bolshaya Sankt-Peterburgskaya Str. 73, 173000 Veliky Novgorod, Russian Federation Teileafón: (8162) 681303 ríomhphost: ok@kvant-vn.ru	Is cuideachta Rúiseach é ‘Kvant’ JSC atá ag feidhmiú san earnáil mhíleata agus a tháirgeann córais cogáochta leictreonaí d’ Fhórsaí Armtha na Rúise. Rinne sé córas cogáochta leictreonaí Krasukha-4 a chomhdhearadh agus a chomhtháirgeadh agus mhonaraigh sé an trealamh do chóras cogáochta leictreonaí Rtut-BM. Bhain Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid as córais cogáochta leictreonaí Krasukha-4 agus Rtut-BM le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá Kvant rannpháirteach freisin i bhforbairt agus mionchoigeartú ar chóras loingseoireachta Glonass na Rúise a úsáideann arm na Rúise.	21.7.2022

▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thacaigh sé freisin, go hábharach, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine, agus bhain sé tairbhe as.	

▼ **M55**

108.	Sberbank (Сбербанк)	Seoladh: 19 Vavilova St., 117997 Moscow, Russian Federation An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí Áit chláráithe: 19 Vavilova St., 117997 Moscow, Russian Federation Dáta clárúcháin: 22.3.1991 Cláruimhir: 1027700132195	Is institiúid mhór airgeadais é Sberbank sa Rúis. Is é Banc Ceannais na Rúise an scairshealbhóir is mó de chuid Sberbank. Bhí príomhoifigeach feidhmiúcháin an bhainc ina Aire Eacnamaíoch agus Trádála sa Rúis faoi Uachtarán Putin ó 2000 go 2007 agus is é Aire Airgeadais na Rúise atá mar Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta an bhainc. Thairis sin, mar an banc is mó sa Rúis (lena mbaineann an ceathrú cuid de shócmhainní baincéireachta comhiomlána agus an tríú cuid de chaipiteal baincéireachta na Rúise), agus atá faoi úinéireacht rialtas na Rúise den chuid is mó, gineann Sberbank ioncam ard do rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, is eintiteas nó comhlacht é Sberbank a thacaíonn ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchoibhsú na hÚcráine, agus a bhaineann tairbhe as an méid sin, agus is duine dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht é chomh maith a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíoch a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchoibhsú na hÚcráine.	21.7.2022
------	------------------------	---	--	-----------

▼ **M69**

109.	FORSS Group of Companies (Группа компаний ФОРСС)	Seoladh: Magnitogorskaya street 51, lit. E, 195027, St. Petersburg, Russian Federation Teileafón: (+7812) 605-00-78 Suíomh gréasáin: <a href="http://www.forss.ru/">http://www.forss.ru/</a> eng ríomhphost: <a href="mailto:info@forss-marine.ru">info@forss-marine.ru</a>	Is cuideachta Rúiseach é FORSS a chuireann seirbhísí innealtóireachta ar fáil don tionscal longthógála. Comhlíonann sé orduithe arna ndéanamh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ghlac sé páirt i bhforbairt tionscadail 'Vasily Bykov' de chuid Black Sea Fleet. Bhaineann an 'tionscadal 22 160' sin le longa patróil a thógáil ag Zelenodolsk Shipyard agus ar bhain Cabhlach na Rúise úsáid astu le linn an chogaidh fhoghaigh atá á thabhairt ag an Rúis faoin Ucráin. Leanann Zelenodolsk Shipyard de longa a tháirgeadh d' fhórsaí armtha na Rúise a úsáidtear sa chogadh i gcoinne na hÚcráine, mar shampla coirbhéad Grad Buyan Class M (tionscadal 21631) nó coirbhéad Rzhev (tionscadal 22800).	21.7.2022
------	---	---	---	-----------

▼ **M69**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thacaigh sé freisin, go hábharach, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine, agus bhain sé tairbhe as.	

▼ **M55**

110.	All-Russia “Young Army” Military Patriotic Social Movement (Всероссийское военно-патриотическое общественное движение “Юнармия”) dá ngairtear freisin Yunarmiya (Юнармия)	Seoladh: 1st Krasnokursantskiy passage, 1/4, Building 1, Moscow, Russian Federation, 111033 Teileafón: +7 (495) 106-75-75 Suíomh gréasáin: <a href="https://yunarmy.ru/">https://yunarmy.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@yunarmy.ru">info@yunarmy.ru</a>	Eagraíocht pharaimíleata Rúiseach é All-Russia “Young Army” Military Patriotic Social Movement (Yunarmiya). Thacaigh Yunarmiya agus a chomhaltaí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus scaip sé bolscaireacht na Rúise maidir leis an gcogadh. Bhain Yunarmiya úsáid as an tsiombail mhíleata “Z” atá in úsáid i mbolscaireacht na Rúise chun ionradh na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn. Le tacaíocht ó Aireachtaí Cosanta agus Oideachais Chónaidhm na Rúise, d’eagraigh Yunarmiya feachtas inar iarradh ar pháistí scoile litreacha a scríobh chuig na saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt in ionradh na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, bhailigh sé bronnantais do na trúpaí a throid sa chogadh. Ina theannta sin, d’eagraigh sé campaí samhraidh do leanaí ar chríoch Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	21.7.2022
------	---	--	---	-----------

▼ **M56**

111.	Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd (dá ngairtear freisin 'ISIS Hunters') - شركة الصياد لخدمات الحراسة والحماية	Dáta a cruthaíthe: 2017 Ceanncheathrú: Al Suqaylabiya (réigiún Hama)	Is cuideachta slándála príobháidí de chuid na Siria í Al-Sayyad Company for Guarding and Protection Services Ltd a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás, agus láithreáin ola a áirithiú). Tá an cuideachta, a fheidhmíonn faoin ainm “ISIS Hunters”, gníomhach in earcú amhas Siriach chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhri sin, tá an cuideachta freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin.	21.7.2022
------	--	---	---	-----------

▼ **B**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M60</b>				
112.	JSC Goznak (Rúisise: АО “Гознак”)	Seoladh: 17 Mytnaya Street, Moscow, Russian Federation An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chláráithe: Russian Federation Cláruimhir: TIN 7813252159 Príomhionad gnó: Moscow, Russia, Russian Federation Eintitis chomhlachaithe eile: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Cuideachta comhstoic faoi úinéireacht stáit na Rúise é JSC Goznak atá freagrach as táirgí slándála, nótaí bainc, boinn airgid, stampaí, cártaí aitheantais, doiciméid shlána, orduithe stáit agus boinn a mhonarú. Mar sin de, tá JSC Goznak freagrach as gach pas Rúiseach a phriontáil, lena n-áirítear na pasanna a dháiltear sna réigiún san Úcráin atá faoi fhorghabháil, an Donbas san áireamh, chomh maith le doiciméid mhíleata d’earnáil cosanta na Rúise. Is cuid thábhachtach d’iarracht na Rúise an Úcráin a “rúisiú” agus a dhíchobhsú é dáileadh na bpassanna. Dá bhrí sin, tá JSC Goznak freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022
▼ <b>M69</b>				
113.	OJSC V.A. Degtyarev Plant (Rúisise: ОАО ‘Завод имени В.А. Дегтярева’) ainm eile: Degtyarev Plant (Rúisise: ‘Завод имени Дегтярева’) aílias: ZiD (Rúisise: ‘Зид’)	Seoladh: 4 Truda st., Kovrov 601900 Vladimir region, Russian Federation Teileafón: +8 (49232) 9-12-09 Suíomh gréasáin: www.zid.ru ríomhphost: zid@zid.ru Daoine aonair comhlachaithe: Aleksander Vladimirovich Tmenov	Cuideachta cosanta a chuireann armáin ar fáil d’ Fhorsaí Armtha na Rúise. Mhonaraigh sé diúracáin Iгла MANPADS, 9M119M ‘Refleks’ agus 9M120 ‘Ataka’ agus teilgeoirí diúracáin 3UBK20 a d’ úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Leanann an chuideachta d’ armáin don chogadh a thairgeadh mar is léir óna rannpháirtíocht i bhfóram ARMY 2022 i mí Lúnasa 2022 agus na foilseacháin a foilsíodh le déanaí ar a suíomh gréasáin. Dá bhrí sin, tá Degtyarev Plant freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’ iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022
▼ <b>M60</b>				
114.	MKB “Fakel” a báisteadh as P.D.Grushin (Rúisise: МКБ “Факел” имени академика П.Д. Грушина)	Seoladh: Khimki, Akademia Grushina 33, 141401 Moscow region, Russian Federation Teileafón: 8 (495) 572-01-33 Suíomh gréasáin: https://www.mkbfake.ru Rphost: info@npofakel.ru Eintitis chomhlachaithe: JSC Concern VKO “Almaz-Antey”	Cuideachta Cosanta Rúiseach a dhear na córais diúracáin S-300, S-400 agus TOR a d’úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá MKB Fakel freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022

▼ **M60**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
▼ <b>M69</b>				
115.	JSC Irkut Corporation (Rúisis: Корпорация 'ИРКУТ')	Seoladh: Leningradskiy Prospect 68, Moscow, 125315, Russian Federation Teileafón: +7 (495) 777-21-01 Suíomh gréasáin: www.irkut.com ríomhphost: office@irkut.com Daoine aonair comhlachaithe: Alexander Veprev, Leas-ardstúirthóir ar JSC 'Irkut Corporation', agus Yuri Slyusar, Príomhfheidhmeanach PJSC 'UAC'	Monaróir aerárthaí Rúiseach a chuireann aerárthaí troda ar fáil d' Fhórsaí Armtha na Rúise. Mhonaraigh sé an t-aerárthach troda a raibh sé thar a bheith éasca é a bhogadh - Su-30SM - a d' úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá sé rannpháirteach freisin i bhforbairt agus nuachóiriú aerárthaí míleata na Rúise. Dá bhrí sin, tá Irkut Corporation freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d' iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022
▼ <b>M60</b>				
116.	MMZ Avangard (Rúisise: АО "ММЗ 'АВАНГАРД')	Seoladh: Klary Tsetkin street 33, 125130, Moscow, Russian Federation Teileafón: +7 (495) 639-99-90 Suíomh gréasáin: https://mmzavangard.ru/ Rphost: avangard-mos@mmza.ru Eintitis chomhlachaithe: JSC Concern VKO "Almaz-Antey"	Conraitheoir cosanta Rúiseach, a chuireann armáin ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Monaraíonn sé diúracáin le haghaidh na gcóras diúracán S-300 agus S-400 a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá MMZ Avangard freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022
117.	JSC A.N. Ganichev Scientific and Production Association "SPLAV" (Rúisise: АО "Научно-производственное объединение 'СПЛАВ' имени А.Н. Ганичева") ainm eile: JSC NPO "Splav" (Rúisise: АО НПО "Сплав")	Seoladh: Shchegolovskaya zaseka Str. 33, Tula, 300004 Russian Federation Teileafón: +7 (4872) 46-44-09 Suíomh gréasáin: www.splav.org, www.splavtula.ru, сплав.рф Rphost: mail@splavtula.ru Daoine aonair comhlachaithe: Aleksander Vladimirovich Smirnov Sergey Yurevich Alekseev Boris Andreevich Belobragin Sergey Anatolevich Guliy	Monaróir armán Rúiseach é, a chuireann armáin ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Tháirg sé il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch i gcnuasmhúinisean i gcoinne spriocanna sibhialtacha san Úcráin, rud ba chúis le taismigh iomadúla. Dá bhrí sin, tá NPO Splav freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	6.10.2022

▼ **M60**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Vladimir Nikolaevich Kondaurov Denis Nikolaevich Kochetkov Maksim Grigorevich Rapota Oleg Veniaminovich Stolyarov Viktor Ivanovich Tregubov Olga Olegovna Yakunina Eintitis chomhlachaithe: JSC Research and Industrial Concern “Machine Engineering Technologies” - JSC RIC TECMASH		
118.	Central Election Commission (CEC)	Seoladh: 109012, Bol'shoy Cherkassky Pereulok, Building 9, Moscow, Russian Federation. An cineál eintitis: Comhlacht stáit de chuid Cónaidhm na Rúise Áit chláraithe: Moscow, Russian Federation Dáta clárúcháin: 12.6.2002 le Dlí Cónaidhme Uimh. 67-FZ Eintitis chomhlachaithe eile: Rialtas Chónaidhm na Rúise	Is comhlacht stáit Rúiseach é Central Election Commission (CEC) Chónaidhm na Rúise atá freagrach as toghcháin agus reifrinn a eagrú do Chónaidhm na Rúise. Dá réir sin, tá CEC freagrach as reifrinn neamhdhleatacha a eagrú i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	6.10.2022
119.	Shahed Aviation Industries ar a dtugtar freisin Shahed Aviation Industries Research Center صنایع هوایی شاهد مرکز تحقیقات صنایع هوایی شاهد		Is cuideachta í Shahed Aviation Industries san Iaráin a bhfuil baint aici le Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force agus atá freagrach as sraith Shahed d'Aerfheithiclí Gan Foireann na hIaráine (UAVanna) a dheardh agus a fhorbairt. Cuireadh sraith Shahed de dhroin ar fáil do Chónaidhm na Rúise agus úsáidtear iad sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Shahed Aviation Industries freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022

▼ **M61**

▼ **B**▼ **M62**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
120.	Islamic Revolutionary Guard Corps — Aerospace Force (IRGC ASF) نیروی هوافضای سپاه پاسداران انقلاب اسلامی (ar a dtugtar freisin IRGC Air Force)		Tá an Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (Fórsa Aerospáis Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí) (IRGC ASF) freagrach as forbairt a dhéanamh ar chlár Aerfheithiclí Gan Foireann (UAV) na hIaráine, lena n-áirítear Shahed-136 agus Mohajer-6, atá á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Mar phríomhoibreoir chabhlach UAVanna na hIaráine, tá ról tábhachtach ag IRGC ASF i soláthar ladrann do chomhghuaillithe idirmáisiúnta na hIaráine, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá IRGC ASF freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	14.11.2022
121.	Qods Aviation Industries صنایع هوایی قدس (dá ngairtear freisin Qods Aeronautics Industries)		Is cuideachta Iaránach í Qods Aviation Industries a dhearann agus a mhonaraíonn Aerfheithiclí Gan Foireann (UAV). Is fochuideachta í de Iran Aviation Industries Organization (IAIO), frontar faoi úinéireacht stáit atá faoi cheannas Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) (Aireacht Cosanta na hIaráine agus Loighistic na bhFórsaí Armtha). Táirgeann Qods Aviation Industries ladrainn Mohajer-6, ladrainn a soláthraíodh do Chónaidhm na Rúise agus a úsáideadh sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Qods Aviation Industries freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	14.11.2022
122.	Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA) طراحی و ساخت موتور هواپیما	Seoladh: Shishesh Mina Street, Karaj Special Road, Tehran, Iran	Cuideachta Iaránach is ea Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA).	12.12.2022

▼ **M63**



## ▼ M63

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Cláruimhir: 14005160213 Príomhionad gnó: Iran	Tá baint ag DAMA le taighde, forbairt agus táirgeadh an chláir maidir le hAerárthaí Gan Foireann Shahed-171 de chuid na hIaráine, ar leis Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) é. Is cuideachta chaoch é DAMA a rinne gníomhaíochtaí soláthair ceilte do Aircraft Manufacturing Industries de chuid na hIaráine (HESA), ar eintiteas é atá cleamhnaithe le hAireacht Cosanta na hIaráine agus le Armed Forces Logistics (MODAFL). Dhíol an Iaráin roinnt cineálacha Aerárthaí Gan Foireann le Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear Shahed 171, a d'fhorbair DAMA. D'úsáid Cónaidhm na Rúise Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá DAMA ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
123.	Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) سازمان جهاد خودکفایی و تحقیقات سپاه	Seoladh: Teheran and Isfahan, Iran An cineál eintitis: Conraitheoir míleata Áit chláráithe: Tehran, Iran Dáta clárúcháin: 1993 Príomhionad gnó: Iran Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC)	Is aonad taighde agus forbartha é Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn georadar, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaíochta. Mar chuid de Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), bhí IRGC SSJO rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus soláthair a bhaineann le forbairt Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine, agus tá cuid de na hAerárthaí Gan Foireann sin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá IRGC SSJO ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	12.12.2022

## ▼ B

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
124.	Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) (شرکت اوژه پرواز مادو نفر (مادو)) (ar a dtugtar freisin Owj Parvaz Mado Nafar Company LLC)	Seoladh: Qom, No. 1106, 11 Hemmat Corner, Hemmat Square, Hemmat Boulevard, Shokuhieh Industrial Town, Qom Province, 3718116354, an Iaráin Uimhir chlárúcháin: 10590042155	Is cuideachta é Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá lonnaithe san Iaráin atá speisialaithe i monaraíocht comhpháirteanna Aerárthaí Gan Foireann. Tháirg Mado innill Aerárthaí Gan Foireann d'eintitis a bhfuil baint acu le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), lena n-áirítear innill a úsáidtear in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, faoin ainm Geran-2. Dá bhrí sin, tá Mado freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	12.12.2022
125.	Paravar Pars Company (شرکت پراور پارس) (ar a dtugtar freisin Paravar Pars Aerospace Research and Engineering Services; Paravar Pars Aerospace Research Institute; Paravar Pars Engineering and Services Aerospace Research Company; Paravar Pars; Pravarpars Engineering Research and Design Company)	Príomhionad gnó: 13 km de Shahid Babaei Highway, thart ar Ollscoil Imam Hossein, in aice le Telo Road, Tehran, an Iaráin Ríomhphost: info@paravar-pars.com Uimhir chlárúcháin: 10101373495	Tá dlúthbhaint ag Paravar Pars Company le hOllscoil Imam Hossein, atá faoi rialú Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). TháirgParavarParsCompanyAerárthaí-Gan Foireann d'fhórsa aeraspáis IRGC (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go sonrach, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Shahed-171 de chuid na hIaráine, Aerárthach Gan Foireann arna fhorbairt ag IRGCAF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Paravar Pars Company freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	12.12.2022
126.	CREDIT BANK OF MOSCOW (Rúisis: Московский кредитный банк)	Seoladh: 2 Lukov pereulok, building 1, Moscó 107045, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://mkb.ru/ Teileafón: +7 (495) 777-48-88	Is é Credit Bank of Moscow an banc poiblí is mó nach de chuid an stáit é sa Rúis agus is é an séú institiúid airgeadais is mó sa Rúis. Is institiúid airgeadais é a bhfuil tábhacht shistéamach aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an banc in earnáil na seirbhísí airgeadais, a bhfuil tábhacht straitéiseach aici do gheilleagar na Rúise agus ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	16.12.2022

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Ríomhphost: info@mkb.ru</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 1992</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027739555282</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Faigheann Credit Bank of Moscow tacaíocht stáit. I mí na Bealtaine 2022 fuair sé ceadúnas onnmhairithe óir ón rialtas. Dá bhrí sin, baineann sé tairbhe dhíreach as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> <p>Tá Credit Bank of Moscow rannpháirteach, dá bhrí sin, in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá Credit Bank of Moscow ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	

▼ **M64**

127.	<p>JSC “DALNEVOSTOCHNIY BANK” (JSC “Far Eastern Bank”) (Rúisis: АО “ДАЛЬНЕВОСТОЧНЫЙ БАНК”)</p>	<p>Seoladh: 27-a, Verkhneportovaya Street, Vladivostok 690990, Russian Federation,</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.dvbank.ru/">http://www.dvbank.ru/</a></p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 20.11.1990</p> <p>Cláruimhir: 1022500000786</p> <p>Príomhionad gnó: Russia</p>	<p>Is ceann de na bainc is mó i gCianoirthear na Rúise é Dalnevostochny Bank agus institiúid airgeadais é atá tábhachtach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an banc in earnáil na seirbhísí airgeadais, a bhfuil tábhacht straitéiseach aici do gheilleagar na Rúise agus ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá Dalnevostochny Bank freisin ar cheann de na bainc atá údaraithe tacaíocht bhaincéireachta a chur ar fáil do chonarthaí i réimse chosaint Stáit na Rúise agus tá sé páirteach i líon mór clár de chuid an Stáit Dá bhrí sin, tá tábhacht straitéiseach ann do Rialtas na Rúise i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin.</p> <p>Tá Dalnevostochny Bank rannpháirteach, dá bhrí sin, in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá tacaíocht airgeadais á tabhairt aige do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022
------	--	--	---	------------

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
128.	United Russia (Rúisis: Единая Россия)	Seoladh: 39th Building, Kutuzovsky Prospekt, Moscow 121170, Russian Federation Teileafón: (495) 786-82-89 Suíomh gréasáin: <a href="https://er.ru">https://er.ru</a> Ríomhphost: <a href="mailto:post@edinros.ru">post@edinros.ru</a>	Is páirtí polaitíochta é United Russia atá ailínithe leis an gCreimil. Dmitry Medvedev, IarUachtarán na Rúise, atá ina chathaoireach air. Thacaigh sé leis an gcogadh foghach ar an Úcráin, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
129.	The Federal Service for Supervision of Communications, Information Technologies and Mass Media, Roskomnadzor (Rúisis: Федеральная служба по надзору в сфере связи, информационных технологий и массовых коммуникаций, Роскомнадзор)	Seoladh: Kitaygorodsky Ave 7 / 2, Moscow 109992, Russian Federation Teileafón: +7 (495) 983-33-93 Ríomhphost: <a href="mailto:rsoc_in@rkn.gov.ru">rsoc_in@rkn.gov.ru</a> Suíomh gréasáin: <a href="https://rkn.gov.ru/">https://rkn.gov.ru/</a>	Is é Roskomnadzor gníomhaireacht stáit na Rúise atá freagrach as cumarsáid, teicneolaíocht faisnéise agus na meáin ollchumarsáide. Tá beartas stáit na cinsireachta curtha chun feidhme aige i leith eagraíochtaí neamhspleácha meán. Tar éis thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, chuir sé teorainn shuntasach leis an rochtain a bhí ag sochaí na Rúise ar fhaisnéis, thug tús áite do bholscaireacht ar son an chogaidh agus thug isteach cinsireacht chogaidh chun an easaontas frithchogáíochta a chur ina dtost. D'ordaigh sé d'eagraíochtaí meán na Rúise gan ach an fhaisnéis agus na sonraí a chuir foinsí oifigiúla an rialtais ar fáil a úsáid agus iad ag tuairisciú faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Chuir sé cosc ar úsáid na bhfocal "ionradh" nó "cogadh" agus d'ordaigh sé go n-úsáidfí an téarma "oibríocht speisialta" ina n-ionad. Chuir sé cosc ar thuairisciú faoi thaismigh iomadúla i measc phearsanra míleata na Rúise agus dhaonra sibhialta na hÚcráine. Thug sé rabhadh do na meáin gan an t-agallamh a thug Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky, a fhoilsiú. Dhún sé na suíomhanna gréasáin nár lean a orduithe, agus d'iarr sé ar na cúirteanna pionós a ghearradh ar na heagraíochtaí meán neamhchomhlíontacha. Ina theannta sin, bhlocáil sé an rochtain ar na hardáin meán sóisialta, Facebook agus Twitter, chun cosc a chur orthu faisnéis a scaipeadh faoin gcogadh. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ábhartha a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

## ▼ B

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
130.	New People (Rúisis: Новые люди)	Seoladh: Bolshoy Trekhgornyy Pereulok, building 11, entrance 2, Moscó 123022, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (800) 550-10-39 Suíomh gréasáin: <a href="https://newpeople.ru/">https://newpeople.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@newpeople.ru">info@newpeople.ru</a>	Is páirtí polaitiúil Rúiseach é New People. Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Bhunaigh sé freisin brainse réigiúnach i ‘Daon-Phoblacht Donetsk’, mar a ghairtear di.  Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
131.	Liberal Democratic Party of Russia (Rúisis: Либерально-демократическая партия России)	Seoladh: 1st Basmanny Lane, building 3, entrance 1, Moscó 107045, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 530-62-62 Suíomh gréasáin: <a href="https://ldpr.ru/">https://ldpr.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:office@ldpr.ru">office@ldpr.ru</a>	Is páirtí polaitiúil Rúiseach é an Liberal Democratic Party of Russia. Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Tá go leor brainsí réigiúnacha curtha ar bun aige freisin i gcíocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.  Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
132.	Just Russia — Patriots — For Truth (Rúisis: ‘Справедливая Россия — Патриоты — За правду’)	Seoladh: Seoladh dlíthiúil: 29 Bolshaya Tatarskaya St. Moscó 115184, Cónaidhm na Rúise Seoladh poist: 14 Akademika Pilugina str., entr. 2, 117393, Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 787 85 15 Suíomh gréasáin: <a href="https://spravedlivo.ru/main">https://spravedlivo.ru/main</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@spravedlivo.ru">info@spravedlivo.ru</a>	Is páirtí polaitiúil Rúiseach é Just Russia — Patriots — For Truth. Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Tá go leor brainsí réigiúnacha curtha ar bun aige freisin i gcíocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.  Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
133.	Communist Party of the Russian Federation (Rúisis: Коммунистическая партия Российской Федерации)	Seoladh: 3 Maly Sukharevsky Pereulok, bldg. 1, Moscó, 103051, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7-495-692-7646 Suíomh gréasáin: <a href="https://kprf.ru/">https://kprf.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:inter@kprf.ru">inter@kprf.ru</a>	Is páirtí polaitiúil Rúiseach é Communist Party of the Russian Federation. Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus thacaigh sé freisin leis an ionghabháil neamhdhleathach neamhaitheanta a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine. Tá go leor brainsí réigiúnacha curtha ar bun aige freisin i geríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine. Dá bhrí sin, bhí tá sé freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

▼ **M64**

134.	JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE BUREVESTNIK (Rúisis: АО ЦЕНТРАЛЬНЫЙ НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ “БУРЕВЕСТНИК”)	Seoladh: Sormovskoe highway 1a, city of Nizhny Novgorod, Nizhny Novgorod region, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic	Is cuideachta Rúiseach i dtionscal na n-arm í JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE BUREVESTNIK. Ó bunaíodh í (in 1970) tá thart ar 400 cineál éagsúla arm agus trealamh míleata forbartha ag an gcuideachta. Is fearr aithne uirthi as na hairm seo a leanas a tháirgeadh: suiteálacha airtléire le haghaidh airtléire cabhlaigh AK-176, A-190; Moirtéir shoghluaiste (cineálacha 2B11, 2K32, 2C12, 2B25), howitzer 2C35 agus eile. Soláthraíonn JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE BUREVESTNIK moirtéir de chineálacha éagsúla d'Fhórsaí Armtha na Rúise, moirtéir atá á n-úsáid sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC CENTRAL RESEARCH INSTITUTE BUREVESTNIK freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
135.	LIMITED LIABILITY COMPANY “VOLGOGRAD MACHINE-BUILDING COMPANY ‘VGTZ’” (Rúisis: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ВОЛГОГРАДСКАЯ МАШИНОСТРОИТЕЛЬНАЯ КОМПАНИЯ ‘ВГТЗ’”)	Seoladh: square Im. Dzerzhinskogo 1, 400006, Volgograd, Volgogradskaya oblast, Russian Federation An cineál eintitis: Limited Liability Company Áit chlárúcháin: Réigiún Volgograd, Volgograd, Russian Federation	Is forbróir agus monaróir Rúiseach feithiclí comhraic cur i dtír é LLC “Volgograd Machine Building Company ‘VGTZ’”. Forbraíonn agus monaraíonn LLC “Volgograd Machine Building Company ‘VGTZ’” feithiclí comhraic ó - BMD-4M, BTR-MDM go dtí feithiclí nuachóirithe troda coisithe BMP-2 agus BMP-3, atá á n-úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Dáta clárúcháin: 28.11.2002</p> <p>Cláruimhir: 1023402461752</p> <p>Príomhionad gnó: Russia</p>	<p>Dá bhri sin, tá LLC “Volgograd Machine Building Company ‘VGTZ’” freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn LLC “Volgograd Machine Building Company ‘VGTZ’” de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar feithiclí troda d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhri sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá LLC “Volgograd Machine Building Company ‘VGTZ’” ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	
136.	<p>JSC Bryansk Automobile Plant JSC “BAZ” (Rúisis: АО “Брянский автомобильный завод” АО “БАЗ”)</p>	<p>Seoladh: 1 Staleliteynaya ul., Bryansk, 241035, Bryanskaya oblast, Russian Federation</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Réigiún Bryansk, Bryansk, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 4.4.2008</p> <p>Cláruimhir: 1083254005141</p> <p>Príomhionad gnó: Russia</p>	<p>Is é JSC Bryansk Automobile Plant an t-aon mhonaróir Rúiseach a tháirgeann fonnaidh rothacha speisialta agus tarracóirí (SKST) a bhfuil ardchumas tras-tíre acu, arb iad is bun le hardán iompair na modhanna cosanta aeir, roicéad agus spáis, idir iad sin atá ann anois agus na cinn a bheidh ann amach anseo, agus a freisin úsáidtear ar bhealach gníomhach mar chuid de mheáin shoghluaiste radartaicéalaiochta, tacaíochta innealtóireachta, agus córas ilteilgin roicéad.</p> <p>Táirgeann JSC Bryansk Automobile Plant fonnaidh rothacha speisialta agus tarracóirí, a mbaintear úsáid astu chun córais diúracán frith-aerárthaí S-350, S-400, Tor-M2 agus córais eile diúracán cosanta aeraspáis a shuiteáil. Úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise na córais aerchosanta sin i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhri sin, tá JSC Bryansk Automobile Plant freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn JSC Bryansk Automobile Plant de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar fonnadh rothach speisialta agus tarracóirí le haghaidh córais aerchosanta Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhri sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá JSC Bryansk Automobile Plant ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022



▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
137.	JSC MACHINE BUILDING COMPANY “VITYAZ” (Rúisis: АО “МАШИНОСТРОИТЕЛЬНАЯ КОМПАНИЯ “ВИТЯЗЬ”)	Seoladh: Industrialnoe sh. d.2, Ishimbai city, Republic of Bashkortostan, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic	Is cuideachta Rúiseach í “JSC MACHINE BUILDING COMPANY “VITYAZ”” (nó JSC VITYAZ) atá bainteach le forbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú feithiclí míleata armtha. Is táirgeoir paitinnithe an DT-30 “Vityaz” i. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VITYAZ feithiclí dhá-nasc uile-thír-raoin DT-30 “Vityaz” le crios boinn d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin.  Dá bhrí sin, tá JSC VITYAZ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

▼ M77

138.	JSC KAZAN OPTICAL AND MECHANICAL PLANT (JSC KOMZ) (Rúisis: АО КАЗАНСКИЙ ОПТИКО-МЕХАНИЧЕСКИЙ ЗАВОД (АО КОМЗ))	Seoladh: st. Lipatova, 37, Kazan, Republic of Tatarstan, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7(843) 235-80-35 Suíomh gréasáin: <a href="https://komzrt.ru/">https://komzrt.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:Info@komzrt.ru">Info@komzrt.ru</a> An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic	Is fiontar éagsúlaithe Rúiseach é JSC KOMZ atá speisialaithe i bhforbairt agus táirgeadh feistí optúla agus trealamh leictreonaigh cogáochta (lena n-áirítear radair, déshúiligh, etc).  Táirgeann JSC KOMZ an trealamh leictreonach cogáochta, Moscow-1 (Москва-1), Rychag-AV (Рычаг-АВ) agus Quicksilver-BM (Рыть-БМ), atá á seachadadh d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus a mbaintear úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá JSC KOMZ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn JSC KOMZ de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar córas leictreonach cogáochta d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá JSC KOMZ ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	16.12.2022
------	---	--	--	------------

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
139.	JSC ENIKS (Rúisis: АО ‘ЭНИКС’)	Seoladh: st. Korolenko 120, Kazan, Republic of Tatarstan, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (843) 212-07-08 Suíomh gréasáin: <a href="https://enics.aero/">https://enics.aero/</a> Ríomhphost: uav@enics.ru Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 6.6.2003 Uimhir chlárúcháin: 1031632202227 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta Rúiseach í JSC ENIKS atá i mbun forbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú coimpléasc aersprice agus aerfheithiclí gan foireann (UAVanna), córas chianfhaireachais agus trealamh cogaiócha eile. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC ENIKS UAVanna monaraithe (Eleron-3 agus Eleron-10) d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC ENIKS freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

▼ **M64**

140.	PUBLIC JOINT STOCK COMPANY “SCIENTIFIC AND PRODUCTION ASSOCIATION ‘STRELA’” (PJSC “NPO ‘STRELA’”) (Rúisis: ПУБЛИЧНОЕ АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “НАУЧНО- ПРОИЗВОДСТВЕН- НОЕ ОБЪЕДИНЕНИЕ ‘СТРЕЛА’”)	Seoladh: str. M. Gorky 6, 300002, city of Tula, Tula region, Russian Federation An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic phoiblí Áit chlárúcháin: str. M. Gorky 6., 300002, city of Tula, Tula region, Russian Federation Dáta clárúcháin: 23.9.2002 Uimhir chlárúcháin stáit: 1027100517256 Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 7103028233	Is fiontar speisialaithe é an Scientific and Production Association “STRELA”, PJSC a dhéanann trealamh radair a fhorbairt agus a mhonarú chun faireachas a dhéanamh ar spriocanna dromchla talún agus farraige agus chun iad a bhrath. Déanann an fiontar na nithe seo a leanas a fhorbairt agus a mhonarú: radair faireachais don láthair chatha, radair aimsithe arm, radair bhéil airtléire threoluais, radair rialaithe arm, trealamh aerbheirthe le haghaidh diúracáin aercchosanta dromchla go haer, córais slándála radair shibhialtacha. Tá an comhlachas ina chuid de Almaz-Antey Air Defence Concern, atá faoi úinéireacht stáit na Rúise agus is é an ceannagraíocht chomhordaithe gníomhaíochtaí i réimse na teicneolaíochta sannta sin. Tabhair faoi deara freisin go mbaineann Almaz-Antey Concern leis an nGníomhaireacht Chónaidhme um Bainistíocht Maoine Stáit. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta coimpléasc frithbhataire (aimsithe airtléire) radair Zoopark-1M, stáisiún talaimh soghluaiste taiscéalaíochta radair SNAR-10M1, feithicil speisialta taiscéalaíochta comhraic SBRM Tigr (“Tiger”) agus táirgí míleata eile, ar bhain/a mbaineann an Rúis úsáid astu le linn ionradh neamhdhleathach ar an Úcráin in 2022.	16.12.2022
------	--	--	--	------------

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhri sin, tá PJSC, Scientific and Production Association “STRELA” freagrach as tacaíocht ábharach nó airgeadais a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	
141.	JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT “KUPOL” (Rúisis: ИЖЕВСКИЙ ЭЛЕКТРОМЕХАНИЧЕСКИЙ ЗАВОД “КУПОЛ”)	Seoladh: Pesochnaya st. 3, city of Izhevsk, Udmurt Republic, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Dáta clárúcháin: 23.4.2002 Príomhionad gnó: Russia	Is cuideachta Rúiseach í JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT “KUPOL” (nó JSC IEMZ ‘KUPOL’) atá ag gabháil d’fhorbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú córas diúracán Tor, ar chóras diúracáin uile-aimsire, íseal go meán-airde, gearr-raoin dromchla go haer iad, atá deartha chun eitleáin, héileacaptair, diúracáin chúrsála, etc., a scríosadh. Soláthraíonn JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT “KUPOL” córais diúracán Tor monaraithe d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhri sin, tá JSC IZHEVSK ELECTROMECHANICAL PLANT “KUPOL” freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
142.	JSC VOSTOCHNAIA VERF (Rúisis: АО “ВОСТОЧНАЯ ВЕРФЬ”)	Seoladh: st. Heroes of the Pacific 1, Vladivostok, Primorsky Krai, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Dáta clárúcháin: 6.8.1994 Cláruimhir: 1022501797064 Príomhionad gnó: Russia	Is cuideachta Rúiseach longhógála í JSC VOSTOCHNAIA VERF. Is eol freisin gur comh-mhonaróir í de chineál sonrach bád scuabtha mianach, agus cineálacha éagsúla d’árthaí dul i dtír (mar shampla, Tionscadal 11770). Léiríonn foinsí poiblí go raibh roinnt árthaí dul i dtír arna dtáirgeadh ag JSC VOSTOCHNAIA VERF á n-úsáid le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Soláthraíonn agus monaraíonn JSC VOSTOCHNAIA VERF longa dul i dtír monaraithe d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhri sin, tá JSC VOSTOCHNAIA VERF freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena baineadh an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
143.	<p>LLC “HOLDING COMPANY ‘EGO-HOLDING”</p> <p>(Rúisis: ООО “ХОЛДИНГОВАЯ КОМПАНИЯ ‘ЭГО-ХОЛДИНГ”)</p>	<p>Seoladh: Butlerova, 13, letter A, room. 20H, 195256, St. Petersburg., Russian Federation</p> <p>An cineál eintitis: Limited Liability Company</p> <p>Áit chlárúcháin: str. Butlerova, 13, letter A, room. 20H, 195256, St. Petersburg, Russian Federation</p> <p>Data clárúcháin: 10.10.1997</p> <p>Uimhir chlárúcháin stáit: 1027802486580</p> <p>Uimhir Aitheantais Cáiníocóra: 7804070635</p>	<p>In LLC “HOLDING COMPANY ‘EGO-HOLDING’ áirítear roinnt frontair éagsúla den choimpléasc míleata-tionsclaíoch, arb iad atá chun tosaigh i gCónaidhm na Rúise ina réimsí féin den tionscal cosanta ó thaobh meáin agus coimpléisc raidió-chumarsáide agus cogaíochta leictreonaí a fhorbairt agus a mhonarú. Fiontair iad cosúil le: NPO Zavod ‘Volna’, NTI ‘Radiosvyaz’, ‘PKB RIO’. Ceann díobh, JSC Scientific and Investment Enterprise ‘Protek’, forbraíonn agus monaraíonn sé stáisiúin uathoibríochá bhlocála R-330Zh ‘Zhitel’ arna n-úsáid ag an Rúis le linn an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin. Cheannaigh LLC ‘HOLDING COMPANY ‘EGO-HOLDING’ JSC Scientific and Investment Enterprise ‘Protek’ in Eanáir 2013.</p> <p>Dá bhri sin, tá LLC ‘HOLDING COMPANY ‘EGO-HOLDING’, a bhfuil úinéireacht aige ar roinnt frontair den choimpléasc tionscal-míleata, freagrach as tacaíocht ábharach nó airgeadais, a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	16.12.2022

## ▼ M77

144.	<p>JSC A.E. NUDELMAN DESIGN BUREAU OF PRECISION MACHINE BUILDING (KB TOCHMASH)</p> <p>(Rúisis: АО КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ТОЧНОГО МАШИНОСТРОЕНИЯ ИМ. А. Э. НУДЕЛЬМАНА (КБ ТОЧМАШ))</p>	<p>Seoladh: str. Vvedensky, 8, Moscú, Cónaidhm na Rúise (HQ)</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.kbtochmash.ru/">http://www.kbtochmash.ru/</a></p> <p>Teileafón: +7 (495) 333-01-65</p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:mail@kbtochmash.ru">mail@kbtochmash.ru</a></p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise</p>	<p>Tá KB TOCHMASH mar chuid den chuideachta faoi úinéireacht stáit na Rúise, Almaz-Antey Concern, agus is forbróir arm Rúiseach é a mhonaraíonn réimse leathan de chórais chosanta frith-aerárthaí, MANPADS, diúracáin, lena n-áirítear airm bheachtais mhéadaithe.</p> <p>Táirgeann KB TOCHMASH córais diúracán frith-aerárthaí Strela-10 agus Sosna-R, córais a bhfuil úsáid fhorleathan á baint astu le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022.</p> <p>Dá bhri sin, tá KB TOCHMASH freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena baineadh an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn KB TOCHMASH de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar córais diúracán frith-aerárthaí d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhri sin, tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhri sin tá KB TOCHMASH, ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	16.12.2022
------	---	--	---	------------

▼ **M77**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
145.	JSC Automobile Plant URAL (Rúisis: АО Автомобильный завод ‘УРАЛ’)	Seoladh: 1 Avtozavodtsev Prospect, Míass, Réigiún Chelyabinsk, 456304 Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://uralaz.ru/">https://uralaz.ru/</a> Teileafón: +7 (3513) 55-49-83 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Réigiún Chelyabinsk, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 22.6.2000 Uimhir chlárúcháin: 1027400870826 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is monaróir Rúiseach trucaíl é JSC Automobile Plant URAL agus é mar cheann de phríomhsholáthróirí trucaíl armúrtha do fhórsaí armtha na Rúise. Tá baint ag Automobile Plant URAL le clár feithiclí móra Typhoon na Rúise. Is sraith é Typhoon d’fheithiclí comhraic armúrtha (AFV) Rúiseacha atá frithsheasmhach do mhianach agus cosanta ar luíocháin (MRAP) agus atá i seirbhís ó 2014. Tá sraith trucaíl Typhoon cláraithe i gClár Arm Stát na Rúise (Russian State Arms Program). Déantar na feithiclí sin a chóimeáil san Automobile Plant URAL faoi chonradh stáit le hAireacht Cosanta na Rúise. Táirgeann Ural Automobile Plant feithiclí Ural – 4320 agus Typhoon, a bhfuil úsáid á baint acu ag Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022. Dá bhri sin, tá Ural Automobile Plant freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn Ural Automobile Plant de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar trucaílí armúrtha d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhri sin, tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhri sin tá Ural Automobile Plant, ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	16.12.2022

▼ **M64**

146.	RESEARCH DESIGN BYURO ‘NOVATOR’ (Rúisis: ОПЫТНО-КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ‘НОВАТОР’)	Seoladh: Prospekt Kosmonavtov, 18, Yekaterinburg, Sverdlovsk Oblast, Russian Federation (HQ) An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Príomhionad gnó: Russia	Is cuideachta Rúiseach í JSC RESEARCH DESIGN BYURO ‘NOVATOR’ atá ag gabháil d’fhorbairt, táirgeadh, oibriú agus deisiú diúracán fadraoin frith-aerárthaí, diúracán cúrsála, diúracán frithbhailistíocha agus trealaimh cogaíochta eile. Soláthraíonn JSC ‘NOVATOR’ diúracáin chúrsála 3M-54 Kalibr (Dá ngairtear freisin 3M54-1 Kalibr agus 3M14 Biryuz) d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhri sin, tá JSC RESEARCH DESIGN BYURO ‘NOVATOR’ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
------	--	---	--	------------

▼ **M64**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
▼ <b>M77</b>				
147.	JSC NAUCHNO-PROIZVODSTVENNOE OBEDINENIE RUSSKIE BAZOVYE INFORMACIONNYE TEHNOLOGII (JSC RPA RUSBITECH) (Rúisis: АО 'НАУЧНО-ПРОИЗВОДСТВЕННОЕ ОБЪЕДИНЕНИЕ РУССКИЕ БАЗОВЫЕ ИНФОРМАЦИОННЫЕ ТЕХНОЛОГИИ' (АО 'НПО РУСБИТЕХ'))	Seoladh: Varshavskoe sh. 26 building 11, Moscó, Cónaidhm na Rúise (HQ) Suíomh gréasáin: <a href="https://rusbitech.ru/">https://rusbitech.ru/</a> Teileafón: +7 (495) 648-06-40 Ríomhphost: mail@rusbitech.ru Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Data clárúcháin: 22.9.2008 Uimhir chlárúcháin: 5087746137023 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta Rúiseach teicneolaíochta í JSC RPA RUSBITECH atá speisialaithe i dtáirgeadh réitigh ardteicneolaíochta do struchtúir forfheidhmithe na Rúise, go príomha d'Fhórsaí Armtha na Rúise. An táirge is fearr aithne air ná an córas oibriúcháin ríomhaireachta ar a dtugtar Astra Linux, arb é a úsáidtear sa lá atá inniu ann ar fud fhórsaí míleata na Rúise ina n-iomláine beagnach. Tá príomhchórais faisnéise Cheanncheathrú Arm na Rúise bunaithe ar Astra Linux. Tá aithne freisin ar an cuideachta mar mhonaróir na bpointí ceannais den chineál APE-5, a mbaintear úsáid ghníomhach astu don chumarsáid allamuigh le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC RPA RUSBITECH freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
148.	JSCConcern Radio-Electronic Technologies KRET (Rúisis: АО 'Концерн Радиоэлектронные технологии' (КРЭТ))	Seoladh: Goncharnaya st., 20/1, 109240, Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 587-70-70 Suíomh gréasáin: <a href="https://www.kret.tech/">https://www.kret.tech/</a> Ríomhphost: info@kret.com	Is é Concern Radio-Electronic Technologies príomhfhorbróir agus príomh-mhonaróir táirgí raidió-leictreonacha míleata na Rúise. Is fochuideachta de chuid Rostec é. Ba é a mhonaraigh na córais cogaithe leictreonaí Krasucha-4 ar bhain Fórsaí Armtha na Rúise úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú, ar bhonn ábhartha nó airgeadais le gníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
▼ <b>M64</b>				
149.	OJSC 'RADIO-AVIONIKA' (Rúisis: АО 'Радиоавионика')	Seoladh: Troitskiy pr., 4, building B, Saint-Petersburg, 190005, Russian Federation Teileafón: +7 (812) 607-50-50 Suíomh gréasáin: <a href="http://www.radioavionica.ru">http://www.radioavionica.ru</a> Ríomhphost: info@radioavionica.ru	Is cuideachta í Radioavionika d'earnáil teicneolaíochta na Rúise ar soláthraí arm í d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. D'fhorbair agus mhonaraigh Radioavionika na córais taiscéalaíochta, cheannais, rialuithe agus chumarsáide 'Strelets-M' a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú, ar bhonn ábhartha nó airgeadais le gníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	
150.	Technodinamika (Rúisis: Технодинамика)	Seoladh: 35, Bolshaya Tatarskaya Str., Bldg. 5, 115184, Moscow, Russian Federation Teileafón: +7 (495) 627-1099 Ríomhphost: info@tdhc.ru Suíomh gréasáin: http://technodinamika.ru	Is monaróir arm, armlóin, torthaí ceimice agus eitleoireachta é Technodinamika ar sholáthraí míleata é d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Is cuideachta sealbhaíochta í a bhfuil níos mó ná 100 fiontar inti. Mhónaraigh fochuideachtaí Technodinamika aerfheithiclí gan foireann KBLA-IVC, córais leagtha mianach ISDM Zemledeliye agus armlón do roicéid a úsáidtear in teilgeoirí BM-27 Uragan, diuracáin threoraithe aerárthaí Vikhr agus córais roicéad airtléire Tornado-S, a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacaíocht ábhartha a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, tá tacaíocht ábharach á tabhairt aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus í ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022
151.	JSC 'Ulan-Ude Aviation Plant' (Rúisis: АО 'УЛАН-УДЭНСКИЙ АВИАЦИОННЫЙ ЗАВОД')	Seoladh: Khorinskaya Str. 1, 670009 Ulan-Ude, Republic of Buryatia, Russian Federation Teileafón: +7 (301) 248-0392 Suíomh gréasáin: https://rabotauuaz.ru/o-predpriyatii#O_predpriyatii Ríomhphost: uaz@uuaz.ru	Tá Ulan-Ude Aviation Plant faoi chonradh mar sholáthraí do Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Mhónaraigh sé na héileacaptair iompair mhíleata Mi-8AMTSh a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacaíocht ábhartha a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022



## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
152.	JSC 'Nizhny Novgorod Plant of the 70th Anniversary of Victory' (Rúisis: АО 'Нижегородский завод 70-летия Победы')	Seoladh: Sormovskoye road, 21, Nizhny Novgorod, 603052, Russian Federation Teileafón: 7 (831) 249-82-38 Ríomhphost: 70Pobeda@nzslp.ru Suíomh gréasáin: <a href="https://nzslp.ru/">https://nzslp.ru/</a> An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Nizhny Novgorod, Russian Federation Dáta clárúcháin: 26.8.2014 Cláruimhir: ИНН/ uimhir aitheantais chánach: 5259113339 ОГРН/príomhuimhir chlárúcháin stáit: 1145259004296 Príomhionad gnó: Russia	Monarcha laistigh de thionscal cosanta na Rúise í Nizhny Novgorod Plant of the 70th Anniversary of Victory. Tá sé de chúram ar Nizhny Novgorod Plant of the 70th Anniversary of Victory airm agus trealamh míleata ardfhorbartha a tháirgeadh le háirithiú go ndéantar an Russian State Defence Order agus an State Armament Program a chur chun feidhme. Tá an táirgeadh sin riachtanach chun cumas foriomlán Rialtas Chónaidhm na Rúise leanúint leis an gcogadh foghach ar an Úcráin a choinneáil ar bun. Monaraíonn an mhonarcha, <i>inter alia</i> , an S-400 a d'úsáid an Rúis sa chogadh fothach ar an Úcráin. Chomh maith leis sin, éascaíonn Nizhny Novgorod Plant of the 70th Anniversary of Victory gníomhaíochtaí Yunarmia, agus tacaíonn sé leo, arb é atá ann eagraíocht pharaimíleatach a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a scaipeann bolscaireacht na Rúise i ndáil leis an gcogadh. Dá bhrí sin, tá tacaíocht ábharach nó airgeadais á tabhairt aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise, nó tá sí ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022
153.	JSC Votkinsk Machine Building Plant (Rúisis: АО 'Воткинский завод')	Seoladh: Kirov Street, 2427430 City of Votkinsk, Republic of Udmurt, Russian Federation Teileafón: +7 (34145) 6-53-53 Ríomhphost: zavod@vzavod.ru Suíomh gréasáin: <a href="https://vzavod.ru/">https://vzavod.ru/</a> An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Áit chlárúcháin: Votkinsk, Republic of Udmurt, Russian Federation Dáta clárúcháin: 1.10.2010 Cláruimhir: ИНН/ uimhir aitheantais chánach: 1828020110	Is monarcha laistigh de thionscal cosanta na Rúise é Votkinsk Plant a mhonaraíonn airm a bhfuil tábhacht straitéiseach acu don Rúis. Is í an t-aon mhonarcha dá cineál sa Rúis í. Monaraíonn sí, <i>inter alia</i> , diúracáin agus armlón do na coimpléisc Iskander agus Tochka-U d'úsáid an Rúis le linn an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá tacaíocht ábharach á tabhairt aici do Rialtas Chónaidhm na Rúise, nó tá sí ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022

▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		ОГРН/ príomhuimhir chlárúcháin stáit: 1101828001000 Príomhionad gnó: Russia		

▼ M77

154.	PJSC ‘Motovilik-hinskiye Zavody’ (Rúisis: Публичное акционерного общества специального машиностроения и металлургии ‘Мотовилихинские заводы’ ПАО ‘Мотовилихинские заводы’)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 614014, Perm, str. 1905, building 35 Suíomh gréasáin: <a href="http://mz.perm.ru/">http://mz.perm.ru/</a> Teileafón: +7 (342) 264-70-00 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí Áit chlárúcháin: Perm, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 11.12.1992 Uimhir chlárúcháin: 1025901364708 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is monaróir poiblí arm agus armlóin Rúiseach é PJSC Motovilik-hinskiye Zavody. Is í an chuideachta ‘RT-Capital’ de chuid na Corparáide Stáit Rostec a bhainistíonn é. Is é príomhghníomhaíocht PJSC Motovilikhinskiye Zavody trealamh míleata a tháirgeadh, mar shampla, páirteanna airtléire, moirtéir, agus ilteilgeoirí roicéad. Forbraíonn agus monaraíonn PJSC Motovilikhinskiye Zavody feithiclí comhraic agus iompar-luchtaithe do na córais ilteilgin roicéad Grad, Smerch, Tornado-G, agus Tornado-S. Is é an t-aon mhonaróir Rúiseach le haghaidh feithiclí comhraic agus iompar-luchtaithe mar chuid de chórais ilteilgin roicéad den chineál ‘Grad’, ‘Smerch’ agus na leaganacha modhnaithe díobh ‘Tornado-G’ agus ‘Tornado-S’.  Tá PJSC Motovilikhinskiye Zavody bainteach le táirgeadh na gcórais ilteilgin roicéad (MLRS) ‘Tornado-G’ agus ‘Tornado-S’, atá á seachadadh d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus á n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá PJSC Motovilik-hinskiye Zavody freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin. Tairbhíonn PJSC Motovilik-hinskiye Zavody freisin de chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chuireann sé le soláthar córais ilteilgin roicéad (MLRS) d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann, dá bhrí sin, tairbhe dhíreach as an ngá méadaitheach le hairm. Mar gheall ar an ngá méadaitheach seo le hairm, tá PJSC Motovilikhinskiye Zavody ag tairbhiú de Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	16.12.2022
------	--	--	--	------------

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
155.	All-Russia State Television and Radio Broadcasting Company (VGTRK) (Rúisis: Всероссийская государственная телевизионная и радиовещательная компания (ВГТРК))	Seoladh: str. 5th Yamskogo Polya 19-21, 125124, Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://vgtrk.ru/">https://vgtrk.ru/</a> Cineál eintitis: Fiontar Aonadach an Stáit Chónaidhme Áit chlárúcháin: Pokhodnyy Proyezd 3-2, 125373, Moscó, Cónaidhm na Rúise Data clárúcháin: 14.10.2002 Uimhir chlárúcháin: 1027700310076 Príomhionad gnó: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta sealbhaíochta meán í VGTRK, a rialaíonn cainéil teilifíse mar shampla Rossiya 1, Rossiya 24, RTR Planeta, radio station Vesti FM agus eile. Is í Cónaidhm na Rúise atá ina húinéir uirthi agus a rialaíonn í agus d'aithin Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin í mar fhiontar straitéiseach. In 2022, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mhéadaigh Rialtas na Rúise an maoiniú le haghaidh na meán atá faoi rialú an stáit; Tá VGTRK le RUB 25,2 billiún a fháil. Dá bhri sin, tá VGTRK ag tairbhiú de chinnteoirí Rúiseacha a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchoibhsú na hÚcráine. Na cainéil ar le VGTRK iad, cuireann siad ardán ar fáil do Olga Skabeyeva, Dmitry Kiselyov, Vladimir Soloviev agus daoine eile, a bhfuil bolscaireacht agus bréagaisnéis á scaipeadh acu a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá VGTRK ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus tá sé comhlachaithe le daoine nádúrtha a thacaíonn leis na beartais agus na gníomhaíochtaí sin. Anuas ar sin, tá VGTRK ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus tá sé ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	16.12.2022
156.	National Media Group (Rúisis: 'Национальная Медиа Группа' (НМГ))	Seoladh: Prechistskaya embankment, 13, building 1, 119034, Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://nmg.ru/">https://nmg.ru/</a> Teileafón: +7 (495) 988-11-12 Ríomhphost: <a href="mailto:pr@nmg.ru">pr@nmg.ru</a> An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Data clárúcháin: 1.2.2008 Uimhir chlárúcháin: 1087746152207 Uimhir Aitheantais Cáiniócóra: 7704676655	Is cuideachta sealbhaíochta meán í National Media Group, a rialaíonn 28 fiontar meán sa Rúis, lena n-áirítear Channel One, Channel 5, REN TV agus STS, 78.ru, an nuachtán náisiúnta Izvestia, Delovoy Peterburg agus cinn eile. Tá sí faoi úinéireacht Bank Rossiya, arb é Yuriy Kovalchuk a phríomh-gheallsealbhoir. Is é Alina Kabaeva cathaoirleach boird NMG. Tá baint ag NMG dá bhri sin le daoine agus le heintitis atá faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá bolscaireacht agus bréagaisnéis a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á scaipeadh go gníomhach ag na meán atá á rialú ag NMG. Dá bhri sin, tá NMG ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	16.12.2022

## ▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
157.	Strategic Culture Foundation (Rúisis: Фонд стратегической культуры)	Seoladh: Bolshaya Polyanka st., 50/1 STR.1, 119180, Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://www.fondsk.ru/">https://www.fondsk.ru/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@fondsk.ru">info@fondsk.ru</a> An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Bolshaya Polyanka st., 50/1 STR.1, 119180, Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 21.2.2005 Uimhir chlárúcháin: 1057746290469 Uimhir aitheantais chánach: 7706569306 Príomhionad gnó: Moscó, Cónaidhm na Rúise	Is eagraíocht í Strategic Culture Foundation, arna maoiniú ag Cónaidhm na Rúise, a bhfuil dlúthbhaint aici. De réir tuarascálacha oifigiúla, le seirbhísí speisialta na Rúise, lena n-áirítear an SVR. Sna suíomhanna gréasáin atá faoi rialú Strategic Culture Foundation, <a href="http://strategic-culture.org">strategic-culture.org</a> agus <a href="http://fondsk.ru">fondsk.ru</a> , déantar dearchtaí atá fabhrach don Chreimil a chraobhscaoileadh agus féachtar le pobal eachtrannach a shroicheadh leis an mbréagaisnéis sin i bhfabhar na Creimile. Dá bhrí sin, tá Strategic Culture Foundation ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Anuas air sin, tá Strategic Culture Foundation ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus tá sí ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022
158.	ANO TV-Novosti (Rúisis: АНО 'ТВ-новости')	Seoladh: Eagraíocht neamhbhrabúis uathrialaitheach (ANO) 'TV-Novosti', BOROYAYA ULITSA, D.3, K.1, Moscó, 111020, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7(499)750-00-75, +7(495)926-28-30, +7(495)649-89-89 Suíomh gréasáin: <a href="https://partners.rt.com/contacts/">https://partners.rt.com/contacts/</a> Ríomhphost: <a href="mailto:info@rttv.ru">info@rttv.ru</a>	Is eagraíocht Rúiseach meán í TV-Novosti a bhfuil nasc aici le Rialtas na Rúise. Maoinítear é ó bhuiséad cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise. Trína fomheáin, lena n-áirítear RT, scaip sí bolscaireacht agus bréagaisnéis arís agus arís eile a bhí fabhrach don Chreimil agus thacaigh sí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tríd an ábhar a chuireann sé amach, scaipeann RT scéalta bréagacha faoi réimeas na Rúise chun an bonn a bhaint den Úcráin agus, ar an gcaoi sin, tá sé ag tacú le feachtas bréagaisnéise ar mórscaála chun deireadh a chur leis an tacaíocht idirnáisiúnta don Úcráin. Dá bhrí sin, thug sí tacaíocht ábharach nó airgeadais do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Anuas air sin, bhain sé tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
159.	Armed Forces of the Russian Federation (Rúisis: Вооружённые Силы Российской Федерации)	Seoladh: Frunzenskaya Naberezhnaya 22, Moscow, 119160, Russia Teileafón: 8 (495) 498-01-84 Suíomh gréasáin: <a href="https://mil.ru/">https://mil.ru/</a> Ríomhphost: ps-smi@mil.ru	Fórsaí míleata de chuid Chónaidhm na Rúise is ea na Armed Forces of the Russian Federation. An 24 Feabhra 2022 sheol siad an cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Rinne a saighdiúirí den Armed Forces of the Russian Federation coireanna cogaidh agus sárúithe ar chearta an duine i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine, lena n-áirítear úsáid neamh-idirdhealaitheach arm pléascach i gceantair ina bhfuil daonra agus ionsaithe ar shibhialtaigh agus iad ag iarraidh teitheadh. Rinneadh bású achomair, gaibhniú neamhdhleathach, céasadh, drochíde, éigniú agus foréigean gnéasach eile i limistéir a bhí faoi fhorghabháil ag Armed Forces of the Russian Federation. Dá bhrí sin, tá Armed Forces of the Russian Federation freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach nó as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
160.	National Guard of the Russian Federation (Rúisis: Федеральная служба войск национальной гвардии Российской Федерации) Dá ngairtear freisin: Rosgvardiya (Rúisis: Росгвардия)	Seoladh: 9 Krasnokazarmennaya Street, 111250 Moscow, Russia Teileafón: +7 495 361 85 79 Suíomh gréasáin: <a href="https://rosguard.gov.ru">https://rosguard.gov.ru</a> Ríomhphost: dvsmi@rosgvard.ru	Is é an National Guard of the Russian Federation fórsa armtha inmheánach Chónaidhm na Rúise. Glac sé páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht ábhartha a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
161.	Russian Aerospace Forces (Rúisis: Воздушно-космические силы)	Seoladh: Frunzenskaya Naberezhnaya 22, Moscow, 119160, Russia Teileafón: 8 (495) 498-02-09 Suíomh gréasáin: <a href="https://structure.mil.ru/structure/forces/air.htm">https://structure.mil.ru/structure/forces/air.htm</a> Ríomhphost: ps-smi@mil.ru	Is iad Russian Aerospace Forces brainse aeir agus spáis na Armed Forces of the Russian Federation. Glac sé páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá siad freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
162.	Russian Airborne Forces (Rúisis: “Воздушно-десантные войска”)	Seoladh: Frunzenskaya Nabe-rezhnaya 22, Moscow, 119160, Russia Teileafón: 8 (495) 962 98 88 Suíomh gréasáin: <a href="https://structure.mil.ru/structure/forces/rd/airborne.htm">https://structure.mil.ru/structure/forces/rd/airborne.htm</a> Ríomhphost: ps-vdv@mil.ru	Is iad Russian Airborne Forces brainse aerbheirthe na Armed Forces of the Russian Federation. Glac siad páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá siad freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
163.	Russian Ground Forces (Rúisis: “Сухопутные войска”)	Seoladh: Frunzenskaya Nabe-rezhnaya, 22/2, 119160 Moscow, Russia Teileafón: 8 (495) 693 32 56 Suíomh gréasáin: <a href="https://eng.mil.ru/en/structure/forces/type/ground.htm">https://eng.mil.ru/en/structure/forces/type/ground.htm</a> Ríomhphost: ps-sv@mil.ru	Is iad Russian Aerospace Forces brainse aeir agus spáis na Armed Forces of the Russian Federation. Glac siad páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá siad freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
164.	Russian Navy (Rúisis: Военно-морской флот)	Seoladh: Frunzenskaya Nabe-rezhnaya 22, Moscow, 119160, Russia, Teileafón: +7 (968) 766-17-67 Suíomh gréasáin: <a href="https://structure.mil.ru/structure/forces/navy.htm">https://structure.mil.ru/structure/forces/navy.htm</a> Ríomhphost: ps-vmf@mil.ru	Is é Russian Navy fórsa muirí na Armed Forces of the Russian Federation. Ghlac aonaid den Russian Navy páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, bhí tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
165.	Special Operations Forces (Rúisis: Силы специальных операций)	Seoladh: Command of the Special Operations Forces, military unit 99450 Moscow region, Solnechnogorsk district, Senezh town, Russia Ríomhphost: ps-smi@mil.ru	Is fórsaí speisialta de chuid na Armed Forces of the Russian Federation iad na Special Operations Forces. Glac siad páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá siad freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach nó as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
166.	Main Computing Center of the General Staff (GVC) (Rúisis: Главный вычислительный центр Генерального штаба (“ГВЦ”))	Seoladh: Znamenka Street 19, Moscow, Russia An cineál eintitis: Russian Military Institute	Is príomhentiteas é an Main Computing Center of the General Staff (GVC) de chuid an Russian Armed Forces General Staff Armtha na Rúise in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir Aibreán agus Deireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Tá GVC freagrach as ullmhúcháin theicniúla, lena n-áirítear na sonraí is ábhartha le haghaidh na n-ionsaithe diúracán ar an Úcráin a ríomh. Tá GVC freagrach, dá bhri sin, as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándaíl san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	16.12.2022
167.	Main Intelligence Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation (Главное разведывательное управление Генерального штаба Вооружённых сил Российской Федерации) Dá ngairtear freisin – GRU (ГРУ)	Seoladh: Grizodubovoy, 3, Moscow 125252, Russia Suíomh gréasáin: <a href="https://structure.mil.ru/structure/ministry_of_defence/details.htm?id=9711@egOrganization">https://structure.mil.ru/structure/ministry_of_defence/details.htm?id=9711@egOrganization</a>	Is é an Main Intelligence Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation áisíneacht faisnéise míleata na Rúise. Glac sé páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá sé freagrach as tacú, ar bhonn ábhartha nó airgeadais le gníomhaíochtaí lenar baineadh an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad ar an méid sin.	16.12.2022
168.	JSC ‘Zavolzhsy plant of caterpillar tractors’ (‘ZZGT’) (Rúisis: ЗАО ‘Заволжский завод гусеничных тягачей’ (ЗЗГТ))	Seoladh: 606522, Réigiún Nizhny Novgorod, Ceantar Gorodetsky, Zavolzhye, Zheleznodorozhnaya str., 1, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: <a href="https://zzgt.ru/">https://zzgt.ru/</a> Teileafón: +7 (831) 612-14-00 An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic Dáta clárúcháin: 26.9.2011 Áit chlárúcháin: Réigiún Nizhny Novgorod, Cónaidhm na Rúise Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is fiontar tógála meaisíní Rúiseach é JSC ‘Zavolzhsy plant of caterpillar tractors’, a tháirgeann agus a sholáthraíonn feithiclí uile-thír-raoin le crios boinn GAZ-3344-20. Soláthraíonn JSC ‘Zavolzhsy plant of caterpillar tractors’ feithiclí GAZ-3344-20 d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhri sin, tá JSC ‘Zavolzhsy plant of caterpillar tractors’ freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

## ▼ M77



## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
169.	<p>CUIDEACHTA COMHSTOIC PHOIBLÍ “ZAVOD TULA”</p> <p>(Rúisis: ПУБЛИЧНОЕ АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “ЗАВОД ТУЛА”)</p>	<p>Réigiún Tula, Tula, F. Smirnova str., 28 korp.</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic phoiblí</p> <p>Dáta clárúcháin: 16.8.2002</p> <p>Áit chláirúcháin: Tula, Russian Federation</p> <p>Cláruimhir: 1027100592210</p> <p>Príomhionad gnó: Russia</p>	<p>Is é PJSC “ZAVOD TULA” an príomhfhorbóir agus soláthraí sraithreach modhanna soghluaiste radaíochta, taiscéalaíocht cheimiceach agus neamhshonrach bitheolaíoch d’Aonad de chuid Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise atá i gceannas ar chosaint radaíochta, cheimiceach agus bhitheolaíoch. Soláthraíonn PJSC “ZAVOD TULA” feithiclí taiscéalaíochta radaíochta speisialta monaraithe d’Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá PJSC “ZAVOD TULA” freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022
170.	<p>“Russian Imperial Legion”</p> <p>Dá ngairtear freisin: “Russkiy Imperskiy Legion”</p> <p>“Saint Petersburg Imperial Legion”</p> <p>“Imperial Legion”</p> <p>“RIL”</p> <p>(Rúisis: Русский имперский легион)</p>	<p>Áit chláirúcháin: Saint Petersburg, Russian Federation (PO Box 128, Saint Petersburg 197022)</p> <p>Dáta clárúcháin: 2002</p>	<p>Is sciathán paraimíleata den “Russian Imperial Movement” (RIM) an “Russian Imperial Legion”, grúpa forchiníoch geal a bhunaigh Stanislav Vorobyov in 2002. Tá an grúpa paraimíleata sin ag troid go gníomhach sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine thar ceann Chónaidhm na Rúise. Ar na meán shóisialta, déanann an “Russian Imperial Legion” cur síos ar a rannpháirtíocht i gcogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar “rannchuidiú le misin taiscéalaíochta agus ionsaithe”.</p> <p>Dá bhrí sin, tugann an “Russian Imperial Legion” tacaíocht ábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bhagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	16.12.2022
171.	<p>Russian Imperial Movement</p> <p>Dá ngairtear freisin: RIM;</p> <p>Russkoye Imperskoye Dvizheniye</p> <p>(Rúisis: Русское имперское движение)</p>	<p>Dáta clárúcháin: 2002</p>	<p>Is grúpa forchiníoch geal a bhunaigh Stanislav Vorobyov in 2002 an “Russian Imperial Movement” (RIM). Cuireann an grúpa náisiúnachas eitneach Rúiseach chun cinn agus féachann sé le hantoisceachas forchiníoch geal a spreagadh san Iarthar. Cuireann sé oiliúint pharaimíleata ar fáil do náisiúnaigh na Rúise agus do bhaill d’eagraíochtaí atá ar aon intinn leis ó thíortha eile. Tá a sciathán armtha, an ‘Imperial Legion’, ag troid go gníomhach thar ceann fhórsaí armtha na Rúise i gcogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ar a leathanach gréasáin oifigiúil, saináithníonn an eagraíocht “troid san Úcráin in aghaidh na nAonaíoch agus na bPágánach, arb iad cnámh droma fhórsaí armtha na hÚcráine iad” mar cheann dá príomhshaothair.</p>	16.12.2022

## ▼ M64

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tugann an “Russian Imperial Movement” tacaíocht ábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
172.	Task Force “Rusich” Dá ngairtear freisin: Military-Patriotic Club “Rusich”; “Rusich” Sabotage and Assault Reconnaissance Group; “Rusich” Task Force; Sabotage and Assault Reconnaissance Group “Rusich”; “DSHRG Rusich” (Rúisis: ОПЕРАТИВНАЯ ГРУППА ‘РУСИЧ’) (Rúisis: “ДШРГ Русич”)	Dáta clárúcháin: 2014	Is grúpa paraimíleata Rúiseach an Task Force “Rusich”, a choinníonn naisc le complacht míleata príobháideach Rúiseach, darb ainm an Wagner Group, agus d’fhéadfadh sé a bheith ag feidhmiú mar fho-aonad de Wagner. Tá Task Force “Rusich” ag glacadh páirt sa chomhrac taobh le fórsaí míleata na Rúise sa chogadh foghach in gcoinne na hÚcráine. Is le fada an lá atá “Rusich” ag troid taobh le seachfhórsaí na Rúise i réigiún Donbas na hÚcráine agus, in 2015, cuireadh i leith amhais “Rusich”, agus rinneadh scannánú orthu, ag déanamh ainghníomhartha in aghaidh saighdiúirí éagtha agus saighdiúirí a gabhadh de chuid na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tugann Task Force “Rusich” tacaíocht ábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022
173.	“Union of Donbas Volunteers” (Rúisis: СОЮЗ ДОБРОВОЛЬЦЕВ ДОНБАССА)	Áit chlárúcháin: 125047, Moscow, str. Fadeeva, 7 building 1, office 2, 125047, Moscow, Russian Federation Dáta clárúcháin: 27.8.2015 Cláruimhir aitheantais cháiníocóra: 9710001943 Cláruimhir stáit: 1157700015065	Is eagraíocht pharaimíleata é an Union of Donbas Volunteers atá ag troid go gníomhach sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine thar ceann Chónaidhm na Rúise. Chuaigh aonaid chomhraic den eagraíocht pharaimíleata ar conradh le hAireacht Cosanta na Rúise agus cuireadh de chúram ar a bhaill tacaíocht dhíreach a thabhairt do ghníomhaíochtaí míleata na Rúise. Ina theannta sin, tá oibríochtaí taiscéalaíochta déanta ag an Union of Donbas Volunteers, ar nós bailiú faisnéise agus scabhtáil a dhéanamh d’fhórsaí na Rúise, lena n-áirítear áiteanna a shainnithint le haghaidh ruathair mhíleata na Rúise in aghaidh spriocanna san Úcráin.  Dá bhrí sin, tugann an Union of Donbas Volunteers tacaíocht ábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.12.2022

▼ **M64**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
174.	SBK ART LLC (Rúisis: OOO SBK ART)	Seoladh: Lening-radsky Prospekt D. 37A K. 4, Floor/ Room 10/33 A73, Municipal District Of Khoroshevsky, Moscow, 125167, Russian Federation An cineál eintitis: Limited Liability Company Áit chlárúcháin: Pedestrian passage, home ownership 3. building 2, Moscow 125373, Russian Federation Dáta clárúcháin: 10.12.2021 Cláruimhir: 1217700605209	Is cuideachta é SBK ART LLC i gCónaidhm na Rúise a bhfuil baint aige le Sberbank. Bunaíodh SBK ART LLC mar fhochuideachta de chuid Sberbank sular liostaíodh é, chun leasanna Sberbank i ngrúpa Fortenova a shealbhú. Coinníonn Sberbank smacht éifeachtach ar SBK ART LLC in ainneoin aistriú airbheartaithe a scaireanna chuig fear gnó in Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha. Dá bhrí sin, tá baint ag SBK ART LLC le Sberbank, atá liostaithe mar eintiteas a thugann tacaíocht airgeadais do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus mar eintiteas a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim dó.	16.12.2022

▼ **M66**► **C19** 174a. ◀

Iran Aircraft Manufacturing Industries Corporation (HESA) شرکت صنایع هواپیماسازی ایران	Seoladh: Sepahbod Gharani Avenue 107, Tehran, Iran Cineál eintitis: Monaróir aeraspáis Corparáid faoi úinéireacht rialtais Áit chlárúcháin: Isfahan, Iran Dáta clárúcháin: 1977 Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC)	Is cuideachta Iaránach é Iran Aircraft Manufacturing Industries Corporation (HESA) atá speisialaithe i monaraíocht aerárthaí míleata agus sibhialta, agus aerárthaí gan foireann. Monaraíonn HESA aerárthaí gan foireann a úsáideann Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) agus tá HESA páirteach i dtaighde maidir le aerárthaí gan foireann, chomh maith le forbairt, táirgeadh agus oibríochtaí eitilte aerárthaí gan foireann. Is fochuideachta é HESA de Iran Aviation Industries Organization (IAIO), fiontar faoi úinéireacht stáit atá faoi cheannas Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL). Tá aerárthaí gan foireann arna dtairgeadh ag HESA san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá HESA freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	30.1.2023
---	---	--	-----------

▼ **B**▼ **M68**

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
175.	All-Russia People's Front (ONF) (Rúisis: Общероссийский народный фронт)	Seoladh: 40th Building, Mosfilmovskaya Street, Moscow, Russia, 119285 Cineál eintitis: Public organisation of the Russian Federation Dáta clárúcháin: 6.9.2013 Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation Uimhir chlárúcháin: 1137799016695 Príomhionad gnó: Russia	Is gluaiseacht shóisialta é All-Russia People's Front (ONF) a cruthaíodh i mí na Bealtaine 2011 mar chomhghuaillíocht d'eagraíochtaí sochpholaitiúla ar mholadh Phríomh-Aire na Rúise Vladimir Putin, a leanann de bheith ina cheannaire air. Tá sé mar aidhm ag ONF comhghuaillíochtaí foirmiúla a chruthú idir an pháirtí United Russia agus an iliomad eagraíochtaí neamhrialtasacha Rúiseacha. I gcomhthéacs chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá feachtas sóisialta á eagrú ag ONF "All for Victory!", trína mbailíonn sé síntiúis fhisiceacha agus airgeadais chun tacú le haonaid mhíleata "Donetsk People's Republic" and "Luhansk People's Republic", mar a ghairtear díobh.  Is le ONF na cearta do thrádmharc na siombaile "Z", a úsáidtear chun tacaíocht a thaispeáint don chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus Armed Forces of the Russian Federation. Bhí comhaltaí ONF freagrach as roinnt cruinnithe poiblí a eagrú chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus baineadh úsáid fhorleathan as an tsiombail "Z".  Tá ONF freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023
176.	National Wealth Fund of the Russian Federation (Rúisis: Фонд национального благосостояния Российской Федерации)	Seoladh: st. Ilyinka, 9 building 1, 109097, Moscow, Russia Cineál eintitis: Fund of the Russian Federation Dáta clárúcháin: 1.10.2010 Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation Uimhir aitheantais chánach: 7710168360	Is cúlchiste faoi rialú an rialtais é The National Wealth Fund of the Russian Federation. De réir an Ministry of Finance, bhí 13,6 trilliún RUB sa chiste, cothrom le 10.2 % d'olltáirgeacht intíre na Rúise a réamh-mheasadh ar dtús le haghaidh 2022. Úsáideadh an National Wealth Fund chun easnamh bhuiséad cónaidhme na Rúise a chumhdach le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine agus tá rialtas na Rúise ag fáil faoi réir le heasnaimh bhuiséid a chumhdach in 2023 agus in 2024 le hacmhainní ón National Wealth Fund.	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Uimhir chlárúcháin: 1037739085636</p> <p>Príomhionad gnó: Russia</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Mikhail Vladimirovich MISHUSTIN</p> <p>Banc VTB</p> <p>Sberbank</p> <p>Gazprombank</p> <p>Ministry of Finance</p>	<p>Dá bhrí sin, tá The National Wealth Fund freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	
177.	<p>Avrora JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Avrora; ar a dtugtar freisin Aurora; ar a dtugtar freisin Concern Avrora Scientific And Production Association Joint Stock Company; ar a dtugtar freisin; ar a dtugtar freisin AO ‘Kontsern ‘NPO ‘Avrora’)</p> <p>(Rúisis: Акционерное Общество ‘Концерн ‘Научно-Производственное Объединение ‘Аврора’)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Russian Federation (194021, Saint Petersburg, ul. Karbysheva, 15)</p> <p>Dáta chlárúcháin: 27.2.2009</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 7802463197</p> <p>(Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation:</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe: Konstantin Yurevich Shilov (Stiúrthóir Ginearálta)</p> <p>JSC “NRK-R.O.S.T.” (Bunaitheoir)</p> <p>JSC “KMP” (Bunaitheoir)</p>	<p>Is fiontar tosaigh Avrora JSC in earnáil cosanta muirí na Rúise. Tá ceadúnas gníomhach ag Avrora JSC ó Russian Ministry of Industry and Trade chun airm agus trealamh míleata a fhorbairt, chomh maith le ceadúnas ón State Atomic Energy Corporation (Rosatom) chun “obair a dhéanamh ar úsáid fuinnimh adamhach chun críoch cosanta, lena n-áirítear forbairt arm núicléach agus stáisiúin cumhachta núicléiche chun críocha míleata”. Aithnítear Avrora JSC go forleathan as a chuid gníomhaíochtaí i réimsí na forbartha, táirgeadh, agus soláthar córas rialaithe uathobrithe do longa dromchla agus an Russian Federation Navy. Go sonrach, déanann Avrora JSC córais rialaithe uathobrithe ar bord cruacearraí le haghaidh fomhuirí agus longa dromchla cabhlaigh na Russian armed forces a fhorbairt, a mhonarú, a sholáthar agus déanann sé cothabháil bharántas agus seirbhísiú a áirithiú orthu.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Avrora JSC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
178.	<p>Battery Company Rigel JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Rigel; ar a dtugtar freisin Joint Stock Company Battery Company “Rigel”)</p> <p>(Rúisis: Акционерное Общество Аккумуляторная Компания “Ригель”)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Professora Popova st., 38, Saint Petersburg 197376, an Rúis</p> <p>Dáta clárúcháin: 28.10.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 9728042468 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Iuliia Vladimirovna Shishova (Bunaitheoir)</p> <p>Evgeniy Nikolaevich Vlasov (Stiúrthóir Ginearálta)</p> <p>Igor Kozlov (cathaoirleach)</p> <p>OOO Alianstreid (eagraíocht bainistíochta)</p> <p>OOO Bykovogaz (eintiteas arna bhunú ag Rigel JSC)</p>	<p>Is é atá in Battery Company Rigel JSC ná monaróir cadhnaí hidríd miotail nicile agus airgid-sinc agus tá sé ina sholáthraí don Russian navy ar feadh níos mó ná 15 bliana. Déanann an chuideachta cur síos air féin mar “fhorbróir tosaigh cadhnaí litiam-ian agus cadhnaí le haghaidh córais chumhachta uathrialaitheacha agus do-bhriste, cumarsáide, iompair, agus trealamh eile” agus soláthraíonn sí timthriall iomlán forbartha, táirgthe agus soláthair cadhnaí litiam don Russian navy agus d’aireacht chosanta na Rúise.</p> <p>Dá bhri sin, tá Battery Company Rigel JSC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023
179.	<p>Design Bureau Ametist JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО ‘КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО “АМЕТИСТ”’; ar a dtugtar freisin АО “КВ ‘АМЕТИСТ’”)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation (125373, Moscow, Pokhodniy Proezd, Domovladienie 3, str. 2)</p> <p>Dáta clárúcháin: 17.12.2008</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 7723691017 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe: Evgeny Vasilievich</p>	<p>Is forbróir tosaigh na gcóras airtléire é Design Bureau Ametist don Russian Federation Navy. Cuireann aireacht chosanta na Rúise síos ar Design Bureau Ametist mar ‘an gnólacht innealtóireachta dearaidh is mó a dhéanann coimpléisc armlón loinge, radar agus córais rialaithe teilgin optúla leictreonacha, agus airtléire cósta a forbraíodh don Russian Federation Navy’. Go háirithe, forbraíonn agus monaraíonn Design Bureau Ametist córais arm a úsáidtear go gníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is é Design Bureau Ametist a fhorbraíonn an córas diúracáin OSA-M agus imscaradh an córas sin ar longa cogaidh éagsúla de chuid na Rúise, lena n-áirítear príomhshoitheach comhraic na Rúise Moskva, a bhí lánpháirteach i gcogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne an Úcráin.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Chabanov, Stiúrthóir Ginearálta	Dá bhri sin, tá Design Bureau Ametist ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Design Bureau Ametist atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.	
180.	<p>Dubnensky Machine-Building Plant JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Dubna Machine-Building Plant;</p> <p>ar a dtugtar freisin Dubnensky machine-building plant;</p> <p>ar a dtugtar freisin Joint-stock company 'Dubnensky machine-building plant' named after N.P. Fedorov;</p> <p>ar a dtugtar freisin Aktsionernoye obshchestvo 'Dubnenskiy mashinostroytel'nyy zavod' imeni N.P.Fodorova)</p> <p>(Rúisis: Акционерное общество 'Дубненский машиностроительный завод' имени Н.П.Фёдорова;</p> <p>ar a dtugtar freisin Дубненский машиностроительный завод; ar a dtugtar freisin АО ДМЗ ИМ. Н.П. ФЕДОРОВА)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Russian Federation (141983, Moscow region, Dubna, Zhukovsky Str. 2, building 1)</p> <p>Dáta clárúcháin: 26.02.2004</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 5010030050 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Aleksey Leonidovich Belykh, Stiúrthóir Ginearálta</p>	<p>Is eintiteas é Dubnensky Machine-Building Plant JSC a chuireann go gníomhach le coimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise. Forbraíonn an chuideachta ladraínn taiscéaláíochta agus armtha den bhranda Orion, chomh maith le dróin mhuirí do na Russian armed forces. Bíonn diúracáin treoraithe á bhfeistiú ar na ladraínn sin a mhonaraigh Dubnensky Machine-Building plant JSC. Is iad na Russian armed forces a imscarann na ladraínn sin agus iad ag troid i gcoinne na hÚcráine agus idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2022 tá sé deimhnithe gur maraíodh seisear san Úcráin le ladraínn Rúiseacha den bhranda Orion, a mhonaraigh Dubnensky Machine-Building Plant JSC.</p> <p>Dá bhri sin, tá Dubnensky Machine-Building Plant JSC ag tacú go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Dubnensky Machine-Building Plant JSC atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023



## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
181.	<p>Elektropribor JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Elektropribor;</p> <p>Ar a dtugtar freisin State Research Center of the Russian Federation Concern CSRI Elektropribor, JSC;</p> <p>ar a dtugtar freisin Aktsionernoe Obshchestvo “Kontsern “Tsentralnyi Nauchno-Issledovatel'skii Institut ‘Elektropribor’)</p> <p>(Rúisis</p> <p>Акционерное Общество “Концерн “Центральный Научно-Исследовательский Институт ‘Электрприбор’)</p>	<p>Áit chláirúcháin: Russian Federation (197046, Saint Petersburg, ul. Malaia Posadskaia, 30)</p> <p>Dáta clárúcháin: 26.02.2009</p> <p>Uimhir chláirúcháin: 7813438763 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Aleksandr Viacheslavovich Sokolov (Stiúrthóir Ginearálta)</p> <p>JSC ‘NRK-R.O.S.T.’ (Bunaitheoir)</p> <p>JSC ‘KMP’ (Bunaitheoir)</p> <p>JSC ‘TSNII ‘DELFIN’ (eintiteas a bhunaigh Elektropribor JSC)</p>	<p>Is cuideachta tosaigh Elektropribor JSC i dtionscal cosanta muirí na Rúise. Forbraíonn agus monaraíonn sé córais loingseoireachta ardchruinnis, gíreascóip, uirlisí meámhéadrachta, agus córais leictreonacha optúla fomhuirí, chomh maith le córais chumarsáide muirí. Tá ceadúnas gníomhach ag Elektropribor JSC ó Russian Ministry of Industry chun airm, armlón agus trealamh míleata a fhorbairt. Go háirithe, táirgeann JSC Elektropribor córais loingseoireachta do longa comhraic de chuid Russian Federation Navy. Déanann an cuideachta cur síos air féin mar seo: ‘ag cinntiú go bhfuil ardinfhaighteacht oibríochtúil ar fhórsaí fomhuirí na Rúise’.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Elektropribor JSC ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Elektropribor JSC atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023
182.	<p>Morinformsystem Agat JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Morinsis-agat; ar a dtugtar freisin Aktsionernoe Obshchestvo Kontsern ‘Morinform-sistema – Agat’)</p> <p>(Rúisis: Акционерное Общество Концерн ‘Моринформсистема – Агат’; ar a dtugtar freisin Моринсис – Агат)</p>	<p>Áit chláirúcháin: Russian Federation (105275, Moscow, sh. Entuziastov, 29)</p> <p>Dáta clárúcháin: 6.02.2006</p> <p>Uimhir chláirúcháin: 7720544208 (Uimhir Aitheantais Cánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Mikhail Iurevich Khramov (Stiúrthóir Ginearálta)</p> <p>JSC ‘KMP’ (Bunaitheoir)</p> <p>JSC ‘NRK-R.O.S.T.’ (Cláraitheoir)</p>	<p>Is cuideachta tosaigh é Morinformsystem Agat JSC i dtionscal longthógála na Rúise. Tá an cuideachta ag speisialú i bhforbairt, táirgeadh agus cothabháil córas faisnéise comhraic agus córas rialaithe comhraic chomh maith le córais chomhtháite, córais uathobrithe rialaithe comhtháite le haghaidh foirmíochtaí muirí, córais rialaithe teilgin diúracán mara agus diúracán balais-tíoch, córais diúracán longbhunaithe agus cósta agus córais radair, agus córais sonóra. Rinneadh cur síos air mar scátheagraíocht i dtionscal longthógála na Rúise ag speisialú i réimsí na gcóras agus na dteicneolaíochtaí faisnéise, innealtóireacht an chórais i réimse an trealamh ríomhaireachta sonraí muirí, comhoiriúnacht leictreamhaignéadach na saoráidí raidió-leictreonacha, córais díghabhsála, córais rialaithe teilgin diúracán cúrsála agus balaistíoch mara, córais faisnéise agus rialaithe comhraic agus córais bhainistíochta chomhtháite do longa dromchla agus</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Fochuideachtaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— JSC AKIN</li> <li>— OJSC Zavod Elektropribor</li> <li>— JSC KB Amethyst</li> <li>— JSC Comet</li> <li>— JSC NPP Salyut</li> <li>— JSC PO Binom</li> <li>— JSC Central Research Institute Kurs</li> <li>— JSC Plant Topaz</li> <li>— JSC Izumrud</li> <li>— JSC KGFI</li> <li>— JSC Morinsis-Agat-KIP</li> <li>— FSPC JSC NPO Mars</li> <li>— JSC NPF Meridian</li> <li>— AO Typhoon</li> </ul>	<p>fomhuireáin. Sa cháil sin, is eintiteas tábhachtach é Morinformsystem Agat JSC a thugann tacaíocht ábhartha do na Russian naval forces le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhri sin, tá Morinformsystem Agat JSC ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, is eintiteas é Elektropribor JSC atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	
183.	<p>Zelenodolsk Design Bureau JSC</p> <p>(Rúisis: АО Зеленодольский завод имени А. М. Горького)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Zelenodolsk, Republic of Tatarstan, Russian Federation (422540, Republic Of Tatarstan, r-n Zelenodolskii, Zelenodolsk, ul. Lenina, 41A)</p> <p>Dáta clárúcháin: 27.05.2008</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1648024290 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Alexander Nikolaevich FILIPOV (Bainisteoir</p>	<p>Is cuideachta longthógála tosaigh Zelenodolsk Design Bureau JSC i gcoimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise. Tá ar a laghad 17 long chogaidh éagsúla deartha ag Zelenodolsk Design Bureau JSC le haghaidh Russian armed forces agus tá saineolas ar leith aige maidir le longa comhraic frith-fhomhuirí, longa patróil míleata, agus longa spaireachta a thógáil. Bhí longa cogaidh éagsúla arna ndearadh ag Zelenodolsk Design Bureau JSC agus a feistíodh le diúracáin chúrsála Kalibr páirteach i ruathair bhuamála ar na Úcráin le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, shínigh Zelenodolsk Design Bureau JSC conradh le Russian armed forces i mí Mheán Fómhair 2022 chun dhá long spaireachta nua a dheardh do Russian Federation Navy.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Ginearálta) OOO 'CHEREPO-VETSKOE PKB' (Bunaitheoir)	Dá bhrí sin, tá Zelenodolsk Design Bureau JSC ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Zelenodolsk Design Bureau JSC atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
184.	Avtodor (ar a dtugtar freisin State Unitary Enterprise of the Donetsk People's Republic 'Avtodor')  (Rúisis: Государственное Унитарное Предприятие Донецкой Народной Республики 'Автотор')	Áit chlárúcháin: Ukraine (283001, Donetsk, Komso-molsky prospect, 6a)  Dáta clárúcháin: 4.09.2015  Uimhir chlárúcháin: 9303014834 (Uimhir Aitheantais Cánach)  Príomhionad gnó: Ukraine  Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:  Artur Rasikhovich Dobrorez, ceann an eintitis dhlíthiúil	Is cuideachta tógála é Avtodor ar fochuid é den 'department of roads' de chuid an 'Ministry of Transport' den 'Donetsk People's Republic' mar a ghairtear di. Ó thosaigh an Rúis a chur cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, tá bonneagar straitéiseach á athchóiriú go gníomhach ag Avtodor, mar shampla droichid agus bóithre, thar ceann Russian occupying forces. Choimisiúnaigh Russian occupying forces Avtodor chun naisc bhóithre a bhunú idir réigiúin na hÚcráine faoi fhorghabháil, chomh maith le comharthaí Rúisise sna ceantair faoi fhorghabháil a chur in ionad chomharthaí bóthair na hÚcráine. Tá an obair a rinne Avtodor mar chuid de straitéis níos leithne atá á saothrú ag Russian Federation i gcomhar leis na fórsaí forghabhála i 'Daon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di chun cogadh foghach na Rúise a chur chun cinn trí thionscadail bhonneagair.  Dá bhrí sin, tá Avtodor ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintitis é Avtodor a dhéanann idirbhearta leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine.	25.2.2023
185.	Nizhneangarsk-transstroy (ar a dtugtar freisin OOO 'NATS'; ar a dtugtar freisin OOO HATC;  (Rúisis: Общество С Ограниченной Ответственностью 'Нижнеангарсктрансстрой' ar a dtugtar freisin OOO HATC)	Áit chlárúcháin: Russian Federation (Moscow, Proezd-12 Maryina Roshcha, d. 9, str. 1)  Dáta clárúcháin: 21.06.2012  Uimhir chlárúcháin: 7717727466 (Uimhir Aitheantais Chánach)  Príomhionad gnó: Ukraine, Russian Federation	Is cuideachta tógála atá bunaithe i Moscó é Nizhneangarsktransstroy is speisialtóir i ndeisiú bóithre agus mórbhealach. Tá Nizhneangarsktransstroy coimisiúnaithe, go háirithe, ag fórsaí na Rúise a bhí i seilbh na hÚcráine chun an droichead a atógáil a nascann críoch Chónaidhm na Rúise le leithinis na Crimé hÚcráine atá faoi fhorghabháil, a ndearnadh damáiste dó an 8 Deireadh Fómhair 2022 tar éis pléasctha. Tá tábhacht straitéiseach ar leith ag baint leis an deisiú a rinne Nizhneangarsktransstroy d'iarrachtaí cogaidh na Rúise. Feidhmíonn	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:  Vsevolod Valeryevich Sokolov, Stiúrthóir Ginearálta agus Bunaitheoir	droichead na Crimé mar chonair talún idir Cónaidhm na Rúise agus críoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus bíonn tionchar díreach ag a inrochtaineacht ar chumas na Rúise cogadh a chur i ndeisceart na hÚcráine.  Dá bhrí sin, tá Nizhneangarsk-transstroy ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Nizhneangarsk-transstroy atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
186.	Ministry of Emergency Situations of the so-called 'Donetsk People's Republic'  (ar a dtugtar freisin. Ministerstvo Po Delam Grahdanskoy Oborony, Chrezvychnaym Situatsiyam i Likvidatsii Posledstviy Stikhiynykh Bedstviy Donetskoy; a.k.a. MCHS DNR)  (Rúisis: Министерство по делам гражданской обороны, чрезвычайным ситуациям и ликвидации последствий стихийных бедствий Донецкой Народной Республики; a.k.a. МЧС ДНР)	Áit chlárúcháin: Ukraine (283048, Donetsk, st. Shchorsa, 60)  Dáta clárúcháin: 9.10.2014  Uimhir chlárúcháin: 9303011960 (Uimhir Aitheantais Chánach)  Príomhionad gnó: Ukraine, Russian Federation  Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:  Alexey Alexandrovich Kostubitsky — ceann an eintitis dhlíthiúil agus 'Aire' mar a thugtar air.	Is eintiteas é an 'Ministry of Emergency Situations of the Donetsk Peoples Republic' mar a ghairtear de, a bhunaigh Russia-aligned occupying forces in 2014 i réigiún Donetsk na hÚcráine. Ó shin i leith, tá 'Ministry of Emergency Situations of the Donetsk Peoples Republic' mar a ghairtear de ag gníomhú dó mar eintiteas rialtais féinfhógartha neamhaitheanta de 'Donetsk People's Republic'. Bhí baint dhíreach ag pearsanra an Ministry leis an 'scagadh' éigeantach ar shibhialtaigh na hÚcráine ag suíomhanna éagsúla i réigiún Donetsk na hÚcráine.  Tá sé mar aidhm ag córas scagacháin na Rúise le haghaidh daoine laistigh den réigiún Donetsk, córas arna eagrú ag an 'Ministry of Emergency Situations of the Donetsk Peoples Republic' mar a ghairtear de, diongbhailteacht na nÚcránach a chos agus dílseacht a fhorfheidhmiú sa daonra atá fágtha, trí chlárú, ceistiú, agus, i gcásanna áirithe, daoine a líomhnaítear a bheith 'dílís' do Rialtas na hÚcráine a choinneáil ar feadh tréimhse éiginnte.  Dá bhrí sin, tá 'Ministry of Emergency Situations of the Donetsk Peoples Republic', mar a ghairtear di, ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, is eintiteas é Ministry of Emergency Situations of the Donetsk Peoples Republic, mar a ghairtear de, a bhíonn ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
187.	<p>Kaluga-based Instrument-Making Plant Typhoon JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin Typhoon; ar a dtugtar freisin Tyfun; ar a dtugtar freisin Research and production enterprise “Kaluga instrument-making plant ‘Tyfun’)</p> <p>(Rúisis: АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО НАУЧНО-ПРОИЗВОДСТВЕННОЕ ПРЕДПРИЯТИЕ ‘КАЛУЖСКИЙ ПРИБОРОСТРОИТЕЛЬНЫЙ ЗАВОД ‘ТАЙФУН’; ar a dtugtar freisin АО ‘Тайфун’)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Russian Federation (248600, Kaluga, Voskresenskiy per, 28)</p> <p>Dáta clárúcháin: 10.07. 2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 4026005699 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>Andrey Alekseevich Petrakov, Stiúrthóir Ginearálta</p>	<p>Is fiontar ceannródaíoch é Typhoon JSC i gcoimpléasc míleata tion-sclaíoch na Rúise a fhorbraíonn, a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn córais arm a úsáideann fórsaí armtha na Rúise go gníomhach sa chogadh foghach i gcoinne hÚcráine. Mar shampla, D’úsáid fórsaí armtha na Rúise córas diúracán cósta BAL-E a d’fhorbair Typhoon JSC d’Aireacht Chosanta na Rúise, chun diúracáin chúrsála a sheoladh i gcoinne spriocanna talún san Úcráin i réigiún Odesa i mí an Mheithimh 2022. Thairis sin, tá an córas diúracán beartaíochta cósta Rubezh-ME arna fhorbairt freisin ag ‘Typhoon JSC’ agus tá sé á úsáid ag fórsaí armtha na Rúise chun diúracáin a sheoladh ó leithinis na Crimé ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Typhoon JSC ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, is eintiteas é Typhoon JSC atá ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023
188.	<p>Russian National Reinsurance Company JSC</p> <p>(ar a dtugtar freisin RNRC; ar a dtugtar freisin RNPК.; ar a dtugtar freisin Rossiyskaya Natsional'naya Perestrahovoch'naya Kompaniya;</p> <p>(Rúisis: Российская Национальная Перестраховочная Компания ar a dtugtar freisin РНПК)</p>	<p>Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: an 3.08.2016</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 7706440687 (Uimhir Aitheantais Chánach)</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Faisnéis eile:</p> <p>Is fochuideachta é Russian National Reinsurance Company JSC de Bank of Russia</p>	<p>Is cuideachta comhstoic faoi rialú stát na Rúise é Russian National Reinsurance Company (RNRC) agus is fochuideachta de Bank of Russia é. Faoi láthair, tá RNRC ag feidhmiú mar phríomhathárachóir longa Rúiseacha atá freagrach as ola na Rúise a onnmhairiú, lena n-áirítear cabhlach Sovcomflot, tar éis do ghnólachtaí árachais an Iarthair cumhdach a tharraingt siar d’úinéirí longa de chuid na Rúise, rud a d’eascair as smachtbhannaí an iarthair mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Go tábhachtach, chuir an tseirbhís atharachais seo a thairgeann RNRC ar chumas Rialtas na Rúise tionchar smachtbhannaí an iarthair ar a thrádáil ola a shraonadh agus/nó a mhaolú – rud a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			<p>Mhéadaigh Bank of Russia caipiteal údaraithe a fhochuideachta, is é sin Russian National Reinsurance Company (RNRC), ó RUB 71 bhilliún go RUB300 billiún ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dearbhaíonn foinsí éagsúla eile, lena n-áirítear iad siúd a luann oifigigh rialtais na Rúise, gur rinne RNRC lastais ola a raibh bratach na Rúise ar foluain acu a atharachú ar lastais iad ar dhiúltaigh gnólachtaí an Iarthair iad a chur faoi árachas mar gheall ar an gcogadh.</p> <p>Dá bhrí sin, is eintiteas é Russian National Reinsurance Company atá ag tacú, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus ag baint tairbhe as. Thairis sin, is eintiteas é Russian National Reinsurance Company atá rannpháirteach in eamálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	
189.	<p>Joint Stock Company "Scientific and Production Association 'Impuls' (JSC "SPA 'Impuls') (JSC "SPA 'Impulse')</p> <p>(Russian: Акционерное общество "Научно-производственное объединение 'Импульс' (АО "НПО 'Импульс')</p>	<p>Seoladh: 195299, Russian Federation, St. Petersburg, Kirishskaya St., 2A</p> <p>Cineál eintitis: Joint-Stock Company</p> <p>Áit chlárúcháin: Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 9.2.2012</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1127847076202</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Déanann 'The joint-stock company "Scientific and production association IMPULS' córais rialaithe uathobrithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Strategic Rocket Forces of the Ministry of Defence of the Russian Federation. Foráiltear léi freisin do Armed Forces of the Russian Federation cur chun feidhme shaolré iomlán a chuid táirgí. Is cuid den rannán 'Automated control systems' den ghabháltas 'Roselektronika' den chorparáid 'Rostec' é an t-eintiteas sin. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis do Chónaidhm na Rúise, lena n-áirítear do choimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise. Dá réir sin, monaraíonn agus soláthraíonn an t-eintiteas táirgí míleata a úsáideann Russia Armed Forces sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhí sin, tá Joint-stock company Scientific and production association IMPULS freagrach as a bheith ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus tá sí ag tairbhiú de, arb é an rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá Joint-stock company Scientific and production association IMPULS freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
190.	<p>Limited Liability Company 'Commercial Vehicles - GAZ Group'</p> <p>(a.k.a. Obshchestvo s ogranichennoy otvetstvennostiu "Kommercheskiye avtomobili - Gruppy GAZ)</p> <p>(Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью "Коммерческие автомобили - Группа ГАЗ</p>	<p>Seoladh: 603004, Nizhegorodskaya oblast', gorod Nizhniy Novgorod, pr-kt Il'icha, d.5, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Limited Liability Company</p> <p>Áit chlárúcháin: Nizhniy Novgorod, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: an 18.11. 2004</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1045207058687</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Is é Limited Liability Company "Commercial Vehicles - GAZ Group an táirgeoir is mó feithiclí tráchtála de chuid na Rúise. Áirítear ar phunann táirgí na cuideachta feithiclí saothair tráchtála éadroma agus meánmhéide, busanna, innill agus os cionn 500 cineál feithiclí speisialta. Soláthraíonn Limited Liability Company "Commercial Vehicles - GAZ Group" feithiclí monaraithe GAZ do Russian Armed Forces, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá LLC 'Limited Liability Company "Commercial Vehicles - GAZ Group freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023
191.	<p>Limited Liability Company United Machine-Building Group</p> <p>(a.k.a. LLC "OMG")</p> <p>(Russian: Общество с ограниченной ответственностью "Объединенная машиностроительная группа"; a.k.a. ООО "OMG")</p>	<p>Seoladh: Moscow, Rochdelskaya str., 15, bld. 8, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Limited Liability Company</p> <p>Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 15.11.2018</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1187746941106</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Is gabháltas tionsclaíoch de chuid na Rúise é Limited Liability Company United Machine-Building Group atá rannpháirteach ar an iomlán i margáí an ghléasra cumhachta, na dtucaílí tiomána uile-rotha agus an ghrádóra mótaí.</p> <p>Fuair an gabháltas seo sócmhainní de roinnt de na príomhsholáthróirí trucaílí armúrtha do Russian armed forces. Soláthraíonn Limited Liability Company United Machine-Building Group trucaílí agus feithiclí monaraithe eile do Russian Armed Forces, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Limited Liability Company United Machine-Building Group freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lenar mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.</p> <p>Faigheann Limited Liability Company United Machine-Building Group freisin bearta tacaíochta stáit chun innealra talmhaíochta a tháirgeadh, agus dá bhrí sin, tá tairbhe á fháil aige ó Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023



## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
192.	<p>JSC “State Space Research and Production Center named after M.V. Khrunichev”</p> <p>(ar a dtugtar freisin. Khrunichev State Research and Production Space Center; a.k.a. The Khrunichev Space Center; ar a dtugtar freisin Khrunichev GKNPTS, JSC)</p> <p>(Rúisis: АО “Государственный космический научно-производственный центр имени М.В. Хруничева”; a.k.a. Государственный космический научно-производственный центр имени Хруничева; a.k.a. Космический центр имени Хруничева; a.k.a. ГКНПЦ им. М.В. Хруничева, АО)</p>	<p>Seoladh: 18, Novozavodskaya St., 121087 Moscow, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Joint-Stock Company</p> <p>Áit chlárúcháin: Moscow, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 17.11.2017</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 5177746220361</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Faisnéis eile: INN 7730239877, KPP 773001001, OKPO 20239393</p>	<p>Is cuid den chorparáid stáit “Roscosmos” é JSC “State Space Research and Production Center named after M.V. Khrunichev” agus is é príomhfhiontar thioncal roicéad agus spáis na Rúise. Is forbróir agus monaróir srathach feithiclí lainseála meáchain throm “Proton-M”, feithiclí lainseála “Angara” agus feithiclí lainseála den aicme éadrom “Rokot”. Ordaíonn roinn mhíleata Ministry of Defense roicéid Angara chun na satailítí míleata a lainseáil. Tarchuireann “Roscosmos” íomhánna satailíte den Úcráin chuig Russian Ministry of Defense, lena soláthraítear faisnéis agus tacaíochta faisnéise d’fhórsaí míleata na Rúise. Monaraíonn and soláthraíonn JSC “State Space Research and Production Center named after M.V. Khrunichev” táirgí a úsáideann fórsaí míleata na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC “State Space Research and Production Center named after M.V. Khrunichev” freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023
193.	<p>Patriot Media Group</p> <p>(Rúisis: Медиагруппа “Патриот”)</p>	<p>Seoladh: 197374, St. Petersburg, Prospect Primorsky, 78, building 1, Russian Federation</p> <p>Teileafón: +7 (981) 722 50 09</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://mediapatriot.ru">https://mediapatriot.ru</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:media@mediapatriot.ru">media@mediapatriot.ru</a></p> <p>Daoine aonair comhlachaithe:</p> <p>— Nikolay Stolyarchuk – (Ceann Chomhairle Comhordúcháin Patriot Media Group)</p> <p>— Yevgeny Prigozhin (Ceann Bhord Iontaobhaithe Patriot Media Group)</p>	<p>Is eagraíocht meán de chuid na Rúise í Patriot Media Group a bhfuil Yevgeny Prigozhin i gceannas ar Bhoird na nIontaobhaithe. Scaipeann sí bolscaireacht ar son an Rialtais agus bréagaisnéis maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Sainmhíníonn Patriot Media Group an cogadh atá ar siúl faoi láthair mar “tailte na Rúise a fháil ar ais ó nua-Naitsithe san Úcráin” agus maíonn sé go bhfuil sé ar intinn ag ECAT ionsaí a dhéanamh gan mhoill ar Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Patriot Media Group ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí agus le bearta ábhartha lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Eintitis chomhlachaithe:</p> <p>Is iad seo a leanas, <i>inter alia</i>, atá sa Patriot Media Group:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Federalnoye Agentsvo Novostey (RIA FAN)</li> <li>— Ekonomika Segodnya</li> <li>— Narodnye Novosti</li> <li>— Polityka Segodnya</li> <li>— Slovo i Delo</li> <li>— Zhurnalistskaya Pravda</li> <li>— PolitExpert</li> <li>— iReactor</li> <li>— NewInform</li> <li>— PolitRossiya</li> <li>— Nevskiye Novosti</li> </ul>		
194.	<p>JSC State Machine Building Design Bureau “raduga”</p> <p>(Акционерное общество ‘Государственное машиностроительное конструкторское бюро “РАДУГА” имени А.Я. Березняка)</p>	<p>Seoladh: Seoladh: 2a, Zhukovsky St., Dubna, Moscow region, 141980, Russian Federation</p> <p>Teilifón: +7 (495) 777-07-30</p> <p>Facs: +7 (495) 777-07-36</p> <p>Ríomhphost: raduga@dubna.ru</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://ktrv.ru/about/structure/raduga.html#">https://ktrv.ru/about/structure/raduga.html#</a></p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Ard-Stiúrthóir - Boris Viktorovich Obnosov</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: JSC Tactical Missiles Corporation</p>	<p>Is forbróir agus monaróir diúracán de chuid na Rúise é JSC State Machine Building Design Bureau “Raduga”. Cuireann sé airm ar fáil do Armed Forces of the Russian Federation.</p> <p>Ba é a mhonaraigh diúracáin chúrsála spéirlainseála Kh-101 ar bhain Armed Forces of the Russian Federation úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Úsáideadh diúracáin Kh-101 sna hionsaithe aeir arna ndéanamh ag an Rúis ar bhonneagar sibhialtach na hÚcráine.</p> <p>Dá bhrí sin, tá JSC State Machine Building Design Bureau “Raduga” freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn JSC State Machine Building Design Bureau “Raduga” go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
195.	<p>Federal State Unitary Enterprise Rossiya Segodnya International Information Agency</p> <p>(Rúisis: Федеральное государственное унитарное предприятие Международное информационное агентство "Россия сегодня")</p>	<p>Seoladh: 4 Zubovsky Boulevard, 119021 Moscow, Russian Federation</p> <p>Teileafón: +7 (495) 645-66-01</p> <p>Facs: +7 (495) 637-45-45</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://rossiyasegodnya.com/">https://rossiyasegodnya.com/</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:office@ria.ru">office@ria.ru</a></p> <p>Daoine aonair comhlachaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Dmitry Kiselev – Ard-Stiúrthóir</li> <li>— Margarita Simonyan – Príomheagarthóir</li> </ul> <p>Eintitis chomhlachaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Sputnik</li> <li>— RIA Novosti</li> <li>— RIA.RU</li> <li>— PRIME</li> <li>— InoSMI</li> <li>— TOK/KOT</li> <li>— Baltnews</li> <li>— Ukraina.ru</li> <li>— Social Navigator</li> <li>— Arctic.ru</li> <li>— Sputnik Radio</li> </ul>	<p>Is grúpa meán a bhfuil baint aige le rialtas na Rúise é Rossiya Segodnya. Maoinítear é ó bhuiséad cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise. Trína fho-eagraíocht meán Sputnik, scaipeann sé bolscaireacht ar son an Rialtais agus bréagaisnéis maidir le cogadh na Rúise ar an Úcráin, ina sainmhínítear an Úcráin mar réimeas Naitsíoch agus lena scaiptear faisnéis bhréagach maidir le clár arm bitheolaíoch san Úcráin. Ina theannta sin, scaipeann Rossiya Segodnya faisnéis faoi thíortha an Iarthair a bheith freagrach as an ngéarchéim bia san Afraic mar gheall ar a gcuid smachtbhannaí i gcoinne na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Rossiya Segodnya ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.</p>	25.2.2023
196.	<p>Special Technology Center Ltd.</p> <p>(ar a dtugtar freisin STC, Ltd)</p> <p>(Rúisis: Специальный Технологический Центр - ООО 'СТЦ')</p>	<p>Seoladh: 195220, St. Petersburg, Piskarevsky prospect, 150, building 5</p> <p>195220, St. Petersburg, st. Gzhatskaya, 21, letter B, office 53</p> <p>Russian Federation</p> <p>Teileafón: 8 (812) 244-33-13</p>	<p>Is cuideachta i dtionscal na teicneolaíochta agus na cosanta de chuid na Rúise é Special Technology Center Ltd. Cuireann sé airm ar fáil do Armed Forces of the Russian Federation.</p> <p>Ba é a mhonaraigh aerárthaí Orlan-10 gan foireann a mbaineann Armed Forces of the Russian Federation úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Facs: 8 (812) 535-77-00, 8 (812) 535-58-16</p> <p>Ríomhphost: office@stc-spb.ru</p> <p>Suíomh gréasáin: https://www.stc-spb.ru/contacts/</p>	<p>Dá bhri sin, tá Special Technology Center Ltd. freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.</p>	
197.	<p>JSC Ural Civil Aviation Factory; ar a dtugtar freisin JSC Urals Works of Civil Aviation; ar a dtugtar freisin 'UZGA AO'; ar a dtugtar freisin Ural Civil Aviation Plant (Rúisis: AO 'Уральский завод гражданской авиации'; ar a dtugtar freisin AO 'УЗГА')</p>	<p>Seoladh: 2G Bakhchivandzhi S, Ekaterinburg 620025, Russian Federation</p> <p>Teileafón: +7 (343) 295-51-51</p> <p>Facs: +7 (343) 205-81-81</p> <p>Ríomhphost: PRESSA@UWCA.-RU</p> <p>Suíomh gréasáin: https://www.uwca.ru/en/</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Ministry of Defence of the Russian Federation</p>	<p>Is monaróir aerárthaí de chuid na Rúise é JSC Ural Civil Aviation Factory ar cuideachta cothabhála, deisiúcháin agus ollchóirithe é chomh maith. Cuireann sé airm ar fáil do Armed Forces of the Russian Federation.</p> <p>Monaraíonn sé aerárthaí Forpost gan foireann a mbaineann Armed Forces of the Russian Federation úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Dá bhri sin, tá JSC Ural Civil Aviation Factory freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.</p>	25.2.2023
198.	<p>Alfa-Bank JSC (Rúisis: Альфа-Банк)</p>	<p>Seoladh: 11 Mashkovaya str. Moscow, 107078, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: 27 Kalanchevskaya str. Moscow, 107078, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 26.7.2022</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027700067328</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: — Petr Aven, — German Khan, Mikhail Fridman</p>	<p>Is é Alfa-Bank JSC an banc príobháideach is mó i gCónaidhm na Rúise. Chuir Banc Ceannais na Rúise Alfa-Bank san áireamh ar liosta na n-institiúidí creidmheasa a bhfuil tábhacht shistéamach leo. Feidhmíonn Alfa-Bank san earnáil baincéireachta atá mar phríomhghné de chóras airgeadais Chónaidhm na Rúise. Tá Alfa-Bank rannpháirteach, dá bhri sin, in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Eintitis chomhlachaithe eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Alfa Capital Markets LTD (an Chipir)</li> <li>— Alfa-Direct (an Rúis)</li> <li>— Alfa-Forex LLC (an Rúis)</li> <li>— Alfa-Lizing OOO (an Rúis)</li> <li>— Amsterdam Trade Bank NV (an Ísiltír)</li> <li>— Subsidiary Bank Alfa-Bank JSC (an Chasacstáin)</li> <li>— ABH Holdings</li> </ul> <p>Faisnéis eile: earnáil airgeadais, baincéireacht</p>		
199.	<p>Public joint-stock company Rosbank</p> <p>(Rúisis: Публичное акционерное общество Росбанк)</p>	<p>Seoladh: 9 ul. Bolshaya Yakimanka, Moscow, 119180, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: 107078, Moscow, Masha Poryvaeva str., 34, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 02.03.1993</p> <p>Uimhir chlárúcháin: OGRN: 102773946-0737</p> <p>INN: 7730060164</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Tá Rosbank ar ceann de na struchtúir airgeadais is mó sa Rúis agus tá sé ar ceann de phríomhiasachtoírí na tíre sin. Rinne Banc Ceannais na Rúise é a liostú mar institiúid creidmheasa a bhfuil tábhacht shistéamach leo. In 2020, b'ionann a shócmhainní iomlána agus RUB 1 363 bhilliún agus ba é RUB 15,5 billiún an glanbhrábús a bhí aige in 2020.</p> <p>Fuarthas Rosbank mar chuid de na sochair arna bhfáil ó Rialtas na Rúise. Tá Rosbank ag déanamh gnó in earnáil sheirbhísí airgeadais na Rúise, ar earnáil í a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi do Rialtas na Rúise. Is ionann an earnáil baincéireachta agus tuairim is 87 % de shócmhainní iomlána earnáil airgeadais. Sa Rúis, is é 90 % an cóimheas idir iomlán na sócmhainní bainc agus OTI. Dá bhrí sin, tá Rosbank rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
200.	Tinkoff Bank JSC (Rúisis: AO, 'Тинькофф банк')	<p>Seoladh/Seoladh poist: Moscow, 127994, st. Khutorskaya 2nd, 38A, building 26; PO Box 23, Moscow, 102001, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Joint Stock Company</p> <p>Áit chlárúcháin: 127287, st. Khutorskaya 2nd, 38A, Moscow, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 28.11.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027739642281</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Potanin (scairshealbhóir)</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile: TCS Group Holding PLC – scairshealbhóir</p>	<p>Tá Tinkoff Bank ar ceann de na trí bhanc is mó sa Rúis, bunaithe ar líon na geliant gníomhach. Tá sé ar thús cadhnaíochta i réimse na dteicneolaíochtaí airgeadais, agus tá Banc Ceannais na Rúise tar éis Tinkoff Bank a chur san áireamh ar liosta na n-institiúidí creidmheasa a bhfuil tábhacht shistéamach leo. Tá Tinkoff Bank ag feidhmiú san earnáil baincéireachta atá mar phríomhghné de chóras airgeadais Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Chuir sé na cláir chun an fhiontraíocht sa Rúis a mhaoiniú agus chun tacú léi chun feidhme go comhpháirteach le Rialtas na Rúise. Tugann Tinkoff Bank tacaíocht dá chliant i bhfianaise an tslógaídh míleata i gCónaidhm na Rúise.</p> <p>Tá Tinkoff Bank rannpháirteach, dá bhri sin, in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.”</p>	25.2.2023
201.	LLC Lipetsk Mechanical Plant (ООО Липецкий механический завод)	<p>Seoladh: 398006, Lipetsk, st. Krasnozavodskaya, 1, Russian Federation</p> <p>Teileafón: +7 (4742) 90-72-40</p> <p>Rphost: priemnaya@lmz48.ru</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://www.lmz48.ru">https://www.lmz48.ru</a></p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Kalashnikov</p>	<p>Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise í Lipetsk Mechanical Plant. Cuireann sí airm ar fáil do Armed Forces of the Russian Federation. Ba í a mhonaraigh fearas tuirlingthe rianaithe féinghluaiste le haghaidh na gcóras diúracáin dromchla go haer a d'úsáid Armed Forces of the Russian Federation i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, tá Lipetsk Mechanical Plant freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as.	
202.	<p>Cuideachta Comhstoic Poiblí “Scientific and Production Association ‘Almaz’” ainmnithe i ndiaidh an acadamaí A.A. Raspletin</p> <p>PJSC NPO Almaz</p> <p>(Публичное Акционерное Общество “Научно-Производственное Объединение ‘Алмаз’ имени Академика А.А.Расплетина”</p> <p>ПАО “НПО “Алмаз”</p>	<p>Seoladh: 125190, Moscow, Leningradsky ave., 80 k 16, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 12.8.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027700118984</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Faisnéis bhreise: INN 7712040285, KPP 774301001</p>	<p>Tá an Chuideachta Comhstoic Poiblí “Scientific and Production Association ‘Almaz’”, atá ainmnithe i ndiaidh an acadamaí A.A. Raspletin, mar chuid de ghnólacht cosanta aerspás faoi úinéireacht Stáit na Rúise “Almaz-Antey”, a tháirgeann córais SAM do Troops of National Air Defense. Is cuideachta í a d'fhorbair agus a rinne nua-aoisiú ar chnuasach de chórais shoghluaiste dhiúracáin cosanta dromchla go haer S-300. Tá diúracáin dromchla go haer S-300 á n-úsáid ag an Rúis chun ionsaí a dhéanamh ar thargaidí talún san Úcráin. Dá bhrí sin, tá táirgí á monarú agus á soláthar ag an Cuideachta Comhstoic Poiblí “Scientific and Production Association ‘Almaz’”, atá ainmnithe i ndiaidh an acadamaí A.A. Raspletin, ar táirgí iad atá á n-úsáid ag arm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Tá an Chuideachta Comhstoic Poiblí “Scientific and Production Association ‘Almaz’”, atá ainmnithe i ndiaidh an acadamaí A.A. Raspletin freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	25.2.2023
203.	<p>PJSC Krasnogorsk Plant ainmnithe i ndiaidh S.A. Zvereva (KMZ “Zenit”)</p> <p>(ПАО Красногорский завод им. С.А. Зверева ((KMЗ “Зенит”))</p>	<p>Seoladh: 143403, Moscow region, Krasnogorsk, st. River, 8, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta phríobháideach</p> <p>Áit chlárúcháin: Central Federal District of the Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 29.12.1999</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1025002882850</p>	<p>Is fiontar Rúiseach faoi úinéireacht JSC Shvabe é PJSC Krasnogorsk Plant atá ainmnithe i ndiaidh S.A. Zvereva, cuid de chorparáid Rostec a bhíonn ag gabháil don tionscal cosanta, go príomhúil, táirgeann sé teicnicí míleata/trealamh míleata, agus cruu-earraí míleata eile. Soláthraíonn PJSC Krasnogorsk Plant atá ainmnithe i ndiaidh S.A. Zvereva modhanna optaileictreonacha monaraithe a úsáideann arm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.</p>	25.2.2023



## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Stiúrthóir Alexander Novikov</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile: Máthairchuideachta: Shvabe (Rostec)</p>	<p>Dá bhrí sin, tá PJSC Krasnogorsk Plant atá ainmnithe i ndiaidh S.A. Zvereva freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	
204.	<p>Cuideachta comhstoic “Shvabe”</p> <p>JSC “Shvabe”</p> <p>(Акционерное общество “ШВАБЕ”</p> <p>АО “ШВАБЕ”)</p>	<p>Seoladh: 129366, Moscow, Prospekt Mira, 176, Russian Federation</p> <p>(Rúis: 129366, Москва Город, Пр-Кт Мира, Д. 176)</p> <p>Cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: Yekaterinburg, Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 5.4.2010</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1107746256727</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Is speisialtóir i dtaighde agus i monarú ollmhór córas agus coimpléisc optúla agus léasair é JSC Shvabe (Shvabe), gnólacht sealbhaíochta faoi úinéireacht Rostec. Nascann Shvabe roinnt láithreacha tionsclaíochta agus institiúidí taighde ar fud na Rúise, atá mar chnámh droma eamail optúil na tíre. Déanann gabháltas Shvabe an t-imthriall iomlán a bhaineann le teicneolaíocht cheannródaíocht optaileictreonach agus léasair a fhorbairt le haghaidh slándáil náisiúnta na Rúise. Táirgeann agus forbraíonn Shvabe córais optaileictreonacha agus léasair d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise freisin.</p> <p>Soláthraíonn agus monaraíonn JSC Shvabe córais mhonaraithe optaileictreonacha agus léasair d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Shvabe freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.</p>	25.2.2023
205.	<p>АО Plasma</p> <p>Ainm eile: АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ ГАЗО-РАЗРЫДНИХ ПРИБОРОВ ‘ПАЗМА’</p> <p>(АО ‘Плазма’ АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО” НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ ГАЗОРАЗРЫДНЫХ ПРИБОРОВ ‘ПАЗМА”)</p>	<p>Seoladh: 390023, Tsiolkovsky st, 24, Ryazan, Russian Federation</p> <p>Cineál eintitis: Corparáid Stáit</p> <p>Áit chlárúcháin: Russian Federation</p> <p>Dáta clárúcháin: 16.10.2002</p> <p>Uimhir chlárúcháin: TIN (INN): 6230005886</p> <p>Príomhionad gnó: Russian Federation</p>	<p>Is corparáid faoi úinéireacht an stáit é AO Plasma agus an forbróir agus monaróir táirgí leictreonaice plasma is mó sa Rúis: léasair gháis agus córais atá bunaithe orthu, uirlisí taispeána faisnéise (painéil plasma agus monatóirí atá bunaithe orthu agus gléasanna eile), feistí lasctha gás-díluchtaithe, agus ceirmeacht thionsclaíoch. Chomh maith leis sin, táirgeann AO Plasma aonaid mhio-tailcheirmeacha dhlúthfhólús agus tá an gléas aeróga éighníomhach, a úsáideann GLONASS (Córas Domhanda um Loingseoireachta Satailíte), ar cheann de na táirgí sin. Is córas loingseoireachta satailíte Rúiseach é GLONASS, a ceapadh le tacaíocht loingseoireachta oibríochtúla agus ama a thabhairt do</p>	25.2.2023

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		<p>Daoine aonair comhlachaithe: Ceannaire: Maksimov Sergej Vladimirovich</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— AO “VOLGAR”</li> <li>— OAO “FOTONIKA-NV”</li> <li>— OOO “PEKON”</li> <li>— SP ZAO NPK “ORION-PLAZMA”</li> <li>— ZAO “PLAZMA-SOFO”</li> <li>— OAO “RUSELEKTRONIK-A-NV”</li> </ul> <p>Faisnéis eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— KPP: 623001001</li> <li>— OKPO: 07626955</li> <li>— OGRN: 1026201102850</li> <li>— OKFS: 61 - Úinéireacht corparáidí stáit</li> <li>— OKOGU: 4100304 - Corparáid Stáit chun forbairt, táirgeadh agus onnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta “Teicneolaíochtaí Rúiseacha” a chur chun cinn (Corparáid Stáit “Teicneolaíochtaí Rúiseacha”)</li> <li>— OKOPF: 12247 - Cuideachta comhstoic oscailte OKTMO: 61701000001</li> </ul>	<p>líon neamhtheoranta úsáideoirí ar talamh, ar muir, san aer agus spásbhunaithe. Chuidigh córas GLONASS go leanúnach le Fórsaí Armtha na Rúise ruathair chruinne a chur i gcrích le diúracáin oirbheartaíochta (e.g. diúracáin thadhlaigh Iskander) i gcogadh na Rúise san Úcráin in 2022.</p> <p>Dá bhrí sin, tá AO Plasma ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	

## ▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		— FSFR: 04700-A — OKATO: 61401375 - Ryazanskaya area, citya oblastnogo znacheniya Ryazanskoj area, Ryazan, Oktyabrskij		
206.	Atomflot (ar a dtugtar freisin ФГУП Атомфлот; ar a dtugtar freisin Федеральное Государственное Унитарное Предприятие Атомного Флота; ar a dtugtar freisin FSUE Atomflot; ar a dtugtar Rosatomflot)	Áit chláirúcháin: Murmansk, Russian Federation (Murmansk region, city of city of Murmansk, ter. Murmansk-17, 1) Dáta clárúcháin: an 6 Nollaig 2002 Uimhir chláirúcháin: 5192110268 (uimhir aitheantais cánach) Príomhionad gnó: Russian Federation Eintitis agus daoine aonair comhla- chaithe: Leonid Alexandrovich Irlitsa, Ard- Stiúrthóir Gníomhach Máthairchuideachta: Rosatom	Is cuideachta Rúiseach í Atomflot a choinníonn cabhlach bristeora oighir na Rúise. Ceapadh an cabhlach bristeora oighir, atá á bhainistiú ag Atomflot, go sonrach chun cuspóirí iompair mhuirí na Rúise a chomhlíonadh feadh Bhealach na Mara Thuaidh - an aicearra Artach idir an Eoraip agus an Áise. Tá Bealach na Mara Thuaidh tagtha chun cinn mar dheis straitéiseach nua chun cúltaisc oillmhóra ola agus gáis na Rúise san Artach a scaoileadh agus luach airgid a chur orthu, agus foinse shuntasach ioncaim á cur ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise ar an gcaoi sin. Agus onnmhairí ola agus gáis ag bogadh ón Eoraip go dtí an Áise mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tIarthar ina dhiaidh sin, tá cabhlach bristeora oighir na Rúise rithábhachtach ó thaobh straitéis hidreacarbóin Artach na tíre de. Chun tancair ola agus gáis a thionlacan ar an turas atá i bhfad níos faide agus níos dúshlánaí ó leithinis Yamal agus Gydan go dtí an Áise, seachas an bealach atá i bhfad níos giorra agus nach bhfuil an oiread oighir air go dtí an Eoraip, beidh an Rúis ag brath ar chabhlach núicléacha bristeora oighir Atomflot.  Dá bhri sin, is eintiteas é Atomflot a bhfuil tacaíocht ábharach nó airgeadais á tabhairt aige do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, is eintiteas é Atomflot atá rann- pháirteach in eamálacha eacna- maíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

▼ M68

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
207.	195 Repair Plant of Rocket and Artillery Weapons (ar a dtugtar freisin АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “195 РЕМОНТНЫЙ ЗАВОД РАКЕТНО-АртиллЕРийско-ГО вооружения”; ar a dtugtar freisin AO 195 P3 PAB; ar a dtugtar freisin OPEN JOINT STOCK COMPANY “195 REPAIR PLANTS RACKET-ARTILLERY ARMS”)	Áit chlárúcháin: Russian Federation (183032, Murmansk Oblast, Murmansk, Zavodskaya Ulitsa, dom 7) Data clárúcháin: an 24 Aibreán 2009 Uimhir chlárúcháin: 5110002377 (uimhir aitheantais cánach) Príomhionad gnó: Russian Federation Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe: Natalya Ivanovna Kondratskaya, Ard-Stiúrthóir Máthairchuideachta: JSC “Remvooruzhenie”	Is fiontar míleata tionsclaíocht Rúiseach é “195 Repair Plant of Rocket and Artillery Weapons” a dheisigh agus rinne cothabháil ar tháirgí míleata a d’úsáid fórsaí armtha na Rúise le linn ionradh míleata neamhdhleathach gan údar na Rúise ar an Úcráin in 2022. Tá ceadúnais ag an gcuideachta a chuireann rialtas na Rúise ar fáil chun airm agus trealamh míleata a fhorbairt agus a dheisiú agus cuireann sí síos uirthi féin mar fhiontar a bhfuil seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála do longa á gcur ar fáil aici do Russian Federation Navy. Dá bhrí sin, tá “195 Repair Plant of Rocket and Artillery Weapons” ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá “195 Repair Plant of Rocket and Artillery Weapons” ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

▼ M77

208.	SUN Ship Management (D) Ltd.	Áit chlárúcháin: Dubai, United Arab Emirates (Unit OT 17-32, Level 17, Central Park Offices, Dubai International Financial Centre, Dubai, 507065, United Arab Emirates) Data clárúcháin: 2.8.2012 Uimhir chlárúcháin: 1244 Príomhionad gnó: United Arab Emirates, Russian Federation, European Union Eintitis agus daoine aonair comhlachaithe: Sovcomflot (máthairchuideachta)	Tá Sun Ship Management (D) Ltd., ar a dtugtaí SCF Management Services (Dubai) Ltd., ina chuideachta bainistíochta long Dubai-bhunaithe, atá mar chuid de PAO Sovcomflot (SCF Group), an chuideachta loingseoireachta is mó sa Rúis, atá ag sainfheidhmiú in iompar gáis leachtaithe, amhola, agus táirgí peitriam, chomh maith le seirbhísí a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh réamhtheachtach amach ón gcósta. Bainistíonn agus oibríonn Sun Ship Management (D) Ltd. cabhlach de bheagnach céad ola, gás nádúrtha leachtaithe, agus soithí ceimiceacha a bhfuil toilleadh de níos mó ná 150 000 tonnáiste meálata acu. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá Sun Ship Management (D) Ltd. ag feidhmiú mar cheann de na príomhchuideachtaí a bhainistíonn agus a fheidhmíonn iompar muirí ola na Rúise. Go suntasach, mar chuid de chuideachta loingseoireachta stáit na Rúise PAO Sovcomflot, is é Cónaidhm na Rúise tairbhí deiridh na seirbhísí a thairgeann SUN Ship Management (D) Ltd. Cuireann seirbhísí den sórt sin foinse shuntasach	25.2.2023
------	------------------------------	---	--	-----------

▼ M77

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		Vladimir Oskirko (stiúrthóir) Alexey Khaidukov (stiúrthóir) Alexander Verbo (stiúrthóir) Andrey Kontsenebin (stiúrthóir) SCF Overseas Holding Limited	ioncaim ar fáil do rialtas Chónaidhm na Rúise, arb ionann iad agus níos mó ná 70 % d'ioncam fuinnimh na Rúise, rud a chuireann ar chumas na Creimile a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine a mhaoiniú.  Dá bhrí sin, is eintiteas é SUN Management Long (D) Ltd. a thacaíonn, go hábhartha agus ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus a bhaineann tairbhe as. Thairis sin, is eintiteas é SUN Management Long (D) Ltd. a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.	

▼ M70

210.	Grúpa Wagner (Rúisis: Группа Вагнера) ar a dtugtar freisin Grúpa Vagner PMC Wagner Liga League	Daoine aonair comhlachaithe: Dimitriy Utkin; Yevgeniy Prigozhin	Is eintiteas míleata neamhchorpraithe príobháideach atá bunaithe sa Rúis é an Grúpa Wagner, a bunaíodh in 2014 mar eagraíocht a tháinig i gcomharbacht ar Chór Slavach. Tá sé faoi stiúir Dimitriy Utkin agus maoinithe ag Yevgeniy Prigozhin. Trí eintitis áitiúla a bhunú, agus le tacaíocht ó rialtais áitiúla, maoiníonn agus déanann an Grúpa Wagner a chuid oibríochtaí. Is é an Grúpa Wagner a bhí i gceannas ar na hionsaithe ar bhailte Soledar agus Bakhmut san Úcráin i mí Eanáir 2023 agus tá ról ghníomhach aige i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Grúpa Wagner freagrach as tacaíocht ábharach a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	13.4.2023
211.	RIA FAN ar a dtugtar freisin FNA Federal News Agency LLC RIA FNA	Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: an 11.5.2014 Suíomh gréasáin: www.riafan.ru Duine aonaíoch comhlachaithe: Yevgeniy Prigozhin Eintitis comhlachaithe: Patriot Media Group, an Grúpa Wagner	Tá RIA FAN mar chuid de Patriot Media Group (Grúpa Meán Patriot), eagraíocht meán de chuid na Rúise agus is é Yevgeniy Prigozhin atá i gceannas ar Bhoird na nÍontaobhaithe. Tá RIA FAN rannpháirteach i mbolscaireacht ar son an rialtais agus bréagaisnéis maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Déanann RIA FAN cur síos ar chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar mhisean chun stop a chur le 'Naisithe Úcráineacha' agus cuireann sé gníomhaíochtaí a rinne an Grúpa Wagner chun cinn. Dá bhrí sin, tugann RIA FAN tacaíocht ábharach do ghníomhaíochtaí agus bearta lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint ag RIA FAN freisin leis an Grúpa Meán Patriot.	13.4.2023

## ▼ B

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
212.	<p>Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad</p> <p>(ar a dtugtar freisin Fund for the Legal Protection and Support of Russian Federation Compatriots, ar a dtugtar freisin Living Abroad, ar a dtugtar freisin The Foundation for the Support of Compatriots)</p> <p>Rúisis: “Фонд поддержки и защиты прав соотечественников, проживающих за рубежом”</p>	<p>Seoladh: room 308-324, Arbat St, 55/32, Moscow, Russia, 119200</p> <p>An cineál eintitis: Eagraíocht Neamhrialtasach</p> <p>Áit chlárúcháin: Moscó, an Rúis</p> <p>Dáta clárúcháin: 21.11.2011</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1117799023330</p> <p>Príomhionad gnó: An Rúis, Moscó</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Gníomhairacht Chónaidhme Rosstrudnichestvo.</p>	<p>Is í Cónaidhm na Rúise a bhunaigh an Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad, arb é is aidhm dó spriocanna beartais eachtraigh Rialtas na Rúise a chomhlíonadh. Is struchtúr uathúil é de “chumhacht bhog” na Rúise, a bhfuil ról tábhachtach aige i gcur chun feidhme pholaitíocht dheighilteach Rialtas na Rúise.</p> <p>Úsáidtear na hathbhreithnithe anailíseacha a dhéanann saineolaithe na Fondúireachta chun príomhtheachtairachtaí bolscaireachta na Creimile a dhearbhu, lena n-áirítear go spreagtar teachtaireachtaí maidir le nua-Naitsíochas agus seineafóibe ag údaráis na hÚcráine. Baineann an Fhondúireacht úsáid as líomhaintí gan bhunús maidir leis an Naitsíochas, fóibe faoin Rúis, agus ar lucht labhartha na Rúisise, i gcomhréir le beartais na Creimile, chun éagobhsaíocht agus deighilt a chruthú in go leor de thíortha comharsanacha na Rúise.</p> <p>Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin na fondúireachta in iúl go dtacaíonn sé leis an Uachtarán Putin agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dhearbhaigh Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Sergei Lavrov, obair sheasta na Fondúireachta chun cur i gcoinne na tseineafóibe, an nua-Naitsíochais agus iarrachtaí chun an stair a fhalsú.</p> <p>Dá bhrí sin, tá an Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchoibhsú na hÚcráine.</p>	23.6.2023
213.	<p>JSC Makeyev State Rocket Center</p> <p>АО “Государственный ракетный центр имени академика В. П. Макеева”</p> <p>(АО “ГРЦ Макеева”)</p>	<p>Seoladh: Miass, Russia</p> <p>Dáta clárúcháin: 1947</p> <p>Príomhionad gnó: An Rúis</p>	<p>Is cuideachta Rúiseach é JSC Makeyev State Rocket Center a dhearann agus a tháirgeann diúracáin agus airm eile ar son Aireacht Cosanta na Rúise. Úsáidtear diúracáin arna dtáirgeadh as Makeyev State i gCogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, eagraíonn JSC Makeyev State Rocket Center ceolchoirmeacha agus ócáidí tiomsaithe airgid “tírghrácha” mar thaca le saighdiúirí na Rúise atá ag troid i gCogadh foghach na Rúise</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Makeyev State Rocket Center freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	
214.	MRB Bank ar a dtugtar freisin “International Settlement Bank” LLC ar a dtugtar freisin Mezhdunarodnyi Raschetnyi Bank (“Международный Расчетный Банк” ar a dtugtar freisin КБ МРБ (ООО))	Seoladh: Stalin Street 20, Tsinkhval, Republic of South Ossetia Suíomh gréasáin: <a href="https://mrb-bank.ru/">https://mrb-bank.ru/</a> (Dorochtana san Aontas) An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Poblacht na hOiséite Theas Dáta clárúcháin: 15.5.2015 Uimhir chlárúcháin: 1159800030409 Príomhionad gnó: iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois), an tSeoirsia, an Úcráin	D’oscail MRB Bank oifigí i n Kherson agus Zaporizhzhia, críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, agus soláthraíonn sé roinnt seirbhísí baincéireachta faoi rialú Bhanc Ceannais na Rúise. Bhunaigh sé UMBanna sa réigiún agus oibríonn sé brainse áitiúil in Luhansk. Dá bhrí sin, tá MRB Bank freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamh- spleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.6.2023
215.	CMRBank ar a dtugtar freisin TSMRBank ar a dtugtar freisin Bank “Centre for International Settle- ments” LLC (ЦМРБанк ar a dtugtar freisin Банк “Центр международных расчетов”)	Seoladh: Palikha street 10, building 7 127055, Moscow Russian Federation Teileafón: +7-495- 980-80-44 8-800-250-09-22 Suíomh gréasáin: <a href="https://cmrbank.ru">https://cmrbank.ru</a> Ríomhphost: <a href="mailto:cmr@cmrbank.ru">cmr@cmrbank.ru</a> An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.4.2015 Uimhir chlárúcháin: 1157700005759 Príomhionad gnó: iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois), an Úcráin	Is institiúid airgeadais é CMRBank atá gníomhach agus oibríochtúil i gcríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia, a iongh- abhadh go neamhdhleathach, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022. Tá sé ar cheann de na bainc sna réigiúin sin a mhalartaíonn hryvnia ar rúbail do shaoránaigh áitiúla, agus a sholáth- raíonn iasachtaí tosaíochta chomh maith. Dá bhrí sin, tá CMRBank freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamh- spleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.6.2023



## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
216.	Joint-stock company “PMC Wagner Centre” (ЧБК Вагнер Центр)	<p>Seoladh: 15 Zolnaya Street, Building 1, Room 1-N, Ch.P. 194 (Office 206)</p> <p>Saint-Petersburg, municipal district Pravoborezhny Russian Federation</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://wagnercentr.ru/">https://wagnercentr.ru/</a></p> <p>Ríomhphost: <a href="mailto:info@wagner-centr.ru">info@wagner-centr.ru</a></p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 27.12.2022</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1227800167242</p> <p>Príomhionad gnó: An Rúis</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeniy Vikto- rovich Prigozhin</p> <p>Eintitis chomhla- chaithe: An Grúpa Wagner</p>	<p>Is fiontar tráchtála Rúiseach é PMC Wagner Centre, arb é is aidhm dó tacú le hinfeistíocht agus nuálaíocht na hearnála príobháidí chun tacú le cumais chosanta na Rúise agus iad a neartú. Tá tionscadail innealtóireachta agus TF á maoirsiú ag PMC Wagner Centre chun na críche sin, agus tá clár seolta aige faoi aerárthaí gan foireann a oibriú. Trí Yevgeniy Viktorovich Prigozhin, tá dlúthbhaint ag PMC Wagner Centre agus a ghníomhaíochtaí lena chomhainmneach, an Grúpa Wagner PMC, eintiteas míleata neamhchorpraithe atá lonnaithe sa Rúis agus atá freagrach as amhais Ghrúpa Wagner a imscaradh san Úcráin.</p> <p>Trí rannchuidiú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023
217.	PMC Patriot (ЧБК “Патриот”)	<p>Daoine aonair nó eintitis chomhlachaithe: Sergei Shoigu</p>	<p>Eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá lonnaithe sa Rúis é Private military company Patriot (“PMC Patriot”), a oibríonn faoi cheannas Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, de réir na dtuairiscí. Tugann sé faoi ghníomhaíochtaí slándála agus míleata, agus bíonn sé ina rannpháirtí díreach i gcoinbhleachtaí míleata. Cé go raibh baint aige le gníomhaíochtaí sa tSiria agus i bPoblacht na hAfraice Láir roimhe seo, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhí PMC Patriot i mbun gníomhaíochtaí comhraic san Úcráin, go háirithe sna hionsaithe ar chathair Vuhledar.</p> <p>Dá bhrí sin, tá PMC Patriot freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
218.	<p>Open Joint Stock Company TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation “Zvezda”</p> <p>ar a dtugtar freisin OJSC TRC AF RF “Zvezda”</p> <p>(Открытое акционерное общество “Телерадиокомпания Вооруженных Сил Российской Федерации “ЗВЕЗДА”);</p> <p>ar a dtugtar freisin ОАО “ТРК ВС РФ “ЗВЕЗДА”)</p>	<p>Seoladh: 129164, Moscow, Prospekt Mira, 126</p> <p>129164, г. Москва, пр-кт Мира, д. 126</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte/OAO</p> <p>Áit chlárúcháin: 129164, Moscó, Prospekt Mira, 126</p> <p>129164, г. Москва, пр-кт Мира, д. 126</p> <p>Dáta clárúcháin: 8.6.2009</p> <p>Uimhir chlárúcháin: ИНН 7717653542</p> <p>КПП 771701001</p> <p>Príomhionad gnó: Moscó, an Rúis</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich Pimanov</p> <p>Faisnéis eile: Cumarsáid; eagraíocht atá cláraithe le rialtóir meán na Rúise</p>	<p>Is eagraíocht é TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation Zvezda atá á rialú ag Aireacht Cosanta na Rúise agus á maoiniú ag stát na Rúise. Reáchtálann an chuideachta “Zvezda”, cainéal teilifíse míleata tírghrách atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d’arm na Rúise agus é a chur chun cinn, agus a scaipeann bréagaisnéis agus bolscaireacht faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.</p> <p>Tá TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation Zvezda ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríoachach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus tá sé ag cur na ngníomhaíochtaí agus na mbeartais sin chun feidhme.</p>	23.6.2023
219.	<p>Joint Stock Company “Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment”</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC REMBAZA</p> <p>(Акционерное Общество “Ремонтная база по ремонту авиационных приборов и аэродромной техники”)</p> <p>ar a dtugtar freisin АО “РЕМБАЗА”)</p>	<p>Seoladh: St. Warsaw Highway, 125, Building 1, Office 515, Moscow, Russian Federation, 117587</p> <p>An cineál eintitis: Maoin chónaidhme</p> <p>Áit chlárúcháin: 412310, Réigiún Saratov, Balashov, Ul. Titova, D.40</p> <p>Dáta clárúcháin: 19.5.2009</p>	<p>Is cuideachta é JSC “Repair Base For Repair Of Aircraft Instruments And Aerodrome Equipment” a bhunaigh Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Is é cothabháil arm agus trealaimh mhíleata príomhghnó na cuideachta. Trí sholáthairtí poiblí a dhéanamh le hAireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, tacaíonn sé le hearnáil cosanta na Rúise, ar méadaíodh an caiteachas uirthi ó Bhealtaine 2022 i leith. Chomh maith leis sin, tá JSC “Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment” ar liosta na n-eagraíochtaí straitéiseacha agus na gcomhlachtaí feidhmiúcháin cónaidhme a áirithíonn go gcuirtear beartas aontaithe stáit chun feidhme sna hearnálacha sin den gheilleagair ina n-oibríonn na heagraíochtaí sin.</p>	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Data an liostaithe
		Uimhir chlárúcháin: TIN- 5027030107 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Dá bhri sin, tá JSC “Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment” frweagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	
220.	Joint Stock Company DUKS ar a dtugtar freisin JSC DUKS (Организация АО “ДУКС” ar a dtugtar freisin АО ДУКС)	Seoladh: Moscow, 125040, Pravda str., 8, Russian Federation An cineál eintitis: Maoin phríob- háideach Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Data clárúcháin: 9.7.2022 Uimhir chlárúcháin: 1027700010579 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Faisnéis eile: INN: 7714077682 PPC: 771401001	Is é JSC “DUKS” príomhtháirgeoir na ndiuracán roicéad, lena n-áirítear AA-11 “Archer”, a iompraíonn aerárthaigh troda SU-27 na Rúise agus a úsáideann an Rúis mar chuid dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ghabh Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, buíochas le JSC “DUKS” as a rannchuidiú mór le teicneolaíocht eitleochta a chruthú agus cumas cosanta na tíre a neartú. Is comhpháirtithe de chuid JSC “DUKS” iad Aireacht Cosanta na Rúise agus Rosoboronexport (Onnmhairiú Cosanta na Rúise). Dá bhri sin, tá JSC “DUKS” freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus as tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tairbhe a fháil ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.6.2023
221.	JSC Plant Univers- almash (АО ЗАВОД УНИВЕРСАЛМАШ)	Seoladh: 198097, St. Petersburg, Stachek avenue, 47 LITERA C, office 6th office 2/1, Russian Federation An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic neamhphoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Data clárúcháin: 23.8.2002	Is fochuideachta de PJSC “KIROVSKY ZAVOD” é JSC “Plant Universal mash” a sholáthraíonn an fearas tuirlingthe rianaithe aontaithe le haghaidh chóras diuracán frith-aeráthaí S-300V. Úsáidtear an cineál fearais tuirlingthe sin freisin le haghaidh aonaid airtléire féinghluaiste “Pion” agus aonaid aontaithe ar leithligh le tanc T-80 a úsáideann fórsaí na Rúise san Úcráin. Thairis sin, dúirt Sergey Serebryakov, atá i gceannas ar Plant Universal mash, go bhfuil tascanna a bhaineann le horduithe cosanta stáit á gcomhlíonadh ag an gcuideachta.	23.6.2023

## ▼ M74

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
